CARLOW COUNTY COUNCIL

COMHAIRLE CHONTAE CHEATHARLOCHA

# *TUARASCÁIL BHLIANTÚIL 2019*
# *COMHAIRLE CONTAE CHEATHARLACH*

# BROLLACH

Contae bríomhar forásach atá tarraingteach, cuimsitheach agus inrochtana is ea Ceatharlach. Tá Comhairle Contae Cheatharlach tiomanta do sheirbhísí poiblí ar an gcaighdeán is airde a sholáthar do chónaitheoirí áitiúla, do chuairteoirí agus do chuideachtaí nua agus do chuideachtaí atá ann cheana, idir chuideachtaí ilnáisiúnta, fhiontraithe agus fhiontair bheaga agus mheánmhéide. Tá sé mar thosaíocht ag an gComhairle seo timpeallacht a chruthú inar féidir fás eacnamaíoch a bhaint amach agus cáilíocht na beatha a ardú do chách.

Tá áthas orainn Tuarascáil Bhliantúil Chomhairle Contae Cheatharlach don bhliain 2019 a chur i láthair, ina leagtar amach an obair a rinne an Chomhairle chun seirbhísí poiblí tábhachtacha a sholáthar le linn na bliana. Cabhraíonn an méid sin ar fad le Contae Cheatharlach a dhéanamh ina áit tharraingteach chun obair, chun cónaí agus chun gnó a dhéanamh ann.

Neartaíodh an ról atá ag an gComhairle i bhforbairt eacnamaíoch agus i bhforbairt pobail le linn na bliana 2019 agus cuirtear fáilte uilíoch roimhe sin. Is gá a admháil gur imir an timpeallacht eacnamaíoch atá ag athrú – ar leibhéal náisiúnta agus ar leibhéal áitiúil araon – an-tionchar ar a mhéid a sholáthraítear ár gcuid seirbhísí. Beag beann ar an laghdú atá tagtha ar acmhainní daonna agus airgeadais le blianta beaga anuas, leanann Comhairle Contae Cheatharlach ar aghaidh le hardchaighdeán seirbhíse a chur ar fáil. Cuireann an Chomhairle fáilte roimh an maolú ar shrianta airgeadais agus roimh an bhfeabhas ar an staid eacnamaíoch. Agus tacaíocht agus ceannaireacht á bhfáil acu ó na comhaltaí tofa, leanann ár mbaill foirne ar aghaidh le seirbhísí den scoth, mar a phléitear sa Phlean Corparáideach uainn, a choinneáil ar bun agus a sholáthar, agus an Chomhairle á coinneáil ar bhonn fónta airgeadais acu ag an am céanna. Amhail i gcás gach údaráis áitiúil sa tír, bíonn Comhairle Contae Cheatharlach ag brath go mór ar chistiú ón rialtas. Mar sin, is féidir le laghdú sa chistiú foriomlán difear an-mhór a dhéanamh don chumas atá againn ár seirbhísí a sholáthar agus cuireann aon mhéadú i gcistiú ar chumas na Comhairle leas a bhaint as an airgead sin chun seirbhísí feabhsaithe breise a sholáthar. Leanann timpeallachtaí seachtracha agus inmheánacha le múnlú a dhéanamh, agus le tionchar a imirt, ar an leithdháileadh agus an soláthar acmhainní agus ar threo straitéiseach Chomhairle Contae Cheatharlach.

Tugtar faoi deara go raibh toghcháin áitiúla ar siúl sa bhliain 2019 agus go ndeachaigh Comhairle nua i mbun oifige i mí an Mheithimh 2019. Tar éis athbhreithniú ar theorainneacha rialtais áitiúil, méadaíodh an líon Ceantar Bardasach ó dhá cheann go trí cinn nuair a tugadh isteach Ceantar Bardasach nua don Tulach (ar chuid de Cheantar Bardasach Cheatharlach é roimhe sin). Ba mhaith linn buíochas a ghabháil leis na hiarchomhaltaí den Chomhairle a chuaigh ar scor nó nár éirigh leo a suíochán a choinneáil as an tseirbhís a rinne siad do mhuintir Cheatharlach. Cuirimid fáilte roimh na comhaltaí nuathofa agus táimid ag tnúth le bheith ag obair leo agus iad ag fónamh ar an gComhairle.

Ba mhaith linn ómós a thabhairt don obair a bhíonn á déanamh ar leibhéal an Cheantair Bhardasaigh agus ar leibhéal an Choiste Beartais Straitéisigh. Imríonn na coistí sin ról luachmhar i gcúnamh a thabhairt don Chomhairle ar fad a cuid cuspóirí a shaothrú agus a cuid oibre a chur i gcrích. Fianaise shoiléir ar thiomantas na gComhairleoirí agus na gcomhaltaí seachtracha is ea na gníomhaíochtaí atá leagtha amach sa tuarascáil. Is mór agam tiomantas agus obair chrua na gComhaltaí Tofa, mo chuid comhghleacaithe ar an bhfoireann bhainistíochta agus bhaill foirne na Comhairle. Bunaithe ar chumas agus ar mheon an chomhair a léiríonn na comhaltaí tofa agus na baill foirne go leanúnach, tá muinín agam go mbeimid in ann na dúshláin atá romhainn a shárú.


John Pender/Cathaoirleach



Kathleen Holohan/Príomhfheidhmeannach



| CLÁR ÁBHAR | |
|---|---|
| Brollach | |
| Comhaltaí Tofa | |
| Coistí Beartais Straitéisigh | |
| Seirbhísí Corparáideacha agus Acmhainní Daonna, Pleanáil, Forbairt Eacnamaíoch agus Sláinte agus Sábháilteacht | |
| Iompar, An Comhshaol agus Seirbhísí Uisce | |
| Pobal, Tithíocht, Áineas agus Taitneamhacht, Rialú Foirgníochta agus Seirbhísí Éigeandála | |
| Airgeadas, Teicneolaíocht Faisnéise, an Cultúr agus an tSeirbhís Leabharlainne | |
| Cosaint Shibhialta | |
| Sábháilteacht Uisce | |


Carlow LEA (7)
N
W
E
S
Tullow LEA (6)
Muinebheag LEA (5)
0
5
10
kilometres

## CEANTAR BARDASACH CHEATHARLACH


An Comh. Fergal Browne


An Comh. John Cassin


An Comh. Andrea Dalton


An Comh. Ken Murnane


An Comh. Tom O'Neill


An Comh. Fintan Phelan


An Comh. Adrienne Wallace

## CEANTAR BARDASACH NA TULAÍ


An Comh. John McDonald


An Comh. Charlie Murphy


An Comh. John Murphy


An Comh. Brian O'Donoghue


An Comh. William Paton


An Comh. John Pender

## CEANTAR BARDASACH MHUINE BHEAG


An Comh. Michael Doran


An Comh. Andy Gladney


An Comh. Thomas Kinsella


An Comh. Arthur McDonald


An Comh. William Quinn

# SEIRBHÍSÍ CORPARÁIDEACHA AGUS ACMHAINNÍ DAONNA

Tá an Rannóg Seirbhísí Corparáideacha agus Acmhainní Daonna freagrach as raon leathan seirbhísí a sholáthar agus a bhainistiú. Ina measc, tá cruinnithe na Comhairle agus an Ghrúpa Beartais Chorparáidigh, Clár na dToghthóirí, Saoráil Faisnéise agus raon leathan seirbhísí coimhdeacha a bhaineann le gnó na Comhairle.

**SEIRBHÍSÍ CORPARÁIDEACHA**

- Cruinnithe na Comhairle agus an Ghrúpa Beartais Chorparáidigh a bhainistiú; Freastal na gComhairleoirí ar Chomhdhálacha; Liúntais agus Costais Chomhairleoirí a Íoc; Fáiltithe Cathartha; Nascadh le Comhlachtaí Náisiúnta amhail LAMA agus ACCC; agus Comhchoistí Póilíneachta
- Clár na dToghthóirí
- Toghcháin Áitiúla
- Seirbhís do Chustaiméirí
- Cumarsáidí Corparáideacha – Preaseisiúintí
- Táscairí Feidhmíochta Seirbhíse do Chustaiméirí a Chomhordú
- Rialú Madraí
- Cúirt an Chróinéara
- Réadmhaoin na Comhairle a Bhainistiú
- An Tuarascáil Bhliantúil a Ullmhú
- An Plean Corparáideach a Ullmhú
- An Clár Eitice
- Saoráil Faisnéise
- Ombudsman
- Cosaint Sonraí
- Caidreamh Poiblí
- An Scéim Gaeilge
- An Plean um Míchumas
- An Clár Comhpháirtíochta idir Scoileanna agus Gnó
- Táscairí Seirbhíse a chomhordú
- Tionscnaimh nua de chuid na Comhairle, amhail Deisigh mo Shráid agus MapAlerter, a chur chun cinn
- Bainistíocht Móréigeandála – Cumarsáid. Dul i dteagmháil leis an bpobal, leis na meáin agus le Comhairleoirí, lena n-áirítear le linn drochaimsire

**ACMHAINNÍ DAONNA**

**Fostaithe:** Líon foirne ag an 31/12/2019 = 317 bhfostaí (282.49 fostaí coibhéise lánaimseartha (gan 45 chomhraiceoir dóiteáin choinnithe a áireamh))

- Pleanáil Daonchumhachta, Earcaíocht agus Roghnú
- Baill foirne a imlonnú chuig gach réimse seirbhíse
- Oiliúint, Foghlaim agus Forbairt
- Bainistíocht Feidhmíochta (PMDS)
- Caidreamh Tionsclaíoch
- An Clár um Fholláine Foirne agus um Chúnamh i gcomhair Fostaithe
- Comhionannas agus Éagsúlacht
- Cothromaíocht Oibre is Saoil
- Timpeallacht Oibre atá Dearfach agus Sábháilte a Chruthú
- Comhpháirtíocht san Áit Oibre
- Aoisliúntas

- Forbairt Ghairmiúil Leanúnach
- Córas Lárnach Acmhainní Daonna/Párolla/Aoisliúntais a Chur Chun Feidhme
- Freastal a Bhainistiú
- Beartais Acmhainní Daonna a Fhorbairt.

Chomh maith leis sin, comhordaíonn agus stiúrann an Rannóg cur chun feidhme an Chomhaontaithe Seirbhíse Poiblí faoin gComhaontú um Pá agus Pinsin Seirbhíse Poiblí a rinneadh sa bhliain 2017. Mar chuid den obair sin, is gá gníomhartha a dhéanamh faoi na catagóirí seo a leanas:

- Athstruchtúrú
- Seirbhísí Comhroinnte
- Soláthar
- Ríomhsheirbhísí Rialtais
- Ath-imlonnú

D'éirigh le Comhairle Contae Cheatharlach roinnt spriocanna agus aidhmeanna an phlean a bhaint amach, lenar áiríodh na nithe seo a leanas:

- An fheidhm párolla, lenar áiríodh an fheidhm aoisliúntais, a aistriú chuig MyPay (rud a oibríonn Comhairle Contae Laoise).
- Conradh soilsiúcháin phoiblí a sholáthar ar bhonn réigiúnach, etc.
- Acmhainní a chomhroinnt idir Leabharlann Cheatharlach, Músaem nua an Chontae agus na hoifigí Turasóireachta.
- An tseirbhís bailithe ioncaim a chuíchóiriú.
- Plean uileghabhálach fórsa saothair a ullmhú agus a chur chun feidhme.
- Sinn a aistriú inár n-údarás áitiúil aonair, lenar áiríodh struchtúir mhaoirseachta a chuíchóiriú i réimse na hinnealtóireachta.

## OMBUDSMAN

Cuireadh Oifig an Ombudsman ar bun chun scrúdú a dhéanamh ar ghearáin ó dhaoine den phobal a bhraitheann gur caitheadh go héagórach leo agus iad ag déileáil le comhlachtaí amhail Ranna Rialtais, Údaráis Áitiúla, Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte, etc. Fuair Comhairle Contae Cheatharlach gearán amháin sa bhliain 2019.

## CLÁR NA dTOGHTHÓIRÍ

Ullmhaítear Clár na dToghthóirí gach bliain agus eisíodh Clár na dToghthóirí don tréimhse 2019/2020 an 1 Feabhra 2019. Ba é an líon iomlán toghthóirí a bhí cláraithe chun vóta a chaitheamh i dToghcháin Eorpacha/Toghcháin Áitiúla i mí na Bealtaine 2019 ná 44,440 duine (Toghlimistéar Áitiúil Cheatharlach: 16,425 dhuine; Toghlimistéar Áitiúil Mhuine Bheag: 13,175 dhuine; agus Toghlimistéar Áitiúil na Tulaí: 14,840 duine).

## TOGHCHÁIN ÁITIÚLA NA BLIANA 2019

Rinne an Coimisiún Athbhreithnithe Teorann, ar bhunaigh an tAire Comhshaoil, Pobail agus Rialtais Áitiúil é, Contae Cheatharlach a roinnt ina thrí thoghlimistéar do na Toghcháin Áitiúla sa bhliain 2019, ba iad sin: Ceantar Bardasach Cheatharlach, Ceantar Bardasach Mhuine Bheag agus Ceantar Bardasach na Tulaí.

Bhí Toghcháin Áitiúla agus Toghcháin Eorpacha na bliana 2019 ar siúl an 24 Bealtaine 2019. Chuaigh aon iarrthóir is tríocha san iomaíocht ar son 18 suíochán ar an gComhairle Contae.

**SAORÁIL FAISNÉISE**

Tugtar leis na hAchtanna um Shaoráil Faisnéise, 1997-2014, trí cheart dhlíthiúla do dhaoine atá ag iarraidh rochtain a fháil ar fhaisnéis atá i seilbh comhlachtaí poiblí a thagann faoi raon feidhme an Achta:

- An ceart chun rochtain a fháil ar thaifid oifigiúla a cruthaíodh tar éis an 21 Aibreán 1998 agus atá i seilbh Ranna Rialtais nó comhlachtaí poiblí eile atá faoi réir an Achta;
- An ceart go ndéanfaí sonraí pearsanta ar thaifid oifigiúla a cheartú nó a thabhairt cothrom le dáta i gcás go mbeidh an fhaisnéis sin neamhiomlán, mícheart nó míthreorach; agus
- An ceart chun na cúiseanna le breitheanna ó chomhlachtaí poiblí a fháil i gcás go ndéanfaidh na breitheanna sin difear don iarrthóir.

Ní mór iarraidh ar fhaisnéis faoin Acht um Shaoráil Faisnéise a dhéanamh i scríbhinn agus ba cheart a chur in iúl inti go bhfuil an fhaisnéis á hiarraidh faoin Acht um Shaoráil Faisnéise. Ba é seo a leanas an líon iarrataí a fuarthas faoin Acht um Shaoráil Faisnéise sa bhliain 2019.

| | |
|---|---|
| **An líon iarratas a fuarthas** | **93** |
| **An líon iarrataí ar géilleadh dóibh** | **41 iarraidh, agus géilleadh go páirteach do 11 iarraidh** |
| **An líon iarrataí ar diúltaíodh géilleadh dóibh** | **33** |
| **Cásanna beo ag an 31 Nollaig 2019** | **15** |
| **An líon athbhreithnithe inmheánacha** | **2** |
| **An Líon Achomharc chuig an gCoimisinéir Faisnéise** | **2** |

**RIALÚ MADRAÍ**

Faoi na hAchtanna um Rialú Madraí, 1986 agus 1992, ní mór gach madra a bheith ceadúnaithe, seachas iad sin nach n-úsáidtear ach amháin le haghaidh dhualgais oifigiúla an Gharda Síochána, Óglaigh na hÉireann nó na Seirbhísí Custam agus Máil. Faoi alt 2 den Acht, beidh duine a choinníonn madra ciontach i gcion ach amháin i gcás go sealbhóidh sé/sí ceadúnas don mhadra nó ceadúnas ginearálta lena gcumhdaítear aon líon madraí ag áitreabh sonraithe. Oibríonn Comhairle Contae Cheatharlach agus Comhairle Contae Chill Chainnigh Comhsheirbhís Maorachta Madraí, agus beirt Mhaor Madraí lonnaithe i mBaile Phóil.

**Ceadúnais a eisíodh: an 1 Eanáir 2019 go dtí an 31 Nollaig 2019 = 1,677 gcinn**
**Ioncam: an 1 Eanáir 2019 go dtí an 31 Nollaig 2019 = €56,303.11**

**AN tACHT UM BUNACHAIS PÓRÚCHÁIN MADRAÍ, 2010**

D'fhorbair an Chomhairle prótacail le haghaidh measúnuithe riosca agus treoirlínte cigireachta lena n-úsáid mar theimpléad le linn measúnuithe láithreáin. Bíonn dhá chigireacht neamhfhógartha ar a laghad á ndéanamh ag an gComhairle ar gach Bunachas cláraithe Pórúcháin Madraí gach bliain anois.

**GNÓ SA PHOBAL**

Le roinnt blianta anuas, tá an Chomhairle ag gabháil do thionscnamh i gcomhar le heagraíocht darb

ainm 'an Chomhpháirtíocht idir Scoileanna agus Gnó'. Tá nasc ar bun ag an gComhairle le Gairmscoil Cheatharlach tríd an tionscnamh sin. Ag gníomhú di faoin tionscnamh, soláthraíonn an Chomhairle clár do dhaltaí Idirbhliana, a thugann cuairt ar an gComhairle agus a fhreastalaíonn ar chainteanna gairide ó bhaill foirne dhifriúla maidir lena gcuid oibre sa Chomhairle. Tugann na daltaí cuairt ar láithreacha amhail an Stáisiún Dóiteáin, an Leabharlann, etc., freisin. Is é atá i gceist leis an gcéim dheiridh den chlár ná go dtugann Rannóg Acmhainní Daonna na Comhairle comhairle maidir le CV a chur le chéile agus maidir le hullmhú d'agallamh. Freastalaíonn baill foirne ón gComhairle ar an scoil ansin, agus iad ag seoladh agallaimh bhréige agus ag tabhairt aiseolais.
Fuarthas torthaí an-dearfach ar na measúnuithe bliantúla a rinneadh ar an scéim le roinnt blianta anuas.

**RÉADMHAOIN CHORPARÁIDEACH**

Tá an Rannóg Gnóthaí Corparáideacha freagrach as an Réadmhaoin Chorparáideach ar fad a chothabháil. Tá sí freagrach as réadmhaoin a ligean ar léas le páirtithe eile agus as réadmhaoin a ghlacadh ar léas uathu freisin. Tar éis deireadh a chur leis na Comhairlí Baile, tá an Chomhairle Contae freagrach anois as gach réadmhaoin agus léas a bhí ag Comhairle Baile Cheatharlach agus ag Comhairle Baile Mhuine Bheag roimhe seo. Rinne an Roinn Tithíochta, Pobail agus Rialtais Áitiúil staidéar luach ar airgead ar an ábhar sin le déanaí. Tá an staidéar sin á athbhreithniú faoi láthair chun a chinntiú go mbíonn réadmhaoin chorparáideach á bainistiú ar aon dul leis an dea-chleachtas earnála.

**TUARASCÁIL MHÍOSÚIL AR DHUL CHUN CINN ÓN bPRÍOMHFHEIDHMEANNACH CHUIG AN gCOMHAIRLE**

Ullmhaíonn an Príomhfheidhmeannach tuarascáil ar fheidhmíocht gach stiúrthóireachta/rannóige le linn na míosa a thagann tar éis na tuarascála míosúla roimhe. Bíonn an tuarascáil sin ar an gclár oibre ag gach cruinniú míosúil de chuid na Comhairle agus tógtar ceisteanna ó na comhaltaí ar gach gné den tuarascáil. Chomh maith leis sin, bíonn an tuarascáil ina sásra trínar féidir leis na comhaltaí maoirseacht a dhéanamh ar dhul chun cinn ar an bPlean Corparáideach a chur chun feidhme. Cuirtear cóip den tuarascáil mhíosúil ón bPríomhfheidhmeannach ar aghaidh chuig an Roinn Tithíochta, Pleanála, Pobail agus Rialtais Áitiúil gach mí freisin.

**AN GHNÍOMHAIREACHT BAINISTÍOCHTA RIALTAIS ÁITIÚIL**

Tá an Ghníomhaireacht Bainistíochta Rialtais Áitiúil ina gníomhaireacht stáit de chuid na Roinne Tithíochta, Pleanála, Pobail agus Rialtais Áitiúil. Bunaíodh sa bhliain 2012 í chun raon seirbhísí difriúla a sholáthar don Earnáil Rialtais Áitiúil. Cruthaíodh an Ghníomhaireacht tríd an mBord Seirbhísí Ríomhaire Rialtais Áitiúil, an Bord Seirbhísí Bainistíochta Rialtais Áitiúil agus an Chomhairle Leabharlann a chumasc.

Gníomhaireacht údarás áitiúil atá sa Ghníomhaireacht, a bhfaigheann an chuid is mó dá cistiú ó údaráis áitiúla. Oibríonn sí san earnáil rialtais áitiúil, agus í ag tuairisciú ar fheidhmíocht, de réir mar is gá, don Roinn Tithíochta, Pleanála agus Rialtais Áitiúil. Tá sé mar aidhm ag an nGníomhaireacht freastal ar na riachtanais atá ag údaráis áitiúla agus ag an Roinn Tithíochta, Pleanála, Pobail agus Rialtais Áitiúil maidir leis an gclár oibre um athchóiriú na hearnála poiblí a sholáthar san earnáil rialtais áitiúil (go háirithe i ndáil le cineálacha cur chuige earnála a ghlacadh i leith soláthar seirbhíse), taighde a dhéanamh ar shaincheisteanna atá sainaitheanta agus atá ag teacht chun cinn, cúnamh a thabhairt d'údaráis áitiúla athrú a chur chun feidhme agus a thomhas, agus tacaíocht ghinearálta a thabhairt don earnáil rialtais áitiúil feabhas a chur ar a feidhmíocht.

Tagann na nithe seo a leanas faoi shainchúram reachtúil na Gníomhaireachta:

- Seirbhísí comhairleacha a sholáthar d'údaráis áitiúla chun cabhrú le gnó na n-údarás áitiúil lena mbaineann agus chun an gnó sin a chomhordú.

- Aon seirbhísí a sholáthar a theastóidh ó údaráis áitiúla i réimse an Chaidrimh Thionsclaíoch agus na Bainistíochta Acmhainní Daonna.

- Aon seirbhísí a sholáthar a theastóidh ó údaráis áitiúla chun úsáid Teicneolaíochtaí Faisnéise agus Cumarsáide (TFC) a chomhordú agus chun comhoiriúnacht le húsáid TFC a áirithiú.

- Comhairle, cúnamh agus seirbhísí a sholáthar d'Údaráis Leabharlainne i ndáil leis an tseirbhís leabharlainne poiblí.

- Aon seirbhísí bainistíochta eile a sholáthar a theastóidh ó Údaráis Áitiúla.

- Aon seirbhísí a sholáthar do chruinnithe de chuid Phríomhfheidhmeannaigh na nÚdarás Áitiúil agus aon seirbhísí tacaíochta a sholáthar a theastóidh ón gCumann Lucht Bainistíochta Contae agus Cathrach (CCMA).

- Aon seirbhísí a sholáthar a theastóidh ón gCláraitheoir um Luach Saothair ó Iasachtaí leis an bPobal.

- Aon chomhairle, aon fhaisnéis agus aon chúnamh a sholáthar a theastóidh ón Aire Tithíochta, Pleanála, Pobail agus Rialtais Áitiúil.

# COMHDHÁLACHA AR FHREASTAIL COMHAIRLEOIRÍ ORTHU SA BHLIAIN 2019

| **Dáta** | **Comhdháil** | **Láthair** | **Comhairleoirí a Bhí i Láthair** |
|---|---|---|---|
| 18-20 Eanáir, 2019 | An Próiseas Tearmainn a Thuiscint | Cloich na Coillte, Co. Chorcaí | William Quinn |
| 9-10 Aibreán, 2019 | Comhdháil Chomhlachas Tráchtála Dhún Dealgan ar an Turasóireacht Trasteorann | Cairlinn, Co. Lú | Jim Deane<br>Arthur McDonald<br>Ken Murnane<br>Denis Foley<br>Andy Gladney |
| 6 Samhain, 2019 | Comhdháil Bhliantúil na Gníomhaireachta Tithíochta | Staid Aviva, Seomra Havelock, Bóthar Lansdún,<br>Baile Átha Cliath 4 | Arthur McDonald |
| 8-9 Samhain, 2019 | Comhdháil Pháirtí an Lucht Oibre | Cathair Chorcaí | William Quinn |
| 6-9 Nollaig, 2019 | An Chomhdháil Cheilteach –<br>An Córas Leasa Shóisialaigh in Éirinn | Óstán O'Donovan, Cloich na Coillte, Co. Chorcaí | Arthur McDonald<br>John Pender |
| 13-14 Nollaig, 2019 | An Chomhdháil ar Dhreasachtaí do Cheannaitheoirí Céaduaire | Cairlinn, Co. Lú | John Pender |

| Ráitis Síntiús agus Chaiteachas Toghcháin: Na Toghcháin Áitiúla, 24 Bealtaine 2019 | | | |
|---|---|---|---|
| **An tAcht um Thoghcháin Áitiúla (Síntiúis agus Caiteachas a Nochtadh), 1999** | | | |
| **Sloinne an Iarrthóra** | **Céadainm** | **Páirtí** | **Iomlán an Chaiteachais** |
| Ansbro (née Murphy) | Maria | Fine Gael | € 873.46 |
| Browne | Fergal | Fine Gael | € 4,793.33 |
| Byrne | Kevin | Páirtí an Lucht Oibre | € 756.00 |
| Byrne | Helena | Renua Éireann | € 2,220.28 |
| Cassin | John | Neamhspleách | € 3,250.00 |
| Dalton | Andrea | Fianna Fáil | € 2,557.15 |
| Daly | Josie | Fianna Fáil | Níor cuireadh faisnéis isteach |
| Deane | Jim | Sinn Féin | € 2,263.95 |
| Dooley | Ciarán | Sinn Féin | Níor cuireadh faisnéis isteach |
| Doran | Michael | Fine Gael | € 2,627.82 |
| Fennell | Wayne | Fine Gael | € 1,678.16 |
| Foley | Denis | Fine Gael | € 6,600.00 |
| Gahan | Philip | Fianna Fáil | Níor cuireadh faisnéis isteach |
| Gladney | Andy | Sinn Féin | € 1,750.00 |
| Hande | Mary | Aontú | € 1,697.96 |
| Jennings | Bernard | Neamhspleách | € - |
| Kinsella | Tommy | Fine Gael | € 5,146.00 |
| McDonald | Arthur | Fianna Fáil | € 3,800.00 |
| McDonald | John | Fianna Fáil | € 2,320.00 |
| Murnane | Ken | Fianna Fáil | € 1,187.58 |
| Murphy | Charlie | Neamhspleách | € 5,670.60 |
| Murphy | John | Fine Gael | € 2,095.78 |
| Nolan | Billy | Neamhspleách | € 4,100.00 |
| O’Neill | Tom | Fine Gael | € 6,595.70 |
| O’Brien | David | Neamhspleách | Níor cuireadh faisnéis isteach |
| O’Donoghue | Brian | Fine Gael | € 2,833.42 |
| | | | |

| Ráitis Síntiús agus Chaiteachas Toghcháin: Na Toghcháin Áitiúla, 24 Bealtaine 2019 | | | |
|---|---|---|---|
| **An tAcht um Thoghcháin Áitiúla (Síntiúis agus Caiteachas a Nochtadh), 1999** | | | |
| **Sloinne an Iarrthóra** | **Céadainm** | **Páirtí** | **Iomlán an Chaiteachais** |
| Paton | William | Páirtí an Lucht Oibre | € 1,345.63 |
| Pender | John | Fianna Fáil | € 870.00 |
| Phelan | Fintan | Fianna Fáil | € 2,879.45 |
| Quinn | Willie | Páirtí an Lucht Oibre | € 1,600.00 |
| Wallace | Adrienne | Dlúthpháirtíocht–Pobal Roimh Bhrabús | € 361.22 |

# SLÁINTE AGUS SÁBHÁILTEACHT

# SLÁINTE AGUS SÁBHÁILTEACHT

## RÉAMHRÁ

1. Tá tiomantas soiléir ag Comhairle Contae Cheatharlach do thimpeallacht oibre atá sábháilte agus sláintiúil a sholáthar dá fostaithe uile, dá húsáideoirí seirbhíse uile agus do dhaoine eile a dtéann gníomhaíochtaí na Comhairle i bhfeidhm orthu. Chomh maith leis sin, leagann an Chomhairle Contae an-tábhacht ar phrionsabail na hoscailteachta agus na cuntasachta, lena n-áirítear trí fhaireachán a dhéanamh ar na seirbhísí a sholáthraíonn sí.

2. Is é an cuspóir atá leis an tuarascáil bhliantúil seo ar shláinte agus sábháilteacht ná a thaispeáint go bhfuil Comhairle Contae Cheatharlach tiomanta do na nithe seo a leanas:

   - cur chun feidhme leanúnach éifeachtach a dhéanamh ar bheartais, eagrú agus socruithe sláinte agus sábháilteachta na Comhairle Contae.
   - dianiarracht a dhéanamh cloí le gach achtachán dlíthiúil a bhaineann le Sábháilteacht, Sláinte agus Leas san áit oibre.
   - faireachán agus tomhas a dhéanamh ar fheidhmíocht sláinte agus sábháilteachta, d’fhonn aird a tharraingt ar réimsí ina mbíonn ag éirí go maith leis an gComhairle Contae agus ar réimsí inar gá feidhmíocht na Comhairle Contae a fheabhsú.
   - Timpeallacht shábháilte shláintiúil a chinntiú d’fhostaithe, d’úsáideoirí seirbhíse agus do chuairteoirí ar áitribh na Comhairle Contae.

3. Féachfaidh an Chomhairle Contae le gach ceann de na nithe thuas a bhaint amach trí leanúint ag obair i gcomhpháirt lenár ngeallsealbhóirí uile, idir gheallsealbhóirí inmheánacha agus gheallsealbhóirí seachtracha.

## FORBHREATHNÚ AR GHNÍOMHAÍOCHTAÍ SA BHLIAIN 2019

Is é seo a leanas achoimre ar na mórthionscnaimh a seoladh agus ar na mór-éachtaí a gnóthaíodh le linn na bliana 2019:

- Fuair Seirbhís Dóiteáin agus Tarrthála Contae Cheatharlach iniúchadh Faireachais OHSAS 18001 ón Údarás um Chaighdeáin Náisiúnta na hÉireann i mí na Nollag, agus d’éirigh léi a deimhniú a choinneáil.

- Leanadh ar aghaidh le linn na bliana leis an tionscadal atá ar bun chun an córas reatha bainistíochta sábháilteachta a athbhreithniú agus a nuashonrú go caighdeán ISO 45001. Is é is ISO 45001 ann ná Caighdeán Idirnáisiúnta lena sonraítear na ceanglais le haghaidh córas bainistíochta sláinte agus sábháilteachta ceirde, agus lena dtugtar treoir maidir leis an gcóras sin a úsáid, chun eagraíocht a chumasú feabhas réamhghníomhach a chur ar a feidhmíocht sláinte agus sábháilteachta ceirde trí dhíobháil agus drochshláinte a chosc. Is é atá i gceist leis sin gach doiciméad reatha measúnachta riosca, beartais agus nós imeachta agus gach foirm sábháilteachta ar fud na heagraíochta a thabhairt cothrom le dáta, lámhleabhar a dhéanamh de ráiteas sábháilteachta na Comhairle, agus córas rialaithe doiciméad a thabhairt isteach le haghaidh na doiciméid a bhainistiú. Tá an fillteán Sláinte agus Sábháilteachta á thabhairt cothrom le dáta faoi láthair. Leantar le feabhas a chur ar an bpointe rochtana do bhaill foirne, le cúnamh ón rannóg Teicneolaíochta Faisnéise.

- Rinneadh cigireachtaí Cothabhála Foirgneamh agus Suirbhéanna TCI sna foirgnimh seo a leanas le linn na bliana 2019:
   1. Oifig Chathartha agus Leabharlann na Tulaí

2. Halla Mhic Craith
3. Leabharlann Mhuine Bheag
4. Halla Baile Cheatharlach – Fós ar Siúl
5. Seomraí tionóil
6. Áras an Chontae

- Athbhreithníodh Measúnachtaí Riosca do na Rannóga Airgeadais, Teicneolaíochta Faisnéise agus Pleanála

- Leantar le scrúdú a dhéanamh ar an bpáipéarachas maidir le seiceálacha laethúla feithiclí agus déanann an Bainisteoir Líne gníomh leantach i leith na míreanna is gá a dheisiú.

- Téitear i gcomhairle le fostaithe ar shaincheisteanna sláinte agus sábháilteachta ar roinnt leibhéal:

1. Coiste Comhairleach Sábháilteachta, a chuimsíonn Ionadaithe Sábháilteachta Rannóige, comhalta den Choiste Bainistíochta Sábháilteachta agus an Comhairleoir Sláinte agus Sábháilteachta. Tháinig an coiste le chéile uair amháin sa bhliain 2019.

2. Coiste Bainistíochta Sábháilteachta, a chuimsíonn bainisteoirí Rannóige, an cathaoirleach ar an gCoiste Comhairleach Sábháilteachta agus an Comhairleoir Sláinte agus Sábháilteachta. Tháinig an coiste le chéile an 4 Aibreán 2019.

**OILIÚINT SLÁINTE AGUS SÁBHÁILTEACHTA**

Sholáthair Comhairle Contae Cheatharlach clár fairsing cúrsaí oiliúna sláinte agus sábháilteachta le linn na bliana 2018. Tugtar tús áite d'oiliúint reachtúil, agus sholáthair an Oifig Oiliúna na cúrsaí seo a leanas sa bhliain 2019:

Eagraíodh Oiliúint ar Láimhsiú Sábháilte ar fud na bliana 2019
Eagraíodh Oiliúint Ionduchtúcháin Foirne do gach ball foirne nua ar theacht isteach san eagraíocht dóibh sa bhliain 2019

**FORFHEIDHMIÚ**

Ní raibh aon chigireachtaí sceidealta ón Údarás Sláinte agus Sábháilteachta ann sa bhliain 2019.

**TIMPISTÍ/TEAGMHAIS**

Taifeadadh trí theagmhas a bhí intuairiscithe don Údarás Sláinte agus Sábháilteachta agus a bhain le baill foirne sa bhliain 2019.

**ATHRUITHE SA REACHTAÍOCHT ÁBHARTHA**

- Leis na **Rialacháin um Shábháilteacht, Sláinte agus Leas ag an Obair (Foirgníocht) (Leasú), 2019 (I.R. Uimh. 129 de 2019)**, leasaítear na Rialacháin um Shábháilteacht, Sláinte agus Leas ag an Obair (Foirgníocht), 2013 (I.R. Uimh. 291 de 2013), chun SOLAS a chumasú cártaí clárúcháin is comhionann leis an scéim um Pas Sábháilte agus scéimeanna deimhniúcháin scileanna tógála ó stáit seachas na Ballstáit a aithint.
- Leis na **Rialacháin um Shábháilteacht, Sláinte agus Leas ag an Obair (Carcanaiginí) (Leasú), 2019 (I.R. Uimh. 592 de 2019)**, leasaítear na Rialacháin um Shábháilteacht, Sláinte agus Leas ag an Obair (Carcanaiginí), 2001 (I.R. Uimh. 78 de 2001). Rinneadh roinnt athruithe téarmaíochta sna Rialacháin agus cuireadh mír nua maidir le faireachas sláinte isteach iontu.
- Foráiltear leis na **Rialacháin fán Acht um Chosaint Raideolaíoch, 1991 (Radaíocht Ianúcháin), 2019 (I.R. Uimh. 30 de 2019)**, d'oibrithe agus do dhaoine den phobal a chosaint ar éifeachtaí dochracha na radaíochta ianúcháin.
- Sna **Rialacháin fán Acht um Chosaint Raideolaíoch, 1991 (Iarratas ar Údarú agus Táillí), 2019 (I.R. Uimh. 34 de 2019)**, leagtar amach an próiseas iarratais ar údarú chun gabháil do chleachtas a bhfuil úsáid foinsí raideolaíocha i gceist leis. Leagtar an sceideal ábhartha táille is infheidhme amach iontu freisin. Leis an **Ordú fán Acht um Chosaint Raideolaíoch, 1991 (Radaíocht Neamh-Ianúcháin), 2019 (I.R. Uimh. 190 de 2019)**, leathnaítear feidhmeanna áirithe a sannadh don Ghníomhaireacht um Chaomhnú Comhshaoil faoi na hAchtanna um Chosaint Raideolaíoch, 1991 go 2018, chun nithe a bhaineann le radaíocht neamhianúcháin a chur leo.
- Le **Rialacháin na gComhphobal Eorpach (Úsáid Inmharthana Lotnaidicídí) (Leasú), 2019 (I.R. Uimh. 438 de 2019)**, leasaítear Rialacháin na gComhphobal Eorpach (Úsáid Inmharthana Lotnaidicídí), 2012 (I.R. Uimh. 155 de 2012). Is é cuspóir an leasaithe éifeacht a thabhairt do Threoir (AE) 2019/782 ón gCoimisiún chun na ceanglais chlárúcháin a shoiléiriú d'úsáideoirí gairmiúla, chun an trealamh leata lotnaidicíde is gá a iniúchadh a leathnú agus chun foinsí uisce a úsáidtear le haghaidh uisce a aistarraingt lena chaitheamh ag an duine a chosaint tuilleadh ar úsáid lotnaidicídí.
- Is é an aidhm atá leis an **Acht um Chomhroinnt agus Rialachas Sonraí, 2019 (Uimh. 5 de 2019)**, na cearta comhroinnte sonraí atá ag comhlachtaí poiblí agus na hoibleagáidí cosanta sonraí atá orthu a shoiléiriú agus a neartú. Ceadaítear leis an Acht sonraí pearsanta a chomhroinnt idir comhlachtaí poiblí i gcás ina ndéanfar an chomhroinnt chun feidhm atá ag aon cheann de na comhlachtaí poiblí a chur i gcrích.
- Leis na **Rialacháin um Shábháilteacht, Sláinte agus Leas ag an Obair (Coiréil) (Leasú), 2019 (I.R. Uimh. 179 de 2019)**, leasaítear na Rialacháin um Shábháilteacht, Sláinte agus Leas ag an Obair (Coiréil), 2008 (I.R. Uimh. 28 de 2008), chun SOLAS a chumasú cártaí clárúcháin agus scéimeanna deimhniúcháin ó stáit seachas na Ballstáit a aithint mar chinn a chomhlíonann forálacha na Rialachán sin.

**Cóid Chleachtais/Treoirdhoiciméid Nua**

- Treoir ón Údarás Sláinte agus Sábháilteachta maidir le "Measúnacht Riosca le haghaidh Rioscaí Eirgeanamaíocha a Bhainistiú".
- Treoir ón Údarás Sláinte agus Sábháilteachta maidir le "Tiomáint a Bhainistiú don Obair - Flít Liath a Bhainistiú".

- D’fhoilsigh an tÚdarás Sláinte agus Sábháilteachta dhá Chód Cleachtais nua le haghaidh Tumadóireacht Intíre agus Chladaigh agus le haghaidh Tumadóireacht Amach ón gCósta.
- D’fhoilsigh an tÚdarás Sláinte agus Sábháilteachta Cód Cleachtais nua le haghaidh Dainséar ó Línte Leictreachais Lasnairde a Sheachaint.
- Tháinig an Cód Cleachtais le haghaidh Scafaill Rochtana agus Oibre in éifeacht i mí Eanáir 2019. Cuireadh é in áit an Chóid Chleachtais le haghaidh Scafaill Rochtana agus Oibre a d’eisigh an tÚdarás sa bhliain 2009.

# PLEANÁIL AGUS FORBAIRT

# *PLEANÁIL AGUS FORBAIRT*

Is é cuspóir foriomlán na rannóige pleanála ná forbairt an chontae a chur chun cinn ar bhealach a éascaíonn dul chun cinn inbhuanaithe eacnamaíoch agus sóisialta. Bíonn roinnt réimsí ar leith i gceist le hoibriú laethúil na rannóige pleanála, lena n-áirítear bainistíocht forbartha, pleanáil chun cinn, forfheidhmiú pleanála, eastáit neamhchríochnaithe agus glacadh forbairtí cónaithe faoi chúram.

## BAINISTÍOCHT FORBARTHA

*Iarratais Phleanála:*

Fuair Comhairle Contae Cheatharlach 502 iarratas pleanála san iomlán le linn na bliana 2019. Seo a leanas miondealú ar na cinntí a rinne Comhairle Contae Cheatharlach le linn na bliana 2019:

| | |
|---|---|
| *An líon iarratas bailí a fuarthas* | 377 |
| *An líon iarratas neamhbhailí a fuarthas* | 125 |
| *An líon iarratas a deonaíodh* | 315 |
| *An líon iarratas ar diúltaíodh dóibh* | 30 |
| *An líon cruinnithe réamhphleanála a tionóladh* | 180 |

Is mar a leanas atá an nós imeachta le haghaidh déileáil le comhairliúcháin réamhphleanála:

1. Cuireann an t-iarratasóir foirm iarratais réamhphleanála chomhlánaithe isteach i dteannta na ndoiciméad ábhartha.
2. Tugtar am cruinnithe don iarratasóir. Bíonn cruinnithe réamhphleanála ar siúl gach seachtain.

## FORFHEIDHMIÚ

Ag gníomhú di de réir an Achta um Pleanáil agus Forbairt, 2000 (arna leasú), féachann an rannóg pleanála lena chinntiú go gcomhlíontar ceadanna pleanála. Déanann an rannóg pleanála imscrúdú ar gach gearán scríofa faoi fhorbairtí neamhúdaraithe i gcásanna inar cosúil go bhfuil údar maith ann leis na gearáin sin. Tar éis imscrúdú a dhéanamh ar ghearán *bone fide*, tionscnaítear bearta forfheidhmiúcháin trí Litir Rabhaidh a eisiúint. I gcás nár réitíodh an ní ar bhealach sásúil tar éis an Litir Rabhaidh a eisiúint, eisítear Fógra Forfheidhmiúcháin ansin. Déantar imeachtaí dlí a thionscnamh i gcás neamhchomhlíonadh an Fhógra Forfheidhmiúcháin.

| 2019 | Comhairle Contae Cheatharlach |
|---|---|
| *Gearáin a fuarthas* | 86 |
| *Litreacha rabhaidh a eisíodh* | 41 |
| *Fógraí forfheidhmiúcháin a seirbheáladh* | 28 |
| *Imeachtaí dlíthiúla a tionscnaíodh* | 6 |

## EASTÁIT A GHLACADH FAOI CHÚRAM

Faoin Acht um Pleanáil agus Forbairt, 2000 (arna leasú), féadfaidh an Forbróir nó formhór na n-úinéirí a chónaíonn san fhorbairt iarrataí a dhéanamh chun eastáit a ghlacadh faoi chúram. Faoin Acht um Pleanáil agus Forbairt, 2010, ceadaítear don Údarás Áitiúil cuid d'eastát a ghlacadh faoina chúram.

Glacadh na forbairtí tithíochta seo a leanas faoi chúram le linn na bliana 2019:

| Ainm na Forbartha | Seoladh na Forbartha |
|---|---|
| Inis Gardens | Leithghlinn an Droichid, Co. Cheatharlach |
| Pottersway | An Charraig Dhubh, Bun Clóidí |
| Castleoaks | Baile Pholaird Beag, Ceatharlach |
| Cuanahowan | Bóthar Ráth Tó, An Tulach, Co. Cheatharlach |
| Browneshill Crescent | Baile an Teampaill, Ceatharlach |
| Dún na Rí, | An Charraig Dhubh, Bun Clóidí |
| Presentation Place | Sráid Barrett, Muine Bheag |

## LÁITHREÁIN THRÉIGTHE AGUS DÉANMHAIS CHONTÚIRTEACHA

De réir an Achta um Láithreáin Thréigthe, 1990, eisíodh 51 Fhógra um Láithreáin Thréigthe san iomlán le linn na bliana 2019. Bhí 37 réadmhaoin san iomlán liostaithe ar Chlár na Láithreán Tréigthe ag an 31 Nollaig 2019. Tionscnaíodh an próiseas Ordaithe Ceannaigh Éigeantaigh i leith 17 réadmhaoin le linn na bliana 2019.

Eisíodh 5 Fhógra san iomlán de réir an Achta Rialtais Áitiúil (Seirbhísí Sláintíochta), 1964, le linn na bliana 2019, ar Fhógraí iad lenar iarradh ar úinéir na réadmhaoine oibreacha a chur i gcrích ar a réadmhaoine.

## PLEANÁIL CHUN CINN

### Straitéis Spáis agus Eacnamaíochta Réigiúnach

Ag teacht sna sála ar chur chun feidhme an Chreata Náisiúnta Pleanála, chuir Tionól Réigiúnach an Deiscirt tús leis an bpróiseas foirmiúil le haghaidh Straitéis Spáis agus Eacnamaíochta Réigiúnach a cheapadh do Réigiún an Deiscirt, mar a fhoráiltear di faoi alt 21(1)(b) den Acht um Pleanáil agus Forbairt, 2000 (arna leasú). Lean Comhairle Contae Cheatharlach le páirt a ghlacadh i gceapadh an Phlean agus le rannchuidiú a dhéanamh leis le linn na bliana 2019. Rinne na Comhaltaí den Tionól Réigiúnach breithniú ar an dréacht-Straitéis Spáis agus Eacnamaíochta Réigiúnach do Réigiún an Deiscirt, mar a fhoráiltear di faoi alt 21(1)(b) den Acht um Pleanáil agus Forbairt, 2000 (arna leasú), ag cruinniú a tionóladh an 29 Samhain 2019. Ba ag an gcruinniú sin a chomhaontaigh siad an Straitéis Spáis agus Eacnamaíochta Réigiúnach a dhéanamh do Réigiún an Deiscirt an 31 Eanáir 2020, de réir alt 24(9) den Acht um Pleanáil agus Forbairt, 2000, arna leasú.

**Athbhreithniú ar Phlean Forbartha Contae Cheatharlach**

De bhun alt 12 den Acht um Pleanáil agus Forbairt (Leasú), 2018, is gá an t-athbhreithniú ar Phlean Forbartha Contae Cheatharlach 2015-2021 a thosú go foirmiúil agus tús a chur le Plean nua a ullmhú laistigh de 13 seachtaine ón Straitéis Spáis agus Eacnamaíochta Réigiúnach a dhéanamh. Le linn na bliana 2019, chuir an tÚdarás Pleanála tús le taighde cúlra a dhéanamh agus cheap sé sainchomhairleoirí le haghaidh Measúnacht Straitéiseach Timpeallachta, Measúnacht Chuí agus Measúnacht Straitéiseach ar Phriacal Tuile a dhéanamh. Beidh na nithe sin ag gabháil leis an bPlean nua. Foilseofar Páipéar Saincheisteanna Réamhdhréachta agus tosófar comhairliúchán poiblí sa bhliain 2020. Ina dhiaidh sin, foilseofar Dréacht-Phlean Forbartha Contae Cheatharlach 2022-2028.

**Comhphlean Spáis do Mhórlimistéar Uirbeach Cheatharlach - na Gráige 2012-2018 – Athrú uimh. 3**

Rinne an tÚdarás Pleanála Athrú (uimh. 3) ar an gComhphlean Spáis do Mhórlimistéar Uirbeach Cheatharlach - na Gráige 2012-2018, ina gcuimsítear Plean Forbartha Bhaile Cheatharlach 2012-2018, a chur ar aghaidh chun criosú úsáide talún “láithreán Braun” a leasú ó úsáid Thionsclaíoch go hÚsáid Fiontraíochta agus Fostaíochta. A bhuí leis an leasú, beifear in ann raon níos leithne feidhmeanna fostaíochta a bhaint as an láithreán tábhachtach deise sin laistigh de Bhaile Cheatharlach. Tionscnaíodh athrú eile chun cuspóir sonrach a chur leis, is é sin, tacú le forálacha an Tobhaigh Láithreán Folamh agus soiléiriú a thabhairt ar na criosuithe úsáide talún le haghaidh an Tobhach Láithreán Folamh a chur i bhfeidhm laistigh de Phlean Forbartha Bhaile Cheatharlach. Cheadaigh na Comhaltaí de Chomhairle Contae Cheatharlach Athrú uimh. 3 ag an gcruinniú de chuid na Comhairle i mí Feabhra 2020.

**Plean Limistéir Áitiúil Ghráig na Manach - Thigh na hInse 2020-2026**

De bhun alt 18(2) den Acht um Pleanáil agus Forbairt, 2000 (arna leasú), tá sé beartaithe ag Comhairle Contae Cheatharlach agus ag Comhairle Contae Chill Chainnigh Comhphlean Limistéir Áitiúil a ullmhú i gcomhar lena chéile i leith Thigh na hInse (Contae Cheatharlach) agus Ghráig na Manach (Contae Chill Chainnigh), ar limistéar feidhme comhcheangailte iad. Tosaíodh ar an gComhphlean Limistéir Áitiúil a ullmhú tráth a foilsíodh Páipéar Saincheisteanna Réamhdhréachta i mí Dheireadh Fómhair 2019. Cuirfear an dréacht-Phlean Limistéir Áitiúil do Ghráig na Manach - Tigh na hInse ar taispeáint don phobal le linn na bliana 2020.

## AN TOBHACH LÁITHREÁN FOLAMH

Le linn na bliana 2019, lean an Rannóg Pleanála le dul chun cinn a dhéanamh ar Chlár Láithreán Folamh a bhunú, mar a fhoráiltear dó faoin Acht um Athbheochan Uirbeach agus Tithe, 2015, arna leasú leis an Acht um Pleanáil agus Forbairt (Leasú), 2018. Is é atá i gceist le measúnú a dhéanamh ar láithreáin fholmha fhéideartha ná tabhairt faoi chigireachtaí ar an láithreán; stair phleanála agus úinéireachta a chuardach; tuarascálacha láithreáin agus litreacha agus fógraí teimpléadacha a dhréachtú; agus cásanna a atreorú chuig rannóga inmheánacha chun barúlacha/tuairimí a fháil. Is féidir amharc ar an gClár Láithreán Folamh ar líne ar shuíomh Gréasáin na Comhairle ag www.carlow.ie. Déantar iontrálacha ar an gClár tar éis measúnuithe láithreáin a chríochnú agus tar éis fógraí a eisiúint de bhun an Achta um Athbheochan Uirbeach agus Tithe, 2015, arna leasú leis an Acht um Pleanáil agus Forbairt (Leasú), 2018.

Rinneadh measúnú ar 29 láithreán go dtí seo agus bhí 23 cinn díobh ina n-ábhar d’Fhógraí maidir le hiontráil bheartaithe ar an gclár faoi alt 7(1). Bhí 10 láithreán ina n-ábhar d’Fhógraí maidir le hiontráil ar an gclár faoi alt 7(3). Tá sé láithreán liostaithe ar an gClár Láithreán Folamh faoi láthair. Cealaíodh dhá iontráil, áfach, tar éis d’úinéirí talún achomhairc a dhéanamh chuig an mBord Pleanála faoi alt 9 den Acht.

Níor gearradh aon tobhaigh i leith Láithreáin Fholmha sa bhliain 2019.

## LIGIN GHEARRTHÉARMA

Leis na Rialacháin fán Acht um Pleanáil agus. Forbairt, 2000 (Forbairt Dhíolmhaithe) (Uimh. 2), 2019, tugadh éifeacht don reachtaíocht maidir le Ligin Ghearrthéarma. Tháinig an reachtaíocht sin i bhfeidhm an 1 Iúil 2019. Ainmníodh Toghlimistéar Áitiúil Cheatharlach mar Chrios Brú Cíosa an 26 Meán Fómhair 2019. Mar sin, beidh na rialacháin nua maidir le Ligin Ghearrthéarma infhorfheidhmithe ag Comhairle Contae Cheatharlach le linn na bliana 2020. Leasaíodh alt 38 den Acht um Thionóntachtaí Cónaithe (Leasú), 2019, tríd an méid seo a leanas a chur isteach ann, áit a sainmhínítear ligean gearrthéarma mar a leanas: *'ciallaíonn 'ligean gearrthéarma' teach nó cuid de theach a ligean ar feadh aon tréimhse nach faide ná 14 lá, agus folaíonn sé ceadúnas lena gceadaítear don cheadúnaí dul isteach agus cónaí sa teach nó sa chuid den teach ar feadh aon tréimhse den sórt sin i gcomaoin aon duine (cibé acu an é nó an í an ceadúnaí nó nach ea) do dhéanamh íocaíocht nó íocaíochtaí leis an gceadúnóir.'* Aon duine a sháróidh foráil de chuid rialacháin faoin alt sin, beidh sé nó sí ciontach i gcion agus dlífear, ar é nó í a chiontú go hachomair, fíneáil d'aicme A a chur air nó uirthi.

# AONAD NA hOIFIGE FIONTAIR ÁITIÚIL/AN CHLÁIR FORBARTHA EACNAMAÍCHE

**Aonad na hOifige Fiontair Áitiúil/an Chláir Forbartha Eacnamaíche**

**Tuarascáil Bhliantúil 2019**

Tá Aonad na hOifige Fiontair Áitiúil/an Chláir Forbartha Eacnamaíche freagrach as an gclár forbartha eacnamaíche, tacaíochta gnó, tionscadal speisialta agus turasóireachta a dhearadh, a sholáthar agus a chur chun feidhme do Chomhairle Contae Cheatharlach. Is i gcomhpháirt le Turasóireacht Cheatharlach a sholáthraítear an Clár Turasóireachta.

Tá naonúr ball foirne ag an aonad, a chuimsíonn Ceann Fiontair, Oifigeach Sinsearach Forbartha Fiontair, Comhairleoir Gnó, Oifigeach Forbartha Eacnamaíche, Oifigeach Forbartha Eacnamaíche (Lár Baile), Oifigeach Tionscadal Eorpach, Céimí agus Oifigeach Cléireachais. Tá an clár deartha go straitéiseach, bunaithe ar Phlean Forbartha Fiontair Áitiúil trí bliana don tréimhse 2018-2020. Tá an straitéis sin ailínithe leis an bPlean Áitiúil Eacnamaíoch agus Pobail.

Faigheann an fhoireann feidhmiúcháin tacaíocht ón Ionad Barr Feabhais i bhFiontraíocht Éireann agus ó Choiste Ceaduithe agus Meastóireachta, rud a cheaptar go poiblí agus a chuimsíonn saineolaithe fiontair. Ba iad seo a leanas na comhaltaí den choiste ceaduithe agus meastóireachta le linn na bliana 2018.

- An tUas. Brian Ogilvie
- An tUas. John Brophy
- Clare O'Shea Uas.
- An tUas. Michael Condon
- Rosemary Ward Uas.
- An tUas. Jerry O'Driscoll
- An tUas. Brian Fives

Déanann an Stiúrthóir Seirbhísí cathaoirleacht ar an gcoiste thar ceann an Phríomhfheidhmeannaigh. Le linn na bliana 2019, rinne Bernie O'Brien agus Michael Rainey ionadaíocht don Phríomhfheidhmeannach agus do Eamonn Brophy ar an gCoiste. Ag gníomhú di i gcáil ionaid, rinne Fiona O'Neill cathaoirleacht ar an gCoiste mar Stiúrthóir Seirbhísí Gníomhach freisin.

Ceapadh na baill foirne seo a leanas chuig an Oifig Fiontair Áitiúil le linn na bliana 2018

- Maria Couchman – Oifigeach Forbartha Eacnamaíche
- Jim Woods – Oifigeach Tionscadal Eorpach
- Lisa Moore – Oifigeach Cléireachais

Agus beartais á gceapadh aige, faigheann an t-aonad tacaíocht ón gCoiste Beartais Straitéisigh um Fhorbairt Eacnamaíoch, Pleanáil agus Seirbhísí Corparáideacha.

**Soláthar Clár sa bhliain 2019**

Soláthraítear obair na hOifige Fiontair Áitiúil/an Chláir Forbartha Eacnamaíche faoi sheacht gcolún cláir:

- An Chéim Tacaíochta do Ghnólachtaí Réamh-Nuathionscanta
- An Chéim Tacaíochta do Ghnólachtaí Nuathionscanta
- An Chéim Tacaíochta d'Fhás Gnólachtaí
- Cláir Earnála
- Cláir Théamacha
- Forbairt Eacnamaíoch
- Pleanáil Chun Cinn agus Forbairt

Tá raon leathan gníomhaíochtaí i gceist leis an gclár agus cumhdaíonn a chuid tionscadal an tÚdarás Áitiúil ar fad. Agus seirbhísí éagsúla á lorg acu, chuaigh níos mó ná 3000 duine aonair i dteagmháil leis an Oifig Fiontair Áitiúil le linn na bliana 2019.
Cistítear gníomhaíochtaí an aonaid ó na foinsí seo a leanas:

- Fiontraíocht Éireann
- COSME (An Líonra Fiontar Eorpach)
- An Roinn Forbartha Tuaithe agus Pobail
- An tAontas Eorpach (Clár na hÉireann-na Breataine Bige)
- An Roinn Cumarsáide, Gníomhaithe ar son na hAeráide agus Comhshaoil
- An Roinn Talmhaíochta, Bia agus Mara
- Comhairle Contae Cheatharlach
- Ioncam Ginte / Urraíocht / Tionscadail Chomhpháirtíochta

**<u>Fiontraíocht Éireann</u>**
Coinníonn Fiontraíocht Éireann comhaontú seirbhíse ar bun le Comhairle Contae Cheatharlach le haghaidh seirbhísí tacaíochta gnó a sholáthar. Leis na seirbhísí sin, tugtar tacaíocht airgeadais do chuideachtaí seirbhísí monaraithe agus do chuideachtaí seirbhísí a thrádáiltear go hidirnáisiúnta (Beart 1) agus soláthraítear tacaí forbartha gnó (Beart 2).

Bhí na méadrachtaí feidhmíochta seo a leanas i gceist leis an gcomhaontú seirbhíse sa bhliain 2019

**Cliaint Bheart 1 – Seirbhísí Monaraithe agus Seirbhísí a Thrádáiltear go hIdirnáisiúnta**
Taifeadadh gur cruthaíodh 79 nglanphost le linn na bliana mar thoradh ar Thacaíocht Dhíreach Airgeadais a tugadh do chliaint de chuid na hOifige Fiontair Áitiúil.

| **Beart 1** | **Aschur 2019** |
|---|---|
| **An Líon Iarratas a Fuarthas:** | 29 |
| Indéantacht/Príomeáil/Leathnú Gnó/TAME | 12 |
| **An Líon Cliant ar Ceadaíodh Cistiú Dóibh:** | |
| Indéantacht: Líon: 4 | € 40,133.71 |
| Príomeáil: Líon: 1 | €104,395.40 |
| Leathnú Gnó: Líon: 8 | €215,202.22 |
| TAME: Líon: 12 | € 12,776.43 |
| An líon post féideartha nua réamh-mheasta a bhaineann leis na Ceaduithe (Príomeáil agus Leathnú Gnó) | 21 |
| Ríomh ar na costais in aghaidh an phoist a bhaineann leis na Ceaduithe (Meánchostas a ríomhadh bunaithe ar an líon post nua a cruthaíodh thar thréimhse trí bliana) | €7,442.60 |

Bhí na nithe seo a leanas i gceist le punann cliant na hOifige Fiontair Áitiúil amhail an 31 Nollaig 2019.

| | 2019 | | | |
|---|---|---|---|---|
| **Oifig Fiontair Áitiúil** | **An Líon Cliant de chuid na hOifige** | **An Líon Post i bPunann na hOifige (Páirtaimseartha + Lánaimseartha)** | **An Líon Comhlán Post a Cruthaíodh** | **An Líon Glan Post a Cruthaíodh** |
| **Ceatharlach** | **217** | 1,209 | 185 | 79 |

Taifeadadh na méadrachtaí seo a leanas do Bheart 2 - Gníomhaíocht Tacaíochta Fiontair faoin gcomhaontú seirbhíse.

| **Beart 2** | **Aschur 2019** |
|---|---|
| **Cláir Oiliúna/Forbartha (Gach imeacht Oiliúna agus Líonraithe)** | |
| An Líon Iomlán Clár (Oiliúint/Líonrú/Imeachtaí/Seimineáir) | 118 |
| An Líon Iomlán Rannpháirtithe sna Cláir thuas | 143<br>2 |
| An Líon Ban | 801 |
| An Líon Fear | 631 |
| An Líon Clár 'Cuir do Ghnó Féin ar Bun' | 7 |
| An Líon Rannpháirtithe a d'fhreastail ar Chláir 'Cuir do Ghnó Féin ar Bun' | 154 |
| An Líon Seimineár Breatimeachta / Imeachtaí Faisnéise Breatimeachta | 2 |
| An Líon Rannpháirtithe a d'fhreastail ar Sheimineáir Bhreatimeachta / Imeachtaí Breatimeachta | 64 |
| An Líon Scórchártaí Comhlánaithe Breatimeachta | |
| An Líon Cliant de chuid na hOifige a fuair Meantóireacht a bhain leis an mBreatimeacht | 42 |
| | |
| **Meantóireacht:** | |
| An Líon Iomlán Rannpháirtithe a fuair Meantóireacht Aonair (meantóireacht duine le duine – teagmháil duine le duine idir Meantóir agus cliant amháin) | 316 |
| An Líon Iomlán Rannpháirtithe a fuair Grúpmheantóireacht (teagmháil nó clinic grúpmheantóireachta ina ndeachaigh meantóir i dteagmháil le grúpa cliant). | 0 |
| An Líon Iomlán Rannpháirtithe Meantóireachta (meantóireacht duine le duine agus grúpmheantóireacht araon) | 316 |

| **Conair Dul Chun Cinn:** | **Aschur 2019** | **Sprioc 2020** |
|---|---|---|
| An Líon Cliant a aistríodh chuig Fiontraíocht Éireann | | |

| **Fiontraíocht Scoileanna:** | **Aschur 2019** | **Sprioc 2020** |
|---|---|---|
| An Líon Scoileanna a bhí Páirteach (Meánscoileanna amháin a bhí ag gabháil do chláir fiontair scoile) | 9 | 9 |
| An Líon Daltaí a bhí Páirteach | 465 | 480 |

| **Dearbháin Trádála Ar Líne:** | **Aschur 2019** | **Sprioc 2020** |
|---|---|---|
| An Líon Dearbhán Trádála ar Líne a ceadaíodh | 12 | 15 |

| Micrea-Airgeadas Éireann: | Aschur 2019 | Sprioc 2020 |
|---|---|---|
| An Líon Iarratas a cuireadh isteach | 4 | 4 |

| Fiontraí Óg is Fearr na hÉireann: | Aschur 2019 | Sprioc 2020 |
|---|---|---|
| An Líon Iarratas | 42 | N/B |

| An Tionscadal 'Lean for Micro': | Aschur 2019 | Sprioc 2020 |
|---|---|---|
| An Líon Cuideachtaí a thug faoi Mheasúnú 'Lean for Micro' ag Saineolaí Gnó Bharainnigh | 15 | |

**COSME (An Líonra Fiontar Eorpach)**

Mar chuid den Líonra Oifigí Fiontair Áitiúil, tá Comhairle Contae Cheatharlach ar cheann amháin de na seacht n-údarás áitiúla a ainmníodh mar mhol le haghaidh chistiú COSME tríd an gConradh Náisiúnta don Líonra Fiontar Eorpach, rud atá ina seilbh ag Comhairle Contae Dhún na nGall. Tugadh faoi mhisean trádála chuig an Ísiltír i gcomhar le Comhlachas Tráchtála Cheatharlach sa bhliain 2019.

**Fiontraí Óg is Fearr na hÉireann**

Cuireadh an comórtas 'Fiontraí Óg is Fearr na hÉireann' ar fáil d'iontrálaithe ó Cheatharlach sa bhliain 2019. Comórtas náisiúnta is ea Fiontraí Óg is Fearr na hÉireann, a reáchtáiltear thar thrí chatagóir: 'An Smaoineamh Gnó is Fearr', 'An Gnólacht Nuathionscanta is Fearr' agus 'An Gnólacht Seanbhunaithe is Fearr'.

Agus ciste infheistíochta dar luach €50,000 ar fáil do gach ceann díobh, dámhfaidh Oifigí Fiontair Áitiúil suas le sé infheistíocht do thrí bhuaiteoir catagóire agus do thrí iontráil a chríochnóidh sa dara háit ar leibhéal contae. Gheobhaidh na buaiteoirí áitiúla sna catagóirí 'An Gnólacht Nuathionscanta is Fearr' agus 'An Gnólacht Seanbhunaithe is Fearr' ar leibhéal contae infheistíochtaí ar fiú suas le €15,000 iad an ceann. Gheobhaidh dhá iontráil a chríochnóidh sa dara háit suas le €5,000 an ceann.

Gheobhaidh an buaiteoir sa chatagóir 'An Smaoineamh Gnó is Fearr' infheistíocht ar fiú suas le €7,000 í agus gheobhaidh an iontráil a chríochnóidh sa dara háit infheistíocht ar fiú suas le €3,000 í. Rachaidh na buaiteoirí ar leibhéal contae ar aghaidh chuig an mBabhta Ceannais Réigiúnach. Rinne Equireel ionadaíocht do Chontae Cheatharlach sa Bhabhta Ceannais Náisiúnta i gceanncheathrú Google sa bhliain 2019.

**An Líonra Oifigí Fiontair Áitiúil/Ionadaíocht Náisiúnta**

Tá Comhairle Contae Cheatharlach freagrach as an Sráidbhaile Fiontair Áitiúil agus an Sárthaispeántas Fiontair Áitiúil a chomhordú thar ceann an Líonra Oifigí Fiontair Áitiúil. Tá an Ceann Fiontair ina chathaoirleach ar an gCoiste Náisiúnta. Tá an Comhairleoir Gnó ina chomhalta den choiste freisin, atá comhdhéanta d'ionadaithe ó sheacht n-údarás áitiúla agus ó Fhiontraíocht Éireann. Déantar ionadaíocht do Chomhairle Contae Cheatharlach ar an nGrúpa Stiúrtha Áitiúil, ar Ghrúpa Cumarsáide na nOifigí Fiontair Áitiúil agus ar an bhfeachtas 'Making It Happen'.

**An Roinn Forbartha Tuaithe agus Pobail**

Feidhmíonn an Roinn Forbartha Tuaithe agus Pobail an "Scéim Athnuachana Bailte agus Sráidbhailte" agus an scéim cistiúcháin "Redz". Riarann an Oifig Fiontair Áitiúil an scéim "Redz" trí ghrúpa oibre trasfheidhme a chuimsíonn ionadaithe ó fheidhmeanna pleanála, pobail, turasóireachta agus soláthair. Sa bhliain 2019, bronnadh cistiú ar naoi réimse tionscadail lena soláthar faoin 30 Meitheamh 2020 agus bronnadh cistiú ar cheithre thionscadal lena soláthar faoin 30 Meitheamh 2021.

**An tAontas Eorpach (Clár na hÉireann-na Breataine Bige) agus Cistiú ón Aontas Eorpach**

Tá an tionscadal Catalyst, atá á chistiú ag Clár Interreg na hÉireann-na Breataine Bige de chuid an Aontais, ar siúl faoi láthair. Tá an tionscadal á chur i bhfeidhm ag Oifig Fiontair Áitiúil Chomhairle Contae Cheatharlach. Fuair 32 ghnólacht tacaíocht chéim a haon le linn na bliana 2019, agus meantóireacht agus forbairt caidrimh phoiblí agus cumarsáide i gceist léi.

Tá earcaíocht isteach sa chlár ar oscailt faoi láthair do ghnólachtaí Bia, Dí agus Eolaíochta Beatha i gCeatharlach agus i dTiobraid Árann atá ag iarraidh forbairt a dhéanamh ar tháirgí agus próisis nua a bhfuil an nuálaíocht agus an inbhuanaitheacht mar chroíthéama acu. Cuimsíonn an treoirthionscadal €1.3m comhpháirtithe ó University of Wales Trinity Saint David (Príomh-chomhpháirtí), ó WRAP Cymru, ó Chomhairle Contae Thiobraid Árann agus ó Institiúid Teicneolaíochta Cheatharlach.
Le linn na bliana 2018/19, chomhordaigh an Oifig Fiontair Áitiúil clár cistiúcháin ón Aontas Eorpach do 20 rannpháirtí.

**An Roinn Cumarsáide, Gníomhaithe ar son na hAeráide agus Comhshaoil**

Leis an Scéim Dearbhán Trádála ar Líne, cabhraítear le gnólachtaí beaga trádáil ar líne. Is féidir le gnólachtaí incháilithe iarratas a dhéanamh ar dhearbhán chun infheistiú ina n-inniúlacht ríomhthráchtála a fhorbairt. Is fiú suas le €2,500 é an dearbhán agus meaitseáiltear le cistiú dílis é chun gur féidir le gnólachtaí comhpháirt trádála ar líne a fhorbairt.

**An Roinn Talmhaíochta, Bia agus Mara**
**An Clár Turasóireachta Agraibhia**

Sa bhliain 2019, d'éirigh le Comhairle Contae Cheatharlach cistiú a áirithiú faoin gCiste Turasóireachta Agraibhia. Is é atá i gceist le turasóireacht agraibhia ná cuairt a thabhairt ar limistéir thuaithe ina bhfuil táirgí cáiliúla talmhaíochta le fáil agus inar féidir bianna réigiúnacha speisialta a bhlaiseadh. Bhí na nithe seo a leanas i gceist leis an gclár sa bhliain 2019:

- Tacaíocht do Mhargadh Feirmeoirí Cheatharlach
- Tacaíocht d'Aonach Bia agus Ceardaíochta Nollag Gharrán Duckett
- Suíomh Gréasáin Turasóireachta Bia
- Forbairt Turasóireachta Bia agus Caidrimh Phoiblí
- Oiliúint Taithí agus Meantóireacht
- Nollaig Chócaireachta Cheatharlach

**Comhairle Contae Cheatharlach – Gníomhaíochtaí ar Thacaigh an Fheidhm Ioncaim Leo**

Mar chuid dá Buiséad Ioncaim, déanann Comhairle Contae Cheatharlach soláthar do na cláir seo a leanas:
**An Clár Nollag 2019:** Thacaigh an Oifig Fiontair Áitiúil le Clár Nollag comhordaithe a sholáthar sa bhliain 2019. Tugadh "Contae Cheatharlach – Eispéireas Féile don Teaghlach" ar an gclár agus comhordaíodh Clár Soilsiúcháin Bhaile Cheatharlach, Clár Féile, Margadh Nollag Cheatharlach agus Feachtas Margaíochta Digití agus Caidrimh Phoiblí lena linn.

**Cur Chun Cinn Ginearálta / Infheistíocht ó GFT Éireann:** Leanann Comhairle Contae Cheatharlach ag obair i gcomhar le GFT Éireann chun infheistíocht a mhealladh isteach sa Chontae.
**An Plean Gníomhaíochta Réigiúnach do Phoist / Ireland South East:** Mar chuid de chlár comhoibríoch atá ar bun ar fud na nÚdarás Áitiúil san Oirdheisceart, déanann an Stiúrthóir Réigiúnach agus baill foirne tacaíochta comhordú ar Oifig an Phlean Gníomhaíochta Réigiúnaigh do Phoist. Is é is aidhm don oifig cur chuige comhordaithe a ghlacadh i leith gníomhaíochtaí réigiúnacha.
**Ciste Féilte agus Imeachtaí:** D'fheidhmigh Comhairle Contae Cheatharlach Ciste

Féilte agus Imeachtaí le linn na bliana 2019. Agus leas á bhaint as an gciste sin, tugadh tacaíocht do 25 cinn d'fhéilte agus d'imeachtaí agus do thrí ionad turasóireachta pobail.
**Clár inCarlow:** Rinne Comhairle Contae Cheatharlach forbairt ar thionscadail an bhranda "inCarlow" sa bhliain 2019 chun go n-áireofaí leo na nithe seo a leanas:

- Taispeántas inCarlow ag an gComórtas Náisiúnta Treabhdóireachta
- Iris inCarlow
- Straitéis Bia agus Dí inCarlow
- inCarlow a chur chun cinn san iris eitilte 'Cara'.

**<u>Athghiniúint / Éire 2040</u>**
Chomhordaigh an t-aonad Forbartha Eacnamaíche iarratais ar chistiú faoi Éire 2040. Bronnadh an cistiú seo a leanas sa bhliain 2018 de bhun an phróisis chistiúcháin iomaíoch atá i gceist leis. **Scéim Tuaithe: Tarbhealach na Buiríse**

- Tarbhealach na Buiríse a athfhorbairt mar thionscadal taitneamhachta agus turasóireachta

**Scéim Uirbeach: Baile Cheatharlach**

- Máistirphlean agus Croí-Straitéis Tionscadail le haghaidh Cistiúcháin a fhorbairt

Rinneadh dul chun cinn ar na tionscadail sin sa bhliain 2019 agus cuireadh iarratais eile le chéile i leith raon éagsúil Tionscadal Tuaithe lena Soláthar agus lena bhForbairt.

**<u>Fóram Forbartha Bhaile Cheatharlach</u>**
Lean Comhairle Contae Cheatharlach le tacaíocht a thabhairt d'Fhóram Forbartha Bhaile Cheatharlach, a bunaíodh sa bhliain 2018 chun maoirseacht a dhéanamh ar chur chun feidhme Plean Gníomhaíochta Lár Baile agus chun an obair sin a stiúradh. Leagtar amach sa Phlean Gníomhaíochta straitéis lena n-imreofar, a luaithe a chuirfear chun feidhme í, tionchar dearfach ar fhás agus rathúnas an láir bhaile trí ghnó agus ioncam agus an líon cuairteoirí agus post a mhéadú. Is é fís Fhóram Forbartha Bhaile Cheatharlach feabhas a chur ar rathúnas an Láir Bhaile agus cur le folláine an phobail, agus geilleagar inmharthana inbhuanaithe Lár Baile á chruthú.
Cuirfidh an Fóram beocht úr sa Lár Baile trí thacú le meascán leathan feidhmeanna miondíola, pobail agus fóillíochta a fhorbairt, ar nithe iad a chruthóidh Lár Baile ar leith a bheidh tarraingteach do chónaitheoirí agus do chuairteoirí araon.
Tugann Fóram Forbartha Bhaile Cheatharlach deis do gach geallsealbhóir obair i gcomhar lena chéile i dtreo fís chomhroinnte a bhaint amach agus, ar an mbealach sin, feabhas a chur ar cháilíocht na timpeallachta baile, treisiú leis an tairiscint sa lár baile agus lár baile faoi bhláth a chruthú ar mhaithe leis an líon cuairteoirí a uasmhéadú, ar mhaithe le caiteachas a mhéadú agus, ar deireadh, ar mhaithe le roghanna agus sásamh a thairiscint do chustaiméirí.
**<u>Tionscadail Straitéiseacha</u>**
**<u>Cuireadh an obair straitéiseach seo a leanas ar aghaidh le linn na bliana 2019:</u>**
**Straitéis Áineasa Amuigh faoin Spéir:** Forbrófar straitéis áineasa amuigh faoin spéir don Chontae i gcomhpháirt leis an Rannóg Pobail agus Taitneamhachta. Leagfar amach sa straitéis creat le haghaidh sócmhainní áineasa amuigh faoin spéir a fhorbairt ar bhealach straitéiseach. Díreofar ar réimse an tsiúil agus na rothaíochta ar dtús. Seolfar an straitéis sa dara ráithe den bhliain 2020.
**Straitéis Bia agus Dí inCarlow:** Scrúdófar sa straitéis an deis atá ann agus an mhodheolaíocht atá le húsáid le haghaidh an earnáil bia agus dí a fhorbairt sa Chontae. Seolfar an straitéis sa dara ráithe den bhliain 2020.
**Straitéis Bithéagsúlachta Bhaile Cheatharlach:** I gcomhpháirt leis an bhFóram Baile, lorgaíodh cistiú chun Straitéis Bithéagsúlachta Bhaile Cheatharlach a fhorbairt. **Críochnófar an straitéis sa dara ráithe den bhliain 2020.**
**<u>Ionadaíocht</u>**
Mar chuid dá hobair leanúnach, agus i dteannta na ngrúpaí tionscadail thuas, déanann an fhoireann feidhmiúcháin ionadaíocht do Chomhairle Contae Cheatharlach ar na Boird agus

na Grúpaí Oibre seo a leanas:

- Carlow Early Years Training Services CLG
- Comhpháirtíocht Forbartha Contae Cheatharlach
- Coiste Forbartha Pobail Áitiúil Cheatharlach
- Carlow Community Enterprise Centres CLG
- Coiste Cúram Leanaí Chontae Cheatharlach
- Ireland South East – Grúpa Oifigeach Turasóireachta
- Carlow Tourism CLG
- Fóram Réigiúnach Scileanna an Oirdheiscirt

**Cumarsáid / Caidreamh Poiblí agus Cur Chun Cinn:**

Cuireadh clár cumarsáide / caidrimh phoiblí agus cur chun cinn le chéile don bhliain 2019, rud lenar áiríodh:

- Preaseisiúintí ar gach gníomhaíocht de chuid na hOifige Fiontair Áitiúil agus ar gach gníomhaíocht eacnamaíoch de chuid na Comhairle Contae
- Gné-Phreaseisiúintí ar chuideachtaí cás-staidéir
- Na nithe seo a leanas a bhainistiú ar na Meáin Shóisialta: cuntas Chomhairle Contae Cheatharlach ar Twitter; cuntais Oifig Fiontair Áitiúil Cheatharlach ar Twitter agus ar Facebook; agus na cuntais 'Contae Cheatharlach – Eispéireas Féile don Teaghlach' ar Facebook agus ar Twitter

Coimisiúnaíodh dhá ghné-alt sa Sunday Business Post ar aon dul le Feachtas Cur Chun Cinn inCarlow.

Dearadh prótacail agus teimpléid do gach gníomhaíocht preasa sa bhliain 2019 agus cuireadh oiliúint i gCumarsáid ar gach ball foirne de chuid na hOifige Fiontair Áitiúil.

**Tacú le Cláir Sheachtracha/Comhpháirtithe Seachtracha:**

Mar chuid dá hobair leanúnach, tacaíonn an Oifig Fiontair Áitiúil leis na cláir seo a leanas a sholáthar i gContae Cheatharlach:

- Banc na hÉireann – Bailte Fiontair
- An Ciste Forbartha Fiontar Sóisialta
- Fiontraíocht Éireann – Teorainneacha Nua
- Fiontraíocht Éireann – Glaonna Cistiúcháin
- Clár NDRC don Oirdheisceart

# SEIRBHÍSÍ UISCE AGUS IOMPAR AR BHÓTHAR, SEIRBHÍSÍ COMHSHAOIL AGUS SEIRBHÍSÍ ÉIGEANDÁLA

# SEIRBHÍSÍ UISCE

Ó bunaíodh i mí Eanáir 2014 é, tá Uisce Éireann, an fóntas náisiúnta uisce, freagrach as seirbhísí uisce agus fuíolluisce a sholáthar. Chomhaontaigh Comhairle Contae Cheatharlach agus Uisce Éireann obair faoi théarmaí Comhaontaithe Seirbhíse 12 bhliain chun seirbhísí uisce atá éifeachtúil agus ar ardchaighdeán a sholáthar ar mhaithe le freastal ar na riachtanais atá ag custaiméirí, i gcomhréir le ceanglais reachtúla agus rialála.

Tomhaiseadh 79 gcinn de chuspóirí sonracha agus de spriocanna feidhmíochta sa bhliain 2019, lena n-áirítear saincheisteanna a bhaineann le cáilíocht an uisce óil, cáilíocht an scaoilte fuíolluisce, seirbhísí do chustaiméirí agus rialú buiséid. Ba é 100% an scór feidhmíochta do Phlean Seirbhíse Bliantúil Cheatharlach sa cheathrú ráithe den bhliain 2019 agus táthar ag súil go mbeimid in ann an fheidhmíocht sin a bhaint amach arís sa bhliain 2020. D'eisigh Uisce Éireann an Plean Seirbhíse Bliantúil don bhliain 2020 chuig Ceatharlach i mí na Nollag 2019. Bhí laghdú suntasach 7% ann ar an mbuiséad earraí agus seirbhísí oibriúcháin. Laghdaíodh an buiséad cothabhála caipitil go mór freisin. Chuir Uisce Éireann an laghdú sin i leith éilimh ón gCoimisiún um Rialáil Fóntais.

**Oibríochtaí Uisce**

Lean foireann Chomhairle Contae Cheatharlach le thart ar 14,000 $m^3$ d'uisce óil a sholáthar in aghaidh an lae dá cuid custaiméirí i gCeatharlach ón dá ionad cóireála dhéag a oibríonn sí thar ceann Uisce Éireann. Bhí laghdú de thart ar 400 $m^3$ d'uisce óil in aghaidh an lae ann sa bhliain 2019. Tháinig an laghdú sin as coigiltí a baineadh amach trí Bhainistíocht Ligin agus trí éifeachtúlachtaí eile. Tá leibhéil 'uisce gan tásc' cothrom le beagán faoi bhun 36%, atá ar cheann de na rátaí is ísle sa tír.

Cuireadh oibreacha méadraithe neamhbhaile i gcrích, ar lena linn a malartaíodh méadair agus a feistíodh boscaí méadar uisce ar an mBuiríos, i dTigh na hInse, i Leithghlinn an Droichid agus ar an gCarraig Dhubh. Tosaíodh oibreacha ar gach méadar neamhbhaile i mBaile Haicéid freisin. Tá an obair sin le críochnú sa bhliain 2020.



Leantar le méadair dhúiche a uasghrádú. Cabhraíonn an obair sin le ligean a aimsiú, le brú uisce caighdeánaithe a bhaint amach do gach custaiméir agus leis an soláthar uisce, ar acmhainn luachmhar é, a rialú agus a bhainistiú ar bhealach níos fearr i gcoitinne.

Rinneadh obair imscrúdaitheach shubstaintiúil ar ár gcóras dáileacháin, a fhágann gur féidir infheistíocht chaipitil amach anseo a dhíriú ar an líonra ar bhealach níos éifeachtaí.

Tosaíodh clár nua dífhabhtúcháin i gCeatharlach sa bhliain 2019. Díothaítear leis an gclár sin úsáid chontúirteach gáis chlóirín agus cinnteofar leis go gcomhlíonfaidh an t-uisce ar fad a sholáthraítear lena chaitheamh ag an bpobal gach caighdeán de chuid an Aontais Eorpaigh agus go gcuirfear feabhas ar shábháilteacht na mball foirne oibríoch.

***An caibinéad clóiríniúcháin cuimsitheach nua, ar aonad trialach é. Dhear baill foirne an caibinéad agus tógadh é lena úsáid ag láithreán clóiríniúcháin tánaisteach Bhaile Lú.***



***An leagan amach ionstraimíochta faireacháin nua ag Páirc na Darach.***

Tosaíodh an córas teiliméadrachta náisiúnta idirmheánach sa chontae, rud lena dtugtar léargas ar aon fhadhbanna féideartha ag na hionaid uile agus lena dtugtar luathrabhadh fúthu.

Coinnítear barrfheabhsú an táirgthe uisce agus an faireachán ar pharaiméadair uisce faoi athbhreithniú agus leantar le cáilíocht an uisce a fheabhsú ar fud an chontae.

**Oibríochtaí Fuíolluisce**

Leanann foireann Chomhairle Contae Cheatharlach le ceithre ionad cóireála fuíolluisce is fiche a oibriú i gContae Cheatharlach thar ceann Uisce Éireann. Oibrítear aon ionad déag de réir dhiancheanglais na gCeadúnas Scaoilte ón nGníomhaireacht um Chaomhnú Comhshaoil. Is de réir cheanglais a nDeimhnithe Údarúcháin faoi seach a oibrítear na cinn eile, atá ar na hionaid chóireála is lú.

Tógadh 564 shampla agus tástáladh 5,802 pharaiméadar san iomlán. Cuireadh na torthaí ar aghaidh chuig Uisce Éireann agus chuig an nGníomhaireacht um Chaomhnú Comhshaoil ar bhonn míosúil. Bhí 17 dteagmhas intuairiscithe ann sa bhliain 2019 agus bhí sé cinn díobh sin ina dteagmhais athfhillteacha. Rinne an Ghníomhaireacht um Chaomhnú Comhshaoil seacht n-iniúchadh ag ionaid chóireála fuíolluisce. Cuireadh nósanna imeachta oibriúcháin atá sonrach don láithreán i gcrích in 12 ionad fuíolluisce i gcomhar le foireann Bharrfheabhsú Próiseas Uisce Éireann agus le hairígh na n-ionad. Cuireadh tuarascálacha comhshaoil bliantúla i gcrích do 11 ionad fuíolluisce atá ceadúnaithe ag an nGníomhaireacht um Chaomhnú Comhshaoil. Bíonn sé dúshlánach go fóill na hionaid mhóra i mBaile Mhoirtéil, i Muine Bheag agus ar an Tulach a oibriú toisc go dteastaíonn infheistíocht chaipitil ó gach ceann de na trí ionad chun gur féidir leo freastal ar an éileamh reatha agus ar an éileamh amach anseo agus chun gur féidir na luachanna teorann astaíochta do pharaiméadair éagsúla na gceadúnas scaoilte fuíolluisce a bhaint amach.

Le linn na bliana 2019, coimisiúnaíodh treoirthionscadal chun triail a bhaint as giolcarnach a úsáid le haghaidh sloda a bhainistiú agus a chóireáil ag cúig ionad cóireála fuíolluisce. Tá an tionscadal sin fós ar siúl. Más rud é go n-éireoidh leis an treoirthionscadal, beidh úsáid giolcarnaí ina modh níos éifeachtúla agus níos inbhuanaithe le haghaidh sloda a chóireáil agus laghdófar costais oibriúcháin.



***An treoirthionscadal giolcarnaí ag ionaid chóireála fuíolluisce***

**Oibreacha Caipitil**

Le linn na bliana 2019, rinne an rannóg Seirbhísí Uisce dul chun cinn ar roinnt Tionscadal Caipitil i gcomhar le hUisce Éireann agus le cistiú ó Uisce Éireann. Leanann an rannóg le tathant a dhéanamh ar son na tionscadail ríthábhachtacha bhonneagair sin a chur ar aghaidh.

Ba é a bhí i gceist leis na príomhthionscadail Oibreacha Caipitil a cuireadh ar aghaidh le linn na bliana 2019 ná pleananna a fhorbairt le haghaidh Ionad Cóireála Uisce Ráth Bhile a uasghrádú, lena n-áirítear tógáil an umair uisce nua a thabhairt chuig an gcéim réamhphleanála.

Ba i gcomhar leis an gConraitheoir Réigiúnach a rinneadh na hoibreacha a cuireadh i gcrích tríd an gClár Líonraí Uisce. Ba é a bhí i gceist leis na hoibreacha sin ná an príomhlíonra uisce a athsholáthar i gcodanna de Mhuine Bheag, de Bhaile Cheatharlach agus den Ghráig, áit ar díríodh ar sheirbhísí cúlchlóis a athsholáthar. Freastalaítear leis an bpríomhlíonra uisce ardchaighdeáin nua ar 500 réadmhaoin anois.




***An Príomhlíonra Uisce nua á leagan – Snáithe a chur i snáthaid – Sráid Bhaile Átha Cliath. Iúil 2019***

Ar an Tulach, tá pleananna ar bun chun an tIonad Cóireála Fuíolluisce a uasghrádú ar mhaithe le hacmhainn a mhéadú chun freastal ar fhás le déanaí agus ar fhás amach anseo sa limistéar. Tógadh dearadh an uasghrádaithe chuig ardchéim dá fhorbairt sa bhliain 2019 agus tá an tógáil le tosú sa bhliain 2020.

Tá tionscadail uasghrádaithe ar siúl freisin do na hIonaid Chóireála Fuíolluisce i Muine Bheag agus i mBaile Cheatharlach. Tá an dá thionscadal i gcéim an deartha mhionsonraithe faoi láthair agus meastar go dtosófar na hoibreacha ag deireadh na bliana 2022 ar a luaithe.

# BÓITHRE AGUS IOMPAR

Tá an-tábhacht ag baint le dea-ghréasán bóithre agus iarnróid a bheith ann ar mhaithe le rathúnas eacnamaíoch an chontae. Tá sé ríthábhachtach go mbeadh dea-rochtain ann ar Bhaile Átha Cliath, ar na calafoirt, agus ar na bailte móra sa réigiún. Chun críocha eacnamaíocha, sóisialta agus áineasa sa limistéar áitiúil, tá sé ríthábhachtach freisin go ndéanfaí an bonn sócmhainne bóithre réigiúnacha agus áitiúla a chothabháil de réir na gcaighdeán is airde is féidir, i gcomhréir leis an gcistiú atá ar fáil.

Is é beartas na Comhairle ná bóithre atá ann cheana a chothabháil, a fhorbairt agus a fheabhsú agus bóithre nua a thógáil a mhéid is féidir laistigh de na hacmhainní airgeadais atá ar fáil. Tá 1,329 km ann sa ghréasán bóithre i limistéar riaracháin Cheatharlach, rud atá comhdhéanta de na nithe seo a leanas:

| | |
|---|---|
| Mótarbhealach | 24 km |
| Bóithre Náisiúnta den Dara Grád | 54 km |
| Bóithre Réigiúnacha | 186 km |
| Bóithre Áitiúla | 1,065 km |

Tá Comhairle Contae Cheatharlach tiomanta don ghréasán bóithre a chothabháil agus a fheabhsú, lena n-áirítear feabhas a chur ar shábháilteacht ar bhóithre. Bíonn an obair sin ar fad á bainistiú ag foireann a chuimsíonn deichniúr ball foirne teicniúil, cúigear ball foirne riaracháin agus trí bhall foirne lasmuigh is daichead, a bhí lonnaithe in oifig lárnach agus in dhá oifig ceantair bhardasaigh sa bhliain 2019.

## Mótarbhealach

Is é Bonneagar Iompair Éireann, ar ar tugadh an tÚdarás um Bóithre Náisiúnta roimhe seo, a bhainistíonn gach scéim mótarbhealaigh agus a sholáthraíonn cistiú dóibh. Tá conraitheoir i bhfeidhm ag Bonneagar Iompair Éireann faoi láthair, atá freagrach as an stráice 24 km de mhótarbhealach M9 a ritheann trí Chontae Cheatharlach a chothabháil.

## Bóithre Náisiúnta den Dara Grád

Soláthraíonn Bonneagar Iompair Éireann cistiú do bhóithre náisiúnta. Fuarthas leithdháileadh tosaigh €3,302,160 sa bhliain 2019 chun oibreacha feabhsúcháin a dhéanamh ar dhroichid agus ar charrbhealaí agus chun freastal ar na costais a bhaineann le maoirseacht agus cothabháil ghinearálta a dhéanamh ar an ngréasán bóithre náisiúnta agus le soilsiú poiblí a leagan ar an ngréasán.

Ina dhiaidh sin, rinne Comhairle Contae Cheatharlach iarratas ar chistiú breise le haghaidh Scéimeanna Feabhsúcháin agus Cothabhála ar na Bóithre Náisiúnta. D'éirigh léi cistiú breise €1,867,020 a áirithiú. D'fhág sé sin go raibh €5,169,180 san iomlán ar fáil lena infheistiú sa bhonneagar Bóithre Náisiúnta i gContae Cheatharlach.

Is fiú a thabhairt faoi deara go bhfuil 54 km ann sna bóithre Náisiúnta den Dara Grád sa chontae. Dámhadh conarthaí chun thart ar 30% den ghréasán a athdhromchlú sa bhliain 2018 agus rinneadh na bóithre sin a chothabháil ina dhiaidh sin sa bhliain 2019. Tá na tionscadail sin catagóirithe mar a leanas:

<u>Scéimeanna Feabhsúcháin Chosán</u>
Tá an scéim seo ina clár spriocdhírithe tionscadal feabhsúcháin sonrach atá bunaithe ar shuirbhé cuimsitheach ar an ngréasán bóithre náisiúnta, rud a dhéanann Bonneagar Iompair Éireann i gcomhar le Comhairle Contae Cheatharlach.

A bhuí leis an gclár sin, bhí an Chomhairle in ann oibreacha feabhsúcháin chosán a chur i gcrích ag na láithreacha seo a leanas:

- N80: Scéim Cosán Bhaile Cheatharlach (infheistíodh €446,000 i mbailchríoch a chur ar thionscadal a tosaíodh sa bhliain 2018)
- N80: Whitemills go Bun Clóidí (infheistíodh €2,800,000 i mbailchríoch a chur ar thionscadal a tosaíodh sa bhliain 2018)
- N80: Bun Clóidí (infheistíodh €1,850,000 i mbailchríoch a chur ar thionscadal a tosaíodh sa bhliain 2019)



*Oibreacha oíche ar bhóthar N80 ag Bun Clóidí*

Ina theannta sin, tosaíodh ullmhúcháin phleanála chun cinn do Scéimeanna Feabhsúcháin Chosán a dhéanamh sna láithreacha seo a leanas sa bhliain 2020:

- N81 ag Príomhshráid na Tulaí (infheistíocht fhéideartha €700,000)
- N81 ag Baile Mhaodhóg (infheistíocht fhéideartha €450,000)

Scéimeanna Cothabhála Caipitil

Chuir Bonneagar Iompair Éireann tús le scéim chun feabhas a chur ar an dromchla bóthair ar an ngréasán Bóithre Náisiúnta. Leis an scéim, cuirtear ar chumas Údarás Áitiúil iarratais a chur isteach ar chistiú do thionscadail ar mó iad ná Tionscadail Chothabhála agus ar lú iad ná Tionscadail Feabhsúcháin Chosán. Is gnách go mbíonn luach na dtionscadal sin sa raon idir €50k agus 200k.

Fuair Comhairle Contae Cheatharlach leithdháileadh tosaigh €193,000. D’éirigh leis na hiarratais uaithi do thrí láthair ina dhiaidh sin, agus í ag fáil €353,000 eile do bhearta feabhais práinneacha ar an Easca, i mBaile na Carraige agus i gCill Chnoic.

Clár dromchlaithe HD28

Tá an scéim seo ina clár spriocdhírithe deisiúchán cosán, atá bunaithe ar shuirbhéanna meicniúla a dhéantar thar ceann Bhonneagar Iompair Éireann. Fuair Comhairle Contae Cheatharlach leithdháileadh tosaigh €750,000, rud a chuir ar a cumas tabhairt faoi oibreacha athuigeachta agus athdhromchlaithe ag láithreacha éagsúla feadh bhóithre N80 agus N81.

Chuir an Chomhairle na doiciméid chonartha le chéile ar bhonn inmheánach agus sholáthair sí na hoibreacha agus rinne sí bainistiú ar a gcríochnú. Ina dhiaidh sin, d’éirigh léi forchostais bhreise arbh fhiú €61,400 iad a aisghabháil ó Bhonneagar Iompair Éireann don tionscadal.



*Athuigeacht á cur ar bhóthar N80*

Cigireachtaí HD17 ar Shábháilteacht ar Bhóithre

I gcomhar le hinnealtóirí comhairleacha ar fhostaigh Bonneagar Iompair Éireann iad, thug Comhairle Contae Cheatharlach faoi shuirbhé cuimsitheach ar na codanna de bhóithre N80 agus N81 a ritheann trí Cheatharlach. Bhí sé mar aidhm leis an suirbhé measúnú a dhéanamh ar fhadhbanna féideartha sábháilteachta ar na bealaí sin. Sainaithníodh sa suirbhé roinnt idirghabhálacha atá le déanamh ag Comhairle Contae Cheatharlach chun laghdú a dhéanamh ar an mbaol go mbeadh timpistí tráchta ann ar na bealaí lena mbaineann.

Tionscadal Soilsiúcháin ar Bhóithre N80 agus N81

Chuir Bonneagar Iompair Éireann tús le scéim chun feabhas a chur ar shoilsiú poiblí ar an ngréasán Bóithre Náisiúnta, agus dé-óidí astaithe solais (LEDanna) atá coigilteach ar fhuinneamh á gcur in áit an trealaimh shoilsiúcháin atá ann cheana. Ag teacht sna sála ar chríochnú rathúil na scéime don bhliain 2018 i mBaile Cheatharlach, rinne Comhairle Contae Cheatharlach iarratas ar chistiú chun an 211 aonad soilsiúcháin phoiblí eile ar bhóithre N80 agus N81 a uasghrádú. Fuarthas infheistíocht €145,300 don obair sin.

Scéimeanna Cothabhála Lochtanna

Le linn na bliana, tugann Comhairle Contae Cheatharlach faoi shuirbhéanna cuimsitheacha rialta ar na codanna de bhóithre N80 agus N81 a ritheann tríd an gcontae. Sainaithnítear sna suirbhéanna sin fadhbanna ar gá aird a thabhairt orthu láithreach. Déanann an Chomhairle iarratas chuig Bonneagar Iompair Éireann ar chistiú ansin le haghaidh na lochtanna a réiteach, agus úsáid á baint aici as córas suirbhéireachta teicneolaíochta faisnéise (GeoApp).

D’éirigh leis an iarratas ón gComhairle le linn na bliana agus fuair sí cistiú breise €196,000 le haghaidh bearta feabhais práinneacha (i.e. deisiúcháin ar chomharthaí, ar mharcanna bóthair, ar dhromchlaí damáistithe bóthair agus cosáin agus ar fhadhbanna draenála, etc.) a dhéanamh ag láithreacha sonracha feadh an ghréasáin Bhóithre Náisiúnta den dara grád.

Conradh Cothabhála Droichead i gCúige Laighean


Sa bhliain 2018, chuir Bonneagar Iompair Éireann tús le tionscadal cothabhála i limistéar Laighean chun measúnuithe agus oibreacha cothabhála leanúnacha a dhéanamh ar dhroichid atá suite ar Bhóithre Náisiúnta sna contaetha atá páirteach sa tionscadal. Choimisiúnaigh Oifigeach Forbartha Réigiúnaí Chill Dara cuideachta chun an tionscadal a dhearadh agus chun maoirseacht a dhéanamh air, lena n-áirítear 11 dhroichead ar bhóthar N80 agus ocht ndroichead ar bhóthar N81 i gContae Cheatharlach. Tá na measúnuithe agus na hoibreacha cothabhála sin fós ar siúl.

<u>An Clár um Iarfheistiú Fálta ar Bhóithre Náisiúnta</u>

Tar éis cigireachtaí a dhéanamh ar an ngréasán Bóithre Náisiúnta sa bhliain 2018, sainaithníodh limistéir shonracha ar ghá aird a thabhairt orthu. Chuir Comhairle Contae Cheatharlach cás isteach, agus infheistíocht €100,000 á fáil aici ansin. Bhuail Innealtóirí Ceantair Bhardasaigh le húinéirí talún chun na tionscadail a thabhairt chun críche.

<u>Scéim Feabhsúcháin Sábháilteachta ar Bhóithre Náisiúnta</u>

Sa bhliain 2011, choimisiúnaigh an tÚdarás um Bóithre Náisiúnta (ar a dtugtar Bonneagar Iompair Éireann anois) Staidéar Riachtanas ar Bhóithre Náisiúnta chun measúnú a dhéanamh ar chaighdeán an ghréasáin bhóithre náisiúnta atá ann cheana ar fud na tíre. Bunaithe ar an modheolaíocht sainaitheanta, breithmheasa agus beartú tosaíochta a glacadh, sainaithníodh codanna sonracha den ghréasán bóithre náisiúnta a bhí faoi bhun an chaighdeáin. Sainaithníodh freisin tograí feabhais a d'fhéadfaí a dhéanamh chun na fadhbanna a réiteach.




*Sliocht as an Staidéar Riachtanas ar Bhóithre Náisiúnta den Dara Grád*

I dtuarascáil an staidéir, sainaithnítear cuid de bhóthar náisiúnta N80 a ritheann soir ó Chrosaire Bhaile an Chaisleáin go Crois Ghráig na Spideog. Is iad na príomhnithe atá le breithniú ina leith ná cuspóirí comhshaoil, sábháilteachta, eacnamaíocha, inrochtaineachta, cuimsithe shóisialta agus comhtháthaithe.

Bunaithe ar an bhfaisnéis sin, lean Comhairle Contae Cheatharlach le haird a tharraingt ar an láthair lena mbaineann. I mí Mheán Fómhair, thug Bonneagar Iompair Éireann ceadú le haghaidh measúnacht mhionsonraithe a dhéanamh ar an láthair chun teacht ar an réiteach is fearr ar na fadhbanna.

Tar éis an ceadú sin a fháil, d'fhostaigh an Chomhairle seirbhísí sainchomhairleoireachta teicniúla chun tabhairt faoi na measúnachtaí a bhí riachtanach chun an tionscadal a chur ar aghaidh. Tá sé beartaithe roghanna bealaigh a fhorbairt sa chéad ráithe den bhliain 2020.

**Deontais le haghaidh Bóithre Áitiúla agus Réigiúnacha**

Soláthraíonn an Roinn Iompair, Turasóireachta agus Spóirt cistiú le haghaidh bóithre Réigiúnacha agus Áitiúla. Fuarthas leithdháileadh €5,845,729 sa bhliain 2019 le haghaidh oibreacha feabhsúcháin agus cothabháil ghinearálta a dhéanamh ar an ngréasán bóithre neamhnáisiúnta. Dírítear sa chlár sin ar bhearta feabhais a bhfuil géarghá leo a dhéanamh ar bhóithre réigiúnacha agus áitiúla sa chontae faoi na ceannteidil seo a leanas:

| | |
|---|---|
| • Feabhsú Athchóirithe | € 2,760,000 |
| • Cothabháil Athchóirithe | € 506,000 |
| • Cothabháil Athchóirithe Fhorlíontach | € 199,500 |
| • Deontas Lánroghnach | € 1,029,500 |
| • Athshlánú Droichead | € 160,000 |
| • Deontas Feabhsúcháin Straitéisigh | € 200,000 |
| • Oibreacha Feabhsúcháin Sábháilteachta | € 135,000 |
| • Luasteorainn | € 28,340 |
| • Scéim Rannpháirtíochta Pobail | € 542,919 |
| • Deontas Oiliúna | € 21,500 |
| • Oibreacha Draenála | € 263,000 |
| | € 5,845,729 |

Tionscadail um Fheabhsú Athchóirithe agus Cothabháil Athchóirithe.

Dírítear sa chlár seo ar fheabhsuithe a dhéanamh ar shláine struchtúrtha agus ar dhromchlaí na mbóithre réigiúnacha agus áitiúla sa chontae. Fuair Comhairle Contae Cheatharlach leithdháileadh €3,465,500 le linn na bliana, ar mhéadú €320,000 é ar an leithdháileadh a fuarthas sa bhliain roimhe. Chuir sé sin ar a cumas tabhairt faoi oibreacha struchtúrtha agus athdhromchlaithe ar fud an chontae.



*Feabhsú Athchóirithe ar Phríomhshráid na Buiríse*

Deontas Lánroghnach

Cumhdaítear sa chlár seo gníomhaíochtaí cothabhála ar fud an 1,251 km atá sa ghréasán bóithre réigiúnacha agus áitiúla ar fud an chontae, lena n-áirítear tionscadail feabhsúcháin spriocdhírithe shonracha. I measc nithe eile, dírítear sna tionscadail feabhsúcháin shonracha sin ar chomharthaí, ar mharcanna bóthair agus ar fheabhsuithe agus deisiúcháin a dhéanamh ar chosáin. Tagann gníomhaíochtaí sonracha faoin gcatagóir cistiúcháin seo freisin (i.e. seirbhísí cothabhála geimhridh).



*Seirbhísí Cothabhála Geimhridh*

Plean Cothabhála Geimhridh 2018 / 2019

Ó thús an tséasúir i lár mhí Dheireadh Fómhair 2018 go ceann tréimhse 25 seachtaine, ba é an toradh a bhí ar dhálaí aimsire ná go ndearnadh 34 chóireáil ar bhealaí P1, agus 300 tonna de shalann á n-úsáid, agus go ndearnadh 17 gcóireáil ar bhealaí P2, agus 370 tonna de shalann á n-úsáid.

Cé go ndéantar Bonneagar Iompair Éireann na costais a bhaineann le bealaí P1 a chóireáil a aisíoc leis an gComhairle, ba cheart a thabhairt faoi deara go ndéantar na costais a bhaineann le bealaí P2 a chóireáil a asbhaint ón leithdháileadh Deontais Lánroghnaigh a fhaightear ón Roinn Iompair, Turasóireachta agus Spóirt. Le linn an tséasúir 2018/2019, rinne Ceatharlach 17 gcóireáil ar bhealaí P2 ar neaschostas €100,000.

Ní féidir freagra dearfach a thabhairt ar iarrataí go ndéanfaí cóireáil ar bhóithre eile nach bhfuil ar áireamh sa phlean, mar sin, de bharr an mhórthionchair iarmhartaigh a bhíonn ag athruithe bealaigh ar acmhainní agus ar agaí freagartha.

Scéim Athshlánaithe Droichead

Tugann Comhairle Contae Cheatharlach faoi shuirbhéanna rialta ar an riocht atá ar dhroichid ar fud an chontae. Úsáidtear na torthaí ar na suirbhéanna sin chun clár oibreacha cothabhála a éascú, ar oibreacha iad a theastaíonn chun sláine struchtúrtha an ghréasáin droichead a chothabháil.

Dírítear sa chlár seo ar dheisiúcháin a dhéanamh ar dhroichid atá suite ar bhóithre réigiúnacha agus áitiúla sa chontae. Fuair Comhairle Contae Cheatharlach leithdháileadh €160,000 sa bhliain 2019, rud a chuir ar a cumas deisiúcháin a dhéanamh ar dhroichid atá suite i nGráinseach Uait, in Croneskeagh, in Portusheen, i gCnoc Luaithe agus ar an gCnoicín. Ina theannta sin, cuireadh tús le hobair deartha ar thograí le haghaidh Droichead Brook Lodge a athsholáthar.



*Smionagar á ghlanadh ó dhroichead le haghaidh measúnú struchtúrtha a dhéanamh.*

Scéim Rannpháirtíochta Pobail

Dírítear sa chlár seo ar fheabhsuithe a dhéanamh ar shláine struchtúrtha agus ar dhromchlaí na mbóithre áitiúla den tríú grád sa chontae, bunaithe ar iarratais a fhaightear ón bpobal áitiúil. Leithdháil an Roinn Iompair, Turasóireachta agus Spóirt €542,919 ar Chomhairle Contae Cheatharlach, rud a chuir ar a cumas oibreacha feabhais a dhéanamh ar 18 mbóthar den tríú grád sa bhliain 2019.


Ag gníomhú di i gcomhréir le Ciorclán RW 08/2019 ina dhiaidh sin an 20 Meán Fómhair, chuir an Chomhairle tograí le haghaidh iarratais cháilitheacha ar fiú thart ar €670,000 iad faoi bhráid an chláir dhá bhliain lena mbreithniú.

Deontas Feabhsúcháin Straitéisigh do Bhóthar Faoisimh Thoir agus Thiar Cheatharlach

Is é a bheidh i gceist leis an scéim fhoriomlán seo ná bóthar a thógáil ó Bhóthar R726 i mBaile Haicéid, thart ar Bhaile Cheatharlach ar an taobh theas, trasna bhóthar N80, trasna na líne iarnróid idir Baile Átha Cliath agus Port Láirge, trasna bhóthar R448, trasna na Bearú, agus ar aghaidh chuig an stráice den bhóthar atá tógtha cheana féin i gContae Laoise.

Tá an tionscadal ar cheann de na 'tionscadail atá faoi réir ag breithmheas faoi láthair' faoi Thoradh Straitéiseach Náisiúnta 3 de "Thionscadal Éireann 2040 – Plean Forbartha Náisiúnta 2018-2027". Mar atá léirithe thuas, leithdháileadh €200,000

faoin gcatagóir cistiúcháin seo chun tionscadal Bhóthar Faoisimh Cheatharlach a chur ar aghaidh.




*Sracphlean ar na mórchuspóirí bóthair do Bhaile Cheatharlach*

Mar gheall ar an tréimhse ama a chuaigh thart ón mbliain 2004 amach, mar gheall ar thabhairt isteach na bhforálacha reachtacha nua a bhaineann le measúnacht iomchuí agus le breithnithe comhshaoil agus éiceolaíochta san idirthréimhse, agus mar gheall ar an stair cáis le déanaí, meastar go dteastaíonn tuarascálacha comhshaoil, lena n-áirítear Tuarascálacha Scagtha ar Mheasúnacht Tionchair Timpeallachta, agus cinneadh maidir le Measúnacht Iomchuí. Úsáidfear tuarascálacha den sórt sin chun bonn eolais a chur faoin ngá a bheidh ann le ceadú nua Chuid 8 a fháil nó le ceadú ón mBord Pleanála a fháil, de réir mar a mheasfar a bheith cuí.

Chun an tionscadal a chur ar aghaidh, cheadaigh na Comhaltaí de Chomhairle Contae Laoise agus de Chomhairle Contae Cheatharlach comhaontú alt 85 i mí na Bealtaine 2019. Ainmníodh Comhairle Contae Cheatharlach mar phríomhúdarás don tionscadal. Chuir Comhairle Contae Cheatharlach Iarratas athbhreithnithe Réamh-Bhreithmheasa faoi bhráid na Roinne Iompair, Turasóireachta agus Spóirt ansin.

Is é an chéad chéim eile, faoi réir ceadú a fháil ón Roinn, ná dul ar aghaidh chuig Breithmheas Mionsonraithe. Teastóidh próiseas pleanála nua, lena n-áirítear measúnacht iomchuí, agus breithnithe comhshaoil agus éiceolaíochta nua ina leith sin. Is féidir gur gá roghanna bealaigh malartacha a bhreithniú freisin. Tá sé beartaithe ag Comhairle Contae Cheatharlach Seirbhísí Sainchomhairleoireachta Teicniúla a lorg chun na sainmheasúnachtaí a dhéanamh agus chun an tionscadal a sholáthar. Chuige sin, dhréachtaigh an Chomhairle Treoir do Shainchomhairleoirí Teicniúla. Chuir sí ar aghaidh chuig an Oifig Réigiúnach um Dhearadh Bóithre í chun

seiceáil dheireanach a dhéanamh uirthi. Faoi réir toradh fabhrach a fháil ar an measúnacht, tá sé beartaithe tairiscintí a lorg sa chéad ráithe den bhliain 2020.

Oibreacha Draenála

Fuair Comhairle Contae Cheatharlach leithdháileadh €263,000, a bhí imfhálaithe go sonrach le haghaidh oibreacha feabhsúcháin draenála. Baineann ríthábhacht le dea-dhraenáil uisce dromchla maidir le sláine struchtúrtha a chothabháil agus maidir le fadsaolaí an ghréasáin bhóithre a mhéadú. A bhuí leis an leithdháileadh, bhíothas in ann 11 cheann de thionscadail feabhsúcháin draenála a chur i gcrích ar fud an chontae.



*Tionscadal Deontas Draenála*

Scéimeanna Feabhsúcháin Sábháilteachta ar Ísealchostas

Tá rún daingean ag Comhairle Contae Cheatharlach feabhas a chur ar shábháilteacht ar na bóithre i gCeatharlach. Fuarthas leithdháileadh €135,000 sa bhliain 2019 chun tabhairt faoi mhionoibreacha feabhsúcháin i limistéir ina bhfuil stair sheanbhunaithe timpistí. Ba iad seo a leanas na láithreacha a sainaithníodh le haghaidh oibreacha feabhsúcháin: Baile Bhúiséir, Dún Leicne, Baile Uí Chearnaigh, Acomhal na Darach Ríoga, an Caisleán Mór, Carraig Leithid, agus an bóthar idir Baile Haicéid agus Albain.

## Tionscadail agus Pleanáil Chun Cinn

Is é beartas na Comhairle ná bóithre atá ann cheana a chothabháil, a fhorbairt agus a fheabhsú agus bóithre nua a thógáil a mhéid is féidir laistigh de na hacmhainní airgeadais atá ar fáil, ar mhaithe le hiompar níos sábháilte agus rathúnas eacnamaíoch a bhaint amach sa chontae. Tá an méid seo a leanas mar fhianaise ar an tiomantas atá ag Ceatharlach do na cuspóirí beartais sin a chomhlíonadh:

Táscairí Feidhmíochta

Is córas casta iad na táscairí feidhmíochta lena dtomhaistear riocht na mbóithre de réir rátáil an reachta dromchla cosáin do gach ceann de na haicmí bóthair, áit a gcatagóirítear na bóithre ina ngrúpaí difriúla bunaithe ar an idirghabháil cothabhála a theastaíonn. De réir na dtorthaí ar staidéar náisiúnta, is airde caighdeán na mbóithre i gCeatharlach ná an meán náisiúnta i ngach ceann de na haicmí bóthair.

Scéim Feabhsúcháin Áitiúil

An 7 Feabhra anuraidh, d'fhógair an tAire Forbartha Tuaithe agus Pobail babhta nua cistiúcháin le haghaidh Scéimeanna Feabhsúcháin Áitiúil. Fuair Ceatharlach €250,000 faoin mbabhta sin chun cur ar a chumas 14 scéim a chur i gcrích.

Rud suntasach, d'fhógair an tAire freisin go n-áireofaí leis an Scéim sa bhliain 2019 uasteorainn €1,200 ar an méid a d'iarrfaí ar aon úinéir tí nó talún aonair a íoc i leith an chostais ar dheisiúcháin ar a mbóthar.

Chuir Innealtóirí an Cheantair Bhardasaigh cláir le chéile faoin Scéim, a cuireadh i láthair agus a glacadh ag Cruinnithe an Cheantair Bhardasaigh ina dhiaidh sin. Rinneadh socruithe ansin chun na tionscadail a chríochnú.

I gcomhréir leis an bhfógairt, chuir Comhairle Contae Cheatharlach liosta tánaisteach iarratas isteach lena mbreithniú. Ní bhfuarthas aon chistiú breise ina leith, áfach.

Seirbhís Bus Bhaile Cheatharlach

I mí na Nollag 2016, tharraing Coiste Beartais Straitéisigh na Comhairle aird ar an bhféidearthacht atá ann Seirbhís Bus baile a thabhairt isteach. Rinne an Chomhairle teagmháil leis an Údarás Náisiúnta Iompair sa bhliain 2017 chun cás gnó a cheapadh le haghaidh seirbhís bus uirbeach a fhorbairt do Bhaile Cheatharlach agus don Limistéar Máguaird. Tionóladh sraith cruinnithe ansin, inar sainaithníodh dhá bhealach shealadacha (agus coinníoll ann le haghaidh ceann eile, i gcás go dteastódh ón tseirbhís é amach anseo) chun freastal ar an mbaile. Comhaontaíodh láithreacha féideartha stad bus freisin.

Bhíothas ag súil leis roimhe seo go bhfaighfí cead sa bhliain 2018 chun tairiscintí a fhorbairt don tionscadal agus go gcuirfí an próiseas tairisceana ar siúl sa bhliain 2019. Níor tharla sé sin, áfach, de bharr tosaíochtaí a bhí san iomaíocht lena chéile laistigh den Údarás.

Tar éis na gcruinnithe tosaigh, d'fhreastail an tÚdarás ar roinnt cruinnithe de chuid Cheantar Bardasach Cheatharlach chun na comhaltaí a chur ar an eolas faoin dul chun cinn agus chun a dhearbhú dóibh go bhfuil siad fós tiomanta don tionscadal. Mar thoradh ar na cruinnithe sin, tharraing na comhaltaí de Chomhairle Contae Cheatharlach ábhair imní anuas faoi rochtain ar Stáisiún Traenach Cheatharlach agus faoin nasc idir seirbhísí agus an Stáisiún agus faoin soláthar seirbhíse do

mhórlimistéar na Gráige.

Chuir an tÚdarás na hábhair imní sin san áireamh. Bhuail sé le comhaltaí de Cheantar Bardasach na Gráige/Chúil an tSúdaire chun an tionscadal a phlé agus chun breithniú a dhéanamh ar roghanna malartacha. Mar thoradh ar an gcruinniú sin, sainaithníodh roghanna tosaíochta a bhí ag teacht leis an dá bhealach a roghnaíodh ar dtús agus rinneadh coinníoll le haghaidh an tríú bealach a thógáil i gcás go dteastódh ón tseirbhís é amach anseo chun freastal ar mhórlimistéar na Gráige.

Ina dhiaidh sin, forbraíodh Seirbhís Bus Bhaile Cheatharlach ina dhá heilimint mar chuid de thionscadal aonair, is iad sin:

- Rochtain ar an Stáisiún Traenach
- Bealaí agus Bonneagar Bus - Sonraíocht agus Dearadh.

Chuir an tÚdarás an réamhdhearadh ar aghaidh, agus é ar intinn aige “Ceadú i bPrionsabal” a lorg do na láithreacha Stad Bus sula rachfar ar aghaidh chuig céim an deartha mhionsonraithe agus na luachála.

A luaithe a dheonófar an ceadú sin, beifear in ann an próiseas tairisceana a thosú do Sholáthraithe Seirbhíse Bus agus d’fheithiclí. Ag an am céanna, beifear in ann tabhairt faoi na hoibreacha bonneagair a theastaíonn do na láithreacha stad bus.

<u>Tionscadal Uasghrádaithe Soilsiúcháin Phoiblí</u>
Ag gníomhú di i gcomhar le Gníomhaireacht Fuinnimh na dTrí Chontae, d’ullmhaigh Comhairle Contae Cheatharlach aighneacht chuig Údarás Fuinnimh Inmharthana na hÉireann le haghaidh cistiú a fháil faoin scéim deontas um pobail fuinnimh níos fearr. Is é cuspóir na scéime tabhairt faoi chlár uasghrádaithe soilsiúcháin phoiblí ar mhaithe le coigiltí costais agus fuinnimh a uasmhéadú.

Ar an drochuair, níor cheadaigh an tÚdarás an t-iarratas sin ar dtús toisc, dar leis an Údarás, nár cloíodh leis na treoirlínte ann. Is íorónta an rud é an cinneadh ón Údarás, mar gheall ar an ngá domhanda atá ann le húsáid fuinnimh a laghdú. Táthar den tuairim gur cloíodh leis na treoirlínte agus rinneadh achomharc in aghaidh an chinnidh ina dhiaidh sin i lár mhí Aibreáin. Fuair Comhairle Contae Cheatharlach deimhniú ansin gur éirigh leis an achomharc agus bronnadh cistiú is fiú suas le 30% de chostais fhoriomlána an chonartha uirthi.

Mar thoradh air sin, bhí sí in ann dul ar aghaidh le soilse ísealfhuinnimh LED a chur in áit thart ar 610 gcinn de shoilse ardfhuinnimh SOX/SON a bhí ann cheana. Tá costas measta €90,000 ag baint leis an tionscadal agus is le cúnamh deontais a chumhdófar 30% den fhigiúr sin. Suiteáladh na soilse athsholáthair uile faoi mhí Mheán Fómhair, rud a d’fhág go rabhthas in ann an cúnamh deontais cuí a íostarraingt.

Tionscadal Réigiúnach na nÚdarás Áitiúil um Éifeachtúlacht Fuinnimh Soilsiúcháin Phoiblí

Tá an scéim feabhsúcháin/athsholáthair soilsiúcháin phoiblí á cur ar aghaidh ag an Oifig Bainistíochta Bóithre ar bhonn náisiúnta chun cabhrú leis na hÚdaráis Áitiúla na spriocanna coigilte fuinnimh don bhliain 2020 a chomhlíonadh. Is é atá i gceist leis an scéim ná suirbhé a dhéanamh ar an stoc reatha soilsiúcháin phoiblí, an dearadh a ullmhú agus an t-uasghrádú soilsiúcháin phoiblí a chur ar tairiscint agus a bhainistiú. Dheimhnigh Comhairle Contae Cheatharlach go bhfuil rún daingean aici páirt a ghlacadh sa scéim chun an chuid eile den stoc soilsiúcháin phoiblí sa chontae a uasghrádú. Táthar ag súil leis go gcuirfear Comhaontú Alt 85 faoi bhráid na Comhairle sa chéad ráithe den bhliain 2020.

Clár Oibreacha Feabhais Riosca

An 21 Márta, bhuail Comhairle Contae Cheatharlach leis an gComhairleoir Riosca d'Árachas Chomhlachtaí Poiblí na hÉireann (IPB) chun plé a dhéanamh ar thograí féideartha oibre feabhais riosca a bhfuil mar aidhm leo éilimh fhéideartha dliteanais phoiblí amach anseo a chomhrac/a laghdú.

Chun cabhrú le clár ilbhliantúil feabhsúcháin chosán a fhorbairt, mhol an Comhairleoir Riosca gur cheart do Chomhairle Contae Cheatharlach, cosúil le hÚdaráis Áitiúla eile, beartas a chur le chéile i leith feabhsúcháin/deisiúcháin chosán, rud ina leagfaí amach na nithe atá le breithniú, na cineálacha ábhair, etc. Tá an beartas á dhréachtú faoi láthair agus tá sé le cur faoi bhráid an Choiste Beartais Straitéisigh lena bhreithniú.

I gcomhthráth leis an obair sin, agus bunaithe ar éilimh stairiúla/reatha dhliteanais phoiblí agus ar an mbaol go dtiocfaidh éilimh den sórt sin chun cinn sa todhchaí, tá Innealtóirí an Cheantair Bhardasaigh ag ullmhú plean trí bliana chun an bonneagar cosán a uasghrádú. A luaithe a bheidh sé críochnaithe, cuirfear an togra faoi bhráid IPB lena bhreithniú le haghaidh cistiúcháin. Fuarthas cistiú ina dhiaidh sin chun tabhairt faoi oibreacha feabhais ar limistéir ardriosca ar fud an chontae.

Plean Gníomhaíochta Torainn Cheatharlach

Scaip an Roinn Cumarsáide, Gníomhaithe ar son na hAeráide agus Comhshaoil comhfhreagras thart, á cheangal ar gach Údarás Áitiúil athbhreithniú a dhéanamh ar an bPlean Mapála agus Gníomhaíochta Torainn a foilsíodh sa bhliain 2013. Cuireadh an dréacht-athbhreithniú faoi bhráid na Gníomhaireachta um Chaomhnú Comhshaoil le haghaidh tuairimí a fháil ina leith. Cuireadh an dréacht ar taispeáint don phobal ina dhiaidh sin ag deireadh na bliana 2018 agus críochnaíodh an dréacht sa bhliain 2019.

An Comórtas Náisiúnta Treabhdóireachta 2019

Bhí an Comórtas Náisiúnta Treabhdóireachta 2019 ar siúl i mBaile an Treathain, Fionnmhach, ón 17 go dtí an 19 Meán Fómhair 2019. Agus iad go léir ar aon tuairim gur éirigh go geal leis an ócáid, bhí an Grúpa Comhordaithe comhdhéanta d'ionadaithe ó Chomhairle Contae Cheatharlach, ón gCumann Náisiúnta

Treabhdóireachta, ón nGarda Síochána, ó Fheidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte, ó Sheirbhísí Dóiteáin agus Éigeandála agus ó Thurasóireacht Cheatharlach.

Ag an ócáid gradam bliantúil, a tionóladh ina dhiaidh sin an 13 Deireadh Fómhair, dheimhnigh an Cumann Náisiúnta Treabhdóireachta go bhfanfadh an Comórtas Náisiúnta Treabhdóireachta i mBaile an Treathain, Fionnmhach, sa bhliain 2020. Beidh an comórtas ar siúl ón 15 go dtí an 17 Meán Fómhair.

# An Comhshaol

Cuireann Rannóg Comhshaoil Chomhairle Contae Cheatharlach raon leathan feidhmeanna i gcrích, ar feidhmeanna iad a bhíonn ag méadú i gcónaí de réir mar a thugtar reachtaíocht nua isteach, go dtagann tosaíochtaí náisiúnta nua chun cinn agus go n-athraítear cleachtais oibre laistigh den eagraíocht. Is é seo a leanas liosta neamh-uileghabhálach d'fheidhmeanna na rannóige: -

- Bainistíocht ar Chomhlíonadh Comhshaoil
- Bainistíocht Dramhaíola – Forfheidhmiú agus Ceadúnú
- Ionaid Fóntas Poiblí agus Ionaid 'Fág Anseo' a Oibriú
- Cosc agus Rialú Bruscair
- Oideachas agus Feasacht Comhshaoil
- Truailliú Uisce/an Chreat-treoir Uisce
- Cigireachtaí Feirme agus Bainistíocht Cothaitheach
- Pleanáil Comhshaoil
- Truailliú Aeir
- Truailliú Torainn
- Ionaid Adhlactha
- Soláthairtí Uisce Tuaithe/Soláthairtí Uisce Beaga Bríobháideacha
- Athrú Aeráide
- Bainistíocht Fuinnimh agus Spriocanna Fuinnimh
- Pleanáil Éifeachtúlachta Acmhainní
- Seirbhísí Tréidliachta
- Píosaí Ilghnéitheacha Reachtaíochta Comhshaoil

Sa bhliain 2019, leagadh béim mhéadaithe ar fhorfheidhmiú a dhéanamh ag baill dhubha bhruscair agus i limistéir inar measadh go raibh bailiúcháin neamhdhleathacha ar siúl. Leanann an Rannóg Comhshaoil le comhfhreagras a fháil faoi ábhair imní nach dtagann faoina sainchúram feidhmiúil, lena n-áirítear ábhair imní faoi fhálta fiáine, spásanna oscailte, déanmhais chontúirteacha, láithreáin thréigthe, inmhíolú creimirí, torann baile agus forbairtí neamhúdaraithe. Tugtar comhairle maidir leis na réimsí sin nuair is féidir.

**Gearáin/Cigireachtaí Neamhrialta**

Agus iad freagrach as breis agus 60% de na glaonna a fuarthas, ba le dumpáil neamhdhleathach dramhaíola agus bruscair a bhain an líon is airde gearán a cuireadh in iúl don Rannóg Comhshaoil sa bhliain 2019. Rinne baill foirne na Rannóige Comhshaoil imscrúdú ar 792 ghearán sa bhliain 2019 agus ba ghá dóibh dul i mbun tuilleadh gnímh i leith cuid mhór de na gearáin sin faoin reachtaíocht Bainistíochta Dramhaíola agus faoin reachtaíocht Bruscair. Fadhbanna móra go fóill is ea bailitheoirí neamhúdaraithe dramhaíola agus iad sin a úsáideann seirbhísí bailitheoirí neamhúdaraithe, agus leanadh le díriú orthu sin mar ábhar tosaíochta. Maidir le haon ghnólachtaí nó sealbhóirí tí a aistríonn dramhaíl chuig bailitheoirí neamhúdaraithe, féadfar iad a ionchúiseamh agus fíneálacha agus costais chúirte iarmhartacha a ghearradh orthu. I gcásanna den sórt sin, lorgóidh Comhairle Contae Cheatharlach costais dlí agus ghlantacháin araon. Moltar do dhaoine tuairisc a thabhairt do Chomhairle Contae Cheatharlach i gcás go bhfeiceann siad bailiúcháin dramhaíola i veaineanna nó i leantóirí nach bhfuil uimhir cheada bailiúcháin dramhaíola orthu. Achoimrítear sa tábla thíos na gearáin a fuarthas sa bhliain 2019.

***Achoimre ar Ghearáin Chomhshaoil a Fuarthas sa bhliain 2019***

| Cineál Gearáin | Gearáin | An Líon a Imscrúdaíodh | An Líon atá Gníomhach | An Líon a Réitíodh |
|---|---|---|---|---|
| Bruscar | 186 | 186 | 0 | 186 |
| Dramhaíl | 291 | 291 | 0 | 291 |
| Truailliú Uisce | 30 | 30 | 0 | 30 |
| Cigireachtaí Feirme | 15 | 15 | 0 | 15 |
| Torann | 19 | 19 | 0 | 19 |
| Truailliú Aeir | 4 | 4 | 0 | 4 |
| Dó | 34 | 34 | 0 | 34 |
| Alt 63 den Acht fán nGníomhaireacht um Chaomhnú Comhshaoil | 1 | 1 | 1 | 0 |
| Sloda – Boladh | 12 | 12 | 0 | 12 |
| Seirbhísí Tréidliachta | 27 | 27 | 1 | 26 |
| Bainc Athchúrsála Páipéir | 39 | 39 | 0 | 39 |
| Bainc Athchúrsála Gloine | 29 | 29 | 0 | 29 |
| Speicis Ionracha | 4 | 4 | 0 | 4 |
| Bearradh Fálta | 7 | 7 | 0 | 7 |
| NECL | 6 | 6 | 0 | 6 |
| Feithiclí Tréigthe | 68 | 68 | 2 | 66 |
| Reiligí | 20 | 20 | 0 | 20 |
| **Iomlán** | **792** | **792** | **4** | **788** |

Chun gearán a dhéanamh leis an Rannóg Comhshaoil, ní mór glao a logáil le environment@carlowcoco.ie. Ní mór gach gearán a logáil ar an gcóras lárnach gearán sula ndéanfaidh Oifigigh Údaraithe cigireacht ar an ní.

**Ionaid Fóntas Poiblí/Ionaid 'Fág Anseo'**

Oibríonn Comhairle Contae Cheatharlach 28 n-ionad 'fág anseo' agus dhá Ionad Fóntas Poiblí i mBaile an Phaoraigh agus i mBaile Mhic Thiarnáin. Cuirtear bailiú páipéir ar fáil ag ceithre láithreán. Déantar athbhreithniú rialta ar oibriú na láithreán agus ar an raon saoráidí atá ar fáil iontu. Fógraíodh conradh réigiúnach nua ar Ríomhthairiscintí i mí Aibreáin, agus tá an conradh sin i bhfeidhm anois.

Ag gníomhú di i gcomhar le Repak, chruthaigh Comhairle Contae Cheatharlach ionaid nua 'fág anseo' ag Carrchlós Halla Baile Cheatharlach, i mBalana, i bhFionnmhach agus ag Carrchlós Tesco ar

an Tulach. Athchóiríodh láithreáin ar an mBóthar Glas, i Ráth Bhile agus ar an Easca freisin. Rinneadh uasghráduithe ar láithreáin atá ann cheana i sé láthair ar fud an Chontae.




***Láthair an bhainc bhuidéal nua i mBaile Cheatharlach (Halla an Bhaile)***

Leantar le mórúsáid a bhaint as bainc bhuidéal agus bailíodh 950 tonna de bhuidéil ar fud na saoráidí uile sa bhliain 2019.

***Miondealú ar na hÁbhair a Bailíodh ag Bainc Bhuidéal sa bhliain 2019***

| | Alúmanam | Cruach | Gloine Dhonn | Gloine Ghlas | Gloine Thrédhear cach | Iomlán |
|---|---|---|---|---|---|---|
| **2017** | 24.4 | 4.52 | 218.7 | 279.51 | 317.9 | **845.03** |
| **2018** | 27.03 | 4.47 | 249.1 | 300.54 | 358.78 | **939.92** |
| **2019** | 28.74 | 2.87 | 246.2 8 | 283.59 | 387.18 | **948.66** |

**An Glantachán Náisiúnta Earraigh 2019**

Bhí an Glantachán Náisiúnta Earraigh ar siúl ar fud Bhaile agus Chontae Cheatharlach le linn mhí Aibreáin. Seoladh an t-imeacht Dé Luain, an 15 Aibreán, in Ionad Delta mar chuid de Environ 2019. Chláraigh níos mó ná 100 grúpa leis an Taisce chun trealamh glantacháin a fhail. Chuir grúpaí Pobail agus Deonacha ar fud an chontae oibríochtaí glantacháin de gach méid i gcrích, agus tacaíocht á fáil acu ón bhfoireann bheag i rannóg comhshaoil Chomhairle Contae Cheatharlach. Bhailigh na grúpaí breis agus 15 thonna d'ábhar, rud a bainistíodh ag Líonadh Talún Bhaile an Phaoraigh ansin.




***Seoladh an Ghlantacháin Náisiúnta Earraigh 2019***

**Fodhlíthe Bainistíochta Dramhaíola**

Rinneadh níos mó ná 500 cigireacht faoi na fodhlíthe bainistíochta dramhaíola. Eisíodh litreacha meabhrúcháin ina dhiaidh sin chuig roinnt teaghlach ar theip orthu comhoibriú le Comhairle Contae Cheatharlach le linn na gcigireachtaí. I gcásanna áirithe, tá fógraí á n-ullmhú faoi láthair le haghaidh ionchúisimh a thionscnamh. Rinneadh faireachán ar eastáit tithíochta ar laethanta bailiúcháin chun rannpháirtíocht sna seirbhísí bailiúcháin dramhaíola agus comhlíonadh bailitheoirí dramhaíola agus an córas trí araid á oibriú acu a thomhas. Sa bhliain 2020, díreofar ar na heastáit tithíochta sin ina bhfacthas rátaí ísle rannpháirtíochta.

Tionscnaíodh imeacht san Ard-Chúirt i gcás amháin de bharr mainneachtain cloí leis an gcóras trí araid de réir na rialachán.

**Oifig Bainistíochta Dramhaíola an Deiscirt/Oifig Phríomhúdarás Réigiúnach Forfheidhmiúcháin Dramhaíola an Deiscirt**

Tá Comhairle Contae Cheatharlach ina cuid d’Oifig Bainistíochta Dramhaíola an Deiscirt agus d’Oifig Phríomhúdarás Réigiúnach Forfheidhmiúcháin Dramhaíola an Deiscirt. Éascaítear na nithe seo a leanas trí obair i gcomhar leis na hoifigí sin: anailís a dhéanamh ar an acmhainn dramhaíola náisiúnta; feachtais feasachta náisiúnta a eagrú; brústocaireacht a dhéanamh ar son athruithe reachtacha; cistiú a sholáthar faoin Tionscnamh Frithdhumpála; cúnamh dlíthiúil a áirithiú; agus imscrúduithe a dhéanamh ar dhaoine nach bhfuil ag comhlíonadh an dlí. Is é an feachtas is déanaí a seoladh ná an suíomh Gréasáin ‘mywaste’, arb é an t-ionad ilfhreastail le haghaidh faisnéis faoi bhainistíocht dramhaíola in Éirinn é.

Ireland’s guide to waste

mywaste

**Cigireachtaí Bliantúla**

Gach bliain, cuireann Comhairle Contae Cheatharlach Íoschritéir Mholta le haghaidh Cigireachtaí Comhshaoil le chéile. Agus é leagtha amach faoina lán catagóirí difriúla, tugtar forbhreathnú sa phlean sin ar an réim cigireachta a bhfuil an Rannóg Comhshaoil le tabhairt fúithi.

Déantar cigireachtaí a roinnt ina gcigireachtaí rialta nó pleanáilte agus ina gcigireachtaí neamhrialta nó frithghníomhacha. Is é atá i gceist le cigireachtaí pleanáilte ná cigireachtaí a dhéantar ar láithreáin shainaitheanta faoi Fhodhlíthe, faoi Rialacháin Bhia, faoi Cheadúnais Scaoilte agus faoi Cheadanna, i measc nithe eile. Déantar cigireachtaí neamhrialta tar éis gearáin a fháil nó tar éis truailliú comhshaoil a aimsiú. A luaithe a dhréachtaítear plean, cuirtear na hacmhainní atá ar fáil chun na cigireachtaí a dhéanamh i gcomparáid leis an ngá atá ann leis na cigireachtaí a dhéanamh chun a chinntiú gur féidir an plean a chomhlíonadh. Rinneadh an líon cigireachtaí seo a leanas sa bhliain 2019: -

***An Líon Cigireachtaí a rinneadh sa bhliain 2019***

| | |
|---|---|
| **An Líon Iomlán Cigireachtaí Rialta a rinneadh faoi dheireadh na bliana** | **3,008** |
| **An Líon Iomlán Cigireachtaí Neamhrialta a rinneadh faoi dheireadh na bliana** | **708** |
| **An Líon Iomlán Cigireachtaí a rinneadh faoi dheireadh na bliana** | **3,716** |

**Líonadh Talún Bhaile an Phaoraigh**

Thug níos mó ná 26,000 duine cuairt ar Líonadh Talún Bhaile an Phaoraigh le linn na bliana 2019. Thug 236 dhuine cuairt air ar lá amháin ar leith, an figiúr is airde riamh. Sháraigh an tsaoráid ionchais le linn na bliana, agus tá sí ina hionad úsáideach le haghaidh glacadh le hábhar a bhailítear tar éis dumpáil neamhdhleathach agus tar éis imeachtaí glantacháin agus le haghaidh an t-ábhar sin a stóráil. Reáchtáiltear laethanta fóntais sa tsaoráid freisin agus tá acmhainn aici chun déileáil le míreanna móra amhail troscán agus trealamh leictreonach. Seachadadh thart ar 1,300 tonna de dhramhaíl tí agus breis agus 1,300 tonna de dhramhaíl in-athchúrsáilte/ghlas chuig an tsaoráid le linn na bliana.



***Cillín dramhaíola á chlúdach i Líonadh Talún Bhaile an Phaoraigh***

Cuireadh oibreacha athchóirithe, lena n-áirítear clúdach, i gcrích ag an láithreán sa bhliain 2019.

**Ciste Pobail Bhaile an Phaoraigh**
Tháinig Céim 5 den Chiste Pobail chun deiridh i mí na Nollag, agus 48 n-iarratas baile agus ceithre iarratas Pobail á n-íoc. Ó thús an chiste pobail amach, infheistíodh €380,000 i bhfeabhsuithe áitiúla agus i dtionscadail phobail.

**Rannóg Comhshaoil Chomhairle Contae Cheatharlach agus Institiúid Teicneolaíochta Cheatharlach**

D'oibrigh an Rannóg Comhshaoil ar roinnt tionscadal difriúil i gcomhar le hInstitiúid Teicneolaíochta Cheatharlach sa bhliain 2019.

**Campas Glas**

Tar éis di tacaíocht leanúnach a thabhairt dó, chláraigh Institiúid Teicneolaíochta Cheatharlach le Clár an Champais Ghlais an 24 Eanáir 2019. D'fhreastail comhaltaí den Choiste Glas ar an gComhdháil Náisiúnta den chéad uair riamh Déardaoin an 7 Feabhra. Beidh an clár ar siúl ar feadh tréimhse 3-4 bliana agus scrúdófar saincheisteanna Dramhaíola, Fuinnimh, Uisce, Bithéagsúlachta agus Athraithe Aeráide lena linn.

Rinne baill foirne ón Rannóg Comhshaoil iniúchtaí dramhaíola agus iniúchtaí éifeachtúlachta dramhaíola agus oibreoidh siad leis an gcoiste chun oiliúint agus tacaíocht leanúnach a sholáthar ar mhaithe leis na nithe seo a leanas a dhéanamh:

- Dramhaíl bia a sheachaint agus a laghdú
- Leithscaradh ceart gach srutha dramhaíola a chur chun feidhme
- Laghdú suntasach a dhéanamh ar phlaistigh aonúsáide




***An Lá Feasachta ar Fhuinneamh, ar an gCampas Glas agus ar Spriocanna Forbartha Inbhuanaithe – Institiúid Teicneolaíochta Cheatharlach***

**(Environ 2019) Féile inbhuanaitheachta laethúla: cad is féidir liom a dhéanamh?**

D'oibrigh baill foirne ón Rannóg Comhshaoil go dlúth le hInstitiúid Teicneolaíochta Cheatharlach chun Ceardlann Pobal Inbhuanaithe a chur i láthair mar chuid den chlár Environ 2019. Bhí an fhéile ar siúl in Ionad Delta, Ceatharlach, Dé Luain an 15 Aibreán. Chuimsigh sí breis agus 20 ceann de cheardlanna comhshaoil agus de sheastáin faisnéise a raibh mar aidhm leo spreagadh agus tacaíocht a thabhairt do na rannpháirtithe céimeanna beaga inbhraite a thógáil i dtreo stíl mhaireachtála atá níos inbhuanaithe ó thaobh an chomhshaoil de. Rinne grúpaí tacaíochta agus gníomhaireachtaí áitiúla, réigiúnacha agus náisiúnta ceardlanna a óstáil freisin.

**Tionscadal Margaíochta Institiúid Teicneolaíochta Cheatharlach um Bruscar agus Dramhaíl a Chosc**

Cuireadh torthaí agus fionnachtana an tionscadail mhargaíochta teicneolaíochta faisnéise agus mhargaíochta digití i láthair i Halla an Bhaile, Ceatharlach, ag 6pm Dé Luain an 29 Aibreán. D'oibrigh an Rannóg Comhshaoil le baill foirne agus mic léinn de chuid Institiúid Teicneolaíochta Cheatharlach chun teacht ar staidéar bonnlíne ar dhearcthaí agus nósanna an mhórphobail i gCeatharlach i leith réimse an bhruscair, na dramhaíola agus na hathchúrsála. Mar aon lena gcuid fionnachtana, chuir na mic léinn roinnt feachtas margaíochta i láthair a bhféadfaí iad a dhíriú go sonrach ar mhuintir Cheatharlach, bunaithe ar thorthaí a gcuid taighde. Ba iad Líonra um Chosc na nÚdarás Áitiúil agus Comhairle Contae Cheatharlach a chistigh an tionscadal.



**Seachtain Náisiúnta na gCrann**

I mbliana, dáileadh 600 ceann de Chrainn Óga Éireannacha dhúchasacha ar ghrúpaí pobail agus scoileanna ar fud an Chontae. D'óstáil an Rannóg Comhshaoil ceardlann phoiblí an 4 Aibreán chun úsáid Saileach Éireannach Dúchasach a chur chun cinn agus chun spreagadh a thabhairt do dhaoine struchtúir bheo a chruthú ar mhaithe leis an mbithéagsúlacht a fheabhsú.

**Tionscnamh Frithdhumpála**

Fuair Comhairle Contae Cheatharlach níos mó ná €60,000 faoin tionscnamh frithdhumpála, rud a reáchtálann an Roinn Cumarsáide, Gníomhaithe ar son na hAeráide agus Comhshaoil agus an Príomhúdarás Réigiúnach Forfheidhmiúcháin Dramhaíola i gcomhar lena chéile. Úsáideadh an cistiú sin chun tabhairt faoi roinnt beart, lenar áiríodh imeachtaí glantacháin, faireachas, cur chun cinn araidí donna agus laethanta bailiúcháin dramhaíola speisialta. I measc na laethanta bailiúcháin dramhaíola a seoladh bhí lá dramhaíola téagartha, lá bailiúcháin tochtanna, lá bailiúcháin dramhthrealaimh leictrigh agus leictreonaigh agus lá dramhaíola guaisí tí. Bhí spéis ollmhór ann sna laethanta agus ghlac na céadta daoine páirt iontu.




***Clár Fógraí i bhFaiche an Aonaigh, Ceatharlach***

**Clár na Scoileanna Glasa**

Tugadh breis agus 20 Cuairt Scoile Glaise sa bhliain 2019. Leanann an Rannóg Comhshaoil le tacaíocht a thabhairt do chlár na Scoileanna Glasa ach ceardlanna a sholáthar, cistiú a chur ar fáil trí Chlár Oibre Áitiúil 21 agus measúnuithe Scoile Glaise a dhéanamh.




***Scoil Mhuire, Ceatharlach (Muirthimpeallacht)***

Tionóladh Searmanas Réigiúnach Gradam na Scoileanna Glasa in Óstán Chill Chainnigh an 22 Bealtaine. Bronnadh bratacha ar dheich scoil i gCeatharlach agus aithníodh iad faoi na téamaí seo a leanas:

- *Uisce*
  - Scoil Náisiúnta Naomh Breandán, an Dromainn, Tigh Moling.
  - Scoil Náisiúnta Mhichíl, an Baile Nua, an Bhuiríos.

- *Taisteal*
    - Scoil Chuimhneacháin an Athar Uí Chuilinn, Tigh an Réileáin.
    - Coláiste Toirbhearta De La Salle, Bóthar na Darach Ríoga, Muine Bheag.

- *Bithéagsúlacht*
    - Scoil Treasa Naofa, Tigh an Chnoic, Cill Téagáin
    - Scoil Náisiúnta Naomh Bríd, Bóthar an Stáisiúin, Muine Bheag

- *Saoránacht Dhomhanda agus Bruscar agus Dramhaíl*
    - Scoil Náisiúnta Ráth Tó, Ráth Tó, an Tulach

- *Saoránacht Dhomhanda agus Fuinneamh*
    - Coláiste Naomh Leo, Bóthar Bhaile Átha Cliath, Ceatharlach
    - Scoil Náisiúnta Naomh Peadar agus Pól, Balana

- *Saoránacht Dhomhanda agus Muirthimpeallacht*
    - Scoil Náisiúnta na Carraige Duibhe, an Charraig Dhubh, Bun Clóidí


**An Comórtas Treabhdóireachta**

Ag féachaint d'Fhodhlíthe Chontae Cheatharlach (Dramhaíl Tí agus Tráchtála a Leithscaradh, a Stóráil agus a Chur i Láthair), 2018, d'oibrigh an Rannóg Comhshaoil i gcomhar leis an bhForas Riaracháin, le hOifig Réigiúnach Bainistíochta Dramhaíola an Deiscirt agus le AES chun bailiú dramhaíola leithscartha a thabhairt isteach don Chomórtas Treabhdóireachta sa bhliain 2019. Tríd an gcóras trí araid, bailítear dramhaíl bia, dramhaíl mheasctha thirim in-athchúrsáilte agus dramhaíl ghinearálta ar leithligh óna chéile. Cuireadh comharthaí in airde agus scaipeadh 'aingil araide glaise' thart chun cuairteoirí ar an láithreán a chur ar an eolas faoin gcóras leithscartha. Fuarthas oibrithe deonacha ó mheánscoileanna, ó na gasóga agus ón gComhairle Contae. Coinníodh an láithreán ríghlan le linn an chomórtais ar fad.




*Aingil Araide Glaise ag an gComórtas Treabhdóireachta*

**Straitéis um Oiriúnú don Athrú Aeráide**




Ullmhaíodh an Straitéis um Oiriúnú don Athrú Aeráide ó Chomhairle Contae Cheatharlach sa bhliain 2019. Chuir na comhaltaí de Chomhairle Contae Cheatharlach an straitéis i láthair, agus cheadaigh siad í, ag an gcruinniú de chuid na Comhairle an 9 Meán Fómhair. Seoladh an Straitéis ag an gComórtas Náisiúnta Treabhdóireachta i bhFionnmhach Dé Céadaoin an 18 Meán Fómhair. Bhí baill foirne ón Oifig Réigiúnach um Ghníomhú ar son na hAeráide i gCill Dara agus ó Met Éireann i láthair ag an seoladh. Forbraíodh plean cur chun feidhme don Straitéis. Is é cuspóir an phlean sin an creat um oiriúnú a bhriseadh síos, bunaithe ar cé na gníomhartha a dhéanfar agus cén uair a dhéanfar iad agus cé a bheidh freagrach as na gníomhartha laistigh den Chomhairle. Ceapfaidh an Grúpa Stiúrtha um Ghníomhú ar son na hAeráide modheolaíocht don obair cur chun feidhme. Cuirfear tuarascáil cur chun feidhme faoi bhráid na gComhaltaí Tofa, na Foirne Bainistíochta agus an Choiste beartaithe Beartais Straitéisigh um Pleanáil, Comhshaol, Gníomhú ar son na hAeráide, Fuinneamh agus Talmhaíocht gach sé mhí ansin chun a chinntiú go mbíonn tús áite á thabhairt don Straitéis um Oiriúnú don Athrú Aeráide i ngníomhaíochtaí na Comhairle. Cumhdófar leis an straitéis tréimhse 35 bliana nó mar sin, ar lena linn a dhréachtófar straitéis nua gach deich mbliana agus a dhéanfar athbhreithniú gach cúig bliana chun ábharthacht leanúnach na straitéise agus a feidhmíocht in aghaidh cuspóirí oiriúnaithe a mheas.

**Plean Gníomhaíochta um Éifeachtúlacht Acmhainní/Plaistigh Aonúsáide**

Forbraíodh an Plean Gníomhaíochta um Éifeachtúlacht Acmhainní agus an Beartas um Plaistigh Aonúsáide ó Chomhairle Contae Cheatharlach sa bhliain 2019. Rinneadh measúnú agus iniúchadh ar acmhainní fuinnimh, uisce agus dramhaíola laistigh d'fhoirgnimh an Chontae agus cuireadh gníomhartha molta i bhfeidhm, lenar áiríodh córais leithscartha dramhaíola trí araid a chur chun feidhme. Tosaíodh an tionscnamh éifeachtúlachta acmhainní sin in Áras an Chontae i mí Mheán Fómhair agus tabharfar isteach i ngach foirgneamh eile é.

Ceadaíodh an beartas um plaistigh aonúsáide i mí Lúnasa 2019. Cuirtear leis an mbeartas cosc ar raon míreanna plaisteacha aonúsáide a cheannach. Ceanglas eile is ea go staonfadh aon ionaid tionóil nó aon chonraitheoirí lónadóireachta a bhfostaíonn Comhairle Contae Cheatharlach iad ó úsáid a bhaint as plaistigh aonúsáide.

**Spriocanna Forbartha Inbhuanaithe**

Ag an gcomórtas treabhdóireachta, d'fhógair an tAire Richard Bruton go mbeadh Comhairle Contae Cheatharlach ar cheann amháin de dhá cheannaire Spriocanna Forbartha Inbhuanaithe dhéag d'Éirinn. Is é atá sna Spriocanna Forbartha Inbhuanaithe ná 17 sprioc dhomhanda ar leag na Náisiúin Aontaithe síos iad lena mbaint amach faoin mbliain 2030.Roghnaíodh na Ceannairí Spriocanna Forbartha Inbhuanaithe ó raon éagsúil cuideachtaí príobháideacha, eagraíochtaí spóirt, eagraíochtaí pobail náisiúnta agus gníomhaireachtaí poiblí chun feasacht ar na 17 sprioc a chur chun cinn agus a ardú.




***An tAire Bruton, ag seoladh Chlár na gCeannairí Spriocanna Forbartha Inbhuanaithe***

Tá Comhairle Contae Cheatharlach i gceannas ar chúig cinn de na spriocanna, lena n-áirítear Uisce Glan agus Sláintíocht; Fuinneamh Inacmhainne agus Glan; Cathracha agus Pobail Inbhuanaithe; Caitheamh agus Táirgeadh Freagrach; agus Gníomhú ar son na hAeráide. Tá an Chomhairle ag déanamh ionadaíocht don Earnáil Rialtais Áitiúil mar Cheannaire Spriocanna Forbartha Inbhuanaithe agus tá sí ag obair go dlúth lena cuid comhpháirtithe i nGníomhaireacht Fuinnimh na dTrí Chontae, i gClár Uiscí na nÚdarás Áitiúil, in Oifigí Réigiúnacha Bainistíochta Dramhaíola, sa Líonra Rannpháirtíochta Pobail, i gCónaidhm Náisiúnta na nGrúpscéimeanna Uisce agus in eagraíochtaí eile chun na spriocanna ar leag na Náisiúin Aontaithe síos iad a chur chun cinn agus chun cabhrú le iad a bhaint amach.

**Uisce Tuaithe**

Is í an Rannóg Comhshaoil a riarann an Clár Uisce Tuaithe do Cheatharlach. Tá dhá phríomhréimse i gceist leis an scéim, is iad sin: deontais aonair agus deontais ghrúpa. Tá na deontais ghrúpa roinnte arís eile ina ndeontais le haghaidh cóireáil uisce agus ina ndeontais le haghaidh cóireáil séarachais. Déantar aon deontais a riartar a aisghabháil go díreach ón Roinn.

Riaradh na deontais aonair seo a leanas sa bhliain 2019: -

***Deontais Uisce Aonair***

| Stádas na nIarratas | Líon |
|---|---|
| Iarratais a fuarthas sa bhliain 2019 | 98 |
| Iarratais a íocadh sa bhliain 2019 (iarratais a fuarthas sa bhliain 2018 san áireamh) | 83 |
| Iarratais ar diúltaíodh dóibh | 6 |

Is féidir go dtiocfaidh athrú ar an deontas uasta sa bhliain 2020, agus moltar d'úinéirí príobháideacha tobair anailís a dhéanamh ar a dtoibreacha chun a chinntiú go bhfuil a n-uisce ag an gcaighdeán cuí.

D'fhreastail comhaltaí tofa agus ionadaithe ó Fheirmeoirí Aontaithe na hÉireann, ó Theagasc, ón nGrúpscéim Uisce agus ón gCónaidhm ar an gcruinniú Idirchaidrimh Uisce Tuaithe i mí na Nollag. Bhí clár oibre fada ann don chruinniú, lenar áiríodh díospóireacht ar chistiú caipitil don bhliain 2020 agus ina diaidh. Cé gur cuireadh fáilte roimh an gcistiú breise a fógraíodh le déanaí, bhí imní ann faoin easpa cistiúcháin a cuireadh ar fáil le haghaidh príomhlíonraí uisce a athsholáthar.

Déantar an chuid is mó den ghníomhaíocht faoin gClár Grúpscéimeanna i gCeatharlach laistigh de cheithre Ghrúpscéim Uisce, is iad sin: Baile na mBreatnach, Baile Eilín, Baile an Locháin agus an Gleann/Tigh Moling.

An 14 Deireadh Fómhair, eisíodh Ciorclán L2/19 maidir le scéimeanna/tionscadail a cheadú faoin gClár Ilbhliantúil Uisce Tuaithe 2019-2021 agus maidir le Leithdháiltí deontais d'údaráis áitiúla don bhliain 2019. Faoi Chiorclán L1/19 (an 8 Feabhra 2019), iarradh tairiscintí ó Údaráis Áitiúla le haghaidh cistiúcháin faoi thimthriall cistiúcháin an chláir ilbhliantúil uisce tuaithe don tréimhse 2019-2021. Cuireadh Sainphainéal i bhfeidhm chun moltaí cistiúcháin a dhéanamh i leith na leithdháiltí ar Bhearta 1-7 den Chlár don bhliain 2019. Mar achoimre, fuair Ceatharlach an cistiú seo a leanas: -

| Beart | An cistiú a iarradh € | An cistiú a sholáthrófar sa bhliain 2019 € |
|---|---|---|
| Beart 1 – Cosaint Foinsí | 2,000 | 2,000 |
| Beart 2 – Comhlíonadh Ceanglas Sláinte Poiblí | 5,000 | Nialas |
| Beart 3 – Feabhsú/Caomhnú Uisce | 146,029 | 86,529 |
| Beart 5 – Trasdul | 5,000 | 5,000 |
| Beart 6 b) – Líonraí Nasc Pobail - Fuíolluisce | 33,110 | 22,500 |
| **IOMLÁN** | **191,139** | **116,029** |

Trí na Rialacháin um Leasúchán Luaidhe Baile (Cúnamh Airgeadais), 2016 (I.R. Uimh. 56 de 2016), tugtar scéim deontas isteach chun cabhrú le húinéirí tí freastal ar na costais a bhaineann le píobáin luaidhe ina dteach a athsholáthar faoi Chiorclán L3/16: Píobánra Luaidhe Baile a Leasú. Fuarthas

dhá iarratas, agus íocadh deontas i leith an dá cheann díobh, sa bhliain 2019.

**Fuinneamh**

Lean Comhairle Contae Cheatharlach le hobair i gcomhar le Gníomhaireacht Fuinnimh na dTrí Chontae sa bhliain 2019 chun spriocanna coigilte fuinnimh a chomhlíonadh agus chun feasacht fuinnimh a chur chun cinn trí chláir éagsúla. Faoi dheireadh na bliana 2018, d'éirigh leis an gComhairle úsáid fuinnimh a laghdú faoi 28.7% ó socraíodh an bhonnlíne sa bhliain 2009.

Socraíodh spriocanna don bhliain 2030 le linn na bliana 2019, a fhágann gur gá úsáid fuinnimh a laghdú faoi 50% i gcomparáid leis an mbonnlíne agus úsáid fhoriomlán carbóin a laghdú faoi 33%. Is spriocanna dúshlánacha iad sin agus, i gcomhar leis an Straitéis um Oiriúnú don Athrú Aeráide, beidh sé riachtanach bearta a chomhaontú chun iad a bhaint amach.

Faoin gClár um Pobail Fuinnimh Níos Fearr sa bhliain 2019, leanadh le tacaíocht a thabhairt do phobail agus do theaghlaigh ach cistiú deontais a chur ar fáil dóibh trí Údarás Fuinnimh Inmharthana na hÉireann. Fuair Comhairle Contae Cheatharlach tacaíocht don chlár soilsiúcháin LED.

I mí na Nollag, rinne Gníomhaireacht Fuinnimh na dTrí Chontae an straitéis deich mbliana uaithi a sheoladh ag Páirc Fionnachtana Chaisleán an Chomair. Leagtar amach sa straitéis sin na spriocanna feidhmíochta fuinnimh is gá a bhaint amach i gCeatharlach, i gCill Chainnigh agus i Loch Garman agus na tacaí atá ar fáil.

**An Chreat-treoir Uisce**

Sa Phlean Bainistíochta Abhantraí d'Éirinn 2018 – 2021, leagtar amach cur chuige nua i leith cáilíocht an uisce a chosaint agus a bhainistiú inár gcuid aibhneacha, lochanna, inbhear, screamhuisce agus uiscí cósta. Tá an Plean Bainistíochta Abhantraí tógtha ar bhonn láidir fianaise, a tháinig as an obair a rinne an Ghníomhaireacht um Chaomhnú Comhshaoil, Iascach Intíre Éireann agus gach ceann de na 31 Údarás Áitiúla agus iad ag déanamh measúnú ar cháilíocht an uisce. Ba é a bhí i gceist leis an bPlean Bainistíochta Abhantraí reatha a fhorbairt ná comhoibriú fairsing idir na comhlachtaí poiblí ábhartha agus rannpháirtíocht geallsealbhóirí agus an phobail.

Liostaítear sa Phlean Bainistíochta Abhantraí 190 Limistéar Tosaíochta le haghaidh Gníomhaíochta, áit a ndíreofar iarrachtaí comhoibríocha chun feabhas a chur ar cháilíocht an uisce thar an tréimhse idir 2018 agus 2021. Tá 726 dhobharlach shonracha ann sna Limistéir le haghaidh Gníomhaíochta. Samplaí de dhobharlaigh is ea aibhneacha, fo-aibhneacha, lochanna, dobharlaigh screamhuisce, inbhir agus limistéir chósta.

Beidh roinnt tairbhí ag baint le feabhsuithe ar cháilíocht an uisce do shláinte an duine, don fhiadhúlra agus do gheilleagair áitiúla trí thurasóireacht agus tionscail inbhuanaithe a chothú. Teastóidh ón méid sin comhordú agus comhoibriú leanúnach idir údaráis áitiúla, gníomhaireachtaí Stáit agus geallsealbhóirí. Teastóidh caidreamh leis an bpobal agus rannpháirtíocht an phobail freisin.




***Cruinniú poiblí maidir le hAbhantrach na Boirne – na Seacht nDair***

Sa bhliain 2019, chuir saineolaithe abhantraí tús le gníomhartha ar an talamh agus le siúlóidí srutha ar mhaithe le tuiscint níos fearr a ghnóthú ar na saincheisteanna a théann i bhfeidhm ar cháilíocht an uisce sna Limistéir Thosaíochta le haghaidh Gníomhaíochta agus ar mhaithe le teacht ar réitigh atá ábhartha agus indéanta ar bhonn áitiúil. Is iad na Limistéir Thosaíochta le haghaidh Gníomhaíochta i gCeatharlach ná an tSláine, an Bhoirinn, Abhainn Sheanleithghlinne, an Daoirín agus Abhainn an tSléibhe. Tá codanna beaga den Deighnín, den Lír agus den Doiríoch lonnaithe i gCeatharlach freisin.

# Comhairle Contae Cheatharlach
# Seirbhísí Éigeandála agus Rialú Foirgníochta

# Réamhrá

Coinníonn Comhairle Contae Cheatharlach Briogáidí Dóiteáin ar bun i gceithre Stáisiún Dóiteáin, atá lonnaithe i mBaile Cheatharlach, i Muine Bheag, ar an Tulach agus i mBaile Haicéid. Is lonnaithe i mBaile Haicéid freisin atá Ionad Oiliúna Seirbhísí Dóiteáin, rud a mbaineann Seirbhísí Dóiteáin ar fud na hÉireann úsáid as. Agus feithiclí agus trealamh nua-aimseartha in úsáid acu, cinntíonn na criúnna tiomanta go soláthraíonn siad seirbhís phras, éifeachtach agus éifeachtúil. Ag obair dóibh ar bhonn 24 huaire sa lá, seacht lá sa tseachtain, d'fhreagair siad do 536 theagmhas sa bhliain 2019. Faigheann siad tacaíocht ó Ionad Rialaithe Réigiún an Oirthir atá lonnaithe i gCeanncheathrú Bhriogáid Dóiteáin Bhaile Átha Cliath ar Shráid Chnoc na Lobhar, a fhaigheann glaonna 999/112 ón bpobal agus a shlógann na hacmhainní cuí seirbhíse dóiteáin i gContae Cheatharlach.
Soláthraítear seirbhísí amhail riarachán, gníomhaíochtaí sábháilteachta ó dhóiteán, Rialú Foirgníochta agus Bainistíocht Móréigeandála, i measc nithe eile, amach ó Cheanncheathrú na Seirbhíse Dóiteáin ar an Lána Glas, Ceatharlach.
I gcomparáid leis an bhfigiúr don bhliain 2018, tháinig laghdú ar an líon Teagmhas Éigeandála ar fhreagair Seirbhís Dóiteáin agus Tarrthála Cheatharlach dóibh sa bhliain 2019. D'fhreastail an tSeirbhís Dóiteáin ar 536 theagmhas éigeandála san iomlán sa bhliain 2019, síos ó 612 cheann sa bhliain 2018. Ba é an phríomhchúis leis sin ná go raibh tréimhse an-ghnóthach ag Seirbhís Dóiteáin Cheatharlach idir mí na Bealtaine agus mí Lúnasa sa bhliain 2018, mar thoradh ar na dóiteáin féir agus aitinn a tháinig as an tréimhse fhada aimsire tirime a bhí againn. Freastalaíodh ar 31 dóiteán féir san iomlán sa bhliain 2019, síos ó 120 ceann sa bhliain 2018. Ar an drochuair, tháinig méadú ar an líon uaireanta a freastalaíodh ar Imbhuailtí Tráchta ar Bhóithre sa Chontae le linn na bliana, ó 71 cheann sa bhliain 2018 go 95 cinn sa bhliain 2019.
Seachadadh ceithre fheithicil nua tacaíochta oibríochta chuig Seirbhís Dóiteáin Cheatharlach i mí Iúil 2019, a bhuí le cistiú a sholáthair an Roinn Tithíochta, Pleanála agus Rialtais Áitiúil tríd an Stiúrthóireacht Náisiúnta um Bainistíocht Dóiteáin agus Éigeandála. Seachadadh trí cinn nua d'fheithiclí Ford Ranger 4x4 chuig na Stáisiúin Dóiteáin i mBaile Cheatharlach, i Muine Bheag agus ar an Tulach agus seachadadh veain tacaíochta oibríochta chuig Stáisiún Dóiteáin agus Ionad Oiliúna Bhaile Haicéid. Rinne High Precision Motor Products Ltd., atá lonnaithe ar an Tulach, na feithiclí a thiontú chun go mbeadh acmhainn freagartha oibríochta acu do na Seirbhísí Dóiteáin.




I mí Mheán Fómhair 2019, d'fhoilsigh an Coimisiún Náisiúnta um Fhormhaoirsiú agus Iniúchóireacht Tuarascáil Táscairí Feidhmíochta na nÚdarás Áitiúil don bhliain 2018. Léiríodh sa tuarascáil sin go raibh ag Údarás Dóiteáin Cheatharlach an ceathrú costas is ísle per capita sa tír ar fad, agus é cothrom le €34.71 in aghaidh an duine den daonra. Is toradh maith é sin i gcomparáid leis an meánchostas náisiúnta, arb ionann é agus €61.63 in aghaidh an duine.

Tarraingíodh aird sa tuarascáil freisin gur tharla sé, in 89% de na cásanna inar slógadh seirbhísí, gur bhain criú ó Sheirbhís Dóiteáin Cheatharlach láthair an teagmhais éigeandála amach laistigh de 20 nóiméad ó am an tslógtha. D'fhág sé sin go raibh sí ar an tríú Seirbhís Dóiteáin Choinnithe is fearr feidhmíocht sa tír.

Deonaíodh iarratais ar Dheimhnithe um Shábháilteacht ó Dhóiteán laistigh den tréimhse reachtúil dhá mhí in 82.05% de chásanna.

Chuir Comhraiceoirí Dóiteáin Contae Cheatharlach cúrsaí oiliúna i gcrích sna nithe seo a leanas sa bhliain 2019: Gaireas Análaithe; Tarrtháil Feithiclí Troma; Imbhualadh Tráchta ar Bhóithre; Tiomáint Fearas Dóiteáin Éigeandála; an Chéad Fhreagróir ar Thuilte; an Chéad Fhreagróir ar Éigeandálaí; agus Bainistíocht ar an Strus a leanann Teagmhais Chriticiúla.




**Sábháilteacht, Sláinte agus Leas**

Rinne an tÚdarás um Chaighdeáin Náisiúnta na hÉireann iniúchadh athchreidiúnaithe seachtrach iomlán ar Chóras Bainistíochta Sábháilteachta Sheirbhís Dóiteáin agus Tarrthála Cheatharlach i mí na Nollag 2019. Níor sainaithníodh aon chásanna neamhchomhlíonta ná aon saincheisteanna tromchúiseacha eile a bhaineann le Sláinte agus Sábháilteacht agus bronnadh creidiúnú iomlán OHSAS 18001: Córas Bainistíochta Sábháilteachta ar an tSeirbhís ar feadh bliain amháin.

Bíonn ag éirí go geal leis an gclár rialta cigireachta ar áiteanna oibre seasta maidir le haird a tharraingt ar aon saincheisteanna Sláinte agus Sábháilteachta ag luathchéim agus maidir leis an riosca don phearsanra a laghdú nó a dhíothú a luaithe is féidir. Cuíchóiríodh arís eile an córas bainistíochta doiciméad le haghaidh chreidiúnú OHSAS tar éis córas leictreonach néalbhunaithe bainistíochta doiciméad a thabhairt isteach, rud atá inrochtana ag gach pearsa a bhfuil táibléid leictreonacha iniompartha in úsáid acu ar an talamh. Tá défheidhmiúlacht ag an gcóras, sa mhéid is go dtaifeadtar go dinimiciúil leis gach cinneadh oibríochta agus gach Measúnú Riosca a dhéantar le linn teagmhais éigeandála agus go soláthraítear leis fianaise dhoiciméadach ar gach measúnú a dhéantar. Taifeadtar ar an táibléad leictreonach freisin gach ceanglas cigireachta feithicle ón Údarás um Shábháilteacht ar Bhóithre.

## Oibríochtaí

Mar atá luaite roimhe seo, b'ísle an líon teagmhas éigeandála ar freastalaíodh orthu sa bhliain 2019 ná an líon sa bhliain 2018. Ar an drochuair, bhí méadú ann ar an líon uaireanta a freastalaíodh ar Imbhuailtí Tráchta ar Bhóithre, ar Aláraim Dhóiteáin Uathoibríocha agus ar dhóiteáin simléir sa Chontae.

**An Líon Iomlán Glaonna Amach**

| | 2018 | 2019 |
|---|---|---|
| An Líon Iomlán Dóiteán ar Freastalaíodh Orthu | 356 | 246 |
| An Líon Imbhuailtí Tráchta ar Bhóithre ar Freastalaíodh Orthu | 71 | 95 |
| Teagmhais Tuile | 5 | 4 |
| Tarrtháil ón Uisce/Baint den Uisce | 12 | 14 |
| Tarrthálacha nár bhain le Dóiteáin | 44 | 43 |
| Ilghnéitheach | 84 | 68 |
| Rabhaidh Bhréige | 40 | 66 |
| **An Líon Iomlán Teagmhas ar Freastalaíodh Orthu** | **612** | **536** |

| | 2018 | 2019 |
|---|---|---|
| Dóiteáin Simléir | 29 | 40 |
| Dóiteáin Féir Amuigh faoin Spéir | 120 | 31 |

## Sábháilteacht ó Dhóiteán agus Cosc Dóiteáin

I dteannta a cuid gníomhaíochtaí oibríochta, d'imir Seirbhís Dóiteáin Cheatharlach ról an-ghníomhach i sábháilteacht ó dhóiteán a chur chun cinn agus leanann sí le cigireacht a dhéanamh ar fhoirgnimh thionóil phoiblí ar mhaithe leis na hoibleagáidí faoi na hAchtanna Seirbhísí Dóiteáin, 1981 agus 2003, a chomhlíonadh.

Críochnaíodh an próiseas bliantúil ceadúnaithe agus cigireachta áitreabh i mí Mheán Fómhair agus tá iarratais ar athnuachan ceadúnais ó thithe tábhairne, ó ionaid damhsa agus ó bhialanna os comhair na gCúirteanna faoi láthair. Rinneadh cigireacht ar 46 áitreabh san iomlán roimh an dáta Cúirte ag deireadh mhí Mheán Fómhair. Tugadh faoi chorp mór oibre chun forálacha an Achta Seirbhísí Dóiteáin agus na dualgais riaracháin a bhaineann le deimhnithe, litreacha agus coinníollacha ceadúnais a eisiúint a chomhlíonadh.

Eisíodh roinnt litreacha rabhaidh chuig úinéirí áitribh agus chuig áititheoirí tar éis cigireachtaí a rinneadh de bhun gearáin a fháil ó dhaoine den phobal, de bhun saincheisteanna a tháinig chun cinn tar éis teagmhas agus de bhun nithe eile ar tarraingíodh aird na nOifigeach Dóiteáin orthu. Deonaíodh do Sheirbhís Dóiteáin Cheatharlach Ordú ón Ard-Chúirt in aghaidh áitreabh amháin de bharr sárú ar na Rialacháin um Shábháilteacht ó Dhóiteán i mí Feabhra 2019.

Ar mhaithe le sábháilteacht gach duine lena mbaineann a chinntiú, chuathas i mbun pleanáil fhairsing agus idirchaidreamh fairsing le heagraithe an Chomórtais Náisiúnta Treabhdóireachta i mBaile an Treathain, Fionnmhach, idir an 17 agus an 19 Meán Fómhair (ar fhreastail thart ar 300,000 duine air). Cuireadh clár fairsing comhairliúcháin agus cigireachtaí i gcrích roimh an imeacht agus lena linn.




**Rialú Foirgníochta**

Déanann an rannóg um Rialú Foirgníochta bainistiú gníomhach ar an gCóras Bainistíochta Rialú Foirgníochta. Tugann sí faoi chigireachtaí rialta ar thionscadail foirgníochta chun comhlíonadh Chodanna A go M de na Rialacháin Foirgníochta a chinntiú le linn chéim na tógála, agus bailíochtú agus scrúdú teicniúil á ndéanamh aici ar Dheimhnithe Rochtana do Dhaoine faoi Mhíchumas. Cuireann sí daoine den phobal ar an eolas faoin gcóras freisin.
Déantar Deimhnithe um Shábháilteacht ó Dhóiteán agus oibleagáidí reachtúla le haghaidh cigireachtaí Rialú Foirgníochta a chothabháil chomh maith.

**Achoimre ar Ghníomhaíocht Rialú Foirgníochta sa bhliain 2019**

| Fógraí Tosach Feidhme | Cigireachtaí Rialú Foirgníochta |
|---|---|
| 190 | 72 |
| **Deimhnithe um Shábháilteacht ó Dhóiteán** | **Deimhnithe Rochtana do Dhaoine faoi Mhíchumas** |
| 58 | 36 |

**Bainistíocht Móréigeandála**

Leanann Seirbhís Dóiteáin Cheatharlach le páirt a ghlacadh i gcruinnithe na nGrúpaí Oibre agus Stiúrtha Réigiúnacha um Bainistíocht Móréigeandála. Déanann Seirbhís Dóiteáin Cheatharlach bainistiú ar an gciste do Ghrúpa Stiúrtha Réigiún an Oirdheiscirt um Bainistíocht Móréigeandála. Déanann sí bainistiú ar an Ionad Comhordaithe réigiúnach ar an láithreán agus ar an trealamh a bhíonn le húsáid i gcás Móréigeandála freisin. Bíonn an fheithicil agus an trealamh sin ar fáil lena n-imscaradh ó Stáisiún Dóiteáin Mhuine Bheag agus lena n-úsáid ag gach ceann de na Príomhghníomhaireachtaí Freagartha i Réigiún an Oirdheiscirt, ag Údaráis Áitiúla, ag Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte agus ag an nGarda Síochána.





## Sábháilteacht ó Dhóiteán sa Phobal

Bhí an tSeachtain Náisiúnta Sábháilteachta ó Dhóiteán ar siúl idir an 7 agus an 14 Deireadh Fómhair 2019. Reáchtáladh oícheanta oscailte sna ceithre stáisiún i gContae Cheatharlach oíche Déardaoin an 4 Deireadh Fómhair. Tugadh cuireadh do dhaoine den phobal freastal ar na stáisiúin chun comhairle sábháilteachta ó dhóiteán a fháil agus chun amharc ar threalamh comhrac dóiteáin agus ar roinnt taispeántas sábháilteachta ó dhóiteán. D'fhreastail sluaite móra ar gach ceann de na ceithre stáisiún.

Leantar leis an gclár bliantúil scoileanna a sholáthar do gach dalta i rang a trí chun leanaí agus a dteaghlach a chur ar an eolas faoi na contúirtí a bhaineann le dóiteán agus faoi na bearta agus na réamhchúraimí sábháilteachta ó dhóiteán is gá a dhéanamh in áras an teaghlaigh.
Chuir Briogáid Dóiteáin na Tulaí ionsamhlú i láthair ag Seó na Tulaí i mí Lúnasa, agus iad ag tabhairt blas de thimpeallacht íseal-infheictheachta atá líonta le deatach do dhaoine den phobal.





## Ionad Oiliúna agus Forbartha Bhaile Haicéid

Le linn na bliana 2019, d'éascaigh Ionad Oiliúna Bhaile Haicéid cúrsaí oiliúna i nGaireas Análaithe agus in Iompraíocht Dóiteáin Urrainne dóibh seo a leanas: Seirbhísí Dóiteáin Laoise, Chill Chainnigh, Loch Garman, Chill Mhantáin, Phort Láirge, Thiobraid Árann, Luimnigh, Chiarraí agus na Mí; Seirbhís Dóiteáin Contae Chorcaí; Aerchór na hÉireann; agus Óglaigh na hÉireann. I mí na Bealtaine, d'óstáil Ionad Oiliúna Bhaile Haicéid agus Seirbhís Dóiteáin Cheatharlach cúrsa oiliúna aon seachtaine don Stiúrthóireacht Náisiúnta um Bainistíocht Dóiteáin. Tháinig Oifigigh ó gach cuid den tír le chéile le linn an chúrsa chun foghlaim faoi na sainteicnící a bhíonn le húsáid i gcás ina dtarlaíonn Imbhualadh tromchúiseach Tráchta ar Bhóithre d'Fheithicil Earraí Troma.
D'óstáil Ionad Oiliúna Bhaile Haicéid ocht gcúrsa oiliúna do Theagascóirí Oiliúna Iompraíochta Dóiteáin Urrainne freisin, áit ar fhreastail gach Teagascóir de chuid Sheirbhís Dóiteáin na hÉireann ar cheardlann dhá lá inar pléadh le teicnící teagaisc, le forbairtí nua agus leis an dea-chleachtas.

D’óstáil Ionad Oiliúna Bhaile Haicéid cúrsaí oiliúna agus forbartha ar feadh 140 lá san iomlán le linn na bliana 2019, agus táthar ag súil leis go dtiocfaidh méadú ar an líon sin sa bhliain 2020.
Cuireadh oibreacha i gcrích chun cúrsaí in Iompraíocht Dóiteáin Urrainne, in Aerú Brú Oirbheartaíoch agus Dhearfaigh agus i gcomhrac dóiteáin oirbheartaíoch a fhorbairt agus a sholáthar san Ionad Oiliúna. Tá Ionad Oiliúna Bhaile Haicéid ar an aon ionad oiliúna amháin sa tír anois inar féidir le foghlaimeoirí tabhairt faoi gach ceann de na cineálacha foghlama sin.



**<u>Flít Athléimneachta na Stiúrthóireachta Náisiúnta um Bainistíocht Dóiteáin</u>**

Leanann Seirbhís Dóiteáin Cheatharlach le tacú le hobair na Stiúrthóireachta Náisiúnta um Bainistíocht Dóiteáin trí bhainistiú a dhéanamh ar fhlít na Stiúrthóireachta, ina bhfuil naoi gcinn d’fhearais dóiteáin Athléimneachta agus Oiliúna. Déantar na naoi bhfearas dóiteáin sin a bhainistiú agus a chothabháil trí Sheirbhís Dóiteáin Cheatharlach. Úsáideann an Stiúrthóireacht Náisiúnta iad chun an clár náisiúnta oiliúna a sholáthar d’oifigigh dhóiteáin ag gach céim, idir earcaithe agus oifigigh shinsearacha.







**<u>Córas Cumarsáide Tetra</u>**

D’aistrigh Seirbhís Dóiteáin Cheatharlach chuig córas cumarsáide raidió dhigitigh de chuid Tetra i mí Iúil 2019. Is fearr i bhfad an líonra sin ná an córas raidió analógaigh VHF a bhí ann cheana, rud a bhí neamhiontaofa, go háirithe i limistéir ardtalún amhail an Charraig Dhubh agus Stua Laighean.

**Eagraíocht Tarrthála Éireann**

I mí Aibreáin 2019, chuaigh comhraiceoirí dóiteáin ó Sheirbhís Dóiteáin Cheatharlach san iomaíocht le criúnna dóiteáin ó gach cuid d'Éirinn sa Dúshlán Náisiúnta Imbhuailtí Tráchta ar Bhóithre. Tar éis dóibh feidhmiú go maith san imeacht náisiúnta, roghnaíodh comhraiceoirí dóiteáin Sheirbhís Dóiteáin Cheatharlach chun ionadaíocht a dhéanamh do Chontae Cheatharlach agus d'Éirinn i nDúshlán Tarrthála an Domhain in La Rochelle, an Fhrainc, i mí Mheán Fómhair.

D'éirigh go geal leis an bhfoireann sa Dúshlán. Chríochnaigh sí sa chéad áit sa bhabhta meartharrthála, agus í san iomaíocht le foirne ó gach cuid den domhan, lenar áiríodh iad sin ó Miami, ón bPortaingéil, ón Nua-Shéalainn, ón bhFrainc, ó Hong Cong, ó Cheanada agus ón mBrasaíl.







**Boinn Chomórtha 1916 a Bhronnadh**

Chun comóradh céad bliain Éirí Amach na bliana 1916 a cheiliúradh, bronnadh Boinn Chomórtha 1916 ar gach Comhraiceoir Dóiteáin de chuid Sheirbhís Dóiteáin Cheatharlach a rinne seirbhís le linn na bliana 2016.

Bhí bronnadh na mbonn comórtha don tréimhse 1916 – 2016 ar cheann amháin de na gealltanais a tugadh sa Chlár do Rialtas Comhpháirtíochta d'Óglaigh na hÉireann. Choimisiúnaigh an Roinn Tithíochta, Pleanála agus Rialtais Áitiúil na boinn chun aitheantas a thabhairt don ról a bhí ag baill foirne de chuid na Seirbhísí Dóiteáin in imeachtaí comórtha na bliana 1916. Bhí gach ball foirne a rinne seirbhís sa bhliain 2016 – 3,800 duine san iomlán ar fud na tíre – i dteideal an bonn a fháil.

Bronnadh na boinn ar chomhraiceoirí dóiteáin a rinne seirbhís sa bhliain 2016, chun urraim a thabhairt d'oidhreacht sheirbhís leanúnach na seirbhísí dóiteáin don stát ó bunaíodh é. Aithnítear leis na boinn an obair a rinne seirbhísí dóiteáin ar fud na tíre thar an gcéad bliain seo a chuaigh thart agus an ról a bhí ag briogáidí dóiteáin in Éirí Amach na Cásca sa bhliain 1916.


CARLOW COUNTY FIRE & RESCUE SERVICE
CW11A1
IC 2000


CARLOW COUNTY FIRE & RESCUE SERVICE
W 12 A1


CARLOW COUNTY FIRE & RESCUE SERVICE




**<u>An tÚdarás um Shábháilteacht ar Bhóithre – Gradam na Soilse Stiúrtha</u>**

Díreach tar éis dó éirí as an ról mar Oifigeach Stáisiúin Bhriogáid Dóiteáin Bhaile Cheatharlach, fuair John Comerford Gradam Aitheantais Speisialta ón Údarás um Shábháilteacht ar Bhóithre ag Searmanas Gradam na Soilse Stiúrtha i bPáirc an Chrócaigh an 11 Nollaig. Bronnadh an gradam ar John mar gheall ar an obair a rinne sé i ndaoine a tharraingt amach as Imbhuailtí Tráchta ar Bhóithre agus i gCúram Tráma a thabhairt dóibh le linn a chuid seirbhíse le Seirbhís Dóiteáin Contae Cheatharlach. Chaith John cuid mhór blianta ag teagasc Bhaill Foirne Sheirbhís Dóiteáin Cheatharlach agus Oifigeach Dóiteáin ó gach cuid d'Éirinn. Chaith sé seal leis an Stiúrthóireacht Náisiúnta um Bainistíocht Dóiteáin freisin. A bhuí leis na scileanna a chomhroinn sé le daoine eile, sábháladh beathaí ar fud Chontae Cheatharlach agus i gContaetha ar fud na tíre ar fad araon.



# TITHÍOCHT

Is é beartas Rannóg Tithíochta Chomhairle Contae Cheatharlach:-

- Gach teaghlach a chumasú teaghais inacmhainne ar chaighdeán maith a bheith aige, rud atá oiriúnach dá riachtanais, atá suite i dtimpeallacht mhaith agus, chomh fada agus is féidir, lena ngabhann an tionacht de rogha an teaghlaigh.
- Úinéireacht tí a spreagadh agus earnáil cíosa, idir phoiblí agus phríobháideach, atá rathúil, níos éagsúla agus dea-bhainistithe a chur chun cinn.
- Caighdeáin mhaireachtála agus tógála gach réadmhaoine a choimeád de réir caighdeán ard.
- Idirchaidreamh a dhéanamh lenár gcuid tionóntaí agus comhpháirtithe sóisialta chun a chinntiú go dtabharfar aghaidh ar riachtanais reatha agus ar riachtanais amach anseo.

Is féidir gníomhaíochtaí Chomhairle Contae Cheatharlach mar Údarás Tithíochta a achoimriú faoi na ceannteidil seo a leanas:

- Tithíocht Shóisialta ar cíos a sholáthar, a bhainistiú agus a chothabháil
- An t-éileamh ar thithíocht shóisialta a athbhreithniú agus a nuashonrú
- Deontais féinchabhrach a sholáthar chun cur ar chumas tionóntaí feabhsuithe a dhéanamh ar a dteach
- Úinéireacht tí a spreagadh trí scéim Iasachtaí Tí Atógáil Éireann a chur chun cinn
- Feabhas a chur ar chóiríocht, do dhaoine scothaosta agus do dhaoine faoi mhíchumas araon, trí chúnamh deontais a thabhairt faoin Scéim Deontas Oiriúnaithe Tí do Dhaoine faoi Mhíchumas, faoin Scéim Deontas Áiseanna Soghluaisteachta agus faoin Scéim Deontas um Chúnamh Tithíochta do Dhaoine Scothaosta.
- Obair i gcomhar le Comhlachtaí Tithíochta Ceadaithe agus le Comhlachtaí Deonacha chun cabhrú le freastal ar riachtanais tithíochta i gCeatharlach.
- An Scéim Cóiríochta Cíosa/Scéimeanna Léasúcháin agus an Íocaíocht Cúnaimh Tithíochta a oibriú le haghaidh soláthar tithíochta sóisialta
- Oibriú na Scéime 'Cíos in ionad Morgáiste'.
- An Clár Cóiríochta don Lucht Siúil a chur chun feidhme
- An Clár Uasghrádaithe Fuinnimh a chur chun feidhme
- An Clár Cigireachtaí Tithíochta

<u>An Coiste Beartais Straitéisigh um Thithíocht agus Beartas Sóisialta</u>

Thionóil an Coiste Beartais Straitéisigh um Thithíocht, Áineas, Taitneamhacht agus Pobail cruinniú i mí Aibreáin 2019. Áiríodh iad seo a leanas leis na saincheisteanna a breithníodh ag an gcruinniú sin:-

- Turasóireacht Cheatharlach
- Scéim Bheartaithe Taiscí le haghaidh Tithe Údaráis Áitiúil
- Na Dréacht-Fhodhlíthe um Rialú Capall
- An Clár Cóiríochta don Lucht Siúil 2019 - 2024
- An Tuarascáil ar Dhul Chun Cinn i réimse an Phobail, an Áineasa agus na Taitneamhachta

Bhí sé sin ar an gcruinniú deireanach de chuid an Choiste roimh na Toghcháin Áitiúla i mí na Bealtaine 2020

<u>Gníomhaíocht Tithíochta sa bhliain 2019</u>

Freastalaíonn an Chomhairle ar na riachtanais tithíochta sa chontae trí chóiríocht a sholáthar go

díreach nó trí chabhrú le daoine a gcóiríocht féin a fháil. Tá ról ag na scéimeanna seo a leanas freisin sa riachtanas tithíochta a chomhlíonadh trí thithe atá ann cheana a oiriúnú do na riachtanais atá ag áitritheoirí: an Scéim Oibreacha Feabhsúcháin in Ionad Athchóiríochta; an Scéim Deontas um Chúnamh Tithíochta do Dhaoine Scothaosta; an Scéim Deontas Áiseanna Soghluaisteachta; agus an Scéim Deontas Oiriúnaithe Tí do Dhaoine faoi Mhíchumas.

Chríochnaigh **Comhairle Contae Cheatharlach** na haonaid tithíochta nua seo a leanas sa bhliain 2019:-

| LÁTHAIR | AN LÍON AONAD | Dáta Seachadta |
|---|---|---|
| Bóthar Bhaile Átha Cliath, an Tulach | 21 | Nollaig 2019 |
| An Dromainn, Tigh Moling | 1 | Márta 2019 |
| Sruthán na Carraige, Bóthar na Tulaí, Ceatharlach | 12 | Samhain 2019 |
| Ascaill an Athar Flood, Ráth Bhile | 8 | Nollaig 2019 |

Chríochnaigh **Comhlachtaí Tithíochta Ceadaithe** na haonaid tithíochta nua seo a leanas sa bhliain 2019

| LÁTHAIR | AN LÍON AONAD | Dáta Seachadta |
|---|---|---|
| Sleaty Street, an Ghráig, Ceatharlach | 26 | Feabhra 2019 |
| Ardán Brownshill, Bóthar Brownshill, Baile an Teampaill, Ceatharlach | 59 | Meán Fómhair 2019 |
| Rivercourt, Ceatharlach | 7 | Meán Fómhair 2019 |

**Tionscadail Chomhairle Contae Cheatharlach atá ar na Bacáin 2020 - 2021**

| Láthair | An Líon Aonad |
|---|---|
| Sruthán na Carraige, Ceatharlach | 51 |
| Muine Bheag (Céim 1) | 20 |
| Garrán Crowe, Cill Damháin | 1 |
| Cúirt Mhuire, Ráth na Pise | 4 |
| Arda an Daoirín, Ceatharlach | 2 |
| Míseal | 4 |
| An Phríomhshráid, an Bhuiríos | 2 |
| Lána an Phóna, an Bhuiríos | 9 |
| Ard Aitinn, Ceatharlach | 12 |
| Cnoc an Spá, an Bhuiríos | 1 |
| An Mhóin Rua, Baile Haicéid | 1 |

**Comhlachtaí Tithíochta Ceadaithe**

**Tionscadail Bheartaithe Chomhlachtaí Tithíochta Ceadaithe 2020 – 2021**

| Láthair | An Líon Aonad | Comhlacht Tithíochta Ceadaithe |
|---|---|---|
| Bóthar Shíol Éalaigh, an Tulach | 49 | RESPOND |
| Brownshill, Ceatharlach | 59 | TUATH |
| Muine Bheag | 6 | RESPOND |
| Ceatharlach | 6 | TINTEÁN |
| Bóthar Bhaile Mhic Mhaoilir, Ceatharlach | 57 | Comharthithíocht Éireann |
| Rivercourt, Ceatharlach | 47 | Comharthithíocht Éireann |
| Greenhills, Ceatharlach | 8 | Comharthithíocht Éireann |
| Cox’s Lane, Ceatharlach | 6 | FOCUS ÉIREANN |
| Courtkeep, an Tulach | 12 | Comharthithíocht Éireann |
| Millrace, Ceatharlach | 22 | Comharthithíocht Éireann |
| Tanner Hall | 9 | Comharthithíocht Éireann |
| Slí na Rí, Muine Bheag | 19 | Comharthithíocht Éireann |

**An Scéim Cóiríochta Cíosa agus Léasú**

Bhí 427 réadmhaoin san iomlán ag an Rannóg Tithíochta faoin Scéim Cóiríochta Cíosa ag deireadh na bliana 2019. Áiríodh leo sin sé réadmhaoin a gnóthaíodh sa bhliain 2019. Thóg an Rannóg 11 aonad nua uirthi féin faoin Tionscnamh um Léasú Tithíochta Sóisialta sa bhliain 2019 tríd an Scéim um Léasú Fadtéarmach agus tríd an Scéim um Dheisiú agus Léasú.

**An Íocaíocht Cúnaimh Tithíochta**

Lean Comhairle Contae Cheatharlach le tacaíocht a thairiscint tríd an Scéim um Íocaíochtaí Cúnaimh Tithíochta, agus 742 réadmhaoin ghníomhacha ann ag an 31 Nollaig 2019. Sa bhliain 2020, leanfaimid le dianiarracht a dhéanamh an sprioc sheachtainiúil atá againn maidir le réadmhaoine a ghnóthú a bhaint amach.

**Cóiríocht don Lucht Siúil**

Leanann an Rannóg Tithíochta leis an gClár Cóiríochta don Lucht Siúil 2014 – 2018 a chur chun feidhme. Bíonn na spriocanna le haghaidh cóiríocht Taistealaithe faoin gClár á mbaint amach. Cuireadh tús le Clár Cóiríochta don Lucht Siúil don tréimhse 2019 – 2024 a ullmhú freisin.

**Iasachtaí Tithíochta**

Fuarthas 46 iarratas morgáiste
Ceadaíodh 23 cinn díobh

**Deontais**

I mí an Mhárta 2019, fuair Ceatharlach fógra faoi leithdháileadh caipitil €1,589,398 le haghaidh deontais a íoc faoi na Scéimeanna Deontas Oiriúnaithe Tí do Dhaoine Scothaosta agus do Dhaoine faoi Mhíchumas. Bhí €317,880 den leithdháileadh sin le híoc ag Comhairle Contae Cheatharlach. Fuarthas 411 iarratas le linn na bliana 2019. Ceadaíodh 294 iarratas sa bhliain, lenar áiríodh iarratais a fuarthas sa bhliain 2018.

Leanann Comhairle Contae Cheatharlach le cúnamh a thabhairt faoin scéim de réir mar is cuí.

**An Clár um Éifeachtúlacht Fuinnimh**

Lean an Roinn Comhshaoil, Pobail agus Rialtais Áitiúil le feabhsuithe ar an stoc tithíochta sóisialta a chistiú sa bhliain 2019, agus cúnamh deontais €217,342 á sholáthar aici le haghaidh oibreacha éifeachtúlachta fuinnimh ar an stoc tithíochta.

Sa bhliain 2019, bronnadh gradam ar Rannóg Tithíochta Chomhairle Contae Cheatharlach mar chuid de Ghradaim Phobail agus Chomhairle Uile-Éireann 2020 i gcomhar le IPB Insurance agus le Cumann Chomhaltaí na nÚdarás Áitiúil (LAMA). Fuair sí an gradam sa chatagóir "An Tionscnamh Tithíochta Sóisialta is Fearr" i leith na 18 dteach a tógadh ag Ascaill an Athar Flood, Ráth Bhile.







# POBAL, ÁINEAS, TAITNEAMHACHT AGUS AN CHOMHPHÁIRTÍOCHT SPÓIRT

**TIONSCNAIMH PHOBAIL**

Lean Comhairle Contae Cheatharlach ag cur leis an gcaidreamh láidir oibre atá ar bun aici leis na pobail uile ar fud Chontae Cheatharlach le linn na bliana 2019.



Le cúnamh ón gComhairle, leanann pobail lena limistéar a fheabhsú agus a fhorbairt ó thaobh cúrsaí sóisialta, cultúrtha agus comhshaoil de agus ar bhealach inbhuanaithe. D'eagraigh an Rannóg Pobail maidin an-rathúil Faisnéise Pobail i Spás Cathartha Halla an Bhaile i mí Aibreáin. D'fhreastail níos mó ná 100 duine ó chumainn chónaitheoirí, ó ghrúpaí Bailte Slachtmhara agus ó ghrúpaí pobail ar an imeacht. Áiríodh iad seo a leanas leis na cainteoirí ag an imeacht: Molly Aylesbury, Oideoir Comhshaoil, a thug cur i láthair maidir le Díothú Dramhaíola; Betty Kehoe, ón gClár um Dheireadh a Chur le Dramhaíl Bia; an Dr Betsy Hickey, Éiceolaí agus Moltóir Ómós Áite, a labhair faoi phlandú agus plandaí nach bhfuil díobhálach do phailneoirí; Jannette O'Brien, Oifigeach Feasachta Comhshaoil, Comhairle Contae Cheatharlach, a labhair faoi dhramhaíl agus faoin úsáid is fearr a bhaint as araidí; agus Margaret Nolan, Oifigeach Riaracháin, a thug forbhreathnú ar na deontais atá ar fáil do ghrúpaí.

**Bailte Slachtmhara**

Sa bhliain 2019, choimeád Contae Cheatharlach an cháil láidir atá air mar Chontae atá bródúil as an gcuma álainn atá ar a shráidbhailte agus a bhailte, a fhéachann le bheith saor ó bhruscar agus le bheith neamhdhíobhálach don chomhshaol. I gComórtas Náisiúnta na mBailte Slachtmhara 2019, fuair Cluain na nGall an líon is airde marcanna i gContae Cheatharlach arís eile. Níor chríochnaigh an sráidbhaile ach ceithre phointe taobh thiar den bhuaiteoir foriomlán. D'éirigh le Cluain na nGall agus le Leithghlinn an Droichid an stádas boinn óir atá acu a choimeád agus choinnigh Baile Cheatharlach greim ar a bhonn airgid. Bhuaigh Míseal an Gradam Díchill, agus méadú 12 phointe ar an bhfigiúr don bhliain roimhe á bhaint amach aige (ba é sin an méadú céatadánach is airde ar mharcanna na bliana roimhe). Ghnóthaigh Balana pointí freisin, agus gradam molta á fháil aige don cheathrú líon is airde pointí sa Chontae. Bhuaigh Scoil Náisiúnta Bhanríon na Cruinne, Muine Bheag, Gradam Supervalu do Scoileanna an Oirdheiscirt.




D’éirigh le gach ceann de na 19 n-iontrálaí ó Chontae Cheatharlach an líon pointí a fuair siad a mhéadú i gcomparáid leis an mbliain roimhe. Is léiriú é sin ar thiomantas agus ar obair chrua na nGrúpaí Bailte Slachtmhara agus a gcuid oibrithe deonacha. Déantar na hardchaighdeáin sin a bhaint amach agus a chothabháil tríd an gcomhoibriú dearfach agus na comhpháirtíochtaí dearfacha atá ar bun idir na grúpaí pobail, Comhairle Contae Cheatharlach agus gníomhaireachtaí eile. Faigheann Grúpaí Bailte Slachtmhara ar fud an chontae tacaíocht ón bpearsanra sa Rannóg Pobail.

**Ómós Áite Cheatharlach**

D’éirigh go geal le hÓmós Áite Cheatharlach arís eile. Cheiliúramar comóradh 20 bliain na hócáide in Óstán Woodford Dolmen sa bhliain 2019, agus 350 duine ó gach cuid den chontae i láthair. Bhí Eanna Ní Lamhna ina hAoichainteoir agus bhí Edward Hayden ina reachtaire ag an ócáid. Fuarthas níos mó ná 165 iontráil sna catagóirí difriúla ó Ghrúpaí Bailte Slachtmhara, ó chumainn chónaitheoirí, ó ghníomhaireachtaí pobail agus deonacha, ó scoileanna agus ó ghnólachtaí. Faoin tionscnamh seo, tugtar spreagadh do gach duine aonair agus do gach pobal sa chontae an chuma atá ar a mbaile, ar a sráidbhaile, ar a n-eastát, ar a scoil nó óna ngnólacht a fheabhsú; a limistéar a choinneáil saor ó bhruscar; an oidhreacht áitiúil a chaomhnú; leanúint le spiorad pobail a fhorbairt; agus an t-ómós a thagann as sin a léiriú trí fheabhas a chur ar an timpeallacht ina gcónaíonn siad, ina n-oibríonn siad agus ina n-imríonn siad, rud lena ngabhann tairbhí sóisialta agus eacnamaíocha araon.

Fuair na buaiteoirí a gcuid gradam ón gComhairleoir John Pender, Cathaoirleach Chomhairle Contae Cheatharlach, ón gComhairleoir Andrea Dalton, Méara Cheantar Bardasach Cheatharlach, agus ón gComhairleoir Thomas Kinsella, Cathaoirleach Cheantar Bardasach Mhuine Bheag.




Ba é Leithghlinn an Droichid an Buaiteoir Foriomlán sa Chatagóir Bailte agus Sráidbhailte. Bhuaigh Eastát Bhaile Mhic Thiarnáin, Ceatharlach, an Gradam Foriomlán d'Eastáit don bhliain 2019.




Aithníodh Scoil Muire Gan Smál (Ceatharlach), Scoil Náisiúnta Bhanríon na Cruinne (Muine Bheag) agus Scoil Náisiúnta Bhalana i nGradaim na Scoileanna/Ógra mar gheall ar na tionscadail atá ar bun acu chun feasacht a mhéadú ar an mBithéagsúlacht agus ar Phlean Pailneoirí Uile-Éireann agus chun iad a chur chun cinn.

Bhronn an Teachta Pat Deering Corn Michael Deering ar an nGairdín Beo chun aitheantas a thabhairt don tsárobair a rinne an grúpa chun spás álainn, inbhuanaithe agus fáilteach a chruthú i gcroílár Cheatharlach.

Rinne Comhairle Contae Cheatharlach breis agus 60 duais dar luach iomlán €20,750 a bhronnadh ar ghrúpaí pobail ar fud an chontae faoin tionscnamh seo.

**Comórtas Ómós Áite IPB/Chomhar Éireann 2019**

Rinne An Gairdín Beo ionadaíocht do Chontae Cheatharlach i gComórtas Ómós Áite IPB/Chomhar Éireann 2019.



Fuair na moltóirí fáilte ón gComhairleoir John Pender, an Cathaoirleach, ón gComhairleoir Ken Murnane, Leas-Mhéara Cheantar Bardasach Cheatharlach, ó Kathleen Holohan, Príomhfheidhmeannach Chomhairle Contae Cheatharlach, agus ó Mary Carmody agus Michael Roberts, Óstaigh ón bPobal. Rinne na baill den Ghairdín Beo jab sármhaith de gach gné dá dtionscadal a chur i láthair.

**Scéim Deontas Comhshaoil/Taitneamhachta 2019**

Dámhadh 143 dheontas san iomlán do Ghrúpaí Pobail/Chumainn Chónaitheoirí agus do scoileanna ar fud an chontae. Áirítear iad seo a leanas leis na tionscadail ar éirigh leo cistiú a fháil faoin scéim seo sa bhliain 2019:

- Bearradh féir, gearradh fálta agus crann, agus crainn agus toir dhúchasacha nua a chur.
- Feabhas a chur ar limistéir choiteanna ghlasa do gach ball eastáit.
- Soithí Plandaí agus Boscaí Fuinneoige atá Neamhdhíobhálach do Phailneoirí.
- Suíocháin agus binsí a sholáthar i láithreacha picnicí.
- Comharthaí a chur in airde, cosáin a dheisiú agus a athsholáthar, agus ceapacha atá Neamhdhíobhálach do Phailneoirí a fhorbairt.
- Dámhadh cistiú deontais €47,900 sa bhliain 2019.

**An Scéim Deontas Forbartha Pobail 2019**

Dámhadh 41 deontas san iomlán do Ghrúpaí Pobail ar fud an Chontae faoin scéim seo. Is é aidhm na scéime tacaíocht a thabhairt do ghrúpaí pobail agus deonacha i gContae Cheatharlach, ar grúpaí iad a thabharfaidh faoi thionscadail ina ndéanfar na nithe seo a leanas:

- Seirbhís nó gníomhaíocht a sholáthar lena gcuirtear le cáilíocht na beatha sa phobal áitiúil.
- Gníomhaíocht dheonach a mhéadú.
- Díriú ar dhaoine atá eisiata go sóisialta agus méadú a dhéanamh ar na deiseanna a bhíonn acu páirt a ghlacadh sa phobal.
- Tacú leis an rannchuidiú luachmhar a dhéanann eagraíochtaí pobail agus deonacha i gContae Cheatharlach.

Bronnadh cistiú deontais €11,600 sa bhliain 2019.

**Dámhachtainí Mac Léinn**

Dhámh Comhairle Contae Cheatharlach sparánachtaí do mhic léinn in Institiúid Teicneolaíochta Cheatharlach agus i gColáiste Cheatharlach (Naomh Pádraig)

**Cistiú Lánroghnach**

Agus iad ag baint leas as Cistí Lánroghnacha, bhronn na Comhaltaí Tofa 220 deontas dar luach iomlán €82,000 ar chumainn chónaitheoirí, ar ghrúpaí Bailte Slachtmhara, ar eagraíochtaí pobail agus deonacha, ar scoileanna agus ar eagraíochtaí spóirt.

**An Ciste Gníomhaíochta Comhshaoil Pobail 2019 (ar ar tugadh Ciste Comhpháirtíochta Comhshaoil Chlár Oibre Áitiúil 21 roimhe seo)**



Trí chistiú ón Roinn Cumarsáide, Gníomhaithe ar son na hAeráide agus Comhshaoil, agus trí chistiú meaitseála ó Chomhairle Contae Cheatharlach, leithdháileadh €19,550 san iomlán ar 26 ghrúpa pobail i gContae Cheatharlach. Thug na grúpaí sin faoi thionscadail ina gcabhraítear leis an bhfeasacht chomhshaoil a mhéadú ar leibhéal áitiúil nó ina gcuirtear tógáil pobal níos glaise agus níos inbhuanaithe chun cinn.

**Tionscadal Gairdín Pobail agus Cuibhrinn The Plots**

Tá comhpháirtíocht an-rathúil oibre ar bun go fóill idir pobail Pháirc Mhuire agus Ráth na Pise, Ionad Seirbhísí Pobail Naomh Caitríona agus Comhairle Contae Cheatharlach.

**Grúpa Idirghníomhaireachta Cheatharlach don Lucht Siúil**

Déanann Grúpa Idirghníomhaireachta Cheatharlach don Lucht Siúil faireachán ar chur chun feidhme na ngníomhartha atá sa Straitéis Idirghníomhaireachta don Lucht Siúil. D'éirigh go geal le Seachtain Bróid an Lucht Siúil arís eile i mí an Mheithimh. D'eagraigh Líonra Cheatharlach don Lucht Siúil an t-imeacht, le tacaíocht ó Ionad Seirbhísí Pobail Naomh Caitríona. D'óstáil Céimeanna Chun Tosaigh, an Tulach, agus Clár Críochnaithe Scoile na Tulaí maidin inar ceiliúradh Cultúr an Lucht Siúil.

Tar éis iarratas rathúil ar chistiú a dhéanamh chuig an Roinn Dlí agus Cirt agus Comhionannais, bhíothas in ann leanúint le hOibrí Forbartha Pobail páirtaimseartha a fhostú trí Ionad Seirbhísí Pobail Naomh Caitríona chun tacaíocht a thabhairt d'Fhóram Cheatharlach don Lucht Siúil agus chun an Fóram a fhorbairt.

**Siúlóid an Ghorta**

Bhí an séú Siúlóid Gorta i gCeatharlach ar siúl sa bhliain 2019. Ag obair di i gcomhar le hInstitiúid Teicneolaíochta Cheatharlach, le Gaelscoil Cheatharlach agus le Comhairle Contae Cheatharlach, eagraíonn Gníomhaíocht ó Éirinn Siúlóid an Ghorta chuig Reilig Cheapacha Theach na mBocht gach bliain. Cuireadh crann darach sa Reilig agus bhí ceol, machnamh agus nóiméad ciúnais ann ina dhiaidh sin chun onóir a thabhairt do na daoine atá adhlactha inti.



**Imeachtaí Nasctha**

- **Clár Malairte Mac Léinn le Tempe, Arizona**

  Chuaigh triúr mac léinn ó Cheatharlach go Tempe, Arizona, agus thug triúr mac léinn ó Tempe cuairt ar Cheatharlach mar chuid de chlár malairte mac léinn le linn na míonna den samhradh.
- **Comhchathracha Dole**
  Thug toscaireacht ó Choiste Nasctha agus Diaspóra Cheatharlach cuairt ar Dole i mí Eanáir 2019. Faoin gClár Malairte Mac Léinn, thug mic léinn Éireannacha cuairt ar Dole i mí Dheireadh Fómhair 2019 agus tiocfaidh daltaí ó Dole go hÉirinn i mí Feabhra 2020.
- **Tempe agus Davenport**
  Thug toscaireachtaí ó Tempe, Arizona, agus ó Davenport, Iowa, cuairt ar Cheatharlach le linn na bliana.



**Na Meáin Shóisialta - Cumarsáid**

Leanann an Rannóg Pobail le leathanach rathúil *Carlow Community* a sholáthar ar Facebook, áit a n-idirghníomhaímid le daoine chun faisnéis agus smaointe a chruthú, a chomhroinnt agus a mhalartú trí phobail fhíorúla agus trí líonraí fíorúla.

**Coiste Forbartha Pobail Áitiúil Cheatharlach**

Tá an Coiste Forbartha Pobail Áitiúil comhdhéanta de naoi gcomhalta dhéag, idir chomhaltaí reachtúla agus chomhaltaí neamhreachtúla, agus tá ceathrar díobh ina gcomhaltaí tofa. De bharr na dToghchán Áitiúil sa bhliain 2019, d'éirigh na comhaltaí seo a leanas as a ról ar an gcoiste: Michael Doran (Leasanna Reachtúla), Andrea Dalton (Leasanna Reachtúla), Charlie Murphy (Leasanna Reachtúla) agus John Murphy (Leasanna Reachtúla). D'éirigh Karl Duffy (Leasanna Sóisialta, Eacnamaíocha agus Pobail) ó Chomhpháirtíocht Forbartha Contae Cheatharlach as a ról ar an gcoiste freisin. Ghlac na comhaltaí seo a leanas áit na ndaoine sin faoi seach: Andrea Dalton (Leasanna Reachtúla), Thomas Kinsella (Leasanna Reachtúla), Tom O'Neill (Leasanna Reachtúla), Willie Quinn (Leasanna Reachtúla) agus Annette Fox (Leasanna Sóisialta, Eacnamaíocha agus Pobail).

**Is iad seo a leanas na comhaltaí de Choiste Forbartha Pobail Áitiúil Cheatharlach:**

| **Leasanna Reachtúla** | | |
|---|---|---|
| **Earnáil** | **Ainm an Chomhalta** | **Eagraíocht** |
| **Rialtas Áitiúil** | Andrea Dalton<br>Thomas Kinsella<br>Tom O'Neill Willie<br>Quinn Kathleen<br>Holohan<br>Kieran Comerford | Comhaltaí de Chomhairle Contae Cheatharlach<br><br>Príomhfheidhmeannach<br>Ceann Fiontair |
| **Gníomhaireachtaí Stáit** | Noel Barry<br>Sarah Barron<br>Joan-Ita Murphy | An Roinn Gnóthaí Fostaíochta agus Coimirce Sóisialaí<br>Bord Oideachais agus Oiliúna Chill Chainnigh/Cheatharlach<br>Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte |
| **Leasanna Neamhreachtúla** | | |
| **Earnáil** | **Ainm an Chomhalta** | **Eagraíocht** |
| **Forbairt Áitiúil agus Pobail** | Thomas Kelly<br>Mary Doyle<br>Ann Shortall<br>John Murphy<br>Eamonn Moore | Coiste Reilige Dhroim Féich (Ionadaí Leasanna Pobail agus Deonacha ar an Líonra Rannpháirtíochta Pobail) Grúpa Pobail Bhaile Haicéid (Ionadaí Leasanna Pobail agus Deonacha ar an<br>Líonra Rannpháirtíochta Pobail) Ionad Acmhainní Teaghlaigh Mhuine Bheag (Ionadaí Cuimsithe Shóisialta ar an Líonra Rannpháirtíochta Pobail)<br>BEAM, Muine Bheag (Ionadaí Cuimsithe Shóisialta ar an Líonra Rannpháirtíochta Pobail)<br>An Taisce (Ionadaí Coláiste Comhshaoil ar an Líonra Rannpháirtíochta Pobail) |
| **Leasanna Sóisialta, Eacnamaíocha agus Pobail** | Annette Fox<br>John Brophy<br>John Nolan<br>Eilish Langton<br>Eileen O'Rourke | Carlow County Development Partnership CLG<br>Comhlachas Tráchtála Cheatharlach (Gnó agus Fostóirí)<br>Talmhaíocht/Feirmeoireacht<br>Ealaíona agus Cultúr - an tSochaí Shibhialta<br>Turasóireacht Cheatharlach |

Tionóladh aon Chruinniú dhéag de chuid an Choiste Forbartha Pobail Áitiúil/an Ghrúpa Gníomhaíochta Áitiúla sa bhliain 2019 mar a leanas:

- 17 Eanáir 2019
- 14 Feabhra 2019
- 21 Márta 2019
- 18 Aibreán 2019
- 16 Bealtaine 2019
- 27 Meitheamh 2019
- 11 Iúil 2019
- 4 Meán Fómhair 2019
- 23 Deireadh Fómhair 2019
- 19 Samhain 2019
- 17 Nollaig 2019

Tá sé de dhualgas ar an gCoiste Forbartha Pobail Áitiúil/ag an nGrúpa Gníomhaíochta Áitiúla maoirseacht agus bainistiú a dhéanamh ar ghníomhaíochtaí faoi na cláir seo a leanas:

- An Clár Forbartha Tuaithe 2014-2020 (LEADER).
- An Clár um Chuimsiú Sóisialta agus Gníomhachtú Pobail (SICAP) 2018-2022.
- An Plean Áitiúil Eacnamaíoch agus Pobail 2016-2021.
- Ceatharlach Sláintiúil
- An Clár um Fheabhsú Pobail 2019.

**An Clár Forbartha Tuaithe 2014-2020 (LEADER)**

Leithdháileadh €6,416,803.43m ar Cheatharlach faoin gClár Forbartha Tuaithe don tréimhse 2014-2020. Rinne an Coiste Forbartha Pobail Áitiúil Carlow County Development Partnership CLG a cheadú mar Phríomh-Chomhpháirtí Cur Chun Feidhme. Rinne an Coiste Forbartha Pobail Áitiúil/an Grúpa Gníomhaíochta Áitiúla 31 Léiriú Spéise i gclár LEADER dar luach iomlán €2,587,771.25 a cheadú do thionscadail sna réimsí seo a leanas: Turasóireacht Tuaithe; Féilte; Fiontar Tuaithe; Bailte Tuaithe; Cuimsiú Sóisialta; an Comhshaol; agus Comhar.
Ceadaíodh 23 thionscadal dar luach iomlán €1,976,789.54 sa bhliain 2019.

Rinne an Coiste Forbartha Pobail Áitiúil/an Grúpa Gníomhaíochta Áitiúla na nithe seo a leanas a cheadú/a bhreithniú:

- An Tuarascáil Bhliantúil ar Chlár LEADER don bhliain 2018 agus an Clár Cur Chun Feidhme don bhliain 2019
- An tAthbhreithniú Lár Téarma ar an Straitéis Forbartha Áitiúla
- Athbhreithniú agus coigeartuithe ar Bhuiséad LEADER
- Tionscadail Chomhoibríocha LEADER
- An Tuarascáil Airgeadais ar Chlár LEADER.

**An Clár um Chuimsiú Sóisialta agus Gníomhachtú Pobail (SICAP)**

Tugadh an Clár um Chuimsiú Sóisialta agus Gníomhachtú Pobail (SICAP) isteach in áit an Chláir Forbartha Pobail Áitiúil. Is clár áitiúil cuimsithe shóisialta é atá dírithe ar na daoine is imeallaithe i sochaí na hÉireann.

*An Fhís atá le SICAP*

Feabhas a chur ar dheiseanna saoil i measc daoine atá imeallaithe sa tsochaí, atá beo bocht agus atá dífhostaithe trí chur chuige forbartha pobail a ghlacadh, trí thacaí a spriocdhíriú ar na daoine sin agus trí dhul i mbun comhar idirghníomhaireachta ionas go gcuirfear luachanna an chuimsithe chun cinn agus go n-urramófar cearta an duine.

*An Aidhm atá le SICAP*

An bhochtaineacht a laghdú agus cuimsiú sóisialta agus comhionannas a chur chun cinn trí rannpháirtíocht agus comhar ar leibhéal áitiúil, réigiúnach agus náisiúnta.

*Tá trí sprioc i gceist le SICAP, is iad sin:*

1. Tacaíocht agus acmhainní a chur ar fáil do phobail faoi mhíbhuntáiste agus do spriocghrúpaí imeallaithe ionas gur féidir leo oibriú le geallsealbhóirí ábhartha áitiúla agus náisiúnta chun saincheisteanna eisiaimh shóisialta agus comhionannais a shainaithint agus dul i ngleic leo.
2. Cur chuige forbartha pobail a ghlacadh chun tacaíocht a thabhairt do dhaoine aonair agus do spriocghrúpaí imeallaithe atá faoi réir míbhuntáiste oideachasúil ionas gur féidir leo páirt iomlán a ghlacadh i ndeiseanna foghlama ar feadh an tsaoil agus dul chun cinn a bhaint amach iontu.
3. Oibriú le spriocghrúpaí/daoine aonair imeallaithe agus le cónaitheoirí i bpobail faoi mhíbhuntáiste atá dífhostaithe agus nach dtagann faoin soláthar príomhshrutha seirbhísí fostaíochta, nó le daoine a atreoraítear chuig SICAP, chun iad a chur i dteagmháil leis an margadh saothair agus feabhas a chur ar a ullmhaithe atá siad don obair, agus tacaíocht a thabhairt dóibh dul i mbun fostaíochta agus féinfhostaíochta agus deiseanna fiontair shóisialta a chruthú.

*Spriocghrúpaí SICAP*

Is iad seo a leanas spriocghrúpaí an chláir:

- Leanaí agus teaghlaigh a chónaíonn i limistéir faoi mhíbhuntáiste;
- Tuismitheoirí aonair;
- Pobail nua (Dídeanaithe/Iarrthóirí Tearmainn san áireamh);
- Daoine a chónaíonn i bPobail faoi Mhíbhuntáiste;
- Daoine faoi Mhíchumas;
- Daoine den phobal Romach;
- Daoine Dífhostaithe (daoine nach bhfuil ar an mbeochlár san áireamh);
- Oibrithe/Teaghlaigh ar Ísealioncam;
- Daoine den Lucht Siúil;
- Daoine dífhostaithe óga a chónaíonn i limistéir faoi mhíbhuntáiste;
- Daoine óga idir 15 bliana agus 24 bliana nach bhfuil i bhfostaíocht, in oideachas nó in oiliúint. Bhí an bhliain 2019 ar an dara bliain de Chlár SICAP, lena gcumhdaítear an tréimhse idir an bhliain 2018 agus an bhliain 2022. Is é an Coiste Forbartha Pobail Áitiúil an t-údarás conarthach don chlár. Tá Comhpháirtíocht Forbartha Contae Cheatharlach freagrach as an gclár a chur chun feidhme. Tá Contae Cheatharlach ar cheann amháin de na Bearta chun críocha an chláir. Ba é €547,157 an buiséad don bhliain 2019, agus caithfear €2,682,140 ar an gclár thar a shaolré.

Rinne an Coiste Forbartha Pobail Áitiúil athbhreithniú ar Phlean Bliantúil SICAP don bhliain 2018 i mí Eanáir 2019 agus cheadaigh sé Plean Bliantúil SICAP don bhliain 2019 ansin. Sa bhliain 2019, rinne na comhaltaí scrúdú ar an Athbhreithniú Lár Téarma ar Phlean Bliantúil SICAP don bhliain 2019. Cumhdaíodh leis an athbhreithniú sin an tréimhse idir mí Eanáir agus mí an Mheithimh 2019. Breithneofar Plean Bliantúil SICAP don bhliain 2020 i mí Eanáir 2020. Agus é comhdhéanta de Andrea Dalton, Noel Barry, Margaret Moore, Príomhoifigeach Cúnta, agus Róisín Hennessy, ar ghlac Hilda Minchin ó Rannóg Pobail na Comhairle a háit ina dhiaidh sin i mí Mheán Fómhair, tháinig foghrúpa de chuid an Choiste Forbartha Pobail Áitiúil le chéile roinnt uaireanta sa bhliain 2019 chun scrúdú agus athbhreithniú a dhéanamh ar chur chun feidhme an chláir. Rinneadh an obair sin ar dtús i gcomhar le Karl Duffy, ó Chomhpháirtíocht Forbartha Contae Cheatharlach, a bhí freagrach as Cur Chun Feidhme an Chláir. Rinneadh amhlaidh ina dhiaidh sin le Annette Fox, a ghlac áit Karl sa dara leath den bhliain 2019. Gnóthófar gach ceann de na ceannspriocanna do Chlár SICAP don bhliain 2019.

**Plean Áitiúil Eacnamaíoch agus Pobail**

Foráiltear leis an Acht um Athchóiriú Rialtais Áitiúil, 2014, do ról níos láidre níos soiléire a thabhairt don rialtas áitiúil i bhforbairt eacnamaíoch agus pobail. Tá sé sin ar cheann de na gnéithe is tábhachtaí den fhís atá leagtha amach sa *Chlár Gnímh do Rialtas Áitiúil Éifeachtach – Tús Áite do na Daoine* a chomhlíonadh. Is é sin gurb "é an rialtas áitiúil go príomha a bheidh freagrach as rialachas agus seirbhís phoiblí ag an leibhéal áitiúil - déanfaidh sé forbairt eacnamaíoch, shóisialta agus pobail a stiúradh".

Foráiltear le halt 44 den Acht um Athchóiriú Rialtais Áitiúil, 2014, do Phlean Áitiúil Eacnamaíoch agus Pobail sé bliana a chur le chéile.

Bhí Coiste Forbartha Pobail Áitiúil Cheatharlach agus Comhairle Contae Cheatharlach freagrach as an bPlean a ullmhú. D'fhorbair an Coiste Forbartha Pobail Áitiúil na gnéithe pobail den Phlean agus d'fhorbair Comhairle Contae Cheatharlach na gnéithe eacnamaíocha den Phlean, ag gníomhú di tríd an gCoiste Beartais Straitéisigh um Fhorbairt Eacnamaíoch, Tacaíocht Fiontair agus Pleanáil.

Ba é cuspóir an Phlean Áitiúil Eacnamaíoch agus Pobail do Chontae Cheatharlach ná bearta a shainaithint agus a chur chun feidhme chun neartú agus forbairt a dhéanamh ar na gnéithe forbartha eacnamaíche agus pobail de limistéar an údaráis áitiúil thar an tréimhse sé bliana 2016-2021. Bhí an méid sin le déanamh ar bhealach a léireodh agus a chothódh cur chun feidhme Phlean Forbartha Contae Cheatharlach a bhí ann cheana, cur chun feidhme an Chomhphlean Spáis do Cheatharlach, cur chun feidhme na nDréacht-Treoirlínte agus na Straitéisí Spáis Eacnamaíochta agus Réigiúnacha a bhí le hullmhú ag an Tionól Réigiúnach agus cur chun feidhme an Chreata Náisiúnta Pleanála. Agus an Plean á ullmhú, ba ghá breithniú a dhéanamh ar an Straitéis bheartaithe Forbartha Tuaithe do Chontae Cheatharlach 2014 go 2020, ar an gClár um Chuimsiú Sóisialta agus Gníomhachtú Pobail (SICAP) agus ar an bPlean Gníomhaíochta do Phoist ón Rialtas.

Is é ról an Choiste Forbartha Pobail Áitiúil cur chun feidhme, maoirseacht, comhordú, faireachán agus athbhreithniú a dhéanamh ar an bPlean i gcomhar le Comhairle Contae Cheatharlach. Beidh ról ag an gCoimisiún Náisiúnta um Fhormhaoirsiú agus Iniúchóireacht i bhfaireachán a dhéanamh ar chur chun feidhme an Phlean. Le linn na bliana 2019, thuairiscigh na Príomhghníomhaireachtaí seo a leanas don Choiste Forbartha Pobail Áitiúil trí thuarascáil a thabhairt ó bhéal/i scríbhinn ar dhul chun cinn na ngníomhartha atá leagtha amach sa Phlean Cur Chun Feidhme:

- Gluaiseacht Cheatharlach um Rochtain Uilíoch
- Bord Oideachais agus Oiliúna Chill Chainnigh/Cheatharlach
- Grúpa Idirghníomhaireachta Cheatharlach don Lucht Siúil

**Ceatharlach Sláintiúil**




D'éirigh le Coiste Forbartha Pobail Áitiúil Cheatharlach cistiú a áirithiú ón gclár Éire Shláintiúil thar an dá bhliain seo a chuaigh thart. Is é an aidhm shonrach atá leis an gcistiú sin sláinte agus folláine a fheabhsú ar aon dul leis an straitéis Éire Shláintiúil - Creat le haghaidh Sláinte agus Folláine Fheabhsaithe, 2013-2025. Úsáideadh Ceatharlach Sláintiúil - Plean Contae 2018-2021 mar threoir agus na hiarratais á n-ullmhú.

Riarann Rannóg Pobail Chomhairle Contae Cheatharlach leithdháileadh an chistiúcháin faoin gclár. Tacaíonn sí le hobair an Fhoghrúpa um Cheatharlach Sláintiúil sa Choiste Forbartha Pobail Áitiúil agus forbraíonn agus reáchtálann sí tionscadail thar ceann an Choiste freisin. Tá an coiste stiúrtha áitiúil comhdhéanta d'ionadaithe ó na comhlachtaí seo a leanas: an Coiste Forbartha Pobail Áitiúil; Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte; Seirbhísí Réigiúnacha Óige Cheatharlach; Comhpháirtíocht Forbartha Contae Cheatharlach; Comhpháirtíocht Spóirt Chontae Cheatharlach; Ionad Seirbhísí Pobail Naomh Caitríona; Líonra Rannpháirtíochta Pobail Cheatharlach;




Seirbhísí Leabharlainne Cheatharlach; Coiste Cheatharlach um Sheirbhísí do Leanaí agus do Dhaoine Óga; agus Comhairle Contae Cheatharlach.

Áirítear iad seo a leanas le roinnt de na tionscnaimh a bhí ar siúl sa bhliain 2019:

- Clár Réigiúnach Oiliúna agus Feasachta Sláinte agus Folláine, rud a bhí faoi stiúir ag Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte.
- Fothú Acmhainneachta don Phobal LADTI i gContae Cheatharlach, rud a bhí faoi stiúir ag Comhpháirtíocht Forbartha Contae Cheatharlach agus a raibh i gceist leis acmhainneacht an Líonra nuabhunaithe LADTI a fhorbairt, tacaí a cheapadh do thuismitheoirí le leanaí LADTI,

agus cláir oiliúna feasachta a sholáthar do ghairmithe agus do dhaoine aonair ar fud an chontae.

- Gníomhaíocht Fhisiciúil do Theaghlaigh agus do Dhaoine a Chónaíonn i Limistéir faoi Mhíbhuntáiste, rud a bhí faoi stiúir ag Comhpháirtíocht Áitiúil Spóirt Chontae Cheatharlach. Tríd an tionscnamh sin, tugadh deiseanna do theaghlaigh agus do dhaoine a chónaíonn i limistéir faoi mhíbhuntáiste páirt a ghlacadh i raon clár cuimsitheach gníomhaíochta fisiciúla ar ísealchostas. Uasmhéadaíodh úsáid na saoráidí áitiúla ag an am céanna.

A bhuí le deontas ón gclár Éire Shláintiúil, fuarthas cistiú meaitseála le haghaidh Oifigeach Cuimsithe Shóisialta do Dhaoine faoi Mhíchumas a fhostú i gComhpháirtíocht Spóirt Cheatharlach.
Rinne Comhairle Contae Cheatharlach Moil Sláinte agus Folláine Pobail a eagrú i mBaile Cheatharlach agus i Muine Bheag. Ag na moil sin, soláthraíodh raon leathan faisnéise faoi shaincheisteanna sláinte agus tarraingíodh aird ar na seirbhísí, na cláir agus na himeachtaí atá ar fáil i réimse na sláinte agus na folláine i gContae Cheatharlach.
Cur chun cinn na sláinte gnéasaí dearfaí, rud a bhí faoi stiúir ag Seirbhísí Réigiúnacha Óige Cheatharlach agus a raibh dhá ghné i gceist leis: oiliúint a chur ar Oibrithe don Aos Óg i dTacar Uirlisí Féiniúlachta Óige agus an Tacar sin a sholáthar do Ghrúpaí Óige ina dhiaidh sin. Cuirfidh Seirbhísí Réigiúnacha Óige Cheatharlach an Clár 'Sammy the Caterpillar' i bhfeidhm, ar acmhainn é atá ceaptha chun tacú le tuismitheoirí labhairt faoin tsláinte ghnéasach lena leanaí sa bhaile. Ghlac 1,726 dhuine páirt sna tionscadail sin.

Le linn na bliana 2019, d'áirithigh Ceatharlach Sláintiúil €245,800 eile don chéad ocht mí dhéag eile chun tionscadail éagsúla a sholáthar suas go mí an Mheithimh 2021. Ceann de na gníomhartha éigeantacha a bhí i gceist leis sin ba ea comhordaitheoir páirtaimseartha a fhostú do Cheatharlach Sláintiúil. Déanfaidh an comhordaitheoir cur chun feidhme Cheatharlach Sláintiúil - Plean Contae a stiúradh agus clár ceadaithe oibre a chomhordú. Reáchtálfaidh an comhordaitheoir tionscadail chun an mheabhairshláinte dhearfach a chur chun cinn agus chun daoine scothaosta agus daoine ó limistéir thuaithe atá scoite a spreagadh páirt a ghlacadh i ngníomhaíochtaí. Ag teacht sna sála ar an rath a bhí ar an Móraonach Sláinte a reáchtáladh i mBaile Cheatharlach anuraidh, tá sé beartaithe imeachtaí den chineál céanna a eagrú i gCeantar Bardasach na Tulaí agus i gCeantar Bardasach Mhuine Bheag.
Úsáidfear an cistiú freisin chun borradh a chur faoi Sheirbhísí Comhairleoireachta Óige 'Folláine', atá á n-oibriú ag Seirbhísí Réigiúnacha Óige Cheatharlach. Tríd an gclár sin, cuirtear tacaí ó ghairmithe ar fáil chun déileáil le raon leathan saincheisteanna amhail deacrachtaí cumarsáide, imní, dúlagar, mí-úsáid fhisiciúil agus ghnéasach, fadhbanna a thagann as mí-úsáid alcóil nó drugaí, agus méala.
Gheobhaidh Comhpháirtíocht Forbartha Contae Cheatharlach cistiú chun Tionscadal Oideasaithe Shóisialta a reáchtáil. Beidh an tseirbhís dírithe ar dhaoine os cionn 18 mbliana d'aois ar shainaithin Gairmithe Sláinte agus Lia-Chleachtóirí Ginearálta iad mar dhaoine atá thíos le heisiamh sóisialta agus le leithlisiú, a bhfuil siomptóim dhoiléire nó neamh-mhínithe orthu, a bhfuil siomptóim dhúlagair nó imní orthu, a fhreastalaíonn ar a lia-chleachtóir ginearálta go minic, a bhfuil drochthacaí sóisialta acu nó atá faoi strus.

Gheobhaidh Comhpháirtíocht Spóirt Chontae Cheatharlach cistiú le haghaidh Gníomhaíocht Fhisiciúil ar son na Folláine. Is é a bheidh i gceist léi sin ná trí thionscnamh a reáchtáil chun rannpháirtíocht i ngníomhaíocht fhisiciúil a mhéadú trí thionscnaimh neamhiomaíocha lasmuigh, is iad sin: Aclaíocht Ghlas - an Clár um Choillearnach ar son na Sláinte agus an tSiúil; Aclaíocht Ghorm - an Clár um Uiscebhealaí ar son na Sláinte agus an Spóirt Uisce; agus Ióga na hÓige - an Clár um Óige

ar son Fholláine na hÓige.

**An Clár um Fheabhsú Pobail 2019**

Tugadh an Clár um Fheabhsú Pobail isteach sa bhliain 2018. Cuireadh an Clár in áit na Scéime Saoráidí Pobail agus chlár athmhúnlaithe RAPID, a seoladh sa bhliain 2017, agus tógtar orthu ann. Faoin gClár um Fheabhsú Pobail, soláthraítear cistiú caipitil do phobail ar fud Chontae Cheatharlach chun saoráidí a fheabhsú i limistéir faoi mhíbhuntáiste.

Is í an Roinn Forbartha Tuaithe agus Pobail a chistíonn an Clár agus is iad na Coistí Forbartha Pobail Áitiúil i ngach limistéar Údaráis Áitiúil a riarann é.

Is é aidhm na scéime ná pobail a fheabhsú, dul i ngleic le míbhuntáiste agus feabhas a chur ar chomhtháthú sóisialta ar leibhéal áitiúil trí rochtain a chur ar fáil ar dheontais chaipitil bheagscála. Faoin gclár, cuireadh 30% den chistiú i leataobh do dheontais ar fiú €1,000 nó níos lú iad. Díríodh an chuid eile den chistiú ar limistéir/grúpaí spriocdhírithe faoi mhíbhuntáiste, a ndearna an Fóram Cuimsithe Shóisialta measúnú agus meastóireacht orthu. Chuir an Coiste Forbartha Pobail Áitiúil an Fóram sin ar bun mar cheann amháin de na gníomhartha faoin bPlean Áitiúil Eacnamaíoch agus Pobail. Leithdháileadh €134,206 ar Choiste Forbartha Pobail Áitiúil Cheatharlach do Chontae Cheatharlach. I mí Lúnasa, leithdháileadh cistí imfhálaithe ón gClár um Fheabhsú Pobail ar Chumann Bhotháin na bhFear a bhí cleamhnaithe le Cumann Náisiúnta Bhotháin na bhFear. Fuair Ceatharlach €5,236. Tá sonraí faoin gcistiú agus faoi na leithdháiltí ar fad leagtha amach thíos.

Rinne foghrúpa de chuid an Choiste Forbartha Pobail Áitiúil athbhreithniú agus measúnú ar gach iarratas ar chistiú faoin scéim seo chun a chinntiú go bhfuil siad ag teacht le haidhmeanna Phlean Áitiúil Eacnamaíoch agus Pobail Cheatharlach 2016-2021 don bhliain 2021.

Leithdháileadh 38 ndeontas i gCeantar Bardasach Cheatharlach, leithdháileadh 33 dheontas i gCeantar Bardasach Mhuine Bheag agus leithdháileadh 22 dheontas i gCeantar Bardasach na Tulaí.

| **An Clár um Fheabhsú Pobail 2019 – Deontais Chaipitil Bheagscála (30%)** | | |
|---|---|---|
| **Ainm an Ghrúpa/na hEagraíochta** | **Cuspóir an Deontais a Iarradh** | **Cistiú a Bronnadh** |
| **AN TULACH** | | |
| **Ballon Business & Training Service Ltd.** | An córas aláraim dhóiteáin atá ann cheana a uasghrádú | €585.35 |
| **Club Dornálaíochta Amaitéaraí Bhun Clóidí** | Trealamh Spóirt | €585.35 |
| **Coiste Linn Snámha Bhun Clóidí** | Trealamh sábháilteachta (Cathaoir ardaithe garda tarrthála) | €585.35 |
| **Ionad Cairdeas** | Saoráid Phobail a fhorbairt | €585.35 |
| **Cumann Shráidbhaile Slachtmhar Chluain na nGall** | Feabhsú a dhéanamh ar ghné sa sráidbhaile | €585.35 |
| **Cumann Cónaitheoirí Mhainistir DeLacey** | Lomaire faiche, ciumhaisire, uirlisí agus bláthanna | €585.35 |

| | | |
|---|---|---|
| **Develop Tullow Association CLG** | Trealamh TF | €585.35 |
| **Féile Fhréamhacha Elvis** | Comharthaí | €585.35 |
| **Ionad Acmhainní Teaghlaigh Forward Steps** | Trealamh Sábháilteachta | €585.35 |
| **Cumann Cónaitheoirí Pháirc an Athar Uí Chuilinn** | Trealamh - séidire duilleog, ciumhaisire, bara rotha, trealamh tochailte agus lomaire faiche | €585.35 |
| **Cumann Cónaitheoirí Gortnahowan** | Lomaire faiche marcaíochta | €585.35 |
| **Grúpa Pobail Bhaile Haicéid** | Trealamh/Foirgneamh a Uasghrádú | €585.35 |
| **Cumann Cónaitheoirí Chéide Radharc an Chnoic** | Lomaire faiche marcaíochta | €585.35 |
| **Muintir na Tíre, Míseal** | Spórt Trealamh/Saoráid phobail a fhorbairt | €585.35 |
| **Mol Oiliúna Ráth Tó** | Trealamh Oiliúna | €585.35 |
| **Cumann Tuismitheoirí Scoil Náisiúnta Ráth Bhile** | Trealamh - coire Burco, tábla, cófra, cupáin, fochupáin agus sceanra. | €585.35 |
| **Coiste Bailte Slachtmhara Ráth Bhile** | Trealamh sábháilteachta, fiailnimh, comharthaí, lomaire faiche, trealamh glanta, etc. | €585.35 |
| **Coiste Cónaitheoirí Shruthán Saileach** | Uirlisí gairdín a cheannach | €585.35 |
| **Cumann Cónaitheoirí Pháirc Phádraig** | Trealamh cothabhála, fiailnimh, lomaire faiche agus uirlisí | €585.35 |
| **Club Leadóige agus Spóirt na Tulaí agus Laighean Theas** | Trealamh TF/Comharthaí | €585.35 |
| **Grúpa Sláinte agus Forbartha na mBan** | Trealamh Spóirt/Trealamh Oiliúna | €585.35 |
| **MUINE BHEAG** | | |
| **Ionad Acmhainní Teaghlaigh Mhuine Bheag** | Trealamh Oiliúna – Táblaí agus Cathaoireacha | €585.35 |

| | | |
|---|---|---|
| **Céadfhreagróirí Mhuine Bheag** | Trealamh Oiliúna/Eile | €585.35 |
| **Grúpa Feabhsúcháin Mhuine Bheag** | Lomaire faiche | €585.35 |
| **Grúpa Sóisearach Bailte Slachtmhara Mhuine Bheag** | Comharthaí | 585.35 |
| **Grúpa Fiontair Bhaile an Choillín Thuaidh** | Saoráid Phobail a fhorbairt | €585.35 |
| **Sráidbhaile Bhaile an Choillín** | Tábla agus cathaoireacha | €585.35 |
| **Ionad Pobail Bhaile an Choillín/Leamhdhroma** | Dífhibrileoir | €585.35 |
| **Coiste Cónaitheoirí Bhaile na dTortán** | Blocálaí fiailí agus clocha feadh limistéir ghlasa/fál adhmaid a dheisiú | €400.00 |
| **Grúpa Forbartha Bhaile Eilín** | Trealamh TF | €585.35 |
| **Club Badmantain Bhaile Uí Mhurchú** | Trealamh oiliúna (raicéid) | €500.00 |
| **Ballymurphy Hall Ltd.** | Bothán stórála a cheannach | €585.35 |
| **Club Sacair Faoi Dhíon Bhaile Uí Mhurchú** | Trealamh oiliúna | €500.00 |
| **Grúpa Forbartha Pobail na Buiríse** | Saoráid Phobail a fhorbairt | €585.35 |

| | | |
|---|---|---|
| **Ionad Focus na Buiríse** | Trealamh oiliúna/Saoráid phobail a fhorbairt | €585.35 |
| **Club Liathróide Láimhe agus Liathróide Raicéid na Buiríse** | Trealamh glanta agus tábla cistine/seomra cruinnithe | €585.35 |
| **Coiste Halla Baile na Buiríse** | Foirgneamh a uasghrádú/Saoráid phobail a fhorbairt chun feabhas a chur ar leithris na mban agus chun aonad athraithe linbh a sholáthar. | €585.35 |
| **Cluichí Pobail na Buiríse/Thigh Moling** | Puball a cheannach | €585.35 |
| **Cumann Cónaitheoirí na Carraige Duibhe** | Dhá bhinse | €585.35 |
| **Cumann Cónaitheoirí Chúirt an Chrainn Chnó Capaill** | Lomaire faiche | €585.35 |
| **Coiste Halla na Dromann** | Foirgneamh a Uasghrádú/Trealamh Sábháilteachta | €585.35 |
| **Ionad Pobail Dhroim Féich** | Foirgneamh a uasghrádú | €585.35 |
| **Grúpa Feabhsúcháin Fhionnmhach** | Comharthaí | €585.35 |
| **Gleann na Bearú** | Comharthaí/Saoráid Phobail a fhorbairt | €585.35 |
| **Cumann Cónaitheoirí an Ghleanna agus na Beitheánaí** | Gearrthóir fáil, ciumhaisire agus masc, niteoir cumhachta, binsí agus bothán gairdín. | €585.35 |
| **Cumann Cónaitheoirí Chill Chuimne** | Saoráid Phobail a fhorbairt | €585.35 |
| **Grúpa Pobail na Cúirte Lóiste** | Teach Gloine Pobail a cheannach mar chuid de Chlár Bithéagsúlachta | €428.00 |
| **Muintir na Tíre** | TF Trealamh/Comharthaí/Foirgneamh a Uasghrádú | €585.35 |

| | | |
|---|---|---|
| **Coiste Ionad Pobail Mhísil** | Saoráid Phobail a fhorbairt/Uasghrádú éifeachtúlachta fuinnimh/trealamh sábháilteachta | €585.35 |
| **Coiste Halla an Bhaile Nua** | Saoráid Phobail a fhorbairt - soilsiú | €585.35 |
| **Cumann Cónaitheoirí Phlás an Iarnróid** | Clós súgartha a uasghrádú/Saoráid phobail a fhorbairt/Trealamh sábháilteachta | €585.35 |
| **Grúpa Pobail Ráth Ana** | Foirgneamh a uasghrádú | €585.35 |

| | | |
|---|---|---|
| **Ionad Cúram Leanaí Pobail Ráth Tó** | Trealamh Spóirt | €585.35 |
| **Cumann Cónaitheoirí Scorthreen** | Comharthaí/lomaire faiche/dhá bhinse gairdín | €585.35 |
| **CEATHARLACH** | | |
| **Clár Iarscoile/Seirbhísí Réigiúnacha Óige Cheatharlach** | Dífhibrileoir | €585.35 |
| **Amigos** | Trealamh TF | €585.35 |
| **An Gairdín Beo** | Saoráid Phobail a fhorbairt | €585.35 |
| **Tionscadal Óige Mhuine Bheag - Seirbhísí Réigiúnacha Óige Cheatharlach** | Comharthaí/Saoráid Phobail a fhorbairt | €585.35 |
| **Tionscadal Tacaíochta Teaghlaigh Barnardo's** | Comharthaí/Foirgneamh a uasghrádú | €585.35 |
| **Cumann Cónaitheoirí Bourlum** | Dífhibrileoir/Bosca Seachtrach | €585.35 |
| **Ionad Éigeandála Cheatharlach agus Laighean Theas um Éigniú** | Spás teiripeach breise a chruthú | €585.35 |
| **Cumann Gníomhaíochta Lucht Scoir Cheatharlach** | Trealamh TF | €299.00 |
| **Club Cruicéid Cheatharlach** | Trealamh Spóirt/Trealamh Oiliúna | €585.35 |
| **Club Bádóireachta Dragain Cheatharlach** | Foirgneamh a uasghrádú | €585.35 |
| **Fóram Idirchultúrtha Cheatharlach** | Trealamh TF | €585.35 |
| **Líonra LADTI Cheatharlach** | TF Trealamh/Comharthaí/Trealamh Oiliúna | €585.35 |
| **Cumann Meabhairshláinte Cheatharlach** | Suntasán a cheannach | €585.35 |
| **Fóram Daoine Breacaosta Cheatharlach** | Trealamh TF/Foirgneamh a uasghrádú/Trealamh Sábháilteachta | €585.35 |
| **Féile Bróid Cheatharlach** | Trealamh TF | €585.35 |
| **Grúpa Pobail Róihinse Cheatharlach** | Trealamh Spóirt | €585.35 |
| **Grúpa Ban Róihinse Cheatharlach** | Trealamh Oiliúna | €585.35 |

| | | |
|---|---|---|
| **Céadfhreagróirí Pobail Bhaile Cheatharlach** | Trealamh TF | €585.35 |
| **Cúnamh do Mhná, Ceatharlach** | TCI | €585.35 |
| **Feachtas Cheatharlach um Thearmann do Mhná** | Trealamh TF/Comharthaí/Eile | €585.35 |
| **Líonra Comhshaoil Chontae Cheatharlach** | Trealamh TF | €585.35 |
| **Tionscadal Óige na Gráige/Seirbhísí Réigiúnacha Óige Cheatharlach** | Saoráid Phobail a fhorbairt | €585.35 |

| | | |
|---|---|---|
| **An Club Glas Polannach** | Trealamh oiliúna | €585.35 |
| **Cumann Cónaitheoirí Highfield** | Dífhibrileoir | €585.35 |
| **Coiste Pobail agus Cónaitheoirí na Darach Nua** | Dífhibrileoir | €585.35 |
| **Ionad Pobail na Darach Nua** | Foirgneamh a uasghrádú | €585.35 |
| **Scéim Foláireamh Téacs Pobail Pháirc na Darach/Pháirc na bhFianna** | Comharthaí | €585.35 |
| **Cumann Cónaitheoirí Old Burrin** | Gearrthóir fáil, ciumhaisire, séidire duilleog, araidí bruscair agus boscaí neadaireachta | €585.35 |
| **Ord Mhálta - Aonad Daltaí Cheatharlach** | Trealamh oiliúna | €585.35 |
| **Club CLG na gCnoc Ard** | Trealamh Oiliúna - Geansaithe | €585.35 |
| **An Phobalscoil Pholannach i gCeatharlach** | Trealamh TF | €585.35 |
| **Gníomhaíocht Róihinse Éireann** | Comharthaí/Eile | €585.35 |
| **Club Snámha Naomh Fiacc** | Trealamh TF | €585.35 |
| **Club AFC Naomh Pádraig do Bhuachaillí** | Pábháil phóiriúil féir a shuiteáil | €585.35 |
| **Tionscadal Óige The Vault - Seirbhísí Réigiúnacha Óige Cheatharlach** | Trealamh TF/Saoráid Phobail a Fhorbairt/Eile | €585.35 |
| **Grúpa Forbartha Pobail Bhóthar na Tulaí** | Comharthaí/Éadaí Brandáilte | €585.35 |
| **You Are Not Alone** | Trealamh TF | €585.35 |
| **Coiste Bailte Slachtmhara Thigh an Réileáin** | Lomaire faiche mótaithe a cheannach | €585.35 |
| **Céadfhreagróirí Pobail Thigh an Réileáin** | Dífhibrileoir | €585.35 |
| | | |

**An Clár um Fheabhsú Pobail 2019 – Limistéir Spriocdhírithe faoi Mhíbhuntáiste (70%)**

| Ainm an Ghrúpa/na hEagraíochta | Cuspóir an Deontais a Iarradh | Cistiú a Bronnadh |
|---|---|---|
| **Ionad Acmhainní Teaghlaigh Mhuine Bheag** | Trealamh Oiliúna - Táblaí/cathaoireacha/cláir fógraí/scáileáin teilgeora/smeach-chairteacha | €10,000.00 |
| **Seirbhísí Réigiúnacha Óige Cheatharlach** | Ollphubaill bhuanfasacha shealadacha, bothán stórála agus trealamh for-rochtana do Bhóthar na Tulaí | €30,770.00 |

| | | |
|---|---|---|
| **Seirbhísí Réigiúnacha Óige Cheatharlach** | An Limistéar Ilúsáide Cluichí ag Páirc John Sweeney a uasghrádú | €24,000.00 |
| **Halla Scabhtaí Bhaile Haicéid/Tionscadal Óige na Tulaí/Seirbhísí Réigiúnacha Óige Cheatharlach** | Foirgneamh a uasghrádú/Trealamh Spóirt | €12,000.00 |
| **Tionscadal Óige na Tulaí/Seirbhísí Réigiúnacha Óige Cheatharlach** | Foirgneamh a uasghrádú | €3,200.00 |

| **An Clár um Fheabhsú Pobail 2019 - Cistiú Imfhálaithe le haghaidh Bhotháin na bhFear** | | |
|---|---|---|
| **Ainm an Ghrúpa/na hEagraíochta** | **Cuspóir an Deontais a Iarradh** | **Cistiú a Bronnadh** |
| **Botháin Fear na Buiríse** | Saoráidí ceaintíní, uirlisí agus trealamh | €1,568.00 |
| **Botháin Fear Cheatharlach** | Córas aláraim dhóiteáin a shuiteáil | €1,568.00 |
| **Botháin Fear na Tulaí** | Foirgneamh a uasghrádú | €1,000.00 |
| **Botháin Fear Pharóiste Leithghlinne** | Foirgneamh a uasghrádú/Trealamh Sábháilteachta/Eile | €1,100.00 |
| | | |

**Deireadh Seachtaine Náisiúnta na bPobal (Deireadh Seachtaine Lá Saoire Bainc na Bealtaine 2019) – An Heileo Mór**

Leithdháil an Roinn Forbartha Tuaithe agus Pobail €10,000 ar gach Coiste Forbartha Pobail Áitiúil chun imeachtaí áitiúla a sholáthar ina dtabharfaí spreagadh do dhaoine aithne a chur ar a gcomharsana. Bhí na himeachtaí sin le cur ar siúl thar Dheireadh Seachtaine Lá Saoire Bainc na Bealtaine 2019. Tar éis dhá ghlao ar chistiú, leithdháileadh 10 ndeontas i gCeantar Bardasach Cheatharlach agus leithdháileadh 8 ndeontas i gCeantar Bardasach Mhuine Bheag. Tá sonraí faoin gcistiú agus faoi na leithdháiltí ar fad leagtha amach thíos;

| **An Heileo Mór – Deireadh Seachtaine Lá Saoire Bainc na Bealtaine 2019** | | |
|---|---|---|
| **Ainm an Ghrúpa/na hEagraíochta** | **Cuspóir an Deontais a Iarradh** | **Cistiú a Bronnadh** |
| **Ceatharlach** | | |
| **Ballon Business & Training Service Ltd.** | An córas aláraim dhóiteáin atá ann cheana a uasghrádú | €585.35 |
| **An Gairdín Beo** | Comhaltaí den choiste agus oibrithe deonacha a thabhairt le chéile chun bia barrachais a ullmhú, a phicilt | €500.00 |

| | | |
|---|---|---|
| | agus a leasú. | |
| **Aspiro** | Sólaistí/bia a chistiú dóibh siúd ag Ceiliúr na Camhaoire, Dé Domhnaigh, an 5 Bealtaine. | €500.00 |
| **ASCA Juvenile AFC** | Beárbaiciú sóisialta a reáchtáil do chairde agus teaghlaigh Chlub CLG ASCA. | €500.00 |

| | | |
|---|---|---|
| **Cumann Cónaitheoirí Bourlum** | Tionól bia agus cultúir a reáchtáil do chónaitheoirí scothaosta. | €500.00 |
| **Cumann Cónaitheoirí Pháirc Governey** | Lá cumha agus spraoi. Tae/caife agus bia. Pictiúir den eastát san am atá thart agus sa lá atá inniu ann | €500.00 |
| **Grúpa Pobail Bhaile Haicéid** | Lá scéalaíochta do leanaí agus lá scannáin | €500.00 |
| **Coiste Bailte Slachtmhara Ráth Bhile** | Imeacht chun obair Choiste Bailte Slachtmhara Ráth Bhile a thaispeáint | €500.00 |
| **Ionad Cúraim Naomh Eoin** | Lá oscailte "Tae agus Borróg" a reáchtáil chun obair Ionad Cúraim Naomh Eoin a chur i láthair | €500.00 |
| **Grúpa Forbartha Pobail Bhóthar na Tulaí** | Lá spraoi a reáchtáil ag an bhFáinne Sí, lena n-áirítear Ceardlann le Beachaire, Scéalaithe, Culaith Bhréige agus Sólaistí. | €600.00 |
| **Coiste Bailte Slachtmhara na Tulaí** | Tionól agus sólaistí a eagrú le linn na binsí páirce a phéinteáil | €600.00 |
| **Muine Bheag** | | |
| **Coiste Sráidbhailte Slachtmhara Ard Aitinn** | Lá ceiliúrtha na hoidhreachta áitiúla a reáchtáil, lena n-áirítear scéalaíocht, ceol, bia, etc. | €500.00 |
| **Club Ionad Pobail Bhaile an Choillín/Leamhdhroma** | Dioscó scoile agus sólaistí a eagrú san Ionad Pobail agus deis a thabhairt do thuismitheoirí labhairt lena chéile. | €600.00 |
| **Líonra Turasóireachta an Staighre Dhuibh agus Ghleann na Bearú** | Bia agus Scannán ar an mBuiríos | €600.00 |
| **Ionad Focus na Buiríse** | Páirtí gairdín le ceoltóirí, staraithe, cóiriú bláthanna, etc. | €600.00 |
| **Cumann Cónaitheoirí Chúirt an Eibhir** | Beárbaiciú do chónaitheoirí, cluiche sacair do thuismitheoirí agus leanaí, agus | €500.00 |

| | | |
|---|---|---|
| | preabchaisleán. | |
| **Ionad Pobail Mhísil** | Siúlóid threoraithe agus tae beag a eagrú do chónaitheoirí nua agus do dhaoine ó thíortha eile | €800.00 |
| **Lá Spraoi Sráidbhaile Sheanleithghlinne** | Lá spraoi, spóirt agus comhrá, le sólaistí agus duaiseanna. | €700.00 |

| | | |
|---|---|---|
| **Cumann Cónaitheoirí Phlásóg na Coille** | Beárbaiciú a eagrú chun seanchónaitheoirí agus cónaitheoirí nua a thabhairt le chéile. | €500.00 |

Rinne an Coiste Forbartha Pobail Áitiúil na nithe seo a leanas a cheadú/a bhreithniú freisin:

- Tuarascáil Bhliantúil an Choiste Forbartha Pobail Áitiúil don bhliain 2018
- Clár Rioscaí an Choiste Forbartha Pobail Áitiúil
- Éire Shláintiúil
- Próifíl Shocheacnamaíoch Cheatharlach
- Straitéis Imeasctha Eachtrannaigh agus Idirchultúrtha Cheatharlach 2020-2024
- Uirlis SICAP le haghaidh Dul Chun Cinn a Thomhas
- Oifig Uiscí agus Pobal na nÚdarás Áitiúil
- Spriocanna Forbartha Inbhuanaithe


In éineacht le Pobal, d'eagraigh an Roinn Forbartha Tuaithe agus Pobail oiliúint ar leibhéal Náisiúnta do chomhaltaí den Choiste Forbartha Pobail Áitiúil i leith na nithe seo a leanas:

- Oibríochtaí an Choiste Forbartha Pobail Áitiúil
- Ríomh-chomhtháthú
- An Clár um Chuimsiú Sóisialta agus Gníomhachtú Pobail (SICAP)
- Clár LEADER

# Líonra Rannpháirtíochta Pobail Cheatharlach

**Comhaltas**

Bhí 413 ghrúpa cláraithe le Líonra Rannpháirtíochta Pobail Cheatharlach ag deireadh na bliana 2019.




| | Pobal agus Deonach | Cuimsiú Sóisialta | An Comhshaol |
|---|---|---|---|
| Ceantar Bardasach Cheatharlach | 159 | 32 | 5 |
| Ceantar Bardasach Mhuine Bheag | 112 | 4 | 3 |
| Ceantar Bardasach na Tulaí | 86 | 9 | 3 |

**Oiliúint agus Fothú Acmhainneachta**

Chuir an Líonra Rannpháirtíochta Pobail oiliúint sna nithe seo a leanas ar fáil saor in aisce do gach grúpa pobail: -

- An Rialachán Ginearálta maidir le Cosaint Sonraí
- Tús Eolais ar Scileanna Éascaithe
- Cruinniú Airgid agus Iarratais ar Dheontas
- An Cód Rialachais do Charthanais – soláthraíodh an oiliúint sin thar thréimhse trí seachtaine, ar lena linn a pléadh dhá phrionsabal gach maidin. Bhí freastal an-mhaith ann ar gach ceann de na seisiúin.

**Cruinnithe Iomlánacha**

- Tionóladh an chéad Chruinniú Iomlánach den bhliain 2019 in Óstán Woodford Dolmen Dé Sathairn, an 18 Bealtaine. Díríodh ann ar an bhFís Folláine agus ar na Spriocanna Forbartha Inbhuanaithe agus fuarthas láithreoireachtaí ó na daoine seo a leanas lena linn: -
    - Dan McInerney, Comhairle Contae Cheatharlach
    - Caitríona Rogerson, an Colún Náisiúnta Comhshaoil
    - Janette O'Brien, Comhairle Contae Cheatharlach
- Tionóladh an dara Cruinniú Iomlánach den bhliain 2018 sa Ghairdín Beo Dé Céadaoin, an 24 Samhain. Díríodh ann freisin ar na Spriocanna Forbartha Inbhuanaithe agus fuarthas láithreoireachtaí ó na daoine seo a leanas lena linn: -
    - Joe Gallagher, an Roinn Cumarsáide, Gníomhaithe ar son na hAeráide agus Comhshaoil
    - Brian O'Donovan, Comhairle Contae Cheatharlach
    - Janette O'Brien, Comhairle Contae Cheatharlach, agus Molly Aylesbury, Rúnaíocht Líonra Rannpháirtíochta Pobail Cheatharlach




*An Chéad Chruinniú Iomlánach den bhliain 2019*




*An Dara Cruinniú Iomlánach den bhliain 2019*

**Salesforce**

- Eisíodh Ríomhfheasachán chuig na comhaltaí uile tríd an ríomhphost gach mí, agus bogearraí Salesforce BeeFree á n-úsáid. Seoltar an Feasachán le casadh an phoist chuig thart ar 50 grúpa nach bhfuil cuntas ríomhphoist acu.

**Oibrí For-rochtana**

- Fostaíodh Oibrí Tacaíochta Lánaimseartha – d’éirigh le Fiona Broadbery an post lánaimseartha sin a áirithiú. Agus cistiú meaitseála á sholáthar ag Comhairle Contae Cheatharlach, fuarthas cistiú breise ón Roinn chun an ról mar Oibrí Tacaíochta Lánaimseartha a chruthú ar fud na tíre.

**An Comórtas Náisiúnta Treabhdóireachta**

- D’eagraigh Líonra Rannpháirtíochta Pobail Cheatharlach tionscnamh náisiúnta do Líonraí eile Rannpháirtíochta Pobail.
- Músclaíodh an-fheasacht ar an ról a imríonn Líonraí Rannpháirtíochta Pobail tríd an tionscnamh, agus Comhordaitheoirí agus Oibrithe Tacaíochta páirteach ann

**Comhdháil Náisiúnta na Líonraí Rannpháirtíochta Pobail**

- Rinne Líonra Rannpháirtíochta Pobail Cheatharlach Comhdháil Náisiúnta na Líonraí Rannpháirtíochta Pobail a óstáil in Óstán Woodford Dolmen an 10 agus an 11 Deireadh Fómhair.
- D’oscail an tAire Stáit Seán Canney TD an Chomhdháil. Bhí freastal an-mhaith uirthi, agus 188 dtoscaire i láthair thar an dá lá




**An Fhís Folláine**

- Is é is aidhm don Fhís le haghaidh Fholláine an Phobail fís a leagan síos le haghaidh fholláine an phobail áitiúil ar na saolta seo agus sa todhchaí.
- Ba é a bhí i gceist leis an bhFís a fhorbairt ná dul i mbun comhairliúchán le grúpaí is comhaltaí, comhairliúcháin ar líne a reáchtáil, agus fís a dhréachtú.
- Díríodh ar shé réimse le linn na gcomhairliúchán: -
    - Sláinte (Sláinte Fhisiciúil agus Meabhairshláinte)
    - An Geilleagar agus Acmhainní
    - Forbairt Shóisialta agus Pobail
    - Rannpháirtíocht, Daonlathas agus Dea-Rialachas
    - Luachanna, Cultúr agus Brí
    - An Comhshaol agus Inbhuanaitheacht
- Leagfar an dréachtfhís faoi bhráid an chéad Chruinnithe Iomlánaigh den bhliain 2020 chun tuilleadh comhairliúcháin a dhéanamh uirthi.
- Treoróidh an fhís an obair a dhéanfaidh an Líonra Rannpháirtíochta Pobail as seo amach agus tabharfar aird uirthi i mbeartais amhail an Plean Forbartha Áitiúil, etc.

**Gluaiseacht Chontae Cheatharlach um Rochtain Uilíoch**

- Leanadh ag obair chun feasacht a mhéadú ar Ghluaiseacht Chontae Cheatharlach um Rochtain Uilíoch agus chun próifíl na Gluaiseachta a ardú agus chun feasacht a mhéadú ar shaincheisteanna rochtana do gach duine i gContae Cheatharlach
- D’fhorbair an Ghluaiseacht lógó agus bileog faisnéise
- Ghlac an Ghluaiseacht páirt san fheachtas náisiúnta ‘Glan do Chosán’ ar an Tulach, in éineacht le hionadaithe tofa áitiúla. Cuireadh púicín ar na hionadaithe chun go bhféadfadh siad blaiseadh a fháil de na deacrachtaí a bhíonn ag daoine lagamhairc gach lá agus iad ag iarraidh a mbealach a dhéanamh tríd an mbaile. Tionscnamh náisiúnta de chuid Chomhairle Náisiúnta na hÉireann do na Daill ba ea an feachtas sin
- Ghlac an Ghluaiseacht páirt san fheachtas náisiúnta ‘Géill Slí’ i mBaile Cheatharlach, in éineacht le daltaí Idirbhliana ó Choláiste an Chnoic Bhig. Tionscnamh náisiúnta de chuid Chónaidhm na hÉireann um Míchumas ba ea an feachtas sin
- D’oibrigh an Ghluaiseacht i gcomhpháirt le Comhairle Contae Cheatharlach agus Access Earth chun inrochtaineacht bhailte Cheatharlach a mhapáil ar aip. Tá an aip sin ar fáil saor in aisce do gach duine agus is féidir í a íoslódáil ar gach cineál fóin.

# Comhairle na nÓg

Bunaíodh Comhairlí na nÓg mar fhreagairt don Straitéis Náisiúnta Leanaí a sheol an Roinn Sláinte agus Leanaí in 2001 agus a bunaíodh i 34 Bord Forbartha Cathrach agus Contae ar fud na tíre. Faoi choimirce na mBord Forbartha Cathrach agus Contae sin, tá Comhairle na nÓg de fhreagracht ar an údarás áitiúil i ngach ceantar. Is iad Seirbhísí Réigiúnacha Óige Cheatharlach a bhainistíonn Comhairle na nÓg i gContae Cheatharlach, agus iad ag obair i gcomhar leis an Rannóg Pobail i gComhairle Contae Cheatharlach. Is fóram é inar féidir le leanaí agus le daoine óga ionchur struchtúrtha a dhéanamh maidir le cinntí ar na seirbhísí áitiúla agus ar an mbeartas áitiúil a théann i bhfeidhm orthu.

- I mí Eanáir, rinne Seirbhísí Réigiúnacha Óige Cheatharlach, a bhí freagrach as an gclár a chur chun feidhme, agus an Rannóg Pobail Plean 2018 a athbhreithniú agus Plean 2019 a ullmhú, agus chuir siad an dá Phlean sin faoi bhráid na Roinne Leanaí agus Gnóthaí Óige.
- Tionóladh Ceithre Chruinniú de chuid an Choiste Stiúrtha Chomhairligh sa bhliain 2019.
- D’fhreastail ionadaithe do Chomhairle na nÓg, Ceatharlach, ar chomhairliúchán náisiúnta an Chláir um Chaidreamh san Oideachas Gnéasach, a cuireadh ar siúl sa Roinn Leanaí agus Gnóthaí Óige i mí an Mhárta.
- Faoin téama ‘Conas atá do Mheabhair?’, chuir na comhaltaí gearrfhíseáin le chéile ina gcuirtear dea-mheabhairshláinte do dhaoine óga chun cinn.
- Chuir na comhaltaí an Oiliúint d’Oibrithe Deonacha i gcrích agus, ina dhiaidh sin, d’oibrigh siad go deonach i gcampaí do dhaoine óga eile.
- Chuaigh na comhaltaí ar thuras deireadh seachtaine tógála foirne go Cairlinn, Co. Lú, áit ar ghlac siad páirt i ndúshláin éagsúla eachtraíochta.
- Thug ceathrar comhaltaí láithreoireacht don Choiste áitiúil um Sheirbhísí do Leanaí agus do Dhaoine Óga agus ghlac siad páirt i bplé le cinnteoirí tábhachtacha ar thopaicí éagsúla.
- Cuireadh Comhairle na nÓg, Ceatharlach, ar siúl an 25 Deireadh Fómhair. Ba iad na comhaltaí a d’eagraigh í agus rinneadh ionadaíocht do thrí cinn déag de mheánscoileanna agus d’ionaid oiliúna ó Chontae Cheatharlach. Ghlac na daoine óga páirt in dhá cheardlann agus vótáil siad go ndíreodh siad ar thopaic an Ghníomhaithe ar son na hAeráide. Is í sin an topaic ar roghnaigh an Feidhmeannas Náisiúnta í don bhliain 2020.




Comhaltaí de Chomhairle na nÓg i dTeach Laighean.

- Cuireadh Dáil na nÓg ar siúl an 23 Samhain i dTeach Laighean. I mbliana, toghadh 168 nduine óga chuig Dáil na nÓg (an Pharlaimint Óige Náisiúnta do dhaoine óga idir 12 bhliain d'aois agus 17 mbliana d'aois) trí Chomhairle na nÓg. Vótáil na daoine óga i bhfabhar téama an Athraithe Aeráide a ghlacadh ina gcuid oibre sa dá bhliain atá le teacht, rud ar fháiltigh an tAire Katherine Zappone TD roimhe. Thug an tAire Zappone aitheasc ag an searmanas críochnaithe freisin.

Fostaíodh **Oifigeach Forbartha Pobail** i mí an Mhárta 2019. Cuireadh de chúram ar an Oifigeach obair le trí phobal, mar atá pobal Bhóthar na Tulaí, pobal Mhuine Bheag agus pobal Bhaile Haicéid. B'ionann é sin agus pobal amháin i ngach ceann de na ceantair bhardasacha.

## Bóthar na Tulaí

Tá an Rannóg Pobail ag tacú le Máistirphlean a fhorbairt le haghaidh Bhóthar na Tulaí, rud a n-áirítear leis Mol Pobail ilfheidhmeach comhroinnte agus bonneagar glas áineasa. Bunaíodh Coiste Stiúrtha um Mol Pobail Bhóthar na Tulaí sa bhliain 2019. Rinneadh ionadaíocht don phobal agus do ghníomhaireachtaí ábhartha agus tháinig an Coiste le chéile go rialta sa bhliain 2019. Fostaíodh foireann ildisciplíneach i mí na Nollag 2019 chun an Máistirphlean sin a fhorbairt agus beidh sí ag dul i gcomhairle leis an bpobal agus le príomhghníomhaireachtaí le linn an phróisis sin.
Thacaigh an Rannóg Pobail le Grúpa Forbartha Bhóthar na Tulaí, i gcomhpháirt le gníomhaireachtaí eile, Féasta agus Comórtas Bácála Sráide Pobail a reáchtáil do Bhóthar na Tulaí i mí Mheán Fómhair.





Cakes and buns were baked to perfection at community street feast

Now Offering New Patient Emergency Appointments

7 Days a Week

Haven't set a date, but don't want to wait?

**Muine Bheag**

D'oibrigh an Rannóg Pobail i gcomhpháirt leis an bpobal agus le gníomhaireachtaí eile chun Clár Ócáidí 8 seachtaine a chur le chéile agus a sholáthar don phobal i mí Iúil agus i mí Lúnasa. Ag deireadh an chláir, cuireadh Lá Spraoi an-rathúil do Theaghlaigh ar siúl.




Bunaíodh Grúpa Stiúrtha Cheantar Mhuine Bheag i mí Mheán Fómhair 2019 chun obair thar ceann an phobail chun cur leis na tacaí agus na deiseanna atá ann cheana ar mhaithe le háit níos fearr le cónaí ann, le hobair ann agus le cuairt a thabhairt air a dhéanamh de Cheantar Mhuine Bheag.

Sa bhliain 2019, thug an Grúpa faoi chleachtadh mapála pobail agus faoi anailís ar láidreachtaí, laigí, deiseanna agus bagairtí. Chomh maith leis sin, ghlac sé páirt i dtionscadail agus ceardlanna sa phobal. Anuas air sin, ghlac an Grúpa páirt i dtionscadal idirghníomhaireachta agus idirghlúine uile-phobail a fhorbairt don bhliain 2020.

**<u>Baile Haicéid</u>**

Sholáthair an Rannóg Pobail comhairliúchán pobail i mí na Bealtaine 2019 le cabhair ó rannóga eile sa Chomhairle Contae agus i gComhpháirtíocht Forbartha Contae Cheatharlach. Ghlac 30 duine ó chlubanna agus grúpaí difriúla sa bhaile páirt sa phróiseas.

Bunaíodh Foireann Pobail i mí an Mheithimh 2019, le tacaíocht ó Chomhpháirtíocht Forbartha Contae Cheatharlach. Déanann an Fhoireann ionadaíocht do mhórphobal Bhaile Haicéid agus oibríonn sí chun deiseanna a fhorbairt ar son an bhaile agus na ndaoine a chónaíonn ann agus a thugann cuairt air. D'imscrúdaigh an Fhoireann Pobail an fhéidearthacht a bhaineann le caifé pobail a fhorbairt sa bhliain 2019 agus reáchtáil sí caifé pobail trialach i mí na Samhna agus mí na Nollag.





D'éirigh le pobal Bhaile Haicéid san iarratas a rinne sé ar Scéim na mBailte agus na Sráidbhailte, 2019. Dá bharr sin, cruthófar deiseanna don phobal sa bhliain 2020.

Chomh maith leis sin, tacaíonn an Rannóg Pobail leis an bpobal i bhforbairt tionscadal ar aon dul leis an bPlean Forbartha Contae agus leis an bPlean Áitiúil Eacnamaíochta agus Pobail.

**An Tionscnamh um Chontae Cheatharlach a Thacaíonn le Daoine Breacaosta**

Fuair an Coiste um Chontae Cheatharlach a Thacaíonn le Daoine Breacaosta tacaíocht ó Chomhairle Contae Cheatharlach sa bhliain 2019 agus lean sé leis an Straitéis reatha um Chontae a Thacaíonn le Daoine Breacaosta a sholáthar. Táirgeadh Tuarascáil Lárthéarma don straitéis sin sa bhliain 2019 agus tá sí le seoladh sa bhliain 2020.

Gníomhaíonn an Rannóg Pobail mar Bhainisteoir don Chlár a Thacaíonn le Daoine Breacaosta do Cheatharlach, ag obair di chun tacú leis an gcoiste agus chun ionadaíocht a dhéanamh don Choiste um Chontae Cheatharlach a Thacaíonn le Daoine Breacaosta ag cruinnithe agus ócáidí áitiúla, réigiúnacha agus náisiúnta. D'oibrigh an Coiste i gcomhpháirt le gníomhaireachtaí eile agus le contaetha eile ar Sheimineár Réigiún an Oirdheiscirt um Aosú Dearfach a chur i bhfeidhm i mí na Samhna 2019.



Thaistil an Príomhfheidhmeannach, an Cathaoirleach, Bainisteoir an Chláir a Thacaíonn le Daoine Breacaosta agus Cathaoirleach Fhóram Daoine Breacaosta Cheatharlach chuig Caisleán Bhaile Shláine i mí na Nollag 2019. Ar an lá sin, bronnadh deimhniú cleamhnachta um Chontae a Thacaíonn le Daoine Breacaosta ar Cheatharlach. Is amhlaidh go hoifigiúil gurb í Éire an chéad tír a ghnóthaigh ballraíocht fhoirmiúil uile-thíre de Líonra Domhanda na hEagraíochta Domhanda Sláinte um Áiteanna a Thacaíonn le Daoine Breacaosta.



# Comhpháirtíocht Spóirt Chontae Cheatharlach




***Cúl Camp Cuimsitheach, 2019***

**Buaicphointí Thuarascáil Bhliantúil Chomhpháirtíocht Spóirt Chontae Cheatharlach 2019**

Tá Comhpháirtíocht Spóirt Chontae Cheatharlach ina cuid de líonra náisiúnta 29 gComhpháirtíocht Áitiúla Spóirt a fhaigheann cistiú ó Spórt Éireann agus a fhaigheann tacaíocht ó ghníomhaireachtaí áitiúla agus náisiúnta. Feidhmíonn Comhpháirtíocht Spóirt Chontae Cheatharlach mar fhochoiste de chuid Chomhairle Contae Cheatharlach. Féach thíos achoimre ar bhuaicphointí na Tuarascála Bliantúla don bhliain 2019.

- **Ghlac 3,985 dhuine san iomlán páirt i dtionscnaimh, cláir agus ócáidí spóirt agus gníomhaíochta fisiciúla ar eagraigh Comhpháirtíocht Spóirt Chontae Cheatharlach iad sa bhliain 2019**
- **Ghlac 1,116 dhuine páirt i gcláir agus ócáidí rothaíochta de chuid na Comhpháirtíochta**
- **Ghlac 757 leanbh páirt i gcláir óige de chuid na Comhpháirtíochta**
- **Ghlac 409 nduine páirt i gcláir shiúil de chuid na Comhpháirtíochta**

- **Ghlac 312 dhuine páirt i gcláir shnámha agus spórt uisce de chuid na Comhpháirtíochta**
- **Ghlac 132 bhean páirt i dtionscnaimh 'Mná i Spórt' de chuid na Comhpháirtíochta**
- **Fuair 284 cinn de chlubanna agus de ghrúpaí pobail tacaíocht ón gComhpháirtíocht ó thaobh faisnéise agus acmhainní de**
- **Sholáthair Comhpháirtíocht Spóirt Cheatharlach 311 cheann de chúrsaí oiliúna agus oideachais agus ghlac 399 nduine ó 28 gclub páirt sna cúrsaí oiliúna sin**
- **Ghlac 200 dalta meánscoile páirt sa chéad ócáid treodóireachta a eagraíodh sa chontae riamh agus fuair 16 mhúinteoir áitiúla uas-sciliú in oiliúint múinteoirí treodóireachta**
- **Chuir 235 dhuine 17 gcinn de chúrsaí um Leas agus Cosaint Leanaí a Chumhdach i gcrích**
- **Ghlac 419 nduine faoi mhíchumas páirt sa chlár de chuid Chuimsiú Míchumais i Spórt**
- **Ghlac 571 duine páirt i gcláir chomhpháirtíochta de chuid Chomhpháirtíocht Spóirt Chontae Cheatharlach agus na gCeann-Eagraíochtaí Rialaithe Náisiúnta Spóirt**
- **Ghlac 72 aosach bhreacaosta páirt i gceithre thionscnaimh aosaithe ghníomhaigh de chuid Chomhpháirtíocht Spóirt Chontae Cheatharlach**
- **Dáileadh €10,800 ar 18 gcinn de chlubanna áitiúla spóirt agus de ghrúpaí pobail áitiúla spóirt tríd an Scéim Deontais Spóirt Áitiúil**
- **Fuair Comhpháirtíocht Spóirt Chontae Cheatharlach cistiú €363,930 chun rannpháirtíocht i spórt agus i ngníomhaíocht fhisiciúil a mhéadú sa bhliain 2019**






***Páirt á glacadh ag foireann Cheatharlach um 'Beir Beo ar an Saol' sna Cluichí náisiúnta 'Beir Beo ar an Saol' a cuireadh ar siúl i mBaile Átha Cliath i mí an Mheithimh 2019***

**Cistiú agus Acmhainní – Foinsí Cistiúcháin Tionscadal**

Ba as cistiú ó Spórt Éireann (Croíchistiú, Cistiú um Dhaoine faoi Mhíchumas, Cistiú um Mná i Spórt, agus Cistiú ó Chiste na gCuntas Díomhaoin) a fuarthas €203,072 den chistiú iomlán a fuair Comhpháirtíocht Spóirt Chontae Cheatharlach sa bhliain 2019. Maidir leis an tsuim €160,858 atá fágtha, cruinníodh í ó ghníomhaireachtaí comhpháirtíochta áitiúla agus ó ioncam a gineadh ó chúrsaí agus ó cheardlanna.

| Foinse Cistiúcháin | Suim |
|---|---|
| **Croídheontas Spórt Éireann** | €203,072.00 |
| **Deontas Spórt Éireann um Mná i Spórt** | €8,400.00 |
| **Cistiú ó Chiste na gCuntas Díomhaoin** | €62,930.00 |
| **Cistiú ón gClár Éire Shláintiúil** | €21,800.00 |
| **Cistiú ó Fheidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte (FSS)** | €7,650.00 |
| **Cistiú ón Údarás Áitiúil/Ranníocaíocht ón gComhairle Contae** | €24,500.00 |
| **Aostacht agus Deiseanna/Beir Beo ar an Saol** | €1,300.00 |
| **Seachtain na Rothar** | €8,000.00 |
| **An Roinn Leanaí agus Gnóthaí Óige** | €3,000.00 |
| **Ioncam ó Chláir/ó Chúrsaí/ó Ócáidí** | €23,278.00 |
| **Iomlán** | **€363,930.00** |

***Tábla 1: Cistiú a fuair Comhpháirtíocht Spóirt Chontae Cheatharlach sa bhliain 2019 le haghaidh forbairt spóirt***

Gan croíchistiú ó Spórt Éireann a áireamh, ba é Ciste na gCuntas Díomhaoin an fhoinse cistiúcháin ba mhó do Chomhpháirtíocht Spóirt Cheatharlach sa bhliain 2019. Ba iad na príomh-chomhpháirtithe cistiúcháin eile ná Comhairle Contae Cheatharlach, Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte (FSS), an Roinn Turasóireachta, Iompair agus Spóirt, an Roinn Leanaí agus Gnóthaí Óige, agus an Clár Éire Shláintiúil.

Tá ag éirí le Comhpháirtíocht Spóirt Chontae Cheatharlach fós i gcistiú a fháil ó fhoinsí áitiúla. Ba ó fhoinsí áitiúla a fuarthas 45% den chistiú iomlán. Is ionann cistiú airgeadúil a fhaightear ón gceantar áitiúil agus 45% den tacaíocht fhoriomlán a fhaigheann Comhpháirtíocht Spóirt Chontae Cheatharlach. Is ionann tacaíocht sochar comhchineáil agus ceathrúchuid den chistiú foriomlán.

Tá áthas ar Chomhpháirtíocht Spóirt Chontae Cheatharlach a lua an athuair

gur ón gceantar áitiúil atáthar ag foinsiú níos mó ná 50% de chostais líonra Chomhpháirtíocht Spóirt Cheatharlach (cistí a fhaightear sa cheantar áitiúil + sochar comhchineáil). Tá sé sin ag teacht sna sála ar mholadh ón Athbhreithniú a rinne Fitzpatrick & Associates sa bhliain 2005 ar chlár na gComhpháirtíochtaí Áitiúla Spóirt.

**Lucht Bainistíochta agus Foireann Chomhpháirtíocht Spóirt Chontae Cheatharlach**

Coiste Comhairleach Chomhpháirtíocht Spóirt Chontae Cheatharlach – Rannpháirtíocht agus Ionadaíocht

Sa bhliain 2019, gealladh 60 uair oibrí dheonaigh ó raon leathan eagraíochtaí comhpháirtíochta chun formhaoirseacht a dhéanamh ar bhaill foirne de Chomhpháirtíocht Spóirt Chontae Cheatharlach agus chun tacaíocht a thabhairt dóibh.

Fónann 12 dhuine san iomlán ar Choiste Comhairleach Chomhpháirtíocht Spóirt Chontae Cheatharlach. Mná atá i 33% díobh, rud atá dearfach ó thaobh éagsúlachta sa rialachas de.

Cuireann na comhaltaí den Choiste sainscileanna isteach ina gcuid oibre le Comhpháirtíocht Spóirt Chontae Cheatharlach. Is sna réimsí seo atá an saineolas sin: airgeadas agus bainistíocht, pleanáil straitéiseach, caidreamh poiblí, rialachas, agus forbairt spóirt/gníomhaíochta fisiciúla.

**Comhaltaí de Choiste Comhairleach Chomhpháirtíocht Spóirt Chontae Cheatharlach, 2019**

| | AINM | GNÍOMHAIREACHT/GRÚPA/POBAL |
|---|---|---|
| **1.** | Declan Doyle (Ceatharlach) | Ionadaí don Phobal Spóirt |
| **2.** | Carmel Lynch | Ionadaí don Phobal Spóirt |
| **3.** | Olive Fanning | Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte |
| **4.** | Tom Geoghegan | Ionadaí don Phobal Spóirt |
| **5.** | Kathryn Wall & Karen Mullins | Seirbhísí Réigiúnacha Óige Cheatharlach |
| **6.** | Donal McNally | Institiúid Teicneolaíochta Cheatharlach |
| **7.** | Michael Brennan | Comhairle Contae Cheatharlach |
| **8.** | Helen Rothwell | Ionad Oibrithe Deonacha Cheatharlach |
| **9.** | Denis Shannon | Ionadaí don Phobal Spóirt |
| **10.** | Garry Coady | Ionadaí don Phobal Spóirt |
| **11.** | Ronan Dempsey | Ionadaí don Phobal Spóirt |
| **12.** | Le deimhniú | Comhpháirtíocht Forbartha Contae Cheatharlach |







***Campa Foghlama Rothaíochta, Coláiste Cheatharlach, 2019***

**Éachtaí Chomhpháirtíocht Spóirt Chontae Cheatharlach sa bhliain 2019**
Tugann Comhpháirtíocht Spóirt Chontae Cheatharlach faoi raon leathan gníomhartha chun leibhéil rannpháirtíochta i spórt agus i ngníomhaíocht fhisiciúil a mhéadú sa phobal áitiúil. Grúpáladh na gníomhartha sin de réir ceithre réimse toraidh:

- Oibriú chun leibhéil rannpháirtíochta a mhéadú, go háirithe i measc spriocghrúpaí sonracha;
- Bonneagar inbhuanaithe áitiúil spóirt a thógáil trí thacaíocht do chlubanna, do chóitseálaithe agus d'oibrithe deonacha agus tacú le comhpháirtíochtaí idir clubanna áitiúla spóirt, eagraíochtaí pobalbhunaithe agus gníomhaireachtaí earnála;
- Tuilleadh deiseanna a chruthú le haghaidh rochtain ar oiliúint agus oideachas i dtaca le soláthar spóirt agus gníomhaíochta fisiciúla;
- Faisnéis maidir le spórt agus le gníomhaíocht fhisiciúil a sholáthar chun feasacht agus rochtain a chruthú.

**Clubanna Áitiúla Spóirt agus Pobail a Fhorbairt**
Rud príomha a ndíríonn Comhpháirtíocht Spóirt Chontae Cheatharlach air is ea go mbeadh leibhéal inbhuanaithe forbartha ann laistigh den bhonneagar áitiúil spóirt. Ar fud an líonra, oibríonn comhpháirtíochtaí spóirt le clubanna agus le grúpaí chun a chinntiú go mbíonn struchtúir i bhfeidhm chun cur ar chumas gach duine sa phobal páirt a ghlacadh i raon leathan roghanna spóirt nó gníomhaíochta fisiciúla.
Éascaítear an timpeallacht inbhuanaithe sin trí thacú le hoibrithe deonacha agus le cóitseálaithe a gcuid scileanna a bhreisiú agus feabhas a chur ar cháilíocht na rannpháirtíochta i spórt ina bpobal.

**Obair chistiúcháin**
Sa bhliain 2019, d'oibrigh Comhpháirtíocht Spóirt Chontae Cheatharlach le 246 cinn de chlubanna spóirt, de ghrúpaí agus d'eagraíochtaí pobail ar fud na tíre ar bhonn duine le duine. D'oibrigh sí le hocht gclub eile trí sheisiúin ghrúpa freisin. Soláthraíodh sé sheisiún faisnéise grúpa do choistí club.
Tá Comhpháirtíocht Spóirt Chontae Cheatharlach ag obair le 18 gcinn de na clubanna sin chun cabhrú leo ar bhonn duine le duine iarratais ar chistiú a fhorbairt agus tá sí ag obair le sé chlub eile chun tacú le straitéisí cruinnithe airgid.

**Obair Forbartha Club**
Tacaíonn Comhpháirtíocht Spóirt Chontae Cheatharlach le soláthraithe spóirt agus gníomhaíochta fisiciúla ar fud an Chontae agus oibríonn sí le clubanna spóirt, le pobail agus le daoine aonair deiseanna nua spóirt agus conairí le haghaidh rannpháirtíocht in aclaíocht fhisiciúil a mhéadú a thabhairt isteach.
Chuige sin, b'amhlaidh sa bhliain 2019:

- gur tacaíodh le 16 cinn de chlubanna/de ghrúpaí maidir le gníomhaíochtaí a sholáthar

- gur cabhraíodh le trí cinn de chlubanna/de ghrúpaí a struchtúir eagrúcháin nó bhainistíochta a fhorbairt

- gur cabhraíodh le dhá cheann de chlubanna/de ghrúpaí a mbeartais a fhorbairt
- gur cabhraíodh le 25 cinn de chlubanna/de ghrúpaí cloí leis an dea-chleachtas rialachais
- gur bhain 18 gcinn de chlubanna/de ghrúpaí leas as an Scéim Deontais Spóirt Áitiúil

Comhlíonann Comhpháirtíochtaí Áitiúla Spóirt ról ríthábhachtach i gcomhairle a chur ar chlubanna sna réimsí seo: pleanáil, meastóireacht, agus caighdeáin agus beartais rialachais a fhorbairt. Tacaíonn sé sin leis an obair agus cabhraíonn sé le clubanna feabhsúcháin a dhéanamh ar mhaithe le baill a mhealladh agus a choinneáil.



***An Clár um Peil Ghaelach do Chailíní, 2019***

**Cúrsaí agus Ceardlanna Oiliúna agus Oideachais**
Soláthraíonn Comhpháirtíochtaí Áitiúla Spóirt lear deiseanna tábhachtacha uasoiliúna agus oiliúna ar leibhéal áitiúil d'oibrithe deonacha, do chóitseálaithe agus do riarthóirí:

- Rinne Comhpháirtíocht Spóirt Chontae Cheatharlach 28 gcinn de chúrsaí, ceardlanna agus seimineáir oiliúna agus oideachais a phleanáil agus a sholáthar i gcomhar lena gníomhaireachtaí comhpháirtíochta

- Ghlac 399 nduine ó 225 cinn de chlubanna agus de ghrúpaí pobail páirt sna cúrsaí oiliúna agus na ceardlanna sin

| Ainm an Chúrsa | An Líon Cúrsaí | An Líon Rannpháirtithe |
|---|---|---|
| Cumhdach 1 | 12 | 180 |
| Cumhdach 2 | 3 | 37 |
| Cumhdach 3 | 2 | 18 |
| Garchabhair Spóirt | 2 | 25 |
| Ceardlann ar Ghrinnfhiosrúchán an Gharda Síochána | 1 | 7 |
| An Rialachán Ginearálta maidir le Cosaint Sonraí | 1 | 9 |
| Leibhéal 3 REC | 1 | 14 |
| Treodóireacht | 2 | 33 |
| Uathachas sa Spórt | 3 | 64 |
| Oiliúint do Theagascóirí Daoine faoi Mhíchumas le Cycle Right | 1 | 12 |
| Iomlán | 28 | 399 |

***Tábla 2: Achoimre ar Oiliúint 2019***

**Cláir de chuid Spórt Éireann a Sholáthar**

**Cláir um Leas agus Cosaint Leanaí a Chumhdach**
Dírítear sa chlár Cumhdaigh ar cheannairí spóirt agus ar aosaigh a bhfuil baint acu le spórt a eagrú do dhaoine óga chun beartais agus nósanna imeachta um chosaint agus leas leanaí a chur chun cinn. Tá trí chéim i gceist leis an gclár iomlán:

**Cumhdach 1 – Cúrsa Bunfheasachta um Leas agus Cosaint Leanaí**
Ní mór do gach Cóitseálaí, Oifigeach Leanaí agus Teagmhálaí Ainmnithe an Cúrsa Bunfheasachta um Leas agus Cosaint Leanaí a chur i gcrích ar dtús. Maireann an cúrsa trí huaire an chloig. Tugtar eolas do rannpháirtithe sa chúrsa seo faoin dea-chleachtas a chur chun feidhme maidir le leas na leanaí a ghlacann páirt sa spórt a chosaint.

**Cumhdach 2 – Oifigeach Leanaí Club**
Ní mór do dhuine a cheaptar chuig post an Oifigigh Leanaí Club i gclub ar leith Cumhdach 1 – Cúrsa Bunfheasachta um Leas agus Cosaint Leanaí a chur i gcrích agus páirt a ghlacadh ina dhiaidh sin i gceardlann Oifigeach Leanaí Club a mhaireann trí huaire an chloig. Leis an gcúrsa sin, cabhraítear leis an Oifigeach Leanaí Club feidhm a róil sa chlub a chomhlíonadh agus tacú leis an dea-chleachtas a chur chun feidhme sa chlub. Faigheann na rannpháirtithe doiciméad Pleanála Gníomhaíochta d’Oifigigh Leanaí Club mar chuid den oiliúint.

**Cumhdach 3 – Teagmhálaí Ainmnithe**
Ní mór do dhuine a cheaptar chuig post an Teagmhálaí Ainmnithe i gclub ar leith Cumhdach 1 – Ceardlann Bunfheasachta um Leas agus Cosaint Leanaí a chur i gcrích agus páirt a ghlacadh ina dhiaidh sin i gceardlann Teagmhálaithe Ainmnithe a mhaireann trí huaire an chloig. Féadfaidh club an t-aon duine amháin a cheapadh chuig post an Oifigigh Leanaí Club agus chuig post an Teagmhálaí Ainmnithe araon. Mar sin féin, moltar sa dea-chleachtas go gcoinneofaí iad mar róil leithleacha.

**Oifigeach Leanaí Club**
Ba cheart don Oifigeach Leanaí Club díriú ar an leanbh ina chuid oibre agus tús áite a thabhairt d’éiteas atá bunaithe ar an leanbh a bhunú laistigh den chlub. Is é an tOifigeach an

nasc idir na leanaí agus na haosaigh sa chlub. Glacann an tOifigeach freagracht freisin as faireachán a dhéanamh ar an dóigh a dtéann beartais an chlub i bhfeidhm ar dhaoine óga agus ar cheannairí spóirt agus as tuairisc a thabhairt do Choiste Bainistíochta an Chlub ina leith.

**Teagmhálaí Ainmnithe**

Ba cheart do gach club agus gach eagraíocht duine a ainmniú a bheidh freagrach as déileáil le haon ábhair imní faoi chosaint leanaí. Tá an Teagmhálaí Ainmnithe freagrach as líomhaintí nó amhrais ó thaobh mí-úsáid leanaí de a thuairisciú do TUSLA - An Ghníomhaireacht um Leanaí agus an Teaghlach agus/nó don Gharda Síochána. Moltar gur dhuine sinsearach sa chlub é an duine sin. Mar sin féin, má bhíonn deacracht ann duine ar leith a d'fhéadfadh tabhairt faoin ról sin a shainaithint, féadfar an tOifigeach Leanaí Club a cheapadh mar Theagmhálaí Ainmnithe a luaithe a thugann an club/an eagraíocht faisnéis shoiléir faoi fhreagrachtaí gach róil. Ba cheart ainm agus sonraí teagmhála an Teagmhálaí Ainmnithe agus na freagrachtaí a ghabhann leis an ról a chur ar áireamh sa bheartas agus sna nósanna imeachta um chosaint leanaí atá i bhfeidhm ag an eagraíocht.

Sa bhliain 2019, ghlac 180 duine de cheannairí spóirt agus de chóitseálaithe cúrsaí oiliúna Cumhdach 12 i gcrích, ar cúrsaí iad ar eagraigh Comhpháirtíocht Spóirt Chontae Cheatharlach iad. D'fhreastail 37 n-oibrí dheonacha ar an oiliúint leantach d'Oifigigh Leanaí i dtrí chúrsa ar leith. Rinne 18 nduine díobh cúrsa oiliúna Cumhdach 3 – Teagmhálaí Ainmnithe a chur i gcrích.

| Ainm an Chúrsa | An Líon Cúrsaí | An Líon Rannpháirtithe |
|---|---|---|
| Cumhdach 1 | 12 | 180 |
| Cumhdach 2 | 3 | 37 |
| Cumhdach 3 | 2 | 18 |
| **Iomlán** | **17** | **235** |

***Tábla 3: Miondealú ar aschuir na hoiliúna i gCumhdach Leanaí***



*Oiliúint CARA maidir le Feasacht ar Mhíchumas, 2019*

**Tionscnaimh Rannpháirtíochta**

Is é an toradh atá ar chláir spriocdhírithe a bheith á ndearadh, á soláthar agus á n-athbhreithniú ag Comhpháirtíocht Spóirt Chontae Cheatharlach ná go méadaítear leibhéal na rannpháirtíochta áitiúla go díreach, go háirithe i measc na ngrúpaí sóisialta is dorochtana. Baineann an Chomhpháirtíocht Áitiúil Spóirt leas as saineolas áitiúil agus naisc áitiúla laistigh den bhonneagar spóirt chun riachtanais shonracha a shainaithint agus pleanáil dá réir. Sa bhliain 2019, lean Comhpháirtíocht Spóirt Chontae Cheatharlach ar aghaidh ag soláthar raon nuálach clár rannpháirtíochta:

- Ghlac 3,985 dhuine páirt i 30 clár rannpháirtíochta a soláthraíodh ar leibhéal áitiúil
- Díobh sin, ghlac 419 nduine faoi mhíchumas páirt i gcláir agus tionscnaimh de chuid Chuimsiú Míchumais i Spórt

| Ainm an Chláir/an Tionscnaimh/an Ghnímh | Rannpháirtithe |
|---|---:|
| Peil Ghaelach do Chailíní | 90 |
| Snámh ar feadh Míle (Mná amháin) | 22 |
| Cairde Bugaí | 20 |
| Seachtain na Rothar | 60 |
| Lá Súgartha | 1000 |
| Siúlóid Shlí na Bearú | 135 |
| Uair Snámha a thacaíonn le Daoine a bhfuil Uathachas orthu | 20 |
| Club Cuimsitheach Spóirt de chuid Chumann Cathaoireacha Rothaí na hÉireann | 25 |

| | |
|---|---|
| Galf Cuimsitheach | 32 |
| Spóirt Uisce Chuimsitheacha | 39 |
| Campaí Cásca agus Samhraidh | 90 |
| Ióga Cuimsitheach | 45 |
| Clár Cuimsitheach na gCeann-Eagraíochtaí Rialaithe Náisiúnta do Dhaoine faoi Mhíchumas | 25 |
| Uathachas sa Spórt | 79 |
| Cúl Camp Kellogg's de chuid CLG | 24 |
| Snámh ar feadh Míle | 46 |
| Snámh ar feadh Míle | 50 |
| Sacar do Thaistealaithe | 8 |
| Lúthchleasaíocht Halla Spóirt | 140 |
| Peil Shiúil | 30 |
| Na Cluichí 'Beir Beo ar an Saol' | 18 |
| Siúlóid Operation Transformation | 200 |
| Club Ilghníomhaíochta | 68 |
| Siúlóid Shlí na Bearú | 74 |
| Campa Foghlama Rothaíochta | 41 |
| Ócáid Treodóireachta | 200 |
| Ócáidí Sheachtain na Rothar | 1015 |
| Aclaíocht Pobail Éire Shláintiúil | 51 |
| Spóirt Uisce Sheirbhísí Réigiúnacha Óige Cheatharlach | 298 |
| **An líon iomlán rannpháirtithe** | **3985** |

***Tábla 4: Miondealú ar na Cláir ar sholáthair Ceatharlach iad sa bhliain 2019***

**Catagóiriú Thionscnaimh na Comhpháirtíochta Áitiúla Spóirt**

Is é an toradh atá ar chláir spriocdhírithe a bheith á ndearadh, á soláthar agus á n-athbhreithniú ag Comhpháirtíocht Spóirt Chontae Cheatharlach ná go méadaítear leibhéal na rannpháirtíochta áitiúla go díreach, go háirithe i measc na ngrúpaí sóisialta is dorochtana. Baineann Comhpháirtíocht Spóirt Chontae Cheatharlach leas as saineolas áitiúil agus naisc áitiúla laistigh den bhonneagar spóirt chun riachtanais shonracha a shainaithint agus pleanáil dá réir. Sa bhliain 2019, lean Comhpháirtíocht Spóirt Chontae Cheatharlach ar aghaidh ag soláthar raon nuálach clár rannpháirtíochta. Féach achoimre nó catagóirí cláir thíos.

- **Cláir Chomhpháirtíocht Spóirt Chontae Cheatharlach**
  Is é an sainmhíniú atá orthu ná deiseanna rannpháirtíochta faid shocraithe a mhaireann tréimhse is mó ná seisiún nó dhó. Is gnách go soláthraítear iad thar roinnt seachtainí nó laethanta neamh-chomhleanúnacha e.g. Cluichí 'Beir Beo ar an Saol'.
- **Ócáidí Chomhpháirtíocht Spóirt Chontae Cheatharlach**
  Is é an sainmhíniú atá orthu ná ócáidí rannpháirtíochta faid shocraithe a

mhaireann lá amháin de ghnáth. Is gnách go socraíonn rannpháirtithe sprioc chun dul isteach san ócáid agus tabhairt faoi roinnt oiliúna nó go dteastaíonn bunaclaíocht nó bunscileanna uathu chun páirt a ghlacadh inti e.g. rití 5 km, ócáidí rothaíochta, etc.

- **Blas-seisiúin Chomhpháirtíocht Spóirt Chontae Cheatharlach**
  Is é an sainmhíniú atá orthu ná deiseanna rannpháirtíochta aonuaire nach mó ná eispéireas aonair, cé go bhféadfadh go mbeadh treorú chuig deiseanna níos fadtéarmaí ag gabháil leo. Is gnách nach dteastaíonn aon oiliúint roimh ré agus beagán scile/aclaíochta roimhe ó rannpháirtithe chun páirt a ghlacadh inti e.g. laethanta spraoi, Oícheanta 'Bí Gníomhach', ócáidí teaghlaigh agus seachtainí cur chun cinn, etc.
- **Campaí Chomhpháirtíocht Spóirt Chontae Cheatharlach**
  Is é an sainmhíniú atá orthu ná campaí lena dtairgtear deiseanna rannpháirtíochta spóirt i spórt ar leith nó i roinnt spórt. Is gnách go maireann siad tréimhse is lú ná seachtain e.g. Campa Cuimsithe Spóirt, Campa Foghlama Rothaíochta, etc.
- **Cláir de chuid na gCeann-Eagraíochtaí Rialaithe Náisiúnta**
  Is é an sainmhíniú atá orthu ná deiseanna rannpháirtíochta mar a bhfuil Ceann-Eagraíocht Rialaithe Náisiúnta ar an bpríomhsholáthraí don tionscnamh. Is féidir go bhfaightear tacaíocht agus acmhainní ina leith ó Chomhpháirtíocht Spóirt Chontae Cheatharlach e.g. Campa Cuimsitheach CLG, Foireann Chuimsitheach na mBeach Rugbaí, etc.

CARLOW OUTDOOR ADVENTURE HUB

THE CARLOW OUTDOOR ADVENTURE HUB PROGRAMME IS SUPPORTED BY
**CARLOW SPORTS PARTNERSHIP & CARLOW REGIONAL YOUTH SERVICES AND FUNDED THROUGH SPORT IRELAND AND THE DORMANT ACCOUNTS FUND**

**Age 11-18 years**
**Participants must be able to swim**

- Limited number of places per session.
- No walk in's available. Must be booked in advance @ Carlow Regional Youth Service's Reception, Montgomery House, Athy Road, Carlow Tel: 059 9130476
- Parental consent is required for all participants
- All equipment will be provided
- Kayak & SUP. Wear swim gear and bring 2nd pair of runners and a towel
- Rowing: Bring a packed lunch
- Arrive 15 minutes prior to start time

| Activity | Date | Time | Cost |
|---|---|---|---|
| Kayaking | Wednesday 7th August | 10am- 12pm | €5 |
| Kayaking | Wednesday 7th August | 1pm – 3pm | €5 |
| Kayaking | Wednesday 14th August | 10am- 12pm | €5 |
| Kayaking | Wednesday 14th August | 1pm – 3pm | €5 |
| Kayaking | Wednesday 21st August | 10am- 12pm | €5 |
| Kayaking | Wednesday 21st August | 1pm – 3pm | €5 |
| Rowing | Tuesday 6th August | 10am – 3pm | €5 |
| Rowing | Thursday 8th August | 10am – 3pm | €5 |
| Rowing | Monday 12th August | 10am – 3pm | €5 |
| Rowing | Tuesday 13th August | 10am – 3pm | €5 |
| Rowing | Thursday 15th August | 10am – 3pm | €5 |
| Rowing | Monday 19th August | 10am – 3pm | €5 |
| Rowing | Tuesday 20th August | 10am – 3pm | €5 |
| Rowing | Thursday 22nd August | 10am – 3pm | €5 |
| Stand Up Paddle Boarding | Friday 16th August | 10am – 12pm | €5 |
| Stand Up Paddle Boarding | Friday 16th August | 1pm – 3pm | €5 |
| Stand Up Paddle Boarding | Monday 19th August | 10am – 12pm | €5 |
| Stand Up Paddle Boarding | Monday 19th August | 1pm – 3pm | €5 |
| Stand Up Paddle Boarding | Tuesday 20th August | 10am – 12pm | €5 |
| Boat Trip | Wednesday 14th August | 11am – 12pm | €5 |
| Boat Trip | Wednesday 14th August | 1pm – 2pm | €5 |
| Boat Trip | Friday 16th August | 11am – 12pm | €5 |
| Boat Trip | Friday 16th August | 1pm – 2pm | €5 |
| Boat Trip | Wednesday 21st August | 11am – 12pm | €5 |
| Boat Trip | Wednesday 21st August | 1pm – 2pm | €5 |
| Boat Trip | Friday 23rd August | 11am – 12pm | €5 |
| Boat Trip | Friday 23rd August | 1pm – 2pm | €5 |
| Fishing | Monday 12th August | 3pm – 5pm | €2 |
| Fishing | Friday 16th August | 3pm – 5pm | €2 |
| Fishing | Monday 19th August | 3pm – 5pm | €2 |
| Fishing | Friday 23rd August | 3pm – 5pm | €2 |



County Carlow Local Sports Partnership · CARLOW COUNTY COUNCIL · carlow tourism · Carlow Regional Youth Service · ciste na gcuntas díomhaoin the dormant accounts fund · SPORT IRELAND · Waterways Ireland

***Sceideal Spórt Uisce Chomhpháirtíocht Spóirt Chontae Cheatharlach agus Sheirbhísí Réigiúnacha Óige Cheatharlach, 2019***




***Seisiúin chuimsitheacha spórt uisce do dhaoine faoi mhíchumas i bPáirc Bhaile Cheatharlach***





***Cadhcáil á blaiseadh ag déagóirí i bPáirc Bhaile Cheatharlach***

**Tionscnaimh de chuid na Comhpháirtíochta Áitiúla Spóirt a Soláthraíodh sa bhliain 2019**

Le linn na bliana 2019, d’oibrigh Comhpháirtíocht Spóirt Chontae Cheatharlach i gcomhar le grúpaí éagsúla spóirt chun deiseanna a thabhairt dá spriocphobal páirt a ghlacadh iontu. Léirítear san íomhá seo a leanas na spóirt éagsúla ar thug rannpháirtithe fúthu agus iad ag glacadh páirt i dtionscnaimh rannpháirtíochta sa bhliain 2019. Ba iad rothaíocht, siúl agus snámh/spóirt uisce na trí spórt ba mhó éileamh sa bhliain 2019. Ghlac 1,116 dhuine páirt i ngníomhaíochtaí rothaíochta, ghlac 409 nduine páirt i ngníomhaíochtaí siúil agus ghlac 312 dhuine páirt i ngníomhaíochtaí snámha agus spórt uisce.

## Comhpháirtíochtaí a Thógáil agus a Chothú

### Soláthar Faisnéise

Gníomhaíonn Comhpháirtíocht Spóirt Chontae Cheatharlach mar mhol faisnéise agus mar phointe teagmhála laistigh de phobail. Oibríonn Comhpháirtíocht Spóirt Chontae Cheatharlach chun faisnéis a chomhroinnt agus chun a spriocghrúpaí a threorú agus a atreorú chuig an gcéad chéim is oiriúnaí eile, bíodh nasc le club spóirt, le heagraíocht phobalbhunaithe nó le deis oibre deonaí i gceist léi.

Bailíonn Comhpháirtíocht Spóirt Chontae Cheatharlach faisnéis leanúnach maidir le cineál agus méid a gcuid oibre chun faisnéis a thabhairt dá bpobal agus chun a gcuid gníomhaíochtaí agus clár a phróifíliú.

Baineann Comhpháirtíocht Spóirt Chontae Cheatharlach úsáid as raon leathan ardán cumarsáide, lena n-áirítear asraonta meán traidisiúnta agus asraonta meán sóisialta araon.

Chomh maith leis sin, glacann Comhpháirtíocht Spóirt Chontae Cheatharlach páirt ghníomhach in acmhainní sonracha a fhorbairt chun béim a leagan ar na gníomhaíochtaí agus na deiseanna éagsúla atá ar fáil sa cheantar áitiúil agus chun iad a chur chun cinn. Is féidir é sin a dhéanamh trí nuachtlitreacha, preaseisiúintí, leabhráin, eolairí agus liostaí teagmhálaithe ríomhphoist a chur le chéile.

Cuireann Comhpháirtíocht Spóirt Chontae Cheatharlach a cuid oibre chun cinn trí thuarascálacha bliantúla amhail an doiciméad seo freisin. Baintear úsáid as foilseacháin agus láithreoireachtaí taighde go rialta chun eochairtheachtaireachtaí a scaipeadh maidir le rannpháirtíocht. Sa bhliain 2019, soláthraíodh 14 láithreoireacht do gheallsealbhóirí áitiúla.

***Rannpháirtithe i bPeil Siúil, 2019***



***Seisiúin sheachtainiúla in dhá láthair i mBaile Cheatharlach agus ar an Tulach, mar aon le hanailís tar éis an chluiche!***



**2.7 Líonrú, Tathant agus Múscailt Feasachta**

Réimse tábhachtach oibre do Chomhpháirtíocht Spóirt Chontae Cheatharlach is ea comhghuaillíochtaí agus caidreamh a thógáil le comhpháirtithe áitiúla agus náisiúnta agus na príomhábhair imní ó thaobh beartais de a chur in iúl. Chun an snáithe sin dá cuid oibre a chomhlíonadh, glacann Comhpháirtíocht Spóirt Chontae Cheatharlach páirt ghníomhach in obair choiste agus i ngníomhaíochtaí líonrúcháin ar leibhéal áitiúil agus ar leibhéal náisiúnta araon. Sa bhliain 2019, ghlac Comhpháirtíocht Spóirt Chontae Cheatharlach páirt i naoi ngníomh coiste áitiúla, réigiúnacha agus náisiúnta a raibh i gceist leo líonraí a thógáil agus tathant a dhéanamh thar ceann a spriocghrúpaí.

Is é atá i gceist leis na líonraí áitiúla agus náisiúnta ná go dtugtar clubanna spóirt, gníomhaireachtaí reachtúla agus neamhreachtúla, oibrithe deonacha agus comhpháirtithe oibre eile le chéile agus go soláthraítear deiseanna comhpháirtíochta lena ndéantar difear do spórt agus do ghníomhaíocht fhisiciúil ar leibhéal contae agus náisiúnta agus lena gcuirtear acmhainní ar fáil dóibh sin.

Is é an toradh atá ar na gníomhartha líonrúcháin agus múscailte feasachta sin ná go bhfreastalaíonn Comhpháirtíocht Spóirt Chontae Cheatharlach ar níos mó daoine agus go bpróifílítear an obair leanúnach. Anuas air sin, baintear leas astu chun comhairle agus moltaí a fháil maidir leis na nithe is féidir le Comhpháirtíocht Spóirt Chontae Cheatharlach a dhéanamh chun cabhrú le clubanna spóirt agus le comhpháirtithe.

Is é an toradh atá ar ghníomhartha i réimse an tathanta agus an bheartais ná go gcuirtear ar chumas Chomhpháirtíocht Spóirt Chontae Cheatharlach tábhacht an spóirt i saol an phobail a chur chun cinn.

**Rannpháirtíocht Comhpháirtíochta**

Tá sé mar aidhm ag Comhpháirtíocht Spóirt Chontae Cheatharlach deiseanna spóirt agus gníomhaíochta fisiciúla a threorú agus a chomhordú ar leibhéal áitiúil. Sa bhliain 2019, sholáthair baill foirne lárnacha agus baill foirne ar conradh de chuid Chomhpháirtíocht Spóirt Chontae Cheatharlach 20 tionscnamh. Sholáthair grúpaí pobail, clubanna, ceann-eagraíochtaí rialaithe náisiúnta, oibrithe deonacha agus comhpháirtithe eile 10 dtionscnamh.




***Ócáid Staid Rothaíochta Sráide chun Seachtain na Rothar 2019 a cheiliúradh***




***Seó Éachtaí Rothaíochta BMX do Sheachtain na Rothar 2019***

**Na Chéad Chéimeanna Eile den Obair atá á Déanamh ag Comhpháirtíocht Spóirt Chontae Cheatharlach ar an mBeartas Náisiúnta Spóirt a Sholáthar**

Sheol an Roinn Iompair, Turasóireachta agus Spóirt an Beartas Náisiúnta Spóirt 2018-2027 an 25 Iúil 2018. Tá sé mar aidhm leis an mBeartas Náisiúnta Spóirt an rannpháirtíocht sa spórt in Éirinn a mhéadú ó 43% go 50% faoin mbliain 2027, figiúr atá coibhéiseach le méadú 1% in aghaidh na bliana. Chun an méid sin a bhaint amach, leagtar béim sa bheartas ar an ngá atá ann le dul i ngleic le grádáin rannpháirtíochta ach spriocdhíriú ar ghrúpaí inár sochaí ar lú go mór a rannpháirtíocht ná an meán foriomlán. Áirítear leo sin daoine faoi mhíchumas, daoine ó chúlraí socheacnamaíocha ísle, mná agus cailíní, agus grúpaí mionlaigh eitnigh, amhail an Lucht Taistil.

Is é seo fís an Bheartais Náisiúnta Spóirt le haghaidh rannpháirtíochta:

‘De thoradh a rannpháirtíochta gníomhaí nó sóisialta féin sa spórt, beidh inspioráid ag daoine, saibhreofar a saol, breiseofar a dtaitneamh, agus feabhsófar caighdeán a mbeatha’

Leagtar 15 ghníomh a bhaineann go sonrach le rannpháirtíocht amach sa Chaibidil ar Rannpháirtíocht den Bheartas Náisiúnta Spóirt: Ceann de na príomhghníomhartha is ea Gníomh 8 thíos.

Gníomh 8:

Bunóimid, trí Spórt Éireann, tionscnamh chun tacú le hÚdaráis Áitiúla le Pleananna Áitiúla Spóirt a fhorbairt a thiocfaidh le fís is le cuspóirí foriomlána an Bheartais Náisiúnta Spóirt seo. Leis an bPlean Áitiúil, déanfar athbhreithniú ar riachtanais agus leagfar gníomhartha amach chun rannpháirtíocht a mhéadú go háitiúil. Forbrófar agus cuirfear é i ngníomh i gcomhar le CÁSanna, clubanna, pobail agus páirtithe laistigh agus lasmuigh den saol spóirt.

Oibreoidh Comhpháirtíocht Spóirt Chontae Cheatharlach i ndlúthchomhar le Comhairle Contae Cheatharlach agus le geallsealbhóirí tábhachtacha eile chun plean den sórt sin a chur le chéile idir an gearrthéarma agus an meántéarma. Tá sé beartaithe go mbeidh an creat iomlánaíoch sin ina threochlár comhtháite le haghaidh fhorbairt an spóirt sa Chontae sa todhchaí.

**An Acmhainn chun Soláthair a Fhorbairt**

Cuid bhunriachtanach de Ghníomhartha an Bheartais Náisiúnta Spóirt a sholáthar is ea an acmhainn chun soláthair atá ag an earnáil spóirt a mhéadú, go háirithe comhpháirtíochtaí amhail Comhpháirtíocht Spóirt Chontae Cheatharlach agus na Ceann-Eagraíochtaí Rialaithe Náisiúnta Spóirt beaga. A bhuí le méadú san infheistíocht ón Rialtas sa bhliain 2019, tá Spórt Éireann in ann acmhainn agus cumas na gComhpháirtíochtaí Áitiúla Spóirt a mhéadú. Den chéad uair riamh, tá bunchistiú 100% ag Comhpháirtíocht Spóirt Chontae Cheatharlach le haghaidh ceathrar ball foirne lánaimseartha, eadhon:

- Comhordaitheoir Chomhpháirtíocht Spóirt Chontae Cheatharlach
- Riarthóir Chomhpháirtíocht Spóirt Chontae Cheatharlach
- Oifigeach Forbartha um Chuimsiú Spóirt
- Oifigeach Forbartha um Spórt Pobail

Cuirtear de chúram sonrach ar an Oifigeach Forbartha um Chuimsiú Spóirt

obair le daoine faoi mhíchumas agus leis na ceann-eagraíochtaí rialaithe náisiúnta spóirt do dhaoine faoi mhíchumas. Cuirtear de chúram ar an Oifigeach Forbartha um Spórt Pobail obair le pobail faoi mhíbhuntáiste, grúpaí mionlaigh agus spóirt bheaga agus ceann-eagraíochtaí rialaithe náisiúnta nach bhfuil líonra oifigeach forbartha réigiúnaí acu.

De bhreis air sin, bhí Comhpháirtíocht Spóirt Chontae Cheatharlach in ann infheistíocht ó Chiste na gCuntas Díomhaoin a úsáid chun Comhordaitheoir Moil Spóirt Pobail a earcú do cheantar Pháirc Bhaile Cheatharlach agus do Mhuine Bheag.

Má bhítear chun cuspóirí an Bheartais Náisiúnta Spóirt a bhaint amach, baineann ríthábhacht le tacaíocht agus infheistíocht leantach ón Rialtas.

**An Tionchar a Thaispeáint**

Cuid ríthábhachtach d’fhís an Bheartais Náisiúnta Spóirt a bhaint amach is ea acmhainn Chomhpháirtíocht Spóirt Chontae Cheatharlach chun tionchar a gcuid clár agus tionscnamh a mheas, agus treoir á fáil aici ó Spórt Éireann. Tá Comhpháirtíocht Spóirt Chontae Cheatharlach tiomanta do chórais mheastóireachta den sórt sin a fhorbairt agus a chur chun cinn agus rinneadh an-dul chun cinn ina leith sin sa bhliain 2019. Dírítear san obair meastóireachta ar na ceisteanna seo a fhreagairt: cad a bhfuil ag éirí leis, cé dó a bhfuil ag éirí leis agus cé na dálaí faoina bhfuil ag éirí leis. Bainfear leas as uirlisí cainníochtúla agus uirlisí cáilíochtúla araon chun a thuiscint cad a bhfuil ag éirí leis nuair atáthar ag iarraidh daoine a spreagadh saol gníomhach a bheith acu, cé dó a bhfuil ag éirí leis agus cé na dálaí faoina bhfuil ag éirí leis. Cuirfear na ceisteanna uileghabhálacha sin san áireamh sna meastóireachtaí uile a dhéanfar ar ghníomhaíochtaí Chomhpháirtíocht Spóirt Chontae Cheatharlach.

Ag teacht sna sála ar threoirthionscnamh, ghlac Spórt Éireann an beart féintuairisciúcháin a bhfuil bailíocht idirnáisiúnta aige, mar atá an cheist mhíre aonair, chun leibhéil ghníomhaíochta fisiciúla na rannpháirtithe a thomhas. Beidh Comhpháirtíocht Spóirt Chontae Cheatharlach ag glacadh an chreata meastóireachta sin ar fud na gclár rannpháirtíochta uile sa bhliain 2020 agus úsáidfear bearta cáilíochta ansin chun na treochtaí a ghinfear ó na sonraí sin a fhiosrú tuilleadh. Beidh an t-éiceachóras meastóireachta sin ar an mbonn le cinntí a bhaineann le dearadh clár agus cinntí a bhaineann le sruthanna infheistíochta straitéisí/cistiúcháin straitéisigh ar leibhéal náisiúnta agus ar leibhéal áitiúil.

**Tugann Sean O'Brien, an tAoi Speisialta, cuairt ar Champa Cuimsitheach Gníomhaíochta Chomhpháirtíocht Spóirt Chontae Cheatharlach, 2019, in Institiúid Teicneolaíochta Cheatharlach**




***Campa Cuimsitheach Samhraidh in Institiúid Teicneolaíochta Cheatharlach, 2019***



**Cúl Camp Cuimsitheach Kellogg's de chuid Chomhpháirtíocht Spóirt Chontae Cheatharlach agus CLG Cheatharlach, 2019**



***Club Gníomhaíochta Chomhpháirtíocht Spóirt Chontae Cheatharlach agus Chumann Cathaoireacha Rothaí na hÉireann, 2019***





# TUARASCÁIL BHLIANTÚIL - 2019

**Seirbhís Leabharlainne
Chomhairle Contae
Cheatharlach**

Leabharlann Chontae Ceatharlach

Carlow County Library

# CLÁR ÁBHAR


| | | |
|---|---|---|
| **1.** | Eolas | 02 |
| **2.** | Fíricí agus Figiúirí | 03 |
| **3.** | Léitheoireacht agus Litearthacht | 04 |
| **4.** | Foghlaim agus Faisnéis | 06 |
| **5.** | An Pobal agus an Cultúr | 08 |
| **6.** | Tionscadail Speisialta | 10 |
| **7.** | Cúrsaí Foirne agus Oiliúint | 11 |

**EOLAS**
**Seirbhís Leabharlainne Contae Cheatharlach**

Ár bPointí Seirbhíse:

Leabharlann Cheatharlach

Leabharlann na Tulaí

Leabharlann Mhuine Bheag agus *Mo Leabharlann Oscailte*

Leabharlann na Buiríse

Staidéar Áitiúil agus Cartlann an Chontae

Ar líne ag:
Gréasán: www.carlowlibraries.ie
FB: Carlowcountylibrary Tw: @carlowlibraries

Is é atá i Seirbhís Leabharlainne Chomhairle Contae Cheatharlach ná líonra ceithre leabharlann ina gcomhchruinníonn daoine de gach aois go héasca chun eolas, faisnéis agus taitneamh saoil a shaothrú. Soláthraíonn leabharlanna i gCeatharlach seirbhís ar a bhfuil an-tóir agus a n-úsáidtear go rímhinic do gach duine. Tugtar rochtain neamhchlaonta dhosáraithe ar eolas, ar fhaisnéis, ar chruthaitheacht agus ar an gcultúr iontu. Bhí an-éileamh ar sheirbhísí Sheirbhís Leabharlainne Contae Cheatharlach an athuair sa bhliain 2019.

Feidhmíonn Seirbhís Leabharlainne Contae Cheatharlach i bpobal Bhaile Cheatharlach, na Buiríse, na Tulaí agus Mhuine Bheag. B'ionann na huaireanta oscailte don bhliain 2019 agus 124 huaire sa tseachtain, a chuimsigh oícheanta malla agus oscailtí ar an Satharn. Tacaítear leis na leabharlanna brainse le feidhmeanna riaracháin Cheanncheathrú na Leabharlainne óna n-oibríonn an tseirbhís Staidéir Áitiúil agus Ginealais freisin. Tá an tseirbhís Staidéir Áitiúil ar fáil don phobal 35 huaire sa tseachtain. Tá Ginealeolaí tiomnaithe ar fáil dhá lá sa tseachtain ach coinne a dhéanamh. Is comhaontú comhpháirtíochta é sin le Fondúireacht Stair Teaghlaigh na hÉireann.

Oibríonn Seirbhís Leabharlainne Cheatharlach i gcomhar le raon eagraíochtaí áitiúla agus náisiúnta a ligeann don leabharlann í féin a chur chun cinn mar spás inrochtana luachmhar atá ag déanamh teagmháil ghníomhach leis an bpobal. Lean an tseirbhís leabharlainne leis an gcur chuige comhoibríoch sin sa bhliain 2019 maidir le soláthar seirbhíse chun a chinntiú go meastar gur spás sóisialta agus ilúsáideach í an leabharlann do chách.



# Forbhreathnú ar Staitisticí



## Daoine:

Thug **172,856** dhuine cuairt ar leabharlanna Cheatharlach agus d'éirigh **2,502** dhuine ina mball.

## Eisiúintí Leabhar agus Míreanna:

Eisíodh **165,007** gcinn de leabhair agus de mhíreanna ilmheán i leabharlanna Cheatharlach.

## ríomh-Fhoghlaim:

**1,117** seisiún ríomhFhoghlama Teanga agus **1,361** seisiún ríomhFhoghlama

## ríomh-Léitheoireacht:


Íoslódáladh **2,342** ríomhLeabhar agus **2,717** ríomh-Chlosleabhar.

## Ar líne:

**62,933** chuairt ar www.carlowlibraries.ie agus úsáideadh Aip na Leabharlainne **3,595** huaire

# Staitisticí Cúrsaíochta

**Eisíodh 165,007 gcinn de leabhair agus de mhíreanna eile**



**Leabhair Neamhfhicsin d'Aosaigh**
**27,829**

**Closamharc agus Eile**
**16,864**

**Leabhair Ficsin d'Aosaigh**
**35,290**

**Leanaí agus an Óige:**
**85,024**

**Clár Straitéiseach Léitheoireacht agus Litearthacht**

Is é is an Ceart chun Léitheoireachta ann ná clár náisiúnta a bhfuil mar aidhm leis forbairt litearthachta agus léitheoireachta a chur chun cinn do gach duine, beag beann ar aois agus ar chúlra. Áirítear leis faoi láthair ceithre chlár náisiúnta a bhfuil mar aidhm leo léitheoireacht agus litearthacht leanaí a chur chun cinn. Áirítear leo sin:



### Léim isteach i Scéalta

Cuireadh seisiúin 'Léim isteach i Scéalta' ar siúl sna brainsí uile de chuid na leabharlainne i mí Aibreáin, mar aon le treoirchlár Spraoi Am Scéalaíochta ar lena linn a thug baill foirne leabharlainne cuairt ar

### Clár na Réaltaí Samhraidh

D'éirigh go geal le Dúshlán Léitheoireachta na Réaltaí Samhraidh. Fuair leanaí 34,554 leabhar ar iasacht le linn mhíonna an tsamhraidh agus chláraigh geall le 1,100 leanbh ó áiteanna ar fud an chontae dó.



### An Fhéile Leabhar do Leanaí

Is é Deireadh Fómhair Mí Fhéile na Leabhar do Leanaí agus, chun é sin a cheiliúradh, chuir Patrick Ryan, ar Scéalaí, Scríbhneoir agus Comhairleoir Taighde é, Ceardlanna Scéalaíochta ar siúl i ngach Brainse de chuid na Leabharlainne Contae.



### Am Teaghlaigh sa Leabharlann

Ar na hócáidí Am Teaghlaigh sa Leabharlann bhí Ceardlann agus Am Scéalaíochta Síofraí a reáchtáladh i gcomhpháirt le Seirbhísí Réigiúnacha Óige Cheatharlach, Carúil Nollag le Regina Hanley i Leabharlann na Tulaí agus Scéalaíocht le Bean Chéile Dhaidí na Nollag i Leabharlann Mhuine Bheag.

### Ninja Leabhar



**CLÁR ÁITIÚIL NUA:**

I mí Eanáir, seoladh Dúshláin Nua Léitheoireachta Ninja Scéalta agus Ninja Leabhar do leanaí réamhscoile agus do leanaí bunscoile. Bronnadh leabharmharc speisialta ar rannpháirtithe sna Dúshláin Ninja Scéalta agus Ninja Leabhar agus thuill siad crios (greamán) de dhath difriúil gach uair a thug siad cuairt ar an leabharlann. Bronnadh bonn deimhnithe Ninja Leabhar ar leanaí a bhain an crios dubh amach.

**Na Gradaim Bhéarla Shothuigthe**

Cuireadh Seirbhís Leabharlainne Contae Cheatharlach ar an ngearrliosta le haghaidh Gradam Béarla Shothuigthe de chuid na hÁisíneachta Náisiúnta Litearthachta d'Aosaigh as Straitéis Chomhairle Contae Cheatharlach um an gCeart chun Léitheoireachta. Tá sí ar an gcéad Seirbhís Leabharlainne riamh sa tír ar bronnadh an stampa Béarla Shothuigthe uirthi as a Straitéis um an gCeart chun Léitheoireachta. Is é aidhm an ghradaim ná luach saothair a thabhairt d'eagraíochtaí a dhéanann cumarsáid shoiléir agus a chuireann úsáid an Bhéarla Shothuigthe chun cinn san fhaisnéis ar fad a thugtar don phobal.

**Deimhnithe Ghradaim an Chirt chun Léitheoireachta**

I mí Dheireadh Fómhair, bhronn an tAire Seán Canney, an tAire Stáit le freagracht as Forbairt Pobail, Acmhainní Nádúrtha agus Forbairt Dhigiteach, Gradaim an Chirt chun Léitheoireachta ar John Shortall, Leabharlannaí an Chontae, agus ar Trish Nolan, Comhordaitheoir Cláir.

**Sráideanna Scéalta:**

Bhí tionscadal na Sráideanna Scéalta ar cheann de thrí thionscadal a fuair tacaíocht ón Roinn Forbartha Tuaithe agus Pobail faoi *Thacaí Leabharlainne do phobail atá imeallaithe, eisiata ón taobh sóisialta de agus faoi mhíbhuntáiste* agus ó Chomhairle Contae Cheatharlach. Dámhadh cistiú 75% de €17,400 do Sheirbhís Leabharlainne Chomhairle Contae Cheatharlach i mí Iúil. Úsáideadh €12,900 le haghaidh *Sráideanna Scéalta* a reáchtáil agus thug Comhairle Contae Cheatharlach an chuid eile i gcistiú meaitseála €4,300.

Tionscadal litearthachta teaghlaigh chun cabhrú le teaghlaigh i bpobail faoi mhíbhuntáiste a scileanna litearthachta a fheabhsú is ea *Sráideanna Scéalta*. Reáchtáladh an treoirthionscadal i gcomhar le trí ionad acmhainní teaghlaigh sa cheantar áitiúil, mar atá Ionad Seirbhísí Pobail Chaitríona, Ionad Acmhainní Teaghlaigh Mhuine Bheag agus Ionad Acmhainní Teaghlaigh Forward Steps, an Tulach.

Ba iad seo aidhmeanna an tionscadail:

- teaghlaigh a spreagadh léamh le chéile
- cabhrú le daoine nach n-úsáideann an leabharlann éirí ina mbaill den leabharlann phoiblí áitiúil agus tosú ar í a úsáid.

Ghlac ocht dteaghlach is fiche ó chúlraí difriúla páirt sa tionscadal rathúil seo. Ba mhór ag tuismitheoirí agus leanaí an tionscadal agus bhain siad taitneamh astu seo:

- léamh le chéile sa bhaile agus na leabhair a léadh a phlé,
- am a chaitheamh le chéile mar theaghlach,
- cuairt a thabhairt ar an leabharlann áitiúil – b'eispéireas fáilteach agus gan strus é, agus
- teacht le chéile gach seachtain ina ngrúpa chun sóisialú agus cairde nua a dhéanamh.

Déantar faisnéis mhionsonraithe, lena n-áirítear tuarascáil iomlán agus físeán, a chur ar fáil ag www.carlowlibraries.ie

Na chéad chéimeanna eile:

- Foinsí cistiúcháin a imscrúdú chun leanúint leis an gclár agus é a leathnú
- Leanúint le comhpháirtíochtaí leis na trí ionad lena mbaineann a thógáil agus a fheabhsú
- Na nithe a fhoghlaimímid a chomhroinnt le Seirbhísí Leabharlainne Poiblí na hÉireann, leis an nGníomhaireacht Bainistíochta Rialtais Áitiúil agus le comhlachtaí leasmhara eile chun tacú le cláir chomhchosúla a reáchtáil.

## Clár Straitéiseach
## Foghlaim agus Faisnéis

Tacaíonn Seirbhís Leabharlainne Contae Cheatharlach le foghlaim agus éascaíonn sí í, soláthraíonn sí rochtain ar fhaisnéis agus tacaíonn sí le scileanna nua a ghnóthú. Ról lárnach de chuid na seirbhíse is ea rochtain a sholáthar ar fhaisnéis agus daoine a threorú chuig na nithe a theastaíonn uathu. Dhá chlár atá á reáchtáil chun tacú le foghlaim agus le faisnéis iad seo:

### Work Matters

Tá Seirbhís Leabharlainne Contae Cheatharlach ag glacadh páirt sa chlár Work Matters ó bhí an bhliain 2015 ann. Is clár náisiúnta é anois agus tairgeann na leabharlanna poiblí uile in Éirinn seirbhísí tacaíochta gnó agus fostaíochta.
Áirítear leis an tSeirbhís Work Matters:

- Ballraíocht saor in aisce
- Treoir agus cabhair taighde
- Leabhair ghnó agus fostaíochta, irisleabhair, nuachtáin, tuarascálacha, fothaí sreinge
- ríomhLeabhair, ríomhFhuaim agus ríomhIrisí
- Ríomhairí pearsanta agus rochtain Idirlín
- Spás le haghaidh cruinnithe, staidéir agus taighde
- Foghlaim ar líne agus seirbhísí ag a bhfuil rochtain ar níos mó ná 500 cúrsa ríomhfhoghlama
- Priontáil, scanadh agus fótachóipeáil
- Ceardlanna, láithreoireachtaí agus deiseanna líonrúcháin
- Foghlaim teanga

### Éire Shláintiúil

Is é atá in Éire Shláintiúil ag do Leabharlann ná tionscnamh náisiúnta a bhfuil mar aidhm leis daoine a spreagadh athruithe dearfacha a dhéanamh chun a sláinte fhisiciúil agus a meabhairshláinte a fheabhsú, mar aon le tacaíocht agus faisnéis a chur ar fáil chun cabhrú le daoine roghanna níos sláintiúla a dhéanamh.

Glacann Seirbhís Leabharlainne Contae Cheatharlach páirt sa tionscnamh agus áirítear leis na seirbhísí a soláthraíodh faisnéis bhreisithe sláinte, áit a bhfuil leabhair, ríomhLeabhair, ríomhFhuaim agus ríomhIrisí maidir le saincheisteanna éagsúla amhail bia sláintiúil, aosú dearfach, agus sláinte agus folláine le linn na hóige.

Ba iad seo na hócáidí de chuid Éire Shláintiúil a reáchtáladh ar fud na leabharlann uile:

- Ceardlanna Tuismitheoireachta le Val Mulally ó Koemba Parenting
- Ceardlanna um Fhéinchúram do Thuismitheoirí le Jordane Marie, Teiripí Súgartha

## Crann na hInspioráide:


Is é is "Crann na hInspioráide" ann ná an toradh atá ar thionscadal comhoibríoch ocht mí a thosaigh i mí Lúnasa 2018 i Stiúideo agus Gailearaí Ionad Dolmen in Ospidéal Naomh Dympna. Ghlac seirbhísí meabhairshláinte Eagraíocht Cúram Sláinte Pobail an Oirdheiscirt de chuid FSS agus Seirbhísí Leabharlainne Contae Cheatharlach páirt sa tionscadal, le tacaíocht cúnamh deontais ó Chomhairle Contae Cheatharlach.

Tháinig an spreagadh taobh thiar den smaoineamh sin as gá níos mó le deis a thabhairt do na daoine sin atá ag téarnamh ó mheabhairghalar páirt a ghlacadh i dtionscadail phoiblí. Baineann dhá bhuntáiste leis sin, mar atá: cabhrú leo sin atá i mbun téarnaimh saothar fiúntach ealaíne a chruthú, rud a chuirfeadh lena scileanna ealaíne, agus teagmháil a dhéanamh leis an bpobal trí fhóram Leabharlann Contae Cheatharlach, a chuireann clár feasachta sláinte chun cinn ar bhonn leanúnach.

Tá Crann na hInspioráide bunaithe ar leagan fantaiseach den chrann darach, a gcreidtí i sean-Éirinn gurbh é 'Crann na hAithne' agus 'Rí na Foraoise' é. Dá bhrí sin, tá sé an-oiriúnach gur cuireadh crann na haithne isteach in áit a bhí lán d'eolas, le linn inspioráid, áthas agus compord a thabhairt do gach duine a théann i dteagmháil leis an dealbh fheidhmiúil seo. Is é an toradh atá ar an tionscadal ná méid ollmhór áthais, bróid agus muiníne, mar aon le braistint mhór gnóthachtála, do gach duine den 20 ealaíontóir a ghlacann páirt ann.

Tá barr tábla ar áireamh sa dealbh chrainn agus péinteáladh sióga agus créatúir fantaisíochta air de láimh. Dhear Mary Cassidy, ealaíontóir, na suíocháin agus rinne Patrick Walsh, déantóir troscáin ó Mhuileann an tSáile, Co. Loch Garman, i bhfuinseog Éireannach iad. Fuarthas cabhair le haghaidh na hoibre adhmaid ó Danny Byrne ó Declan Byrne & Sons, Soláthraithe Adhmaid ar an nGráig i gCeatharlach. Tá an dealbh í féin déanta as ábhair éagsúla. Áirítear leo sin ábhair athchúrsáilte amhail cumhdach bolgóideach agus cairtchlár, clár snáithíneach meándlúis (SMD), adhmad, mogalra sreinge, éadach cadáis, laitéis, aicéatáit pholaivinile agus péint aicrileach. Cuireadh an bhailchríoch uirthi le heagar dathannach iontach atá comhdhéanta de 550 ní, lena n-áirítear duilleoga darach cadáis feilte, dearcáin, éin, iora atá ag ithe dearcáin, smólach a bhfuil nead uibheacha aige agus lear carachtar beag eile feilte a rinneadh de láimh agus atá folaithe sna craobhacha.





**Clár Straitéiseach An Pobal agus an Cultúr**

Tá an leabharlann i lár na gníomhaíochta pobail agus cultúir, ag gníomhú di mar ní a bhrúnn an tsamhlaíocht chun cinn, a spreagann agus a ghríosaíonn an chruthaitheacht i measc daoine aonair agus pobal agus a thacaíonn leis an éagsúlacht. Is áiteanna atá saor in aisce, oscailte, daonlathach agus fáilteach do chách iad leabharlanna.

## Seirbhísí Ceoil:

Sheol Seirbhís Leabharlainne Contae Cheatharlach an Pianó Pobail nua i Seomra GB Shaw i Leabharlann Lárnach Cheatharlach i mí Eanáir 2019. Ní bheifí in ann é a chur leis an tseirbhís leabharlainne mura rud é nach bhfuarthas deontas 75% ó Líonra Ceoil Éireann, le cistiú ón Roinn Cultúir, Oidhreachta agus Gaeltachta, mar chuid dá Scéim Caipitil Ceoil. Fuarthas cistiú meaitseála ó Chomhairle Contae Cheatharlach. Eagraíodh roinnt ócáidí cheana féin, lena n-áirítear taibhithe ag mic léinn Choláiste Ceoil Cheatharlach, seisiúin chleachtaidh le Mouthbox de chuid Ghiniúint Ceoil Cheatharlach agus ceadal gairid do thoscairí ar cuairt ó Chúige Hunan, an tSín.

Ar na taibhithe ceoil eile a bhí ann sa bhliain bhí ensemble uirlisí práis agus gaoithe Boombrastic de chuid Ghiniúint Ceoil Cheatharlach, taibhithe Reelig agus ReelÓg, seisiúin chleachtaidh Mouthbox agus taibhithe amuigh faoin spéir. Bhí Little People Big Voice ar siúl ar feadh deich seachtaine san Fhómhar. Ba shraith ceardlann ceoil í sin do leanaí óga. Chistigh Éire Ildánach, Ceatharlach, an tionscnamh i gcomhar le Giniúint Ceoil Cheatharlach.

Tugadh ArtistWorks isteach i mbliana. Is seirbhís teagaisc cheoil ar líne nua é a thairgeann treoir den chéad scoth do bhaill den leabharlann trí cheachtanna físeáin féinluais ó ghairmithe ceoil agus ealaíne a bhfuil Gradaim Grammy buaite acu. Tá ArtistWorks tiomanta do rochtain idirghníomhach ar phraghas réasúnta a thabhairt do dhuine ar bith in áit ar bith ar na múinteoirí ceoil is fearr ar domhan.



## Staidéar Áitiúil agus Cartlann an Chontae:

Coimeádaí cuimhne is ea an leabharlann phoiblí agus tá sí freagrach as taifid chultúir áitiúil agus staire áitiúla a chruthú, a stóráil agus a chur ar fáil. Lean Seirbhís Leabharlainne Contae Cheatharlach le feabhas a chur ar na bailiúcháin fhisiciúla a bhí ina seilbh aici sa bhliain 2019. D'oibrigh sí ar son Cartlann Dhigiteach Contae a bhunú i gcomhpháirt le Coláiste Cheatharlach (Naomh Pádraig), le Cumann Staire agus Seandálaíochta Cheatharlach agus le Músaem Contae Cheatharlach.

Leanadh le hábhair Staidéir Áitiúil a cheangal sa bhliain 2019. I mbliana, ceanglaíodh cuid shuntasach den *Journal of the Irish Railway Record Society* agus roinnt irisleabhar áitiúil amhail *Carloviana, Reaching Out* agus *Contact*.

Foilsíodh dhá alt le Christopher Power, Cúntóir Leabharlainne, in *Carloviana* 2020. Is iad seo teidil na n-alt sin:

1. 'Watering Slips to Train Trips – Carlow's legacy through maps and plans'
2. 'Registration and Licensing of Motor Vehicles in Carlow 1909-1917'

Áiríodh na míreanna seo a leanas leis na nithe a fuarthas mar éadáil:

- *The Watsons of Kilconnor 1650 – present* le Peter J F Coutts agus Alan Watson
- *Old Carlow Photos Part 3* le Dermot O'Brien
- *Landholding in the new English Settlement Town of Hacketstown, Co. Carlow 1635 – 1875* le Oliver Whelan
- *O'Hanrahans Centenary, 1919 – 2019* arna thiomsú ag Leo McGough
- *From Kyle Hill to Pennsylvania* le Paddy Byrne
- *50 Years of Hurling: Carlow Town Hurling and Camogie Club, 1968 - 2018*

## Ginealas:

Bhí an-tóir ar an tSeirbhís Ginealais i measc mhuintir na háite agus mhuintir an diaspóra an athuair sa bhliain 2019. Bhain a lán cliant siúil isteach úsáid as an tseirbhís. Tháinig a bhformhór ón Astráil, ón Nua-Shéalainn, ó Stáit Aontaithe Mheiriceá agus ón Eoraip, a raibh gach duine díobh ag iarraidh a sinsir a rianú i gContae Cheatharlach. Bhí a lán fiosruithe ann a bhain le teach na mbocht agus le cén áit ar adhlacadh a sinsir i gCeatharlach. Rinneadh an-chuid taighde ar chartlanna nuachtáin ar líne freisin. Ar an drochuair, bhí a lán daoine ag iarraidh mionsonraí le linn na bliana faoi shinsir a bádh sa Bhearú. Bhain scéal amháin sa bhliain 2019 le fear áitiúil ina ochtóidí a tháinig anseo le haghaidh coinne chun gaolta ó Shráid na Tulaí a rianú. Ba é Lennon sloinne a ghaolta. Rinneadh taighde ar a stair mhuintire leis agus tugadh eolas dó faoi dhaoine muinteartha nár chuala sé fúthu riamh. Agus é ag fágáil agus ag dul síos an staighre, chas bean a bhí ag teacht suas leis. Cliant siúil isteach a bhí inti. Dá bhrí sin, níorbh eol do Bernie Walsh ainm na clainne a raibh taighde á dhéanamh aici uirthi. De réir mar a ceistíodh a stair mhuintire, d'aithin Bernie gur gaol leis an bhfear a d'imigh díreach roimhe í an bhean. Chuaigh Bernie síos an staighre go gasta. Ar an dea-uair, bhí an fear ag léamh an nuachtáin sa leabharlann agus d'fhiafraigh sí de an mbeadh nó nach mbeadh sé toilteanach le dul suas an staighre an athuair chun bualadh leis an mbean agus mhínigh sí dó go raibh sí ag fiosrú a mhuintire. Bhí ríméad air déanamh amhlaidh agus, tar éis do Bernie a fhiafraí den taighdeoir an mbeadh nó nach mbeadh spéis aici i mbualadh le gaol beo, ba léir an t-áthas ar a haghaidh agus na deora ina súile. Níorbh eol di riamh go raibh gaolta beo aici sa cheantar. Cé go raibh turas go Ciarraí curtha in áirithe aici don lá dár gcionn, chinn sí fanacht leis ar feadh roinnt bheag laethanta chun go mbeadh sé in ann col ceathracha nár chuala sí fúthu riamh, a gharchlann agus a chomharsana a chur in aithne di.

01

## Deich mBliana na gCuimhneachán:

Tháinig Coiste Chomhairle Contae Cheatharlach um Dheich mBliana na gCuimhneachán le chéile roinnt uaireanta sa bhliain agus chuir sé gníomhartha agus ócáidí i gcrích. Áiríodh leo sin comóradh James Lennon TD, a bhí ar an gcéad Teachta Dála ó Cheatharlach sa chéad Dáil. Éascaíodh Scéim Deontais Treoraí Pobail agus Scéim Deontais do Staraí Cónaithe ceithre mhí. Chomh maith leis sin, leanadh leis an obair ar Chartlann Dhigiteach an Chontae ar fud na bliana. Tarraingíodh cistiú €10,000 ón Roinn Cultúir, Oidhreachta agus Gaeltachta anuas chun tacú leis an gClár.

02

## Cistiú ó Chiste na gCuntas Díomhaoin:

Cuireadh iarratais ar chistiú isteach chuig an Roinn Forbartha Tuaithe agus Pobail faoi Thacaí Leabharlainne do phobail atá imeallaithe, eisiata ón taobh sóisialta de agus faoi mhíbhuntáiste.  Dámhadh cistiú 75% de
€17,400 do Sheirbhís Leabharlainne Chomhairle Contae Cheatharlach i mí Iúil le haghaidh trí cinn de na ceithre thionscadal a ndearnadh iarratas orthu:

1. Rannpháirtíocht Teaghlaigh – Clár idirghníomhach litearthachta 10 seachtaine dar teideal 'Sráideanna Scéalta' do dheich dteaghlach ó Bhaile Cheatharlach, ón Tulach agus ó Mhuine Bheag nár thug cuairt ar a leabharlann áitiúil riamh.
2. Teanga Chomharthaíochta na hÉireann – Seisiúin mhíosúla scéalaíochta do thuismitheoirí agus do leanaí le hateangaire Theanga Chomharthaíochta na hÉireann, clinicí faisnéise/cainteanna do thuismitheoirí le leanaí ar diagnóisíodh le déanaí go bhfuil siad bodhar, agus soláthar litríochta agus faisnéise. Caifé na mBodhar agus oiliúint foirne i bhfeasacht ar dhaoine bodhra agus ranganna i dTeanga Chomharthaíochta na hÉireann.
3. Nuacht do Dhaoine a bhfuil Lagú Radhairc orthu – taifeadadh nuachtán The Nationalist gach seachtain sa leabharlann ach trealamh podchraolta a úsáid agus uaslódáladh é chun go mbeadh gach duine in ann é a rochtain.

## Mo Leabharlann Oscailte:

03



Cuireadh tús le Seirbhís 'Mo Leabharlann Oscailte' i Muine Bheag an 1 Feabhra 2019. Is féidir le baill de Mo Leabharlann Oscailte an leabharlann a úsáid i mód féinseirbhíse lasmuigh de na gnáthuaireanta a mbíonn baill foirne ar obair iontu, idir 8am agus 10pm gach lá sa bhliain, lena n-áirítear an Domhnach agus Lá Nollag. Baineadh úsáid as an tseirbhís breis agus 800 uair go dtí deireadh na bliana, le linn uaireanta nach raibh baill foirne ar obair iontu. I mí na Samhna, gheall an Roinn Forbartha Tuaithe agus Pobail go dtabharfadh sí cistiú deontais ab fhiú €97,387.50 le haghaidh Leabharlann agus Ionad Dírithe Pobail na Buiríse a fhorbairt mar leabharlann de chineál 'Mo Leabharlann Oscailte'. Soláthróidh Comhairle Contae Cheatharlach cistiú meaitseála 25%.

## Oíche Chultúir:

04

Cuireadh na hócáidí seo a leanas ar siúl chun Oíche Chultúir a cheiliúradh an 20 Meán Fómhair:

- Ceiliúradh an Cultúr Laitviach agus an Cultúr Siriach i Leabharlann na Tulaí ag 4pm. Ba é sin seoladh oifigiúil na mbailiúchán Leabhar Laitviach agus Leabhar Siriach i Leabharlann na Tulaí. Bhí Janis Silis, Ambasadóir na Laitvia, i láthair. Bhain gach duine taitneamh as an mbia Laitviach agus an bia Siriach a ndearna na pobail ar an Tulach iad. Cuireadh seisiún cheol traidisiúnta na hÉireann ar siúl ina dhiaidh sin.
- Thug ReelÓg, ceoltóirí óga tréitheacha de chuid Ghiniúint Ceoil Cheatharlach, taibhiú i Leabharlann Lárnach Cheatharlach ag 4pm.
- Rinne *Chroma*, Grúpa Ealaíne, an taispeántas uaidh dar teideal 'In the Quiet Place' a sheoladh go hoifigiúil ag 7pm i Seomra GB Shaw.
- Cheiliúir Scéalaithe Cheatharlach saol agus saothar George Bernard Shaw, scríbhneoir, i Leabharlann Lárnach Cheatharlach ag 7.30pm. Léadh sleachta ó roinnt de na drámaí is fearr uaidh agus rinneadh amhráin, scéalta, filíocht agus scéalta grinn a aithris.

## PenFest:

05

Bhí Féile Scríbhneoireachta Cruthaithí Leabharlann Contae Cheatharlach ar siúl an 30 agus an 31 Deireadh Fómhair agus an 1 Samhain mar seo a leanas:

- Ceardlann dhá lá *Write for Your Life* le Jackie Hayden. Tá fiche leabhar foilsithe ag Jackie agus mhínigh sí do na rannpháirtithe gach a bhfuil i gceist le Cuimhní Cinn a scríobh, lena n-áirítear conas is féidir le duine a bheith ina údar foilsithe nó ina húdar foilsithe.
- Ceardlann trí huaire *Why I Write* le Beau Williams. File taibhithe, scríbhneoir, eagraí agus éascaitheoir ó na Stáit Aontaithe is ea Beau Williams. D'fháiltigh Beau roimh scríbhneoirí chéaduaire agus údair fhoilsithe chuig an gceardlann seo chun cabhrú leo a mothúcháin agus a n-eispéiris féin a phlé agus iad a chur i láthair go héifeachtach ar an leathanach.
- An 1 Samhain, rinneadh óstáil i Leabharlann Lárnach Cheatharlach ar sheoladh leabhair dar teideal "Ah, Men!" le Simon Lewis. Ba é Simon a bhuaigh Duais Hennessy as Filíocht Éiritheach agus bhí sé sa dara háit i nGradam Filíochta Patrick Kavanagh sa bhliain 2015. Is é seo an dara bailiúchán filíochta ó Simon.

## Cúrsaí Foirne agus Oiliúint

Bhí clár leathan éagsúil oiliúna i bhfeidhm i Leabharlann Contae Cheatharlach sa bhliain 2019.

Áiríodh na nithe seo leis an gclár oiliúna: scileanna agallaimh, riachtanais do bhaill den fhoirm comhlíonta, oiliúint sa Rialachán Ginearálta maidir le Cosaint Sonraí, scileanna cumarsáide agus meán, seirbhísí ar líne, láimhsiú sábháilte agus lá oiliúna do leabharlanna a thacaíonn le haois. Ina theannta sin, chuir baill foirne leabharlainne oiliúint i sainscileanna láithreoireachta i gcrích roimh an gComórtas Náisiúnta Treabhdóireachta i gCeatharlach.






Bhí deis ag beirt bhall foirne leabharlainne freastal ar chomhdháil grúpa na Leabharlainne Óga i nDurlas i mí Mheán Fómhair. D'fhreastail beirt bhall foirne eile ar chomhdháil na Leabharlann Poiblí de chuid Chumann Leabharlann na hÉireann i mí na Samhna. Chomh maith leis sin, ainmníodh triúr ball foirne chun freastal ar chomhdháil na hÁisíneachta Náisiúnta Litearthachta d'Aosaigh i mí na Samhna.



Ní raibh aon athruithe pearsanra ann sa bhliain 2019. Mar chuid d'athbhreithniú náisiúnta, áfach, comhaontaíodh Plean Fórsa Saothair Leabharlainne. Fágann sé sin gurb ionann líon foirne na Leabharlainne Contae agus 20 ball foirne sna ceithre chraobh agus i gCeanncheathrú na Leabharlainne. Ceapadh John Shortall mar Leabharlannaí Contae i mí Feabhra agus líonfar na folúntais uile go luath sa bhliain 2020.

# NA hEALAÍONA

**An Chomhairle Ealaíon**

B'ionann agus €72,950 suim an chistiúcháin a leithdháil an Chomhairle Ealaíon ar Oifig Ealaíon Chomhairle Contae Cheatharlach le haghaidh Chlár Ealaíon an Chontae sa bhliain 2019. B'ionann an cistiú sin agus an cistiú a leithdháileadh sa bhliain 2018. Ní bhfuair aon údarás áitiúil méadú i gcistiú i mbliana.

Sa bhliain 2019, b'ionann agus **€553,969** an infheistíocht iomlán i gContae Cheatharlach a rinneadh ón gComhairle Ealaíon le haghaidh forbairt ealaíon ar fud na hÉireann. Áiríodh an miondealú seo a leanas le leithead agus clúdach na hinfheistíochta sin:

| | |
|---|---|
| € 72,950 | Clár Ealaíon Chomhairle Contae Cheatharlach |
| €108,000 | VISUAL - Cistiú bliantúil |
| €165,019 | Cistiú Straitéiseach - Féile Ealaíon Cheatharlach |
| €145,000 | United Fall – Emma Martin Dance (Ráth Tó) |
| € 35,000 | Take A Part Carlow |
| € 10,000 | Carole Nelson – Forbairt Ceoil |
| € 10,000 | Féile Áras na Buiríse – Forbairt Litríochta |
| € 8,000 | Amharclann Óige Chontae Cheatharlach – Ensembles na nÓg |


De bhreis air sin agus ar an leithdháileadh ar Chlár Ealaíon an Chontae, bhí an Oifig Ealaíon i gceannas ar iarratas a rinneadh le comhpháirtithe tábhachtacha eile sa bhliain 2019 faoin Scéim um Chuireadh chun Comhoibrithe d'Údaráis Áitiúla. D'éirigh leis an Oifig Ealaíon cistiú breise €73,500 a fháil le haghaidh tionscadal comhoibríoch a bheidh ar siúl sa dá bhliain atá le teacht, ar clár é atá ag cur lenar baineadh amach sa tsamhail rathúil rannpháirtíochta sna healaíona dar teideal Take A Part Carlow.

Sa bhliain 2019, b'amhlaidh, de bharr na hoibre leanúnaí a bhí á déanamh ar chleachtas ealaíon áitbhunaithe i gCeatharlach, go raibh sé beartaithe ag an gComhairle Ealaíon an chomhdháil náisiúnta 'Tá Tábhacht le hÁiteanna' dá cuid a chur ar siúl i gCeatharlach. Óstálfaidh VISUAL í in earrach na bliana 2021.

Ar fud na bliana 2019, lean an Oifig Ealaíon ar aghaidh ag obair i ndlúthchomhar leis an gComhairle Ealaíon maidir le hoiliúint a chur ar Oifigigh Ealaíon agus le tacaí a uasmhéadú d'ealaíontóirí agus d'eagraíochtaí ealaíon ar fud Chontae Cheatharlach.

Ag teacht sna sála ar eagraíocht darb ainm Quality Matters a bheith á coimisiúnú ag an gComhairle Ealaíon chun tabhairt faoi obair le Take A Part Carlow, d'oibrigh baill de phobal Bhóthar na Tulaí i gcomhar leis an eagraíocht le linn mhí Iúil agus mhí Lúnasa, ag féachaint dóibh ar thorthaí an tionscadail agus ar an tionchar sóisialta atá á imirt aige ar shaol an phobail i gceantar Bhóthar na Tulaí i gCeatharlach. Lean Take A Part Carlow le bheith ina eiseamláir náisiúnta sármhaitheasa le haghaidh chinnteoireacht agus rannpháirtíocht an phobail áitiúil sna healaíona.

**Éire Ildánach**



Tionól Pobail Éire Ildánach, Ceatharlach, 2019

Mórthionscnamh a bhfuil mar aidhm leis an chruthaitheacht a chur i gcroílár an bheartais phoiblí is ea an Clár Éire Ildánach. Baineann acmhainneacht mhór leis an gclár seo maidir le dea-thionchar suntasach fadtéarmach a sholáthar do dhaoine agus eagraíochtaí fud fad na hÉireann. Sa bhliain 2019, soláthraíodh tionscadail ar éirigh leo i nGlao Oscailte.

Thug pobail freagra sa bhliain 2018 ar an gcéad Ghlao Oscailte faoi Straitéis Cultúir agus Cruthaitheachta Cheatharlach 2018-2022. D'éirigh le 16 thionscadal sa chontae sna blianta 2018 agus 2019. D'fhreagair siad do na príomhthéamaí, lena n-áirítear na nithe seo a leanas:

Téama 1: Daoine, smaointe agus pobail a nascadh

Téama 2: Contae Cheatharlach a Cheiliúradh

Téama 3: Todhchaí Daoine Óga a Chothú

Téama 4: Grá do Stair agus Oidhreacht Chontae Cheatharlach



Le linn na bliana 2019, forbraíodh deis cistiúcháin nua le haghaidh Glao Oscailte breise do thionscadail a bheidh ar siúl sna blianta 2020 agus 2021.

Dámhadh Cistiú Glao Oscailte do na Tionscadail seo a leanas sa bhliain 2018/2019 agus cuireadh gach ceann díobh i gcrích faoi dheireadh na bliana 2019:




Faighteoirí rathúla an Ghlao Oscailte 2018/2019 ó Éire Ildánach, Ceatharlach

The Sugar Factory Studios le Victoria Callinan, Ealaíontóir ó Cheatharlach, i dteannta daoine cruthaitheacha eile i gCeatharlach. Ba chónaitheacht sé seachtaine í sin le linn an tsamhraidh. Cuireadh ar siúl í i spás ealaíne neamhspleách in An Gairdín Beo, áit ina ndearna siad saothar a léiriú agus a thaibhiú.  Dámhadh €5000 don tionscadal.

Ba é an toradh a bhí ar an gcomhar a bhí ar bun idir Ógtheagmháil Cheatharlach agus Seirbhísí Réigiúnacha Óige Cheatharlach ná gur cruthaíodh tionscadal drámaíochta chun daoine óga a mhealladh lasmuigh den scoil, áit ar tugadh an deis an chruthaitheacht agus an féinléiriú a chothú. Dámhadh €1,500 don tionscadal.

Rinne Dave Barron, staraí áitiúil, 'From Carlow Streams' a léiriú le grúpaí amhránaithe traidisiúnta ar fud an chontae agus le Tithe Streachlánacha. Le linn an tionscadail, bailíodh agus stóráladh na bailiúcháin de chuid amhránaithe agus scéalaithe chun seantraidisiúin agus oidhreacht chultúrtha shorochtana a léiriú. Cuireadh suíomh Gréasáin le chéile freisin, rud a d'fhónfadh mar chartlann bheo don ábhar saibhir sin. Dámhadh €2000 don tionscadal.

Tugadh an deis do Chumann Staire agus Seandálaíochta Cheatharlach, do Reilig Chnocán na Reilige, do Sheirbhís na Séadchomharthaí Náisiúnta agus don Mhúsaem Contae glanadh, suirbhé, taifeadadh agus scaipeadh a dhéanamh agus plean caomhantais fadtéarmach a chruthú do Reilig Chnocán na Reilige, ar reilig atá ligthe i léig agus in úsáid ó bhí an 18ú haois ann í. Dámhadh €1,500 don tionscadal.

D'oibrigh Clare Breen, Ealaíontóir, i gcomhar le hOifig Ealaíon an Chontae, le VISUAL, le Saorsholáthraithe Oideachais Ealaíon agus le healaíontóirí eile mar ealaíontóir tosaigh i gclár cónaitheachta do VISUAL, rud a thug deis do gach scoil i gCeatharlach obair le Marjetica Potro, ealaíontóir, agus taispeántas a léiriú in VISUAL trí chlár comhordaithe gníomhaíochtaí oideachais ealaíon.

Dámhadh €7,000 don tionscadal thar roinnt míonna.



Clare Breen, Ealaíontóir, agus í ag obair le scoileanna in VISUAL



Léirigh Forward Steps, an Tulach, tionscadal dar teideal ‘A Cup of Tea’. Áiríodh leis an tionscadal comhar ilchultúrtha leis an bpobal agus le healaíontóirí. Sa tionscadal sin, pléadh rannpháirtíocht an phobail agus rannpháirtíocht sa chultúr ar an Tulach. Cuireadh caifé lár an bhaile i lár an tionscadail ealaíne agus rinneadh potaí cré tae ar fud cultúir ilchineálacha. Ag deireadh an tionscadail, ar dámhadh €4,000 dó, cuireadh taispeántas suas in VISUAL.



24 NEWS

# Teapot treasures on show at Visual

By Elizabeth Lee

YOU will, you will you will! Go on, go on, go on! Mrs Doyle's famous entreaty for people to have a cup of tea must have been cited at least once during a 12-week arts project that took place in the Forward Steps Resource Centre in Tullow.

The project, simply called *A Cup of Tea* involved 12 women from Latvia, Estonia, Romania and Ireland learning to use a clay-like substance to decorate teapots to reflect their lives and interests.

"They reflected what their interests were and so were about their backgrounds and cultures. The women didn't know each other at the beginning of the project and as the weeks went by it was as much about the social exchange as anything else.

"The actual process of creating the teapots was important," said Sandra Kazlauskaite, a family support worker in Forward Steps.

Led by artist Liga Valge and supported by Creative Ireland and the Carlow Arts Office, the project was about multiculturalism and inclusivity. It was also documented by videographer Clare Breen.

The 12 gorgeous, quirky teapots were exhibited in Visual arts centre, Carlow last week and will next be on show in the Thrive Café in Tullow.

"It was a beautiful project and we hope to expand it further," concluded Sandra.

Edel Kennedy with her teapot at the opening of Forward Steps community art project

Santa Kriscana in Visual at the opening of Forward Steps community art project 'A Cup of Tea'

Photos: Karl McDonough

Some of the attendance in Visual at the opening of the Forward Steps community art project 'A Cup of Tea'

Artist Ionela Nanca with her teapot

Liva and Aiva Pomerance

Artist Edel Kennedy spoke to the attendance in Visual at the opening of the art project

Listening to the speakers at the opening of Forward Steps community art project

Some of the teapots on display in Visual

Artists Tilly Purcell and Martina Maxwell

Ala Bloszczyk, Clare Breen and lead artist Liga Va[...] Visual at the opening of 'A Cup of Tea'

Chelsea Warner, senator Jennifer Murnan[...] project workers Sandra Kazlauskaite and [...]

The artists with project worker Sandra Kazlauskaite and lead artist Liga Valge

Mayor Ken Murnane, cllr Jim Dea[...] Paton

Better Built By ADMAN STEEL SHEDS
[Be]tter Prices
Compare our prices online at www.admansteelsheds.ie

Poiblíocht don tionscadal 'A Cup of Tea'

Léirigh Angela Keogh, ealaíontóir áitiúil, tionscadal dar teideal 'Moment in Time' le Coiste Pobail na Darach Ríoga i Muine Bheag i gcomhar le ceoltóirí áitiúla agus thóg grianghrafadóirí áitiúla grianghraif de gach teaghlach i sráidbhaile na Darach Ríoga lasmuigh dá dteach chun ceann amháin dá gcuimhní ar phointe ama sa sráidbhaile a thaifeadadh. Dámhadh €1,500 don tionscadal.

I dteannta ealaíontóirí áitiúla amhail Philippa Bayliss, Nóirín O'Brien, Breda Malone, Naomi Jonson agus Eoin Coogan, léirigh Muintir na Tíre, Míseal, tionscadal chun seachtó bliain ó bunaíodh Muintir na Tíre a cheiliúradh. Le linn an tionscadail sin, tugadh deis do dhaoine óga páirt a ghlacadh i gceardlanna blaiste aonlae le healaíontóirí áitiúla sa ghrianghrafadóireacht, sa dealbhóireacht, sa phéintéireacht, san fhilíocht agus sa cheol. Dámhadh €1200 don tionscadal.

Chuir Simone Webb agus Liam Webb, a fear céile, ar Feirmeoirí Sóisialta ó Ráth Tó, Contae Cheatharlach, iad beirt, tionscadal Feirmeoireachta Sóisialta le chéile i gcomhar le Cairdeas, le Seirbhís BEAM, le hOspidéal Naomh Dympna, le Coláiste Naomh Pádraig agus le FSS, Cill Chainnigh. Leis an tionscadal sin, tugadh deis do dhaoine faoi mhíchumas intleachtúil, do dhaoine faoi mhíchumas coirp agus do dhaoine a bhí ag déileáil le fadhbanna meabhairshláinte páirt a ghlacadh i bpróisis ealaíne. Cuireadh ar siúl é mar chuid den tairiscint Feirmeoireachta Sóisialta. Chuir an tionscadal taispeántas ar siúl i Leabharlann Cheatharlach agus sárthaispeánadh é sa Chomórtas Náisiúnta Treabhdóireachta i gContae Cheatharlach sa bhliain 2019. Dámhadh €6,000 don tionscadal.



Tionscadal Feirmeoireachta Sóisialta Simon Webb



Rinne Annabel Konig, ealaíontóir ó Ráth Ana, Contae Cheatharlach, tionscadal dar teideal ‘Memory Map’ a léiriú i gcomhar le Coiste Ghrúpa Pobail Ráth Ana. Ba é a bhí in ‘Memory Map’ ná tionscadal lenar spreagadh idirghníomhaíocht laistigh de phobal méadaitheach Ráth Ana chun iargúltacht tuaithe a chomhrac trí theagmháil shóisialta agus chun stair bhéil a thaifeadadh sula gcaillfí í. Le linn an tionscadail, reáchtáladh cainteanna éagsúla agus cuireadh foilseachán i gcrích ag an deireadh. Dámhadh €6000 don tionscadal.

Is é atá i dTionscadal Lus na Móinte atá á reáchtáil sa Dromainn agus i dTigh Moling, Co. Cheatharlach Theas, ná comhoibriú idir ealaíontóirí, feirmeoirí, éiceolaithe, eolaithe, an pobal agus scoileanna. Trí chleachtais chruthaitheacha a úsáid, ceiliúrtar an stair áitiúil agus an t-eolas atá ag seanchónaitheoirí ar ghnáthóg ríthábhachtach i gCeatharlach a bhfuil tábhacht náisiúnta éiceolaíochta ag baint léi. Tugtar meas ar an stair áitiúil agus ar an eolas sin freisin. Cuireadh agallaimh físeáin, grianghraif, scannáin ar an bportach agus foilseachán cló le chéile. Tá an tionscadal ar siúl fós. B’ionann agus €3500 an cistiú tosaigh a dámhadh don tionscadal.

Gné eile den tionscadal sin ba ea ‘The Fraughan’, Tionscadal Phortach na Dromainne a reáchtáladh i gcomhar le daltaí bunscoile, le hEalaíontóirí Cheatharlach Theas agus leis an tSeirbhís Páirceanna Náisiúnta agus Fiadhúlra. ‘The Fraughan’, Céim 2 (2019) de Thionscadal Lus na Móinte, ar tionscadal ealaíne éiceashóisialta é a bhfuil baint ag trí scoil áitiúla leis

i bPortach na Dromainne, Tigh Moling. Ag deireadh an tionscadail, reáchtáladh taispeántas ealaíne i scoileanna. Dámhadh €3500 don tionscadal.




Chuaigh Scoil Pholannach Equal Chances i mbun comhair le hAmharclann Óige Chontae Cheatharlach agus le Grúpa Amharclannaíochta Sheinnteoirí Oisín. Ba é an t-ainm a bhí ar a dtionscadal ná 'The Vibes. Discover Yourself'. Leis an tionscadal, léiríodh braistintí agus mothúcháin leanaí trí dhrámaíocht sa Phobal Polannach agus sna Pobail as Oirthear na hEorpa ar fud Chontae Cheatharlach. Dámhadh €1300 don tionscadal.



Scoil Pholannach Equal Chances

Rinne cuideachta amharclannaíochta áitiúil Mend & Make do Theatre, atá faoi stiúir ag John McKenna, saothar dar teideal 'Between Your Love & Mine' a léiriú, ag obair di i gcomhar le Mary Amond O'Brien, le ASPIRO, le haisteoirí, le hamhránaithe agus le Siobhán Jordan, ar dearthóir agus ealaíontóir í, chun Aifreann éagnairce ar cheap John é ach úsáid a bhaint as na focail, na hamhráin agus an ceol ó Leonard Cohen a chur ar an ardán sa Cheoláras Náisiúnta, in VISUAL agus i láithreacha eile. Cumadh an smaoineamh bunaithe ar Chontae Cheatharlach agus ar shaincheisteanna a bhaineann le féinmharú i measc na n-óg, go háirithe iad sin i gContae Cheatharlach. Dámhadh €11,000 don tionscadal.

Sa bhliain 2019, cheiliúir Féile Ealaíon Cheatharlach daichead bliain ó bunaíodh í agus d'oibrigh sí le Dina Abu Hamden, atá ina stiúrthóir ealaíne agus a bhí ar an Stiúrthóir ar Phríomhchathair Cultúir na hEorpa, Aarhus, le Tadhg O'Sullivan, le Emma Martin, le Olwyn Lyons agus le Gerry Morgan, ealaíontóirí áitiúla, agus le pobail áitiúla chun tionscadal dar teideal "Sugartown" a léiriú. Bhí an tionscadal á bhainistiú ag Aileen Nolan, ball foirne den Oifig Ealaíon. Díríodh san ócáid taispeántais mhórscála seo ar chailleadh na monarchan siúcra agus áiríodh léi ceol beo, cóir, cnagcheoltóirí óga, máirseálacha gairmiúla, tine agus searmanas. Anuas ar obair i gcomhar le Spraoi Phort Láirge, tháinig breis agus 5,000 duine le chéile ar thailte Choláiste Cheatharlach (Naomh Pádraig) i mí an Mheithimh 2019 chun freastal ar an ócáid. Dámhadh €16,000 don tionscadal.



Tionscadal Bhaile an tSiúcra de chuid Spraoi Phort Láirge i bhFéile Ealaíon Cheatharlach

Baile an tSiúcra



Maidir leis an tionscadal deiridh ar dámhadh cistiú dó ón nGlao Oscailte 2018/2019 ó Éire Ildánach, Ceatharlach, cuireadh ar siúl é sa bhliain 2019 le Giniúint Ceoil Cheatharlach, a d'oibrigh i gcomhar le Seirbhísí Réigiúnacha Óige Cheatharlach agus leis The Riptide

Movement, banna rac-cheoil, chun deireadh seachtaine a chruthú a bhí lán de cheardlanna agus de mheantóireacht do na bannaí rac-cheoil uile ar fud Chontae Cheatharlach. Chaith The Riptide Movement an deireadh seachtaine ar fad i gCeatharlach, agus bhí ceolchoirm do dhaoine óga ag an mbanna ag an deireadh. Dámhadh €9,000 don tionscadal.



Ar deireadh, tháinig Foireann Cultúir Éire Ildánach, Ceatharlach, le chéile gach ráithe ar fud na bliana 2019. Bhí na cruinnithe faoi chathaoirleacht ag Pat Delaney, Stiúrthóir Seirbhíse, bhí siad faoi chomhordú ag Sinéad Dowling agus Kelly Mooney (agus Aileen Nolan nuair a bhí Kelly ar shaoire mháithreachais) agus bhí príomhphearsana i láthair acu freisin, lena n-áirítear: John Shortall, Leabharlannaí an Chontae; Dermot Mulligan, Coimeádaí Músaeim; Margaret Moore, an Rannóg Forbartha Pobail; agus Emma Lucy-O'Brien, Príomhoifigeach Feidhmiúcháin agus Stiúrthóir Ealaíne ar VISUAL.

Anuas air sin, reáchtáladh cruinnithe ar fud na tíre sa bhliain 2019 do Chomhordaitheoirí an Chláir Éire Ildánach.

***<u>Cruinniú na nÓg, Ceatharlach</u>*, <u>2019</u>**



Sa dara bliain a bhí sé i mbun oibre, cheiliúir agus spreag ***Cruinniú na nÓg*** rannpháirtíocht leanaí agus daoine óga i ngníomhaíochtaí cruthaitheacha ina gcomharsanacht agus ina bpobal áitiúil. Agus é faoi stiúir ag Foireann Cultúir agus Cruthaitheachta Éire Ildánach, Ceatharlach, agus faoi chomhordú ag Oifig Ealaíon na Comhairle Contae, agus leis an tacaíocht ollmhór a fuarthas ó ealaíontóirí, eagraíochtaí ealaíon, cleachtóirí cruthaitheachta agus féilte pobail sa cheantar áitiúil, áiríodh leis na gníomhaíochtaí a cuireadh ar siúl ceardlanna damhsa agus ceoil sa leabharlann áitiúil agus Ceardlann Déanta Priontaí mar chuid den 'Let Loose Festival' ar Bhóthar na Tulaí, agus a lán eile. Agus béim láidir á leagan ar rannpháirtíocht, ba é aidhm shonrach na ngníomhaíochtaí spéis a ghríosú agus na scileanna cruthaitheacha atá istigh sna leanaí a tharraingt amach chun go mbainfeadh siad triail as rud éigin nua nó go mbainfeadh siad uaillmhian rúnda amach!








Cuireadh an ócáid ar siúl Dé Sathairn an 15 Meitheamh 2019 agus áiríodh léi **23** cinn de ghníomhaíochtaí cruthaitheacha **saor in aisce** do dhaoine faoi bhun 18 mbliana déag d'aois mar chuid de thionscnamh de chuid an Chláir Éire Ildánach ar thacaigh Comhairle Contae Cheatharlach agus RTÉ leis. Cuireadh na hócáidí saor in aisce sin ar siúl in ionaid, i músaeim, i ngailearaithe ealaíon, i leabharlanna ar an tsráid agus i ngoirt ar fud Chontae Cheatharlach.



Ghlac **breis agus 1100** duine óg páirt ann ar an lá agus scaipeadh clár Chruinniú na nÓg, Ceatharlach, go leathan. Bhí deis ag leanaí agus daoine óga teagmháil a bheith acu leis an ealaín, leis an gceol, leis an damhsa agus leis an oidhreacht mar chuid den chlár, a bhí saor in aisce ina iomláine. Bhí na ceardlanna curtha in áirithe go hiomlán ar fud an chláir agus bhí siad lán de dhaoine óga cruthaitheacha an-díograiseach. Luaigh VISUAL agus The Vault araon gur méadaíodh go mór an líon daoine a bhí ag teacht isteach ina n-ionaid de bharr an chláir.

Seirbhísí Réigiúnacha Óige Cheatharlach: *"Ar an iomlán, táimid fíorbhuíoch d'Oifig Ealaíon Cheatharlach as cabhrú linn lá an-rathúil a chur le chéile. Is ábhar misnigh é gur fhreastail roinnt daoine óga a bhfuil trioblóidí móra acu ar an ócáid agus ba chor cinniúna do roinnt mhaith díobh í. Triúr óga nach bhfreastalaíonn ar scoil de bharr tosca casta agus a mbíonn deacrachtaí acu páirt a ghlacadh i ngrúpaí, bhí siad in ann baint a bheith acu leis ar feadh an lae ar fad. Tá sé sin fíorthábhachtach."*

Áiríodh na nithe seo le buaicphointí *Chruinniú na nÓg, Ceatharlach*:

- Rinne The Vault óstáil ar Game-Fest, inar tugadh deis do dhaoine óga teacht le chéile agus na cluichí agus an teicneolaíocht ar breá leo iad a cheiliúradh! Le Game-Fest, tugadh ócáid de chineál 'Comic-Con' go Ceatharlach. Eagraíodh gníomhaíochtaí cruthaitheacha éagsúla, lenar áiríodh ealaín físchluichí a tháirgeadh, ceardlanna feistimeartha agus comórtais chluichí. Bhí gníomhaíochtaí STREAM ann ar fud na hócáide agus d'fhoghlaim daoine óga a lán scileanna nua iontacha.

- An Tochailt Mhór i mBaile Cheatharlach! Le linn na ceardlainne seo, tugadh deis do dhaoine óga taithí a fháil ar shaol an tseandálaí ach a fhoghlaim conas ba cheart iarsmaí tí Lochlannaigh a thochailt. De réir mar a thochail siad tríd an láithreán, bhain

siad cistí agus déantáin Lochlannacha a cruthaíodh 1,000 bliain ó shin as an talamh. D'fhoghlaim siad freisin faoi shaol ár sinsear Lochlannach, le linn do sheandálaithe cáilithe beocht a chur sa stair.

- Rinne Take A Part Carlow óstáil ar Fhéile Leanaí a bhí spreagtha ag leanaí agus daoine óga cheantar Bhóthar na Tulaí, Ceatharlach, ar ar tugadh an 'Let Loose Festival'. Cuireadh ar siúl í taobh thiar den Ghaelscoil ar Bhóthar na Tulaí idir 1pm agus 5pm. Reáchtáladh ceardlanna i scileanna sorcais, déanamh priontaí, ceolchoirmeacha, péinteáil aghaidhe, déanamh suaitheantais bualadh isteach agus cúinne ealaíon agus ceardaíochta, rud a thug an deis do dhaoine óga bheith cruthaitheach!




I gceantar Bhóthar na Tulaí i gCeatharlach, bhí an líon daoine a d'fhreastail ar an ócáid dhá oiread níos mó ná an líon a d'fhreastail uirthi an bhliain roimhe. D'fhreastail 164 dhuine uirthi sa bhliain 2018 ach **d'fhreastail 360 duine uirthi** i mbliana. Ghlac siad páirt i bparáid bheag, i scileanna sorcais a fhoghlaim, i ndéanamh priontaí le PrintVanGo, i ndéanamh suaitheantas, i gceol, in ealaíona agus ceardaíocht agus i spraoi sa chúinne báicéireachta.



**Giniúint Ceoil Cheatharlach**

Lean an Oifig Ealaíon ar aghaidh sa bhliain 2019 ag obair go straitéiseach le Giniúint Ceoil Cheatharlach. Gníomhaíonn an Oifig mar thaca do Chomhordaitheoir Ghiniúint Ceoil Cheatharlach. Tá an Oifig ina ball den Choiste Comhpháirtíochta Oideachais Cheoil atá faoi choimirce Bhord Oideachais agus Oiliúna Chill Chainnigh agus Cheatharlach.

Leanann Giniúint Ceoil Cheatharlach ar aghaidh ag tacú le níos mó ná 27 gceoltóir a oibríonn sa chontae. Ina theannta sin, glacann 5,500 duine óg páirt ghníomhach sa chlár ceoil i scoileanna agus i bpobail ar fud an chontae. Is ionann í sin agus an chomhpháirtíocht oideachais cheoil is mó sa tír. Leanann Giniúint Ceoil Cheatharlach ar aghaidh ag obair ar fud an chontae i scoileanna, in ionaid óige agus i moil ar bhonn seachtainiúil.

Meastar ar leibhéal náisiúnta gur tionscadal suaitheanta sármhaitheasa é Giniúint Ceoil Cheatharlach maidir leis an líon daoine a ghlacann páirt gach seachtain in Oideachas Ceoil Taibhithe ar fud an chontae agus maidir le cáilíocht ealaíne na gclár. Dearadh an clár tosaigh ocht mbliana ó shin tríd an Oifig Ealaíon agus trí chomhpháirtithe ó áiteanna ar fud an chontae sular éirigh leis an iarratas. Tá ceithre shnáithe cláir i gceist leis: Little People Big Voices (a fhreastalaíonn ar leanaí réamhscoile), Encore (clár bunscoileanna), Bravo (clár meánscoileanna) agus Community (tá dhá mhol ann lasmuigh d'uaireanta scoile – ceann amháin i mBaile Cheatharlach trí The Vault agus tríd an gcomhpháirtíocht le Seirbhísí Réigiúnacha Óige Cheatharlach; agus ceann amháin ar an mBuiríos, a oibríonn le ReelÓg agus Reelig, dhá ghrúpa cheoil thraidisiúnta eiseamláireacha).



Giniúint Ceoil Cheatharlach

Sa bhliain 2019, bhí ráta leanúna 100% ag Giniúint Ceoil Cheatharlach i leith oideachas ceoil faoi stiúir ag taibhiú sna timpeallachtaí scoile agus pobail uile, rud a n-áirítear leis **gníomhaíocht sheachtainiúil** iontu seo a leanas:

- Ceithre thimpeallacht réamhscoile de chuid Little People Big Voices,
- 21 bhunscoil i gContae Cheatharlach atá ag baint leas as cláir cheoil ghutha agus uirlise,



- Clár meánscoile amháin i gColáiste Tyndall, Ceatharlach, mar aon le ensemble práis contae darb ainm Boombrastic.

- Ar na cláir phobail a bhí ar siúl sa bhliain 2019 bhí an clár a reáchtáil Ionad Cúraim Lae na nAingeal Naofa, ina raibh beirt cheoltóirí ó Ghiniúint Ceoil i gceannas ar sheisiúin sheachtainiúla, Scoil Rac-cheoil Cheatharlach in The Vault, Ceatharlach, agus grúpaí traidisiúnta Reelig agus ReelÓg ar an mBuiríos.

- Ceol ag Sliabh Laighean i mí Feabhra 2019, áit ar tháinig na ceoltóirí traidisiúnta is fearr ar fad go Contae Cheatharlach chun ceardlanna a theagasc do dhaoine óga ar fud an chontae agus ar tháinig grúpaí Ghiniúint Ceoil ó áiteanna ar fud na tíre go Ceatharlach ag an deireadh chun taibhiú agus chun foghlaim ó na ceoltóirí is fearr ar fad.



- Le linn mhíonna an tsamhraidh, bhí leanaí agus daoine óga in ann clárú do na Moil a d’eagraigh Giniúint Ceoil Cheatharlach ar fud an Chontae. Áiríodh leo sin Baile Cheatharlach agus an Bhuiríos le haghaidh na Fidle, na Feadóige Stáin agus na Feadóige Móire. Bhí ranganna Veidhlín ar siúl i Mol Cheatharlach freisin.

- Ba lán a bhí ceachtanna Bodhráin i Mol Cheatharlach agus i Mol na Buiríse ar éascaigh Dale McKay, seinnteoir bodhráin cáiliúil, iad.

- Go mall i mí Lúnasa, tugadh onóir do Colm Broderick, atá ina phíobaire uilleann óg ó Cheatharlach a bhfuil a scileanna á gcothú trí Ghiniúint Ceoil agus atá ina bhall de Reelig, an banna ceoil thraidisiúnta, ach na píoba uilleann ar le Liam O’Flynn iad a thiomnú dó. Píobaire uilleann iontach a fuair bás anuraidh ba ea Liam. Rinneadh na píoba do Sean Reid, píobaire agus duine a chuir ceoltóirí chun cinn go flaithiúil i gContae an Chláir. Thug sé ar aghaidh iad do Willie Clancy agus tá siad ar thuras onórach ó shin i leith. Bhí an deis ag Colm iad a sheinm den chéad uair riamh go mall i mí Lúnasa in oifigí na bPíobairí Uilleann i mBaile Átha Cliath agus is leis é na píoba anois.

- I mí Dheireadh Fómhair, tugadh cuireadh do Reelig, grúpa ceoil thraidisiúnta Cheatharlach, dul chuig Sitges sa Spáinn, áit ar thaibhigh sé do thíortha eile agus do lucht féachana mór.

- I mí Dheireadh Fómhair, ghlac Giniúint Ceoil Cheatharlach páirt sa Brass Off Festival a óstáladh in Institiúid Teicneolaíochta Phort Láirge.

- I mí na Nollag, thaibhigh Giniúint Ceoil Cheatharlach, ag obair di in 21 bhunscoil sa chontae, Ceolchoirmeacha Nollag.



**<u>Amharclann Óige Chontae Cheatharlach</u>**




Bainistítear Amharclann Óige Chontae Cheatharlach tríd an Oifig Ealaíon agus faigheann sí tacaíocht ón gComhairle Ealaíon, ó VISUAL, Ceatharlach, agus ó Sheirbhísí Réigiúnacha Óige Cheatharlach. Sa bhliain 2019, lean an Amharclann Óige ar aghaidh ag obair le daoine óga ar fud an chontae chun ceardlanna éascaithe drámaíochta a sholáthar do dhaoine óga idir 11 bhliain d’aois agus 14 bliana d’aois agus dóibh sin idir 15 bliana d’aois agus 19 mbliana d’aois. Cuireadh ceardlanna ar siúl in VISUAL gach oíche Luain thar 40 seachtain sna trí théarma scoile. Bhí 56 dhuine óga ag fáil rochtain ar an amharclann óige ar oíche Luain i gCeatharlach ar fud na bliana 2019.

Áirítear na nithe seo leis na ceardlanna: comhroinnt scileanna, éascú, stiúradh, aisteoireacht, aireachas, gluaiseacht, guth, agus saothair a gceapann daoine óga iad. Ó thaobh na healaíne de, tá an Amharclann Óige faoi bhainistiú ag Eimear agus Anna, beirt éascaitheoirí ealaíon óige rí-chumasacha a d’oibrigh le hAmharclann Óige Chontae Cheatharlach ar fud na bliana 2019.

Ag teacht sna sála ar chistiú breise €8,000 a fháil ón gComhairle Ealaíon faoi Scéim Ensembles na nÓg, d'oibrigh Amharclann Óige Chontae Cheatharlach i ndlúthchomhar le Ursula McGinn, stiúrthóir amharclainne náisiúnta cáiliúil, agus le Eimear Cheasty, ceannaire amharclainne óige, le linn mhíonna an tsamhraidh ar an Twelfth Night le Shakespeare a athshamhlú. Ag an deireadh, cuireadh léiriú darb ainm What You Will ar siúl in VISUAL, Ceatharlach, i samhradh na bliana 2019. Bhí freastal maith ann agus ghlac an pobal áitiúil go mór leis.



**Iarratais ar an Scéim Deontais faoin Acht Ealaíon sa bhliain 2019**

- **Deontais d'Ealaíontóirí Aonair faoin Acht Ealaíon (2019)** Fógraíodh deontais d'Ealaíontóirí Cleachtacha atá ina gcónaí i gCeatharlach nó ar as Ceatharlach dóibh chun cur ar a gcumas a gcleachtas a shaothrú agus forbairt laistigh dá n-araíonacht roghnaithe. Is thart anois atá an spriocdháta le haghaidh iarratais a chur isteach. Is ionann agus €14,500 an cistiú iomlán atá ar fáil. Fuair Oifig Ealaíon Cheatharlach 30 iarratas dar luach €74,100 agus moladh 15 dheontas lena gceadú tar éis do phainéal neamhspleách iad a bhreithniú.

- **Eagraíochtaí Ealaíon agus Deontais Ealaíon Pobail faoin Acht Ealaíon (2019)** Is dúnta anois atá na deontais d'eagraíochtaí ealaíon agus grúpaí pobail sa cheantar áitiúil ar mian leo tabhairt faoi ghníomhaíocht nó tionscadal a bhaineann le healaín sa bhliain 2019. Is ionann agus €24,700 an cistiú iomlán atá ar fáil. Fuair Oifig Ealaíon Cheatharlach 28 n-iarratas dar luach €58,800 agus moladh 18 ndeontas lena gceadú tar éis do phainéal neamhspleách iad a bhreithniú.

**Dámhachtain Sparánachtaí ArtLinks 2019**

Dhámh an chomhpháirtíocht ArtLinks atá comhdhéanta d'Oifigí Ealaíon na n-údarás áitiúil i gCeatharlach, i gCill Chainnigh, i bPort Láirge agus i Loch Garman breis agus €60,000 d'ealaíontóirí san Oirdheisceart. Tugann an Chomhairle Ealaíon tacaíocht don sruth deontas seo, a sholáthraíonn deiseanna forbartha gairmiúla agus tacaí d'ealaíontóirí seanbhunaithe agus éiritheacha atá ina gcónaí sna ceithre chontae sin.

Is iad seo na daoine a fuair sparánachtaí ab fhiú €16,000 ón Oifig Ealaíon, Comhairle Contae Cheatharlach:

An Scannán: Liam O'Neill, an Bhuiríos
An Scannán: Tadhg O'Sullivan, Seanleithghlinn
An Amharclannaíocht: Sinéad Cormack, Muine Bheag
Na hAmharcealaíona: Katie Watchorn, Ceatharlach
Na hAmharcealaíona: Rachel Joynt, an Bhuiríos
Na hAmharcealaíona: Chloe Brenan, Ceatharlach
An Ceol: Marian Gaynor, Ceatharlach

**Clár Scríbhneora Chónaithe Cheatharlach**

Is é atá i gClár Scríbhneora Chónaithe Cheatharlach ná tionscnamh comhpháirtíochta atá á threorú ag Oifig Ealaíon Chomhairle Contae Cheatharlach i gcomhar le Coláiste Cheatharlach (Naomh Pádraig) agus le Seirbhísí Leabharlainne Contae Cheatharlach, agus faightear tacaíocht ina leith ón gComhairle Ealaíon.

Ós rud é go raibh an dara babhta de Chlár Scríbhneora Chónaithe Cheatharlach ar siúl sa bhliain 2019, ba í Oonagh Kearney, scríbhneoir agus scannánóir, an chéad duine den triúr scríbhneoirí a d'oibrigh i gCeatharlach sa bhliain.
An 12 Márta i gColáiste Cheatharlach (Naomh Pádraig), thaispeáin Oonagh rogha roghnaithe de na gearrscannáin uaithi agus phléigh sí iad ina dhiaidh sin. D'éascaigh an Coláiste an ócáid le cabhair ón Dr Derek Coyle, léachtóir, agus bhí freastal maith ann. D'fhreastail breis agus tríocha duine ar an ócáid, ar lena linn a taispeánadh scannáin, a cuireadh plé comhthéacsúlaithe ar siúl agus a reáchtáladh seisiún ceisteanna is freagraí.
Reáchtáil Oonagh cruinniú seachtainiúil le rannpháirtithe ón mórphobal agus le daltaí ó Choláiste Cheatharlach (Naomh Pádraig) a raibh spéis acu i bhfreastal ar cheardlann scríbhneoireachta cruthaithí. Bhí na seisiúin comhdhéanta de leideanna scríbhneoireachta ar dhear Oonagh Kearney iad. Threoraigh Oonagh na seisiúin ar bhealach spreagúil cruthaitheach i seisiún ar a dtugtar an Seomra Scríbhneoireachta sa choláiste anois. D'fhreastail idir 18 nduine agus 26 dhuine ar na seisiúin go rialta. Tar éis na huaire scríbhneoireachta, chaith Oonagh roinnt uaireanta an chloig ag plé gnéithe den scríbhneoireacht scáileáin agus den scannánóireacht le rannpháirtithe. Arís, thacaigh an pobal leis an ngné sin den chónaitheacht go díograiseach. Chuir sé sin ar a cumas díriú ar shaincheisteanna sonracha a thagann chun cinn i gcleachtas daoine tiomanta, chun cabhrú le plé a dhéanamh ar na fadhbanna cruthaitheacha agus teicniúla a thagann chun cinn le linn saothar a chur le chéile. Bhí scileanna cleachtais á mbreisiú agus á bhforbairt aici sa réimse sin do scríbhneoirí éiritheacha i gCeatharlach.
Ag deireadh thréimhse cónaitheachta Oonagh, thug na scríbhneoirí ó Cheatharlach léamha i spásanna gailearaí VISUAL in earrach na bliana 2019.
Darren Donohue, drámadóir agus file a bhfuil lear gradam buaite aige, lean sé ar aghaidh ag obair le scríbhneoirí ó Cheatharlach ar fud mhí Iúil agus mhí Lúnasa. D'oibrigh Darren sa samhradh i ndlúthchomhar le mic léinn ó na Stáit Aontaithe a bhí ar cuairt ar Choláiste Cheatharlach. Bhí grúpa Darren comhdhéanta de suas le 30 duine a bhí ag glacadh páirt sa chónaitheacht gach seachtain agus de na daoine ón bpobal áitiúil a bhfuil saothar scríofa acu nó ar mian leo scríbhinní a fhoilsiú agus a mbaineann leas as an tseirbhís seo agus as meantóireacht duine le duine leis an scríbhneoir.

Chomh maith leis sin, d'oibrigh Darren le hAmharclann Bheag Cheatharlach sa samhradh chun go léifí saothar an scríbhneora don phobal. Cuireadh an ócáid ar siúl an 4 Meán Fómhair in Amharclann GB Shaw. Bhí sí faoi stiúir ag an Oifig Ealaíon i gcomhpháirt le Coláiste Cheatharlach agus le Seirbhísí Leabharlainne Cheatharlach.

Colm Keegan, ealaíontóir Focail Labhartha agus scríbhneoir agus an Scríbhneoir Cónaitheach nua, thosaigh sé a thréimhse cónaitheachta ceithre mhí i gCeatharlach an 4 Meán Fómhair.

Leanann Colm Keegan ar aghaidh ag obair mar Scríbhneoir Cónaitheach dúinn i gColáiste Cheatharlach. Is scríbhneoir agus file ó Bhaile Átha Cliath é. Cuireadh ar an ngearrliosta é le haghaidh Ghradam Hennessy do Scríbhneoirí Éireannacha Nua ceithre huaire as filíocht agus as ficsean araon agus bhuaigh sé an tOllchomórtas Filíochta Uile-Éireann. Fuarthas moladh mór ó na léirmheastóirí as "Don't Go There", an chéad leabhar uaidh, nuair a eisíodh é sa bhliain 2012. Tá "Randomer", an bailiúchán is déanaí uaidh, ar fáil anois ó Salmon Poetry. Sa bhliain 2014, dámhadh cónaitheacht dó sa LexIcon, an leabharlann phoiblí is mó in Éirinn. Tá lear tionscadal scríbhneoireachta cruthaithí forbartha aige do scoileanna agus coláistí ar fud na tíre. Is múinteoir scríbhneoireachta cruthaithí é agus is duine de bhunaitheoirí an Inklinks Project é. Is é atá sa tionscadal sin ná tionscnamh scríbhneoireachta do scríbhneoirí óga. Tá sé ar dhuine de bhunaitheoirí Lingo, an chéad fhéile Focail Labhartha a reáchtáladh in Éirinn riamh. Is comhalta boird den fhéile é freisin. Tá sé ar dhuine de na húdair a scríobh "Three Men Talking About Things They Kinda Know About", a bhí ar camchuairt in Éirinn agus ar díoladh na ticéid go léir dó i mBriostó, i Londain agus i bPáras. Cuireadh gearrdhráma uaidh tar teideal "The Process" ar an ardán in Amharclann na Mainistreach mar chuid de 24 Hour Plays 2017. Cuireadh "For Saoirse", an chéad dráma lánfhaid dá chuid, ar an ardán in Amharclann Axis mar chuid d'Fhéile Imeallach Bhaile Átha Cliath 2018. Ainmníodh é le haghaidh Ghradam Fishamble do Scríbhneoirí Nua ina leith.

D'oibrigh Colm ó mhí Mheán Fómhair go dtí mí Eanáir 2020 i gColáiste Cheatharlach sa "Seomra Scríbhneoireachta", ar seisiún scríbhneoireachta cruthaithí dhá uair é. Le linn na chéad uaire, tugadh faoi shaorscríbhneoireacht mar fhreagra ar na leideanna agus na smaointe ó Colm le haghaidh an tseisiúin. Le linn an dara huair, thug Colm treoir do scríbhneoirí faoi na teicnící a ghabhann le ceann amháin de na foirmeacha is fearr leis. Oibríonn sé san fhilíocht, san fhocal labhartha agus sa drámaíocht agus, dá bhrí sin, bhíomar ag súil lena fháil amach cén meán a phléifeadh sé linn.


Ag deireadh a chónaitheachta, bhí Colm i gceannas ar sheisiún labhartha oscailte le scríbhneoirí ó Cheatharlach i dTeach Dolmain go luath sa bhliain 2020, ar lena linn a cuireadh Jessica Traynor, an scríbhneoir cónaitheach nua sa bhliain 2020, i láthair.

**<u>Take A Part Carlow</u>**

Is é is Take A Part Carlow ann ná tionscnamh atá á threorú ag an Oifig Ealaíon agus a oibríonn i gceantar Bhóthar na Tulaí i gCeatharlach. Cuid lárnach den obair is ea gur féidir le daoine den phobal an ealaín a úsáid chun a chinneadh cén cineál ealaíne is mian leo a fheiceáil ina gceantar áitiúil. Tá Grúpa Gníomhaíochta Ealaíon ann atá comhdhéanta go príomha d'ionadaithe pobail agus díobh seo: Oifig Ealaíon na Comhairle Contae, an Rannóg Pobail, Comhpháirtíocht Forbartha Contae Cheatharlach, Seirbhísí Réigiúnacha Óige Cheatharlach agus Grúpa Forbartha Pobail Bhóthar na Tulaí. Tionscadal atá á chomhordú ag Aileen Nolan is ea Take A Part Carlow.

Bliain ghnóthach do Take A Part Carlow a bhí sa bhliain 2019, ar lena linn a rinneadh forbairt leanúnach agus a soláthraíodh tionscadail. Sna míonna tosaigh den bhliain, reáchtáil Take A Part Carlow dhá chruinniú pleanála tionscadail le baill den Ghrúpa Gníomhaíochta Ealaíon.

Chuir Michael Fortune tús i mbliana lena chuid oibre le Take A Part Carlow. Thug sé faoi shraith siúlóidí timpeall an cheantair le muintir na háite ar mhaidineacha Sathairn, mar atá le feiceáil thíos:




Mar chuid de Thionscadal Béaloidis an Rátha Sí le Michael Fortune, reáchtáladh ceardlanna Doirse Sí do leanaí. Chomh maith leis sin, cuireadh tús Dé Céadaoin an 6 Feabhra le glantachán pobail ar Ráth Sí Bhóthar na Tulaí. Cuireadh tús i mí Feabhra le Tionscadal Béaloidis an Rátha Sí, tráth a reáchtáladh cainteanna, ceardlanna agus laethanta glantacháin phobail. Bhuail Michael agus an chroíghrúpa daoine a cheap an tionscadal le Christian Corlett ó Sheirbhís na Séadchomharthaí Náisiúnta. Thug Christian comhairle maidir leis na nithe ba cheart agus nár cheart a dhéanamh, le conas is féidir fásra a bhaint den láithreán go cúramach agus le plean níos fadtéarmaí a bhunú don spás. Fuair an tionscadal tacaíocht ón Rannóg Ealaíon i gComhairle Contae Cheatharlach, ó Take A Part Carlow, ón Scéim áitiúil Tús, ó dhaoine den phobal agus ó ghrúpaí áitiúla sa cheantar. Mar thoradh ar imeachtaí “glantacháin earraigh” a cuireadh ar siúl, tá an Ráth glan anois agus fuaireamar an-chlúdach dearfach ar líne agus sna meáin áitiúla.

**Rinneadh ionadaíocht do Take A Part Carlow sa Bhailiúchán Náisiúnta Béaloidis sa Choláiste Ollscoile, Baile Átha Cliath**

Tugadh cuireadh do Michael Fortune i mí an Mhárta a bhailiúchán DVDanna Béaloidis a bhronnadh ar an mBailiúchán Náisiúnta Béaloidis sa Choláiste Ollscoile, Baile Átha Cliath. Dá bharr sin, tá ríméad ar Take A Part Carlow a thuairisciú go ndearnadh na taifeadtaí uile a rinne Michael le linn a chónaitheachta ar Bhóthar na Tulaí a bhronnadh ar an Dr Críostóir Mac Cárthaigh sa Bhailiúchán Náisiúnta Béaloidis sa Choláiste Ollscoile, Baile Átha Cliath.

Thosaigh baill de Take A Part Carlow ag obair ar théama agus ar shaothar a léiriú chun ionadaíocht a dhéanamh do Bhóthar na Tulaí le linn Pharáid Lá Fhéile Pádraig i mbliana. Chuireamar tús le sraith ceardlann amharcealaíne le Paul Byrne, ealaíontóir áitiúil, agus táimid uile ag súil go mór le páirt a ghlacadh sa pharáid.



I mí na Bealtaine, chuir Stiúrthóir na Comhairle Ealaíon Take A Part Carlow i láthair na Comhairle Ealaíon. *Scríobh an Chomhairle Ealaíon an fhaisnéis seo a leanas maidir le Take A Part Carlow mar chás-staidéar náisiúnta ar shamhail shármhaith um páirt a thabhairt do phobail sna healaíona ina gceantar áitiúil:*

*Cás-staidéar – Take A Part Carlow*
*Sa bhabhta tosaigh den scéim, rinne Comhairle Contae Cheatharlach iarratas ar dhul i mbun comhpháirtíochta le Take A Part Plymouth i Sasana chun comhthionscadal a bhunú in Éirinn, mar atá Take A Part Carlow. Is saineolaithe ar lucht féachana atá gafa ón taobh sóisialta de a fhorbairt don ealaín chomhaimseartha é Take A Part Plymouth. Oibríonn sé i gceantair ina bhfuil díothacht shocheacnamaíoch agus athghiniúint agus ní gnách go n-oibríonn sé leis na healaíona. I dtús a phróisis fhadtéarmaigh leabaithe, éisteann sé le tuairimí na bpobal agus cabhraíonn sé leo cláir oibre a shocrú le haghaidh tionscadail lena léirítear riachtanais agus éagsúlacht an phobail agus lena dtugtar aghaidh orthu sin. Is é an cuspóir atá aige páirt agus oideachas a thabhairt do lucht féachana nua sna healaíona comhaimseartha agus eolas a thabhairt don lucht féachana fúthu, le linn dó beartais a fhorbairt agus cláir oibre a shocrú le haghaidh athghiniúint comharsanachta agus rannchuidiú le bonneagar sóisialta na cathrach. Eagraíocht punainne den Chomhairle Ealaíon, Sasana, is ea é.*

*I mBaile Cheatharlach, sainaithníodh ceantar Bhóthar na Tulaí mar láthair le haghaidh Take A Part Carlow a fhorbairt de bharr na hacmhainneachta a bhaineann le hinfheistiú sa phobal ar leith sin, ina dhaoine agus in áit a d'fhéadfadh an-tairbhe a bhaint as rannpháirtíocht mharthanach i ngníomhaíocht chruthaitheach agus ealaíonta. Shainaithin an t-údarás áitiúil an ceantar, ar ceantar cónaithe é den chuid is mó, le haghaidh athghiniúna fadó agus*

*chomhlíon an ceantar roinnt innéacsanna díothachta sóisialta freisin. Cuireadh gníomhaireachtaí áitiúla eile ar áireamh mar chomhpháirtithe. Ina measc sin bhí Cumann Forbartha Bhóthar na Tulaí, Seirbhísí Réigiúnacha Óige Cheatharlach agus Comhpháirtíocht Forbartha Contae Cheatharlach.*

*A luaithe a dámhadh é, d'earcaigh an tionscadal Aileen Nolan, comhordaitheoir forbartha ealaíon pobail, chun obair laistigh den cheantar agus tosú ar chaidreamh a chothú le muintir na háite. Trí shraith cruinnithe, ócáidí blaiste laistigh den phobal agus a lán tae agus comhráite, bunaíodh Grúpa Gníomhaíochta Ealaíon. Tacaíodh leis an ngrúpa a ócáidí ealaíon féin a shainaithint, a dhearadh agus a eagrú sa cheantar. Ba í Sinéad Dowling, an tOifigeach Ealaíon, a cheap an smaoineamh go gcruthódh Ceatharlach nasc le Take A Part sa Ríocht Aontaithe. Bhí Sinéad agus Kim Wide, an stiúrthóir ar Take A Part Plymouth, ina gcomhpháirtithe tábhachtacha a thug tacaíocht, treoir agus comhairle. Cé go raibh an tionscadal faoi threoir ag an údarás áitiúil, dúirt Sinéad nach raibh an chuma air go raibh, dar leis an bpobal, agus chabhraigh sé sin le hiontaoibh a chothú ó na laethanta tosaigh amach. Trí chur ar chumas an phobail dul i gceannas ar an tionscadal agus cinntí a dhéanamh, tugadh don phobal agus don údarás áitiúil bealach chun athghiniúna nach raibh acu riamh. Tá sé tábhachtach a aithint freisin go bhfuil Take A Part Carlow á chomhordú ag Aileen Nolan, atá ag brú na forbartha agus an chuir chun cinn ar aghaidh le blianta beaga anuas.*

*Dúirt Kim Wide ó Take A Part Plymouth, atá mar mheantóir don tionscadal, gur "mhéadaigh an tionscadal an mhuinín atá ag na cónaitheoirí de chuid Bhóthar na Tulaí atá ag glacadh páirt in Take A Part Carlow. Chomh maith leis sin, mhéadaigh sé bród agus an tuiscint ar an gcleachtas cruthaitheach agus chruthaigh sé nasc idir pobail. Rud tábhachtach, chabhraigh sé sin le dul san amhantar ar feadh an bhealaigh chun a chinntiú gurb amhlaidh, trí thriail is earráid a dhéanamh agus trí fhíseanna agus freagracht a chomhroinnt, gur leis an bpobal an ealaín agus an chruthaitheacht agus go gcothaítear iad ón bpobal aníos."*[1]

*Bunaithe ar smaointe agus ábhair spéise an phobail, thug na comhpháirtithe tábhachtacha isteach roinnt ealaíontóirí a d'fhéadfadh obair leo chun a gcuid smaointe a chur ar aghaidh. Coimisiúnaíodh ealaíontóirí amhail Michael Fortune, Sarah Clancy, Splattervan agus Caitríona McGowan chun forógraí a chur le chéile agus an béaloideas áitiúil agus na traidisiúin a chomhroinntear idir cultúir dhifriúla a fhiosrú. Chomh maith leis sin, thosaigh daoine óga ar a lorg a fhágáil trí ealaín sráide agus trí dhamhsa. Cuid ríthábhachtach d'éiteas an tionscadail is ea ómós áite agus braistint phobail a chruthú. Le linn dó an béaloideas sa cheantar a fhiosrú, d'aimsigh Michael Fortune, ealaíontóir, go gcleachtann cónaitheoirí arb as tíortha amhail an Pholainn agus an tSlóvaic ó dhúchas dóibh traidisiúin atá cosúil leo sin a meastar gur traidisiúin Éireannacha iad, rud a chruthaigh pointí nua comóntachta i measc an phobail ilchineálaigh. Cuireadh breis agus 15 thionscadal lenar bhain breis agus 2,000 duine ón gceantar áitiúil ar siúl le dhá bhliain anuas. Tá sé tábhachtach a thabhairt faoi deara, áfach, nach meastar rath an tionscadail de réir an lín daoine a ghlacann páirt ann. Ina ionad sin, meastar a rath de réir an tionchair atá á imirt aige ar an mórphobal agus ar shaol an duine aonair.*

*"Is ann do spiorad láidir pobail agus do bhraistint mhór cairdis ar Bhóthar na Tulaí. Is ann do líonra tacaíochta den chéad scoth, rud atá doiligh le haimsiú agus ar mór againn é. Is é an toradh atá ar Take A Part Carlow gur tugadh léargas do dhaoine ar mhórshaol na healaíne, rud a bhfuil níos mó i gceist leis ná péintéireacht agus dealbhóireacht agus a chuimsíonn béaloideas, an sorcas, rannpháirtíocht an phobail agus a lán eile freisin." Lisa Brooks, ball den Ghrúpa Gníomhaíochta Ealaíon*[2].

---

[1] Tógadh an sliocht as comhfhreagras ríomhphoist maidir leis an léirmheas

[2] Sliocht a tuairiscíodh sa *Carlow Nationalist* an 20 Márta 2019, nuair a thug an pobal láithreoireacht do na comhaltaí de Chomhairle Contae Cheatharlach.

*Moladh go mór a chuid oibre le Mensana, grúpa meabhairshláinte áitiúil, agus le club CLG Éire Óg as teachtaireachtaí dearfacha a phéinteáil ar a bhallaí, agus d'éirigh go mór leis an obair sin i bpróifíl a chuid oibre a mhéadú laistigh den cheantar máguaird. An Comh. Andrea Dalton, dúirt sí le linn an chruinnithe de chuid Chomhairle Contae Cheatharlach gurb é a bhí sa tionscadal ná "fíorfhorbairt pobail, áit ar tháinig an pobal le chéile chun leas a bhaint as a n-acmhainneacht féin" agus gur cheart an obair a úsáid mar "eiseamláir dea-chleachtais i gCeatharlach agus fud fad na tíre araon"*[3]

*Sa bhliain 2018, rinne Cumann Forbartha Bhóthar na Tulaí iarratas rathúil ar Chistiú Deontas Ealaíon chun leanúint le tacaíocht a thabhairt don tionscadal. Is é an toradh atá air sin gur infheistigh an Chomhairle Ealaíon €110,000 san iomlán sa tionscadal (€75,000 faoin Scéim um Chuireadh chun Comhoibrithe agus €35,000 faoi Chistiú Deontas Ealaíon). De bharr na hinfheistíochta sin, táthar in ann tacaíocht leantach a fháil ó oifig ealaíon an údaráis áitiúil go dtí seo. Tá an tionscadal i gcéim ríthábhachtach anois agus tá sé ag forbairt dóigheanna ar féidir é a dhéanamh níos inbhuanaithe san fhadtéarma.*

*Anuas air sin, tá Take A Part Carlow ar cheann de thrí thionscadal/chontae atá ag glacadh páirt i dtreoirthionscadal meastóireachta Leabhar Beartaíochta na Measúnachta Tionchair Shóisialta atá á reáchtáil ag an gComhairle Ealaíon i gcomhpháirt le húdaráis áitiúla. Is é aidhm an treoirthionscadail modheolaíochtaí a bhunú i gcomhpháirt leis na geallsealbhóirí áitiúla maidir le conas ba cheart tionchar sóisialta an tionscadail a mheas ar bhonn leanúnach.*

*Tugadh spreagadh agus tacaíocht don Ghrúpa Gníomhaíochta Ealaíon freastal ar chomhdhálacha agus ócáidí in Éirinn agus i Sasana araon chun an tuiscint atá acu ar chleachtas atá gafa ón taobh sóisialta de a mhéadú agus chun foghlaim ó thionscadail, cleachtais agus taighde a dtugann grúpaí eile fúthu. Is é atá i gceist leis an gcéad chéim eile den tionscadal ná tuilleadh oiliúna agus tacaí a thabhairt do dhaoine lárnacha den phobal a bhfuil spéis leo i leanúint leis an tionscadal d'fhonn eagraíocht ealaíon neamhspleách a dhéanamh de. Soláthróidh Ealaíona Deonacha Éireann an chéad chéim eile den fhorbairt sin i gcomhar leis an údarás áitiúil chun a chinntiú go mbeidh scileanna amhail rialachas, formhaoirseacht airgeadais, scríobh deontas, forbairt sainchúraimí ealaíontóirí, meastóireacht agus cláreagrú ag an ngrúpa.*

*Rinneadh dul chun cinn sármhaith thar thréimhse 30 mí (idir mí na Samhna 2016 agus mí an Mhárta 2018). Tháinig dúshláin chun cinn, ar ndóigh. Dá ainneoin sin, tá an pobal agus a chomhpháirtithe tionscadail á thaispeáint go bhfuil siad tiomanta dá chinntiú go n-éireoidh le Take A Part Carlow. Tá na comhpháirtithe tionscadail den tuairim gur leis an gcistiú a tugadh faoin Scéim um Chuireadh chun Comhoibrithe a soláthraíodh an spreagadh, an cistiú agus an iontaoibh chun uaillmhian straitéiseach a bhaint amach.*

Le tacaíocht ón Oifig Ealaíon, d'éirigh le Take A Part Carlow i mí Iúil cistiú breise €70,000 a fháil ón gComhairle Ealaíon do na blianta 2020 agus 2021, figiúr atá cothrom le €35,000 in aghaidh na bliana. Fuarthas an cistiú sin le haghaidh leanúint den tionscnamh fadtéarmach seo do cheantar Bhóthar na Tulaí i gCeatharlach, agus bhí an tuiscint ann go n-úsáidfí na cistí le haghaidh ealaíontóirí a d'oibreodh leis an bpobal a choimisiúnú.

Ar fud an tsamhraidh, lean Take A Part Carlow ar aghaidh ag reáchtáil tionscadal darb ainm Bread Fellows Chats le Clare Breen, ealaíontóir áitiúil. Bhí an tionscadal ar oscailt do gach aosach i gceantar Bhóthar na Tulaí agus cuireadh ar siúl é gach seachtain i dteach daoine. Bogadh an tionscadal ó theach go teach, de réir mar a d'óstáil daoine den phobal é ar a seal. Cuirfear ócáid ar siúl in Ionad VISUAL ar Oíche Chultúir an 20 Meán Fómhair chun deireadh an tionscadail a cheiliúradh.

[3] Arna thuairisciú sa *Carlow Nationalist* an 20 Márta 2019



Sa samhradh, cuireadh Take A Part Carlow ar an ngearrliosta sa chatagóir um ‘na healaíona a chothabháil’ i nDámhachtainí Chomhlachais Tráchtála na hÉireann um Fheabhas sa Rialtas Áitiúil 2019.

Anuas air sin, cuireadh Take A Part Carlow ar an ngearrliosta sa chatagóir ‘Daoine Cruthaitheacha’ i nGradaim Náisiúnta Spark Change 2019, rud ar reáchtáil an Eagraíocht Forbartha Pobail in The Wheel é. Sna gradaim sin, ceiliúrtar na daoine agus na grúpaí ar fud na hÉireann atá ag obair chun a bpobal a dhéanamh inbhuanaithe ón taobh sóisialta agus eacnamaíoch de agus ó thaobh an chomhshaoil de. Cuireadh ar siúl iad i gCaisleán Bhaile Átha Cliath i mí Dheireadh Fómhair. I mí Dheireadh Fómhair, d’fhreastail baill de Take A Part Carlow ar Ghradaim Náisiúnta Spark Change a cuireadh ar siúl i gCaisleán Bhaile Átha Cliath. Ba é The Wheel, ar eagraíocht forbartha pobail é, a reáchtáil an ócáid. Ba é a bhí i nDúshlán Náisiúnta Spark Change ná glao oscailte a eisíodh chuig eagraíochtaí pobalbhunaithe ar fud na tíre chun freagairt do na 17 Sprioc Forbartha Inbhuanaithe. Chláraigh 65 eagraíocht phobail ó áiteanna ar fud na tíre do Dhúshlán Náisiúnta Spark Change. Rinneadh 11 cheann de na 65 thionscadal a cuireadh isteach a chur ar an ngearrliosta, lenar áiríodh Take A Part Carlow. Moladh Take A Part Carlow go mór mar cheann de na trí thionscadal chruthaitheacha ab fhearr.

I mí Dheireadh Fómhair, thug seachtar cónaitheoirí áitiúla ó phobal Bhóthar na Tulaí atá ag glacadh páirt in Take A Part Carlow cuairt ar pharáid Macnas i nGaillimh, d’fhonn obair le Macnas i gCeatharlach sa bhliain atá le teacht.

Ó mhí Dheireadh Fómhair i leith, beidh mac léinn céim máistreachta ó Institiúid Teicneolaíochta Cheatharlach atá ag déanamh staidéar ar an bPobal, an Óige agus Teaghlaigh ag obair ar bhonn deonach le Take A Part Carlow. Beidh an mac léinn ag obair ón Oifig Ealaíon ar an Luan agus ar an Aoine gach seachtain. Tá an mac léinn ag úsáid shamhail Take A Part Carlow mar chuid dá cúrsa máistreachta. Is cás-staidéar é ina n-iniúchtar rannpháirtíocht trí na healaíona i bpobail dhorochtana.

Ar fud mhí na Samhna agus mhíonna an gheimhridh, bíonn Take A Part Carlow ag leanúint le ranganna Let Loose Dance i gClubtheach Éire Óg idir 4.30pm agus 5.30pm.

Is ranganna iad atá ar oscailt do dhaoine óga a chónaíonn i bpobal agus ceantar Bhóthar na Tulaí agus atá faoi stiúir ag Irene Cunningham, damhsóir sean-nóis. Is gnách go bhfreastalaíonn idir 15 dhuine agus 20 duine, idir dhaoine óga agus a dtuismitheoirí, ó phobal Bhóthar na Tulaí ar na ceardlanna.




Ar fud mhí na Samhna, bíonn Take A Part Carlow ag obair le Tobi Omoteso, damhsóir cáiliúil hip hap, ar an Satharn idir 2pm agus 4pm i gClubtheach Éire Óg. Tá na ranganna ar oscailt do gach duine atá 6 bliana d'aois nó níos sine. Chun faisnéis a fháil faoin dá cheardlann sin, déan teagmháil le takeapartcarlow@gmail.com nó buail isteach agus glac páirt ann.

I mí na Samhna, leanadh le ceardlanna déanta laindéar i gClubtheach Éire Óg idir 6pm agus 8pm ar an Déardaoin. Rinneadh breis agus 40 laindéar lena linn agus cuirfear ar taispeáint iad le linn ócáid Ghairdín Pobail Cheatharlach thíos.

I mí na Samhna, tháinig an tionscadal de chuid Take A Part Carlow darb ainm Bread Fellows Chats, a reáchtáladh le Clare Breen, ealaíontóir, chun deiridh. Cuireadh an tionscadal ar siúl i dteach daoine a chónaíonn i gceantar Bhóthar na Tulaí, ar lena linn a rinneadh coimeádáin bhia agus a comhroinneadh scéalta agus bia. Tháinig an tionscadal sin chun deiridh tráthnóna amháin i mí na Nollag i nGairdín an Phobail, Sráid Bhaile Átha Cliath. Ceiliúradh deireadh na bliana gnóthaí a bhí ag Take A Part Carlow agus tugadh an deis dúinn súil siar agus ár machnamh a dhéanamh ar an raon ollmhór tionscadal agus ócáidí ealaíon ar thugamar fúthu. Ba dheis í freisin plé a dhéanamh ar na nithe ba mhaith linn a fheiceáil sa todhchaí in Take A Part Carlow.

An tráthnóna sin, chuireamar na míreanna ceirmeacha críochnaithe ar taispeáint, nochtamar roinnt de na Laindéir Shailí ar chruthaigh an pobal iad agus sheolamar ár suíomh Gréasáin nua – www.takeapartcarlow.com.



**<u>Oíche Chultúir 2019</u>**

Chomhordaigh Oifig Ealaíon Chomhairle Contae Cheatharlach conair chultúrtha a bhí lán d'ócáidí a thacaigh le teaghlaigh, a bhí saor in aisce agus a raibh dea-rochtain orthu mar chuid d'Oíche Chultúir Cheatharlach 2019, a cuireadh ar siúl Dé hAoine an 20 Meán Fómhair in áiteanna ar fud Chontae Cheatharlach.



Freastalaíodh ar spéis gach duine i gclár na bliana 2019. Áiríodh leis ceiliúradh ilchultúrtha ar óstáil *Ionad Acmhainní Teaghlaigh Forward Steps* é i Leabharlann na Tulaí, Teach Streachlánach i d*Teach Tábhairne O'Shea ar an mBuiríos*, agus eolas ar a raibh le tairiscint ag an oíche le *Seirbhísí Réigiúnacha Óige Cheatharlach*. Sheinn na daoine óga cumasacha atá páirteach i n*Giniúint Ceoil* a gcuid ceoil os comhair an phobail i Halla Bhaile Cheatharlach. Reáchtáladh turais threoraithe ar thaispeántais *Mhúsaem Contae Cheatharlach* agus ar bhailiúcháin ealaíne *Institiúid Teicneolaíochta Cheatharlach*. Anuas air sin, reáchtáladh oícheanta oscailte i *Leabharlann Cheatharlach*, áit ar léadh scéalta George Bernard Shaw agus ar thug Giniúint Ceoil Cheatharlach taibhiú.



Chomhlíon *VISUAL* ról lárnach i mbliana an athuair in óstáil a dhéanamh ar an bhfógra oifigiúil go mbeadh Ceatharlach ar an mbaile óstach don *Fhéile Phan-Cheilteach 2020*. Chomh maith leis sin, d'óstáil *VISUAL* taispeántais aníos ó na Comhráite Bread Fellows de chuid *Take A Part Carlow*, mar aon le taibhithe ceoil ó *Sheinnteoirí Ucailéile Cheatharlach* agus ó *Cheolfhoireann Óige Cheatharlach* ar fud na hoíche. D'éirigh go mór leis an oíche i gCeatharlach agus bhí freastal maith ann.



Buaicphointe eile de chuid Oíche Chultúir i mbliana ba ea comhpháirtíocht le Féile Bróid Cheatharlach. Lena linn sin, tugadh léargas ar chultúr, scil agus ealaíontacht an Smididh Draig agus thug *John Paul Payne*, ealaíontóir smididh cáiliúil, Máistir-rang ina leith.

**<u>Féile Ealaíon Cheatharlach</u>**


Sa bhliain 2019, cheiliúir Féile Ealaíon Cheatharlach 40 bliain ó bunaíodh í. Tá sí ag dul ó neart go neart faoi stiúrthóireacht Jo Mangan. Is é atá san fhaisnéis seo a leanas ná tuarascáil tar éis na féile ina dtugtar léargas ar an líon daoine a bhí i láthair agus ar an gclúdach meán a tugadh do Cheatharlach le linn na Féile Ealaíon. Tugtar suirbhé ar an lucht féachana freisin.



# FÉILE EALAÍON CHEATHARLACH 2019 - SUIRBHÉ AR AN LUCHT FÉACHANA

Cé chomh fada roimh ré is a cuireadh ar an eolas thú faoin bhféile?


278 bhfreagra




- Níos lú ná seachtain amháin roimh an bhféile
- Idir seachtain amháin agus dhá sheachtain roimh an bhféile
- Idir trí seachtaine agus ceithre seachtaine roimh an bhféile
- Cúig seachtaine nó níos mó
- Idir seachtain amháin agus dhá sheachtain roimh an bhféile

Má rinne tú ticéid a cheannach nó a chur in áirithe, an bhfuil sé amhlaidh gur chuir tú in áirithe iad roimh ré?

273 reagra





- Tá
- Níl
- Níor fhreastail mé ach ar na hócáidí a bhí saor in aisce

An meánlíon daoine in aghaidh an ghrúpa: 3.9


**Má tá tú ag taisteal le grúpa, cén t-aoisraon ina bhfuil siad? (roghnaigh gach ceann atá ábhartha)**

256 fhreagra





**Gan Féile Ealaíon Cheatharlach a áireamh, cá mhéad ócáid ealaíon (i.e. ócáidí amharclannaíochta/ealaíne/ceoil) a bhfreastalaíonn tú orthu ar an meán in aghaidh na bliana?**

277 bhfreagra




**An bhfuil sé amhlaidh gur fhreastalaíomar ar do riachtanais rochtana ag an bhFéile?**

274 fhreagra





**An bhfuil tú i do chónaí i gCeatharlach?**

248 bhfreagra





**An bhfuil tú i do chónaí in Éirinn?**


88 bhfreagra




Má tá, cén contae in Éirinn a bhfuil tú i do chónaí ann?




Mura bhfuil tú i do chónaí in Éirinn, cén tír a bhfuil tú ag taisteal aisti?




An bhfuil tú ag fanacht thar oíche i gCeatharlach nó in aice láimhe le haghaidh na Féile?





Cá mhéad oíche atá tú ag fanacht i gCeatharlach?

53 fhreagra





Cén cineál cóiríochta a d'úsáid tú?

54 fhreagra



Cé chomh tábhachtach is a bhí Féile Ealaíon Cheatharlach 2019 nuair a chinn tú cuairt a thabhairt ar Cheantar Cheatharlach?


79 bhfreagra




(1 = neamhthábhachtach, 5 = an-tábhachtach)

Rátáil d'eispéireas i bhFéile Ealaíon Cheatharlach


270 freagra




(1 = go dona, 5 = ar fheabhas)

Cé chomh dóchúil is a mholfá do chara/dhuine muinteartha leat freastal ar Fhéile Ealaíon Cheatharlach?


272 fhreagra





(1 = neamhdhóchúil, 5 = an-dóchúil)

An bhfuil tú den tuairim go dtéann Féile Ealaíon Cheatharlach chun tairbhe don phobal áitiúil?

268 bhfreagra



Cá mhéad, dar leat, atá do bhuíon ag caitheamh ag an bhFéile i mbliana?
267 bhfreagra




## DOICIMÉAD MAIDIR LE CLÚDACH FHÉILE EALAÍON CHEATHARLACH

| | |
|---|---|
| **Cliant:** | **Féile Ealaíon Cheatharlach** |
| **Dáta:** | 4 - 9 Meitheamh |
| **Ionad:** | Coláiste Cheatharlach (Naomh Pádraig) |
| **Nóta:** | Seoladh agus gairm ghrianghraf Bhaile Átha Cliath - an Chéadaoin an 17 Aibreán 2019. |

## NA MEÁIN CHRAOLACHÁIN

**RTÉ NEWS:** Gné ar Fhéile Ealaíon Cheatharlach, sliotán 1pm, an 7 Meitheamh **(A CRAOLADH AN 7 MEITHEAMH)**
**RTÉ NEWS:** Gné ar Fhéile Ealaíon Cheatharlach, sliotán 6pm, an 7 Meitheamh **(A CRAOLADH AN 7 MEITHEAMH)**
**RTÉ Radio One Arena:** Gné agallaimh le Max Richter **(A CRAOLADH AN 7 MEITHEAMH)**
**RTÉ Radio One Arena:** Comórtas Max Richter **(A CRAOLADH AN 30 BEALTAINE)**
**RTÉ Radio One Arena:** Comórtas Our Carnal Hearts **(A CRAOLADH AN 31 BEALTAINE)**
**RTÉ Lyric FM, Marty in the Morning:** Gné agallaimh le Max Richter, an 31 Bealtaine **(A CRAOLADH AN 5 MEITHEAMH)**
**Midlands 103, Encore:** Gné agallaimh le Jo Mangan, an 24 Bealtaine **(A CRAOLADH AN 30 BEALTAINE)**
**South East Radio, Morning Mix:** Gné agallaimh le Jo Mangan, an 30 Bealtaine **(A CRAOLADH AN 30 BEALTAINE)**
**KFM, Kildare Focus:** Gné agallaimh le Jo Mangan, an 5 Meitheamh **(A CRAOLADH AN 5 MEITHEAMH)**
**KCLR Lunch with John Keane:** Agallamh le Jo Mangan, an 15 Bealtaine **(A CRAOLADH AN 15 BEALTAINE)**
**KCLR, Breakfast:** Féirín ticéad ar feadh na seachtaine dar tosach an 3 Meitheamh **(A CRAOLADH ÓN 4 MEITHEAMH)**
**KCLR, Drive:** Agallamh le Seth - PIG, an 4 Meitheamh **(A CRAOLADH AN 4 MEITHEAMH)**
**KCLR, Drive:** Agallamh le Camille - VR Ireland, an 5 Meitheamh **(A CRAOLADH AN 5 MEITHEAMH)**
**KCLR, Drive:** Agallamh le Jo Mangan, an 7 Meitheamh **(A CRAOLADH AN 7 MEITHEAMH)**
**KCLR, Drive:** Agallamh le Dina - Baile an tSiúcra, an 7 Meitheamh **(A CRAOLADH AN 7 MEITHEAMH)**
**KCLR, Drive:** Agallamh le Rachel Mars, an 7 Meitheamh **(A CRAOLADH AN 7 MEITHEAMH)**
**KCLR, Drive:** Agallamh le Anna - Sing Me To The Sea, an 7 Meitheamh **(A CRAOLADH AN 7 MEITHEAMH)**
**KCLR, Drive:** Agallamh le Eja, CRAVE #2, an 7 Meitheamh **(A CRAOLADH AN 7 MEITHEAMH)**
**KCLR, Drive:** Agallamh le Bryan - Amharclann an Bhosca Capaill, an 7 Meitheamh **(A CRAOLADH AN 7 MEITHEAMH)**
**KCLR, Drive:** An 2ú hAgallamh le Jo Mangan, an 7 Meitheamh **(A CRAOLADH AN 7 MEITHEAMH)**
**Dublin City FM:** Agallamh le Jo Mangan, an 29 Aibreán **(A CRAOLADH AN 29 AIBREÁN)**
**KCLR FM News:** Agallamh le Jo Mangan, an 27 Márta **(A CRAOLADH AN 27 MÁRTA)**
**Carlow FM:** Fuarthas fógra ar an aer agus iarradh comórtais, an 27 Márta **(A CRAOLADH AN 27 MÁRTA)**
**CWLTV (Carlow Television), AnomalE:** Agallamh le Jo Mangan, an 28 Bealtaine **(A CRAOLADH AN 29 BEALTAINE)**

**CWLTV (Carlow Television), Athchraoladh AnomalE:** Agallamh le Jo Mangan, an 28 Bealtaine **(A CRAOLADH AN 2 MEITHEAMH)**
**CWLTV (Carlow Television), AnomalE:** Gné faoin bhFéile **(A CUIREADH I gCRÍCH)**
**CWLTV (Carlow Television), Out and About with Alicia:** Gné faoin bhféile **(A CUIREADH I gCRÍCH)**

**NA MEÁIN CHLÓ**

**Sunday Independent** Díriú ar an ócáid **(A FOILSÍODH AN 2 MEITHEAMH)**
**Sunday Business Post:** Díriú ar an ócáid **(A FOILSÍODH AN 2 MEITHEAMH)**
**Sunday Times Ireland:** Díriú ar an ócáid **(A FOILSÍODH AN 2 MEITHEAMH)**
**Irish Times:** Díriú ar na hAmharcealaíona **(A FOILSÍODH AN 1 MEITHEAMH)**
**Irish Daily Mail:** Gné agallaimh le Jo Mangan, an 7 Bealtaine **(A FOILSÍODH AN 1 MEITHEAMH)**
**IMAGE Magazine:** Díriú ar an ócáid, Bealtaine **(A FOILSÍODH AN 1 MEITHEAMH)**
**Irish Times, The Gloss:** Díriú ar an ócáid **(A FOILSÍODH AN 6 MEITHEAMH)**
**An tEagrán Cathrach den Dublin Gazette:** Gné agallaimh le Elaine Mai, an 29 Bealtaine **(A FOILSÍODH AN 5 MEITHEAMH)**
**An tEagrán Thiar den Dublin Gazette:** Gné agallaimh le Elaine Mai, an 29 Bealtaine **(A FOILSÍODH AN 5 MEITHEAMH)**
**An tEagrán Thuaidh den Dublin Gazette:** Gné agallaimh le Elaine Mai, an 29 Bealtaine **(A FOILSÍODH AN 5 MEITHEAMH)**
**An tEagrán Theas den Dublin Gazette:** Gné agallaimh le Elaine Mai, an 29 Bealtaine **(A FOILSÍODH AN 5 MEITHEAMH)**
**RTÉ Guide:** Díriú **(A FOILSÍODH AN 1 MEITHEAMH)**
**Irish Times:** Gné agallaimh le Jo Mangan, an 22 Bealtaine **(A FOILSÍODH AN 30 BEALTAINE)**
**Irish Daily Star:** Díriú ar an ócáid **(A FOILSÍODH AN 31 BEALTAINE)**
**Sunday Times Ireland:** Díriú ar an bpráinn le ticéid a chur in áirithe **(A FOILSÍODH AN 26 BEALTAINE)**
**The Examiner:** Díriú ar ócáid na Féile **(A FOILSÍODH AN 24 BEALTAINE)**
**Hot Press:** Gné agallaimh, Crave #2, an 13 Bealtaine **(A FOILSÍODH AN 23 BEALTAINE)**
**Irish Country Magazine:** Díriú ar an ócáid, Bealtaine **(A FOILSÍODH AN 28 BEALTAINE)**
**Woman's Way:** Díriú ar an ócáid, Bealtaine-Meitheamh **(A FOILSÍODH AN 27 BEALTAINE)**
**The Times Ireland Edition:** Díriú ar an ngairm grianghraf, an 18 Aibreán **(A FOILSÍODH AN 18 AIBREÁN)**
**Carlow People:** Díriú ar an ócáid **(A FOILSÍODH AN 5 MEITHEAMH)**
**The Kilkenny People:** Gné faoin bhFéile **(A FOILSÍODH AN 5 MEITHEAMH)**
**Laois Nationalist:** Gné **(A FOILSÍODH AN 29 BEALTAINE)**
**Kildare Nationalist:** Gné **(A FOILSÍODH AN 29 BEALTAINE)**
**Kildare Post:** Gné agallaimh le Jo Mangan **(A FOILSÍODH AN 31 BEALTAINE)**
**Leinster Express:** Gné faoin ócáid **(A FOILSÍODH AN 28 BEALTAINE)**
**The Echo:** Díriú ar ócáid na Féile **(A FOILSÍODH AN 24 BEALTAINE)**
**Irish Examiner:** Díriú **(A FOILSÍODH AN 24 BEALTAINE)**
**The Nationalist:** Gné faoin bhFéile **(A FOILSÍODH AN 5 MEITHEAMH)**
**The Nationalist:** Gné **(A FOILSÍODH AN 29 BEALTAINE)**
**The Nationalist (Carlow Askea):** Gné **(A FOILSÍODH AN 29 BEALTAINE)**
**The Nationalist: (Baile Haicéid):** Gné **(A FOILSÍODH AN 29 BEALTAINE)**
**The Nationalist:** Díriú **(A FOILSÍODH AN 14 BEALTAINE)**
**The Nationalist:** Gné ar an leathanach tosaigh, an 23 Aibreán **(A FOILSÍODH AN 23 AIBREÁN)**
**The Nationalist:** Gné faoin bhFéile, an 23 Aibreán **(A FOILSÍODH AN 23 AIBREÁN)**



**Forbairt Ealaíon i Muine Bheag**

Le linn mhí an Mheithimh, reáchtáladh roinnt cruinnithe pobail san Ionad Acmhainní Teaghlaigh chun pleananna a thabhairt chun críche le haghaidh ceardlanna blaiste sa phobal a bheadh ar siúl i mí Iúil agus i mí Lúnasa sa phobal chun páirt níos mó a thabhairt don phobal sna healaíona. Thionscain an Oifig Ealaíon na gníomhaíochtaí seo a leanas i gcomhairle leis na gníomhaireachtaí i Muine Bheag don samhradh:

DigiTales (Scéalaíocht Dhigiteach) do dhaoine atá 10 mbliana d'aois nó níos sine Is breá le gach duine dínn scéal maith! Go háirithe in Éirinn – is dual dúinn é! Má chomhcheanglaímid é sin leis na féidearthachtaí iontacha a ghabhann leis an teicneolaíocht nua-aimseartha, beidh againn Scéalaíocht Dhigiteach nó, DigiTales, mar a thugaimid uirthi! Trí chlár comhair, smaointeoireachta criticiúla agus cruthaitheachta, tugann Createschool treoir do leanaí maidir le conas ealaín a dhéanamh agus scéalta a insint le teicneolaíocht dhigiteach mhóibíleach. Is féidir leo a gcuid scéalta a chomhroinnt, a smaointe a réadú agus lear scileanna nua a ghnóthú i mbeochan íomhá ar íomhá, i ndéanamh ceoil dhigitigh, i ngrianghrafadóireacht, i ndéanamh físeán, i bpodchraoladh agus ina lán eile. Soláthraítear na hábhair agus an trealamh ar fad (gléasanna iPad san áireamh). Cuireadh ar siúl é ar fud an tsamhraidh.

Tairgfear Brick Flicks freisin. Is clár é sin do leanaí atá 10 mbliana d'aois nó níos sine agus do theaghlaigh. Cuir i gcás ... gur tháinig beocht sa mhionfhíor de chuid LEGO is fearr leat agus gur shábháil sí an lá.
Cuir i gcás gur chloígh sí namhaid, gur sheol sí an mhórmhuir nó gur eitil sí tríd an spéir? Bhí deis ag daoine den phobal obair i bhfoirne beaga le beochantóirí óga a bhfuil na spéiseanna céanna acu gearrscannáin a chruthú agus roinnt de na bunscileanna beochana íomhá ar íomhá a fhoghlaim nó máistreacht a ghnóthú ar roinnt scileanna atá acu cheana féin má tá siad ag déanamh a scannán féin cheana féin. IS BREÁ lenár dteagascóirí beochan íomhá ar íomhá agus cabhróidh siad leis na leanaí físeáin iontacha Brick Flicks a dhéanamh, ar físeáin iad a chomhroinnfimid ar ár gCainéal ar YouTube.




**VISUAL 2019**



Íomhá ó The Irish Times: Lá Cuimhneacháin Rohingya, Ceatharlach

Tá Ionad Ealaíne Comhaimseartha VISUAL ar cheann de na príomhspásanna ealaíne comhaimseartha in Éirinn. Is ionad ealaíon sibhialta íocónach é i mBaile Cheatharlach. Baineann VISUAL úsáid as an ealaín chun teacht ar bhealaí chun an saol a iniúchadh, agus eispéiris á gcruthú lena ndéantar an gnáthshaol laethúil a shaibhriú, a spreagadh agus a fheabhsú. Croíluachanna de chuid VISUAL iad cuimsiú, dínit agus cruthaitheacht. Treoraítear an t-ionad ealaíon sin le plean straitéiseach 2017-2021 agus oibríonn sé chun na nithe seo a dhéanamh:

- Lucht féachana a fhorbairt trí chláir inspioráideacha, nuálacha agus ábhartha ealaíne agus rannpháirtíochta atá bunaithe ar shármhaitheas.

- Luach a chruthú i dteannta agus ar son a lán pobal leasmhar ach sochair bhunathraitheacha na n-ealaíon a bhaint amach.
- Rannchuidiú fiúntach a dhéanamh le hinbhuanaitheacht fhadtéarmach na hearnála cultúir agus í a fhorbairt.




Sarah Deveraux, ealaíontóir ó Cheatharlach

I mí Aibreáin 2019, ceapadh Emma-Lucy O'Brien mar Phríomhoifigeach Feidhmiúcháin agus Stiúrthóir Ealaíne Eatramhach. Conraíodh í go buan chuig an ról i mí na Nollag. Ba Choimeádaí na nAmharcealaíon in VISUAL í roimhe sin. Cheiliúir VISUAL an 10ú bliain dá chuid oibre sa bhliain 2019. Sna deich mbliana a chuaigh thart, d'fháiltigh sé roimh níos mó ná 600,000 cuairteoir, chuir sé 156 thaispeántas amharcealaíne i láthair, chabhraigh sé le 637 n-ealaíontóir a saothar a chur i gcrích, d'óstáil sé 4,287 n-ócáid (dhá bhainis san áireamh) agus d'eisigh sé níos mó ná 250,000 ticéad. D'oibrigh VISUAL le 1,172 sholáthraí ar leibhéal áitiúil agus ar leibhéal náisiúnta chun an méid sin a bhaint amach.
D'fháiltigh VISUAL roimh 71,259 gcuairteoir sa bhliain 2019. Ba ar an ngailearaí a thug 41,040 duine de na daoine sin cuairt. B'ionann é sin agus méadú 16% i gcomparáid leis an mbliain 2018. Ba as Contae Cheatharlach do 70% de na daoine a thug cuairt ar VISUAL sa bhliain 2019.
Faigheann VISUAL tacaíocht ó raon leathan eagraíochtaí ar leibhéal áitiúil agus ar leibhéal náisiúnta chun cabhrú leis a chlár ealaíon a sholáthar. Sa bhliain 2019, chuaigh VISUAL i mbun comhair le Comhpháirtíocht Forbartha Contae Cheatharlach agus chuir sé roinnt tionscadal ealaínbhunaithe ar siúl le pobail imirceacha.




Féile 2019 in VISUAL

Cuid lárnach de Chlár Rannpháirtíochta Scoileanna VISUAL sa bhliain 2019 ba ea The Bees Needs. Is tionscadal bithéagsúlachta ealaínbhunaithe é a oibríonn le leanaí scoile idir 9 mbliana d'aois agus 13 bliana d'aois i naoi gcinn de bhailte agus sráidbhailte tuaithe i gContae Cheatharlach. Fuair an tionscadal sin tacaíocht ón Oifig Fiontair Áitiúil/ó Scéim na mBailte agus na Sráidbhailte Tuaithe.

Le cabhair ó Sheirbhís Ealaíon an Chontae, lean VISUAL le cónaitheachtaí ealaíne a fhorbairt agus a chur ar aghaidh d'ealaíontóirí a oibríonn sna réimsí seo: an t-oideachas agus daoine óga, an damhsa comhaimseartha, an amharclannaíocht óige, agus na hamharcealaíona. Is faoi stiúir ag Emma Martin, ealaíontóir atá lonnaithe i gCeatharlach, is ea United Fall, an chuideachta damhsa chónaitheach. Sa bhliain 2019, chruthaigh United Fall *Bird Boy*, ar taibhiú damhsa é do lucht féachana óg. Rachaidh an saothar sin ar camchuairt os comhair lucht féachana sa tír seo agus i dtíortha eile sa bhliain 2021.

Luadh i dtuarascáil ón gComhairle Ealaíon sa bhliain 2019 go "leanann VISUAL le ceannaireacht chruthaitheach a thaispeáint sna hamharcealaíona, agus saothar lena mbaineann tábhacht réigiúnach agus náisiúnta á chur i láthair".

Sa bhliain 2019, d'infheistigh Comhairle Contae Cheatharlach €498,000 in VISUAL agus leanann sí le tús áite a thabhairt do VISUAL, Ceatharlach, mar shócmhainn chultúrtha thábhachtach do Cheatharlach agus don réigiún.

Bird Boy le United Fall



# Músaem Contae Cheatharlach

**Bord an Mhúsaeim**

Oibríonn Comhairle Contae Cheatharlach an Músaem i gcomhpháirt le Cumann Staire agus Seandálaíochta Cheatharlach (CHAS). Is éard atá i mBord Mhúsaem Contae Cheatharlach ná seachtar comhaltaí: triúr comhaltaí de Chomhairle Contae Cheatharlach, triúr ionadaithe do CHAS agus ainmní de chuid an Phríomhfheidhmeannaigh. Gníomhaíonn Dermot Mulligan, Coimeádaí an Mhúsaeim, mar Rúnaí don Bhord. Roghnaítear an Cathaoirleach ón triúr Comhaltaí den Chomhairle Contae agus ón triúr ionadaithe do CHAS. Aistríonn an post mar Chathaoirleach ar bhonn bliantúil idir na Comhaltaí den Chomhairle Contae agus na hionadaithe do CHAS. Le linn chruinniú ceann bliana 2018 i mí na Nollag 2018, toghadh an Comh. Walter Lacey mar Chathaoirleach. Tá saolré théarma an Bhoird ag teacht le saolré théarma Chomhairle Contae Cheatharlach. I mí na Bealtaine 2019, cuireadh toghcháin áitiúla ar siúl ar fud na tíre agus tháinig na comhaltaí nuathofa de Chomhairle Contae Cheatharlach le chéile den chéad uair i mí an Mheithimh 2019. Athchóiríodh Bord an Mhúsaeim. D'ainmnigh Comhairle Contae Cheatharlach an Comh. Fergal Browne, an Comh. Andrea Dalton agus an Comh. Ken Murnane mar ionadaithe don Chomhairle. Is é John Shortall, Leabharlannaí an Chontae, Ainmní an Phríomhfheidhmeannaigh chuig an mBord. Is iad na hainmnithe ó CHAS chuig an mBord ná Pádraig Dooley, Garry Hughes agus an Dr Séamus Ó Murchú. Toghadh an Comh. Fergal Browne chun gníomhú mar Chathaoirleach go dtí mí na Nollag 2019. Tháinig an Bord le chéile ceithre huaire sa bhliain 2019. Thionóil sé a chruinniú ceann bliana in Institiúid Teicneolaíochta Cheatharlach i mí na Nollag 2019, ar lena linn a cheadaigh sé an Dóú Tuarascáil Bhliantúil Déag ó Bhord Mhúsaem Contae Cheatharlach, 2018. Toghadh Pádraig Dooley mar Chathaoirleach ar Bhord Mhúsaem Contae Cheatharlach ag an gcruinniú ceann bliana.

**An Líon Cuairteoirí:**

Thug 25,795 dhuine san iomlán cuairt ar Mhúsaem Contae agus Oifig Turasóireachta Cheatharlach sa bhliain 2019, an líon ab airde riamh. Ní áirítear leis an bhfigiúr sin na cuairteoirí a ghlac páirt in ócáidí de chuid an Mhúsaeim a cuireadh ar siúl lasmuigh den fhoirgneamh ná na cuairteoirí a d'fhreastail orthu sin.

**San Willibrord – Cuairt ó Lucsamburg**

Ón Máirt an 6 Lúnasa go dtí an Aoine an 9 Lúnasa, d'fháiltigh Comhairle Contae Cheatharlach roimh thoscaireacht ó Echternach, Lucsamburg, a bhí faoi stiúir ag Yves Wengler, Méara Echternach, mar chuid d'athnuachan leanúnach an chairdis idir an dá cheantar. Ba iad síniú an Chomhaontaithe Cairdis idir an dá Chomhairle agus nochtadh Chros Ráth Meilsí, ar cros luath-mheánaoiseach athchóirithe í, buaicphointí na cuairte. An Comh. John Pender, Cathaoirleach Chomhairle Contae Cheatharlach, ba ea an duine a bhí i gceannas ar an bhfáilte ó Chomhairle Contae Cheatharlach. Ba é Músaem Contae Cheatharlach a chomhordaigh cuairt na toscaireachta ar an gcontae.

Ón mbliain 2000 i leith, thug toscaireachtaí roinnt cuairteanna ar an dá bhaile. Rud tábhachtach, ba í sin an chéad chuairt riamh a raibh Comhairle Echternach i gceannas uirthi. Ag gabháil leis an Méara Wengler a bhí an Bardasach Ben Scheuer, an Bardasach Luc Birgen, an Comhairleoir Jean-Claude Strasser, an Comhairleoir Ricardo Pacheco agus an Comhairleoir Christophe Origer. I láthair freisin a bhí comhaltaí de Willibrordus Bauverein (Fondúireacht Willibrord), a bhí chun tosaigh ar an teagmháil idir an dá cheantar a athbhunú. Ina measc sin a bhí Pierre Kauthen, iar-Uachtarán, agus Alain Muller, comhordaitheoir cuairte Echternach. Ag gabháil leis an ngrúpa a bhí Ivan Healy, Consal-Ghinearál Oinigh d'Ard-Diúcacht Lucsamburg. Bhí an chuairt seo ar an gcéad chuairt riamh a thug sé ar an gcontae mar Chonsal Oinigh.





I láthair ag nochtadh Chros Ráth Meilsí, cros athchóirithe 7ú haois, i gContae Cheatharlach Dé Céadaoin an 7 Lúnasa 2019 a bhí (ó chlé go deas) Ivan Healy, Consal-Ghinearál Oinigh d'Ard-Diúcacht Lucsamburg, Yves Wengler, Méara Echternach, Lucsamburg, agus an Comh. John Pender, Cathaoirleach Chomhairle Contae Cheatharlach.

Ba é buaicphointe na gceithre lá ná an Chéadaoin an 7 Lúnasa, inar caitheadh an lá ar fad ar na háiteanna atá bainteach le San Willibrord i gContae Cheatharlach a thaiscéaladh. Ag meán lae, thionóil an toscaireacht, agus daoine ar tugadh cuireadh dóibh, i Ráth Meilsí i nGarraí Uí Bhruacháin, Contae Cheatharlach, timpeall na croise luath-mheánaoisí a athchóiríodh le déanaí. Is é an chros an t-aon rud atá fágtha i gContae Cheatharlach den lonnaíocht mhainistreach. Bhíodh an chros ina bpíosaí éagsúla le fada an lá. Sna míonna roimhe, d'athchóirigh Craobh Chill Chainnigh de Sheirbhís na Séadchomharthaí Náisiúnta de chuid Oifig na nOibreacha Poiblí í i gcomhpháirt le Comhairle Contae Cheatharlach, le cabhair ó Mhúsaem Contae Cheatharlach.



Ag nochtadh Chros Ráth Meilsí, cros athchóirithe 7ú haois, i nGarraí Uí Bhruacháin, Contae Cheatharlach. Grianghraf: Paul Curran

Le linn dó fáilte a chur roimh na cuairteoirí ar Ráth Meilsí, dúirt an Cathaoirleach John Pender: "is anseo i Ráth Meilsí, an lonnaíocht eaglasta ba thábhachtaí in Éirinn sa 7ú haois agus san 8ú haois, a chaith Willibrord ocht mbliana faoi oiliúint San Ecgberct Ráth Meilsí agus Í. Is é is dóichí gur oirníodh Willibrord agus a chomhghleacaithe i mainistir Sheanleithghlinne in aice láimhe, arb é suíochán Easpag Leithghlinne é." Dúirt an Méara Wengler: "Cuairt an-spéisiúil is ea ár gcuairt ar Chontae Cheatharlach. Tá clár cuimsitheach

againn atá lán de chuairteanna agus cruinnithe spéisiúla. Ceapaim gurbh é a bhí sa rud ab iontaí ná atiomnú na croise 7ú haois i Ráth Meilsí. Is é an áit seo nasc díreach San Willibrord idir Ceatharlach agus Echternach.” Le linn a óráide, dúirt an Consal Oinigh Healy go rabhamar inár seasamh ar thalamh naofa lena gceanglaítear Contae Cheatharlach agus Echternach le chéile trí stair a théann geall le 1,300 bliain siar.

Nocht an Cathaoirleach Pender, an Méara Wengler agus an Consal Oinigh Healy an chros athchóirithe 7ú haois a seasadh San Willibrord ina haice. Ina dhiaidh sin, bhí an Sár-Oirmhinneach Denis Nulty, Easpag Chill Dara agus Leithghlinne, an tArd-Deagánach Robin Bantry-White agus an Canónach Nancy Gillespie i gceannas ar atiomnú éacúiméineach Chros Ráth Meilsí. Dúradh Liodán San Willibrord agus, ag deireadh an tsearmanais nochta, tháinig gach duine i láthair i gciorcal agus thug siad faoin ‘bpreabadh’ a cheiliúrtar in Echternach gach bliain in onóir do San Willibrord. Tá Stádas Oidhreachta Domhanda ó Eagraíocht Oideachais, Eolaíochta agus Chultúir na Náisiún Aontaithe ag an ‘mórshiúl preabtha’.


Ní ba mhoille sa lá, thug an toscaireacht cuairt ar Halla an Bhaile, áit ar tháinig an dá Chomhairle le chéile agus ar chuir an Cathaoirleach Pender fáilte rompu. Labhair Kathleen Holohan, Príomhfheidhmeannach Chomhairle Contae Cheatharlach, faoi fhís na Comhairle do Chontae Cheatharlach agus d’aithin sí an nasc stairiúil tábhachtach atá ann idir Ceatharlach agus Echternach le blianta anuas. Shínigh an Cathaoirleach Pender agus an Méara Wengler cóipeanna den Chomhaontú Cairdis ansin. Tá cóip Cheatharlach den chomhaontú i bhfráma agus ar taispeáint i Músaem Contae Cheatharlach.






(Ó chlé go deas) Grianghraf frámaithe de Chros athchóirithe 7ú haois Ráth Melsigi a bheith á bhronnadh ag an gComh. John Pender ar Yves Wengler, Méara Echternach, Lucsamburg, tar éis don dá Chomhairle Comhaontú Cairdis a shíniú i Halla an Bhaile. Grianghraf: Paul Curran

Le himeacht ama, rinneadh dearmad, tríd is tríd, den bhaint a bhí ag San Willibrord le Ceatharlach. B’amhlaidh sin go dtí an bhliain 1982, nuair a thosaigh an tOll. Dáibhí Ó Cróinín, an Roinn Staire, Ollscoil na hÉireann, Gaillimh, ag déanamh taighde ar an ngné seo dár stair. Táthar ag athbhunú an naisc stairiúil idir an dá cheantar le seacht mbliana is tríocha anuas. Bhí an tOll. Ó Cróinín i láthair ag an nochtadh agus dúirt sé: “Cuid lárnach de rannpháirteachas na nÉireannach agus na Sasanach leis an mór-roinn sna Luath-Mheánaoiseanna ba ea Ráth Meilsí. Ba ón áit seo a thug grúpa Éireannach agus Sasanach faoi aistear sa bhliain 690 AD a bhunathródh tírdhreach reiligiúnach agus polaitiúil na hEorpa go deo agus a leagfadh an bhunchloch le haghaidh mhór-athbheochan chultúrtha na mblianta i dtreo na bliana 800 AD, rud a dtugann scoláirí an Athbheochan Chairilínseach air.”

Ó chlé go deas: Roimh athbhunú Chros Ráth Meilsí agus ina dhiaidh

Ní ba luaithe sa lá, tugadh turas treoraithe don toscaireacht ar Mhúsaem Contae Cheatharlach agus chaith siad roinnt ama ag amharc ar thaispeántas speisialta San Willibrord atá ar taispeáint sa Mhúsaem ón mbliain 2017 i leith. Tá an Músaem ag comhordú na teagmhála agus na n-ócáidí ó thaobh Cheatharlach le breis agus deich mbliana anuas. Chuir an tEaspag Nulty agus an tAth. Ruairí Ó Domhnaill, Riarthóir, fáilte rompu chuig Ardeaglais na Deastógála. Sheinn baill de Bhanna na Toirbhearta roinnt saothar ceoil le linn a gcuairte ar an Ardeaglais. Bhí áthas ar an toscaireacht a fheiceáil go raibh Iarsma San Willibrord ar taispeáint. Is dealbh chré-umha álainn é a bhronn muintir Echternach ar Chontae Cheatharlach sa bhliain 2017 chun buíochas a ghabháil le Ceatharlach as San Willibrord a oiliúint agus a oirniú.

Chuir Martin Nevin, staraí áitiúil, fáilte roimh an toscaireacht i Leithghlinn an Droichid an tráthnóna sin. Bhí Martin ar dhuine de na chéad teagmhálaithe idir an dá cheantar agus ba eisean a chuir fáilte roimh an gcéad toscaireacht Echternach a thug cuairt ar Cheatharlach sa bhliain 2000. Chuir an tArd-Deagánach Robin Bantry-White, an Canónach Nancy Gillespie agus George Kidd fáilte roimh an toscaireacht i Seanleithghlinn, áit ar threoraigh siad an toscaireacht ó Thobar Beannaithe San Molaise chuig Ardeaglais San Laserian. Tá seans ann gurbh é sin an láithreán ar ar oirníodh San Willibrord agus a chomhghleacaithe.

Chomh maith leis sin, thug an toscaireacht cuairt ar VISUAL, ar Theach na Buiríse agus ar Thigh Moling agus thug siad faoi thuras de shiúl na gcos ar Bhaile Cheatharlach. Tá sé beartaithe go dtabharfaidh grúpa ó Cheatharlach cuairt ar Echternach i mí an Mheithimh 2020 chun páirt a ghlacadh sa 'mhórshiúl preabtha'.



Cuairt á tabhairt ag an toscaireacht ar thaispeántas speisialta 'San Willibrord' i Músaem Contae Cheatharlach

Dé Céadaoin an 11 Meán Fómhair, cuireadh fáilte sa Mhúsaem roimh 34 bhall de St. Jakobus und Johannes Gilde, Emmerich am Rhein, an Ghearmáin (Cumann San Eoin agus San Séamas, Dúiche na Réine) a thug cuairt ar an tír. Chaith siad dhá oíche in Óstán Seven Oaks agus tháinig siad chun an chontae chun loirg San Willibrord, San Bríd agus San Séamas a leanúint.

Chaitheadh San Willibrord agus a mhisinéirí roinnt ama in Emmerich an Rhein agus tá a thionchar le sonrú ann fós sa lá atá inniu ann. Ar taispeáint in Eaglais San Mairtín atá an t-iarsma 7ú haois ar bhronn an Pápa Sergius é ar San Willibrord sa bhliain 695 AD.

Is aithnidiúil sa cheantar sin freisin atá San Bríd (nó Brigida mar a thugann siad uirthi). Cé go gcreidtear nár fhág sí Éire riamh, is féidir gur scaip San Willibrord agus a chomhghleacaithe eolas uirthi ar mhuintir an cheantair. Mar chuid dá dturas, thug siad cuairt ar Thigh Moling agus chuir siad spéis i gCill San Séamas, áit ar onóraíodh é.

Chomh maith leis sin, thug siad cuairt ar an dá Ardeaglais, ar Ráth Meilsí, ar Thobar Beannaithe San Molaise agus ar Thigh Moling.

Thug an Dr Hans Jürgen Arens, ceannaire an ghrúpa, cuairt ar an ngrúpa i gContae Cheatharlach cheana féin i mí an Mheithimh 2018. Ina dhiaidh sin, thug sé cuireadh do Dermot Mulligan, Coimeádaí an Mhúsaeim, cuairt a thabhairt ar Emmerich am Rhein agus páipéar a chur i láthair ag a chomhdháil i mí na Samhna 2018.

Thug Dermot Mulligan, Coimeádaí an Mhúsaeim, cuairt ar an taispeántas sealadach nach mór a fheiceáil sa British Library, Londain. Taispeánadh sa taispeántas céad is ochtó lámhscríbhinn mheánaoiseach ó áiteanna ar fud na hEorpa a bhfuil baint acu leis an saol Angla-Shacsanach sa Ríocht Aontaithe. Ar taispeáint sa chuid tosaigh den taispeántas, ar pléadh an tréimhse luath-mheánaoiseach lena linn, a bhí roinnt leabhar atá bainteach le Ráth Meilsí, Contae Cheatharlach. Ceann amháin díobh ba ea 'Calendar of Willibrord', a choimeádtar in Bibliothèque Nationale de France (Leabharlann Náisiúnta na Fraince) agus a scríobhadh anseo i gCeatharlach sular thug San Willibrord faoina mhisean chun na mór-roinne. Tá síniú San Willibrord ann sa leabhar freisin. Is é sin an síniú indátaithe is sine de chuid Sasanaigh. Ar taispeáint freisin a bhí Soiscéalta Durham. Is é is dóichí gur scríobhadh iad i Ráth Meilsí faoi threoir San Ecgberct, a threoraigh an misean ó Northumbria go Contae Cheatharlach sa 7ú haois.

**Taispeántas 90 Bliain Ghasóga Cheatharlach**

Rinne baill foirne ón Músaem agus 5ú Gasóga (Bhaile) Cheatharlach an taispeántas **"On My Honour I Will Try…, Scouting in Carlow, 90 Years Growing"** a fhorbairt agus a oscailt go hoifigiúil chun a gcomóradh 90 bliain a cheiliúradh. D'fhreastail thart ar chéad is caoga aoi ar sheoladh an taispeántais sin Dé hAoine an 13 Meán Fómhair i nGailearaí O'Hanrahan de chuid an Mhúsaeim.

Bhí Gasóga de gach aois ann, idir Ghasóga Béabhair, Ghasóga Macaoimh, Ghasóga, Ghasóga Fiontair agus Ghasóga Ruagaire, a raibh a n-éide ar gach duine díobh.




5ú Gasóga Bhaile Cheatharlach agus iad i láthair ag seoladh an taispeántais nua i Músaem Contae Cheatharlach

In óráidí a thug an Comh. John Pender, Cathaoirleach Chomhairle Contae Cheatharlach, agus an Comh. Fergal Browne, Cathaoirleach Bhord Mhúsaem Contae Cheatharlach, tugadh aitheantas d'fhás agus forbairt na nGasóg i gCeatharlach. Bunaíodh an Ghasógaíocht i Sasana nuair a thionóil Robert Baden-Powell an chéad Champa Gasóg riamh sa bhliain 1907. Scaipeadh an ghluaiseacht ar fud an domhain agus, sa bhliain 1929, bunaíodh 1ú Bhuíon Cheatharlach. 90 bliain ina dhiaidh sin, tá 5ú Buíon Gasóg Bhaile Cheatharlach ag dul ó neart go neart, agus thart ar 200 ball aici.

Thug Gale Scanlon, Ceannaire Grúpa ar 5ú Gasóga (Bhaile) Cheatharlach, agus Brendan Hoyne, Coimisinéir Contae, bronntanais speisialta do Kevin Murphy, Coimisinéir Cúige, do Sheán Scanlon, iar-Cheannaire Grúpa ar 5ú Gasóga (Bhaile) Cheatharlach, agus do Colin Whelan, Cathaoirleach ar 5ú Gasóga (Bhaile) Cheatharlach, as a seirbhís fhadtéarmach don Ghasógaíocht. Cuireadh searmanas bronnta speisialta ar siúl inar bronnadh ciarsúir bhrád 'comóradh 90 bliain' ar aíonna, lenar áiríodh an Comh. Fergal Browne, Cathaoirleach Bhord an Mhúsaeim, an Comh. Andrea Dalton, Méara Cheantar Bardasach Cheatharlach, Maureen

Murphy, Uachtarán Bhanóglaigh na hÉireann, an tAth. Ger Ahern, iar-Sheiplíneach do 5ú Gasóga (Bhaile) Cheatharlach, agus ar cheannairí Gasógaíochta eile.

Ar ndóigh, ní féidir ócáid de chuid na nGasóg a chríochnú gan amhrán nó dhó a chanadh! Spreag Colin Whelan, an Cathaoirleach ar 5ú Gasóga (Bhaile) Cheatharlach, agus Seán Farrell, Iar-Uachtarán Oinigh ar Ghasógaíocht Éireann, gach duine a raibh ann "I want to Scout until I'm 73" a chanadh go díograiseach. Tugadh Císte Breithlae 90ú Bliain speisialta chun éacht stairiúil na nGasóg i gCeatharlach a cheiliúradh.



An ribín don taispeántas nua á ghearradh




**An Clár um Chaighdeáin Iarsmalainne d'Éirinn (MSPI)**
Chuir Músaem Contae Cheatharlach an t-iarratas cuimsitheach uaidh chuig an gComhairle Oidhreachta ar Chreidiúnú Eatramhach faoin gClár um Chaighdeáin Iarsmalainne d'Éirinn Dé hAoine an 27 Meán Fómhair. Tá ceithre aguisín mhionsonraithe is fiche ag gabháil leis an iarratas, atá sé leathanach is seasca ar fad. Seachadadh ceithre aighneacht cheangailte chuig an gComhairle Oidhreachta. Chaith foireann an Mhúsaeim a lán ama sa bhliain atá imithe thart ar an iarratas a chur le chéile. Is é an aidhm atá leis an gClár um Chaighdeáin Iarsmalainne d'Éirinn ná caighdeáin ghairmiúla a chur chun cinn sa chúram a thugtar do bhailiúcháin i músaeim na hÉireann agus aithnítear baint amach na gcaighdeán sin trí chreidiúnú.

Mar chuid den phróiseas um Chreidiúnú Eatramhach a ghnóthú, rinne an Músaem na pleananna agus na beartais seo a leanas ó Bhord an Mhúsaeim agus ó Chomhairle Contae Cheatharlach a cheapadh agus a cheadú:

- Ráiteas Misin Mhúsaem Contae Cheatharlach
- Plean Bainistíochta Straitéisí Mhúsaem Contae Cheatharlach 2019 – 2024
- Plean Gníomhaíochta Bainistíochta Straitéisí Mhúsaem Contae Cheatharlach 2019 – 2020
- Beartas Bailithe Mhúsaem Contae Cheatharlach 2019 – 2024
- Beartas Diúscartha Mhúsaem Contae Cheatharlach 2019 – 2024

Dé hAoine an 15 Samhain, chaith na measúnóirí don Chlár um Chaighdeáin Iarsmalainne d'Éirinn an lá sa Mhúsaem agus sa tsaoráid stórála. Ba iad na measúnóirí sannta ná Helen Lanigan Wood, iar-Choimeádaí ar Mhúsaem Contae Fhear Manach, agus an Dr Hugh Maguire, iar-Oifigeach Músaem agus Cartlann de chuid na Comhairle Oidhreachta agus iar-Stiúrthóir ar Mhúsaem Hunt.

Anuas ar bhualadh le foireann an Mhúsaeim, bhuail na measúnóirí le Pat Delaney, an Ceann Airgeadais, TF agus Seirbhísí Cultúrtha, le John Shortall, Leabharlannaí an Chontae, leis an gComh. Fergal Browne, Cathaoirleach Bhord an Mhúsaeim, le Eileen O'Rourke, Príomhoifigeach Feidhmiúcháin ar Thurasóireacht Cheatharlach, agus Pádraig Dooley, an tUachtarán ar Chumann Staire agus Seandálaíochta Cheatharlach.

Fuarthas achoimre tosaigh ar ghníomhartha leantacha agus beidh ar an Músaem na gníomhartha sin a thabhairt chun dáta/a chur i gcrích faoi mhí Feabhra 2020. I mí an Mhárta 2020, tiocfaidh an Chomhairle Oidhreachta le chéile chun a chinneadh cé acu a dheonófar nó nach ndeonófar Creidiúnú Eatramhach don Mhúsaem.
Bhí na measúnóirí sásta leis na cleachtais oibre a bhí i bhfeidhm agus is amhlaidh go bhfuil siad ag moladh athruithe agus leasuithe chun go mbeidh na cleachtais ag teacht leis na doiciméid bheartais.



L-R Ó chlé go deas: Na hiarratais chríochnaithe deiridh agus na cóipeanna don Chomhairle Oidhreachta á léiriú ag Tomás Skinner, Aisling O'Halloran agus John McDarby. Tá ceithre aguisín mhionsonraithe is fiche ag gabháil leis an iarratas, atá sé leathanach is seasca ar fad.

**Cruinniú na nÓg**



Dé Sathairn an 15 Meitheamh, cheiliúramar Cruinniú na nÓg le dhá Cheardlann Callagrafaíochta den scoth. Ba é Tim O'Neill, a aithnítear go leathan a bheith ar an gcéad challagrafaí comhaimseartha in Éirinn, a chuir na ceardlanna i láthair. San iomlán, bhain 35 leanbh agus cúpla aosach triail as máistreacht a fháil ar cheird a chaitheadh na manaigh na blianta ar í a fhoghlaim.

Tá stair agus traidisiún iontach ag Ceatharlach ó thaobh callagrafaíochta agus táirgeadh lámhscríbhinní maisithe de. Sa 7ú haois agus san 8ú haois, bhíodh na mainistreacha i gContae Cheatharlach ag táirgeadh leabhar den scoth a bhíodh déanta as veilleam. Tá roinnt de na leabhair sin ann sa lá atá inniu ann fós, lena n-áirítear 'Book of Mulling' ó Thigh Moling agus 'Calendar of Willibrord' ó Ráth Meilsí, Áth na Muilte. Ar chúl an Mhúsaeim, bhí an Tochailt Mhór ar siúl ar fud an lae, ar lena linn a fuair leanaí taithí phraiticiúil ar shaol an tseandálaí. Tá Cruinniú na nÓg ina chuid den Chlár Éire Ildánach agus tá sé á chomhordú agus á bhainistiú ag Oifig Ealaíon Chomhairle Contae Cheatharlach.



Na seanteicnící á bhfoghlaim go dícheallach! Ceann de na seisiúin challagraíochta i Músaem Contae Cheatharlach á mhaoirsiú ag Tim O'Neill. Cuireadh dhá cheardlann ar leith ar siúl ar an lá.

**Seachtain na hOidhreachta, 2019**

I gcomhpháirt le Muintir na Tíre, Míseal, agus le hIonad Pobail Mhísil, chuir Músaem Contae Cheatharlach léacht i láthair dar teideal 'Making Europe: Columbanus, Robert Schuman, and the Idea of Europe' ón Dr Alexander O'Hara, an Roinn Staire Meánaoisí, Ollscoil San Aindrias, Dé Luain an 19 Lúnasa in Ionad Pobail Mhísil mar chuid de Sheachtain náisiúnta na hOidhreachta. Tá baint mhór ag Míseal le San Colmán (*c.* 550-615), a rugadh i Laighin agus a chaith na blianta tosaigh dá shaol ansin, dar lena bheathaisnéisí.

Creidtear le fada an lá go bhfuair an naomh a oiliúint timpeall na teorann idir Contae Loch Garman agus Contae Cheatharlach agus i sráidbhaile Mhísil go háirithe. Thaistil sé ar a aistear ón áit seo chuig Beannchar, Co. an Dúin, i dtuaisceart na hÉireann, a mbíodh dlúthbhaint ag a mhainistir le Baile Cheatharlach. Ba ó Bheannchar a thug Colmán faoina aistear misinéireachta mór chun na mór-roinne, áit ar bhunaigh sé a lán mainistreacha. Áiríodh leo sin Luxeuil sa Fhrainc agus Bobbio san Iodáil. Dar leis an gCairdinéal Tomás Ó Fiach, bhíodh Colmáin "ar an gcéad Eorpach riamh a bhí ag Éirinn agus bhíodh sé ina fhile, ina scoláire, ina ab, ina sheanmóirí agus ina mhúinteoir'. Bhunaíodh sé mainistreacha, labhraíodh sé le ríthe agus dhéanadh sé comhfhreagras le pápaí. Tá an-chuid de scríbhinní Cholmán ann fós, agus is ábhar spreagtha agus misnigh iad do chách.

Bhí an teach lán i Míseal le linn Sheachtain na hOidhreachta, 2019. An Dr Alexander O'Hara (ar dheis), agus é ag labhairt in Ionad Pobail Mhísil.

Sa bhliain 1950, agus tar éis léirscrios an Dara Cogadh Domhanda, tháinig grúpa státairí agus scoláirí ó áiteanna ar fud na hEorpa le chéile in Luxeuil-les-Bains in oirthear na Fraince chun an 14ú comóradh céad bliain ó bhreith Cholmán a chomóradh agus chun todhchaí na hEorpa a phlé. Is féidir bunú an Aontais Eorpaigh mar atá sé sa lá atá inniu ann a rianú siar chuig an tionól sin. Le linn na léachta ón Dr O'Hara, luadh an tionchar iontach a bhí ag Colmán ar Robert Schuman, a bhí ar Aire Gnóthaí Eachtracha na Fraince agus ar dhuine de bhunaitheoirí an Aontais Eorpaigh. Luadh freisin go raibh inimirceach Éireannach ó imeall na hEorpa ar dhuine de na chéad daoine a labhair faoi choincheap na hEorpa aontaithe.

Tá an Dr Alexander O'Hara ina Ánra Taighde Oinigh sa Roinn Staire Meánaoisí in Ollscoil San Aindrias. Tá sé ar an údar ar 'Jonas of Bobbio and the Legacy of Columbanus: Sanctity and Community in the Seventh Century'. Chomh maith leis sin, tá sé ar an eagarthóir ar 'Columbanus and the Peoples of Post-Roman Europe'. D'fhoilsigh Oxford University Press an dá leabhar sin sa bhliain 2018. Tá Seachtain na hOidhreachta á comhordú agus á bainistiú ag an gComhairle Oidhreachta. Cuireadh an ócáid sin ar an ngearrliosta le haghaidh Ghradam ón gComhairle Oidhreachta i leith Sheachtain na hOidhreachta, 2019.

**Oíche Chultúir, 2019**

Rinne Músaem Contae Cheatharlach láithreoireacht dhrámata ghairid dar teideal "Oh Brother Where Art Thou?", ar scríobh Tomás Skinner, Seandálaí Músaeim, í. Ba iad Derek Keating agus John McDarby, baill foirne den mhúsaem, a thaibhigh í. Le linn an taibhithe, pléadh saol na manach luath-Chríostaí i gCeatharlach tráth a bhain San Willibrord Echternach amach. B'ócáid shiamsúil 'taispeáin is inis' í sin a bhí oiriúnach do gach duine, beag beann ar aois. Bhí freastal maith ann agus glacadh go maith leis. Gabhtar buíochas speisialta leis na Bráithre Caipisíneacha ar Shráid Bhaile Átha Cliath as na róbaí a thabhairt ar iasacht.



An Bráthair Aloysius agus an Bráthair Laurence (nó John McDarby agus Derek Keating, mar is fearr aithne) agus iad ag insint scéalta faoina saol laethúil mar mhanaigh luath-Chríostaí.

Bhí Tomás Skinner ar dhuine d'údair na scripte agus ar an ealaíontóir gutha le haghaidh gearrscannán ar léirigh Jacinta Moore, Leabharlannaí Institiúid Teicneolaíochta Cheatharlach, é. Ba é "Stone Age and Beyond" teideal an ghearrscannáin agus taispeánadh é in Institiúid Teicneolaíochta Cheatharlach ar Oíche Chultúir. Sa ghearrscannán seo, tugadh léiriú nua-aimseartha a bhfuil ábhar machnaimh ann ar Dholmain Chnoc an Bhrúnaigh, agus áiríodh closamharc spreagthach leis. I mí na Nollag, bhronn Jacinta cóip den scannán ar an Músaem ag cruinniú ceann bliana Bhord an Mhúsaeim.




Stone Age and Beyond, a taispeánadh in Institiúid Teicneolaíochta Cheatharlach ar Oíche Chultúir

**Seoladh Mapa Rian Baile na Tulaí**

Chabhraigh baill foirne an Mhúsaeim le Músaem Daniel Delany, an Tulach, seoladh Mhapa Rian Baile na Tulaí a óstáil. Ba é Coiste Bailte Slachtmhara na Tulaí, Cumann Forbartha na Tulaí agus Turasóireacht Cheatharlach a d'fhorbair an mapa, rud a rinneadh tríd an scéim 'Bailte agus Sráidbhailte' ar chomhordaigh Comhairle Contae Cheatharlach í. Seoladh an mapa ar Lá Fhéile Bríde Dé hAoine an 1 Feabhra, a bhí ar an lá a chuir an tEaspag Delany Ord Bhríde ar bun ar an Tulach sa bhliain 1807.

**Seachtain na Gaeilge**

Thaispeáin an Músaem, i gcomhar le Glór Cheatharlach, roinnt gearrscannán Gaeilge mar chuid dá Chiorcal Gaeilge seachtainiúil sa Mhúsaem. Thug baill foirne ó TG4 cuairt ar an mbaile agus cuireadh agallamh ar bhaill foirne ó Ghlór, ón Leabharlann agus ón Músaem. Craoladh an tuairisc, a bhí thart ar chúig nóiméad ar fad, ar TG4 Dé Domhnaigh an 10 Aibreán.

Lean an Músaem ar aghaidh ag óstáil Ciorcal Gaeilge, an ócáid sheachtainiúil comhrá Gaeilge, maidin Dé Céadaoin i gcomhpháirt le Glór Cheatharlach. Bíonn an ócáid mhóréilimh sin ar siúl ó thús mhí Mheán Fómhair go dtí deireadh mhí an Mheithimh.

**Searmanas Bronnta Duaiseanna do Scoileanna ó Chumann Staire agus Seandálaíochta Cheatharlach (CHAS)**
Dé Céadaoin an 27 Márta, chuir Cumann Staire agus Seandálaíochta Cheatharlach (CHAS) an searmanas bronnta duaiseanna staire do scoileanna ar siúl sa Mhúsaem. Cuireadh geall le céad is caoga iontráil isteach le haghaidh an chomórtais, an líon ab airde riamh. Bhuaigh Kate Sommers ó Scoil Náisiúnta Bhalana an duais don chéad áit. Fuair Kevin McKeon, Scoil Náisiúnta Cheatharlach, an duais dara háit agus fuair Reuben McCarthy, Scoil Phádraig Naofa, an Tulach, an duais tríú háit.

**Lá Fhéile Laserian**
Is é an 18 Aibreán Lá Fhéile Laserian. Toisc gur thit an dáta sin ar Dhéardaoin Mandála sa bhliain 2019, cuireadh an ceiliúradh i Seanleithghlinn siar go dtí tráthnóna Dé Sathairn an 20 Aibreán. Is é atá i gceist leis an gceiliúradh go reáchtáiltear seirbhís éacúiméineach in Ardeaglais San Laserian, ar lena linn a labhraíonn aoichainteoir, agus go mbíonn mórshiúl ann ina dhiaidh sin chuig Tobar Beannaithe San Molaise in aice láimhe, áit a dtugtar an tseirbhís chun deiridh. Ba é Dermot Mulligan, Coimeádaí an Mhúsaeim, an t-aoichainteoir i mbliana. Is féidir an óráid a léamh ar shuíomh Gréasáin an Mhúsaeim.

**Grianghraf Mhuintir Moran**
An 10 Bealtaine, thug muintir Moran ó Ghort na Fuiseoige cuairt ar an Músaem agus tógadh grianghraf díobh os comhair an taispeántais ar Johnny Moran, a n-athair. Foilsíodh alt nuachtáin leathanaigh iomláin dar teideal 'Midnight Matinee of a £6,000,000 Show' ar Johnny sa Sunday Press an 20 Aibreán 1952. Ba iad Catherine, Betty, Mary agus Tony na daoine ón gclann a bhí i láthair. Thairg an chlann cóipeanna ardchaighdeáin den alt agus de na grianghraif thionlacain don Mhúsaem.




Daoine de mhuintir Moran le baill foirne den Mhúsaem

**An Chomhdháil Turasóireachta agus Oilithreachta Reiligiúnaí Idirnáisiúnta, Béalgrád**
Idir an 26 Meitheamh agus an 29 Meitheamh, bhí an 11ú Comhdháil Turasóireachta agus Oilithreachta Reiligiúnaí Idirnáisiúnta ar siúl in Ollscoil Singidunum, Béalgrád, an tSeirbia. D'fhreastail Dermot Mulligan, Coimeádaí an Mhúsaeim, ar an gcomhdháil. Nuair a bhí sé ann, chuir sé páipéar i láthair inar pléadh San Willibrord, Éarlamh Lucsamburg agus an Chéad Aspal ar an Ísiltír, agus a Bhaint le Contae Cheatharlach. Le linn na comhdhála, chuir daoine ó shé thír is fiche páipéir i láthair. Áiríodh leo Meiriceá, an Astráil, an Rúis, Ceanada,

Sasana agus an Iodáil. Pléadh raon leathan topaicí agus forbairtí a bhaineann leis an turasóireacht reiligiúnach le linn na comhdhála dea-eagraithe. Foilseofar páipéir na comhdhála níos moille i mbliana. Sa bhliain 2012, óstáladh an Chomhdháil Turasóireachta agus Oilithreachta Reiligiúnaí Idirnáisiúnta in Éirinn, ar lena linn a labhair Dermot faoi thionscadal Cheatharlach um Rianta na Naomh.

**Fógraí Raidió Thurasóireacht Cheatharlach**
Le linn mhí Iúil, craoladh trí fhógra de chuid Thurasóireacht Cheatharlach ar roinnt de na stáisiúin raidió náisiúnta chun Féile Gairdín Cheatharlach a chur chun cinn. Ba í Kathryn Thomas, arb as Ceatharlach di, a thug a guth do na fógraí. Luaitear Músaem Contae Cheatharlach i gceann de na fógraí.

**An Comórtas Náisiúnta Treabhdóireachta**
Chomhordaigh an Músaem stalla do Mhúsaeim Cheatharlach agus don Chumann Staire ag marquee InCarlow ag an gComórtas Náisiúnta Treabhdóireachta, a cuireadh ar siúl i mBaile an Treathain, Fionnmhach, Co. Cheatharlach, ón 17 Meán Fómhair go dtí an 19 Meán Fómhair. D'fhorbair Comhairle Contae Cheatharlach, le cabhair ón Oifig Fiontair Áitiúil, marquee InCarlow. Taobh thiar den stalla, taispeánadh íomhánna de mhíreanna ó na músaeim sa chontae agus roinnt de chlúdaigh thosaigh Carloviana. D'oibrigh Aisling O'Halloran, Intéirneach Céimí, i gcomhar le CHAS, leis an Músaem Míleata agus le Músaem na Tulaí chun uainchlár a eagrú don stalla i dteannta bhaill foirne an Mhúsaeim. Rinne an Músaem roinnt cainteanna a chomhordú agus a chur i láthair ar limistéar an ardáin. Áiríodh leo cainteanna faoi CHAS, faoin Músaem Míleata, faoi Mhúsaem Contae Cheatharlach agus faoin taispeántas nua-oscailte Gasógaíochta. Bhí Aisling ar an reachtaire ar feadh lae ar an ardán. Labhair Jim Shannon faoi CHAS agus faoina ról, faoina ghníomhaíochtaí agus faoi na léachtaí a bheadh ag teacht uaidh. Labhair Paul Maguire agus Peter Heary faoin Músaem Míleata agus faoin ócáid feithiclí míleata a bheadh ag teacht uaidh. Labhair Colin Whelan agus Kevin Murphy faoi stair nócha bliain na gasógaíochta sa bhaile. Thug a lán polaiteoirí náisiúnta agus daoine mór le rá cuairt ar an stalla. Áiríodh leo Kathryn Thomas, Sean O'Brien agus Sinéad Flannagan, Rós Thrá Lí.

Roimh an gComórtas, thug Mairéad Lavery, Iriseoir le hIris 'Irish Country Living' de chuid an Farmers Journal, cuairt ar an gcontae. D'fhoilsigh sí alt dar teideal 'Follow Me Up to Carlow' inar luadh roinnt de na nithe is díol spéise sa chontae, an Músaem san áireamh.





Tháinig a lán daoine le chéile ag an gComórtas Náisiúnta Treabhdóireachta. Áiríodh leo Sean O'Brien, Kathryn Thomas, an tAire Simon Harris, an tAire Charlie Flanagan, agus Mary-Lou McDonald TD.

**Mensana 2019:**
Mar chuid d'Fhéile Mensana, a reáchtálann Cumann Meabhairshláinte Cheatharlach í gach bliain, iarradh ar an Músaem turas de shiúl na gcos ar an mbaile a threorú Dé Sathairn an 12 Deireadh Fómhair. Ba é an Músaem pointe tosaithe an turais, a chuimsigh Príosún Cheatharlach (Ionad Siopadóireachta Cheatharlach), Crann na Saoirse, Droichead na Boirne/Halla Deighton, Caisleán Cheatharlach, Eaglais Mhuire, Halla an Bhaile, an Ardeaglais agus Coláiste Cheatharlach, an Teach Cúirte agus Coláiste Naomh Leo. Ag deireadh na siúlóide, bhí cupán tae ag gach duine sa Ghairdín Beo. Ba é an smaoineamh taobh thiar den ócáid ná eolas na háite a chur ar dhaoine agus an deis a thabhairt dóibh bualadh le daoine eile agus comhrá a dhéanamh leo de réir mar a chuaigh an turas tríd an mbaile.

**Scarefest**
D'eagraigh an Músaem dhá ócáid mar chuid de Scarefest 2019.
Dé hAoine an 25 Deireadh Fómhair, threoraigh an Músaem 'Turas Siúil Lucinda Sly'. De dheasca na drochaimsire, ba sa mhúsaem a cuireadh tús leis an turas. Ina dhiaidh sin, chuathas faoi chomhla thógála na croiche a bhíodh i bPríosún Cheatharlach agus ar aghaidh chuig Príosún Cheatharlach (Ionad Siopadóireachta Cheatharlach) chun amharc ar chillín an bháis agus chun seasamh ag an bhfuinneog os cionn an bhealaigh isteach ina gcuirtí daoine chun báis. Léadh sleachta ón leabhar staire ficsin ó Mhaidhc Dainín Ó Sé amach. Thug baill foirne den Mhúsaem cúlra stairiúil ar Cheatharlach mar a bhí sé go mall sa bhliain 1834 agus go luath sa bhliain 1835. Ba í sin an tréimhse inar tharla na himeachtaí a bhí i gceist le dúnmharú Walter Sly agus ina bhfuarthas Lucinda agus John Dempsey, searbhónta léi, ciontach ina dhúnmharú.



Léargas á thabhairt ag John McDarby ar Thuras Siúil Lucinda Sly agus é ina sheasamh faoi bhun chomhla thógála na croiche a bhíodh i bPríosún Cheatharlach.

Dé Máirt an 29 Deireadh Fómhair, d'óstáil an Músaem 'Oíche sa Mhúsaem' i gcomhpháirt le Scarefest agus le Ceatharlach Creathlach. Ar an oíche, tháinig deichniúr ó stair Cheatharlach

i láthair an athuair sa Mhúsaem chun a scéal a insint. Ar an deichniúr sin bhí an chéad duine riamh a chónaigh i gCeatharlach sa Chlochaois, an Breitheamh Mary O'Toole, an tUrramach Bibby (Ord na mBráithre Mionúra), Kevin Barry agus an tAltra Margaret Kehoe.



An nuacht á léamh ag an gcéad duine riamh a chónaigh i gCeatharlach, roimh dó bualadh le muintir Cheatharlach sa lá atá inniu ann.

**Líonra Staire Béil na hÉireann**
Dé hAoine an 1 Samhain in Ionad Paróiste Ardeaglais Cheatharlach, Sráid an Choláiste, Baile Cheatharlach, chuir Líonra Staire Béil na hÉireann ceardlann aonlae i láthair inar pléadh 'Tús Eolais ar Stair Bhéil – Cur Chuige an Timthrialla'. Thug Músaem Contae Cheatharlach tacaíocht chineálta don cheardlann sin.

Le linn na ceardlainne, tugadh tús eolais bunúsach ar gach gné de thimthriall aon tionscadail staire béil, idir choimisiúnú, scaipeadh agus chartlannú. Tugadh tús eolais inti ar choincheapa dea-chleachtais ó thaobh tosca eiticiúla agus tosca dlíthiúla de. Ba é Adrian Roche, ball de Líonra Staire Béil na hÉireann, an t-oiliúnóir. Ghlac dháréag páirt ann, arbh as Ceatharlach (seisear), Gaillimh (duine amháin), Ciarraí (duine amháin), Cill Chainnigh (beirt) agus Cill Mhantáin (beirt) dóibh.



Roinnt de na daoine a d’fhreastail ar an gceardlann de chuid Líonra Staire Béil na hÉireann, i dteannta Dermot Mulligan agus i dteannta Adrian Roche ón Líonra

**Léacht Dhébhliantúil ar San Willibrord**

Chun Féile San Willibrord, Éarlamh Lucsamburg agus an Chéad Aspal ar an Ísiltír a cheiliúradh, cuireadh an dara Léacht Dhébhliantúil ar San Willibrord ar siúl ag 7.00pm Déardaoin an 7 Samhain in Ardeaglais San Laserian, Seanleithghlinn. Tosaíodh an oíche le heasparta a bhí faoi stiúir ag an Ró-Oirmhinneach Tom Gordon, Déan Ardeaglais San Laserian. Ina dhiaidh sin, reáchtáladh léacht ar chomhordaigh Músaem Contae Cheatharlach í. Thug an Dr Niamh Wycherley, Ollscoil Mhá Nuad, léacht den scoth dar teideal “The Cult of Relics in Medieval Ireland: Power, Patronage and Devotion”. Ní ba luaithe sa lá, léigh an tEaspag Denis Nulty Aifreann 10.00am in Ardeaglais na Toirbhearta.



(Ó chlé go deas) Pádraig Dooley, an tUachtarán ar CHAS agus Comhalta de Bhord an Mhúsaeim; John McDarby, Oifigeach Foirne, Músaem Contae Cheatharlach; an Dr Niamh Wycherly, Ollscoil Mhá Nuad; agus an Sár-Oirmhinneach Tom Gordon, Déan Ardeaglais San Laserian, ag an Léacht Dhébhliantúil ar San Willibrord.

**Mic Léinn ar an gCúrsa MA i Staidéar Músaeim i gColáiste na hOllscoile, Corcaigh**

Dé Luain an 2 Nollaig, thug cúig mhac léinn déag atá ar an gCúrsa MA i Staidéar Músaeim i gColáiste na hOllscoile, Corcaigh, cuairt ar an Músaem i dteannta John Sheehan, an léachtóir leo. D'iarr siad turas fadaithe ar an Músaem agus faisnéis ó bhéal faoi oibríochtaí an Mhúsaeim. Ba í sin an ceathrú bliain inar thug mic léinn ar an gcúrsa sin cuairt ar Cheatharlach.

**Carloviana:**

Sheol CHAS eagrán na bliana 2020 de Carloviana uaidh Déardaoin an 28 Samhain. Tá an tIrisleabhar 220 leathanach ar fad agus tugtar ann alt ón Músaem faoin taispeántas de chuid na Leabharlainne Briotanaí ar Ríochtaí Angla-Shacsanacha, rud a luaitear Ráth Meilsí agus San Willibrord ann. Rud eile a taispeánadh an oíche sin ba ea Agóid Cheatharlach ar son Rialtas Dúchais sa bhliain 1913, tar éis an athchóirithe. Taispeántar sa scannán bratach Léig Náisiúnta na hÉireann de chuid an Mhúsaeim do Thigh an Réileáin agus Binn an Choire, CCM 02-2528. Bronnadh cóip den DVD ar an Músaem agus beidh sí ar taispeáint ar fud na bliana 2020.

**Slabhra Oifige Chomhairle Baile Cheatharlach**

Sa Chruinniú dá chuid i mí na Nollag, d'aontaigh an Bord le hiarraidh a fuarthas ó Cheantar Bardasach Cheatharlach go dtabharfaí Slabhra Oifige Chomhairle Baile Cheatharlach ar ais lena úsáid ag an Méara mar shlabhra oifige. Ag an gcruinniú de chuid Cheantar Bardasach Cheatharlach i mí na Samhna, d'aontaigh na Comhaltaí go n-iarrfaí ar Mhúsaem Contae Cheatharlach Slabhra Oifige Chomhairle Baile Cheatharlach a thabhairt ar ais lena úsáid ag an Méara. Fearacht gach Comhairle Baile, cealaíodh an Chomhairle Baile i mí na Bealtaine 2014. Mar chuid den chealú, aontaíodh ag an gCruinniú Míosúil de chuid Chomhairle Baile Cheatharlach an 8 Bealtaine 2014 go mbronnfaí an Slabhra Oifige ar an Músaem. Aistríodh na hoibríochtaí uile de chuid na Comhairle Baile, an Músaem san áireamh, chuig Comhairle

Contae Cheatharlach, agus í ar an aon údarás áitiúil amháin a bheadh freagrach as an gcontae ar fad.

**Baill Foirne agus Oibrithe Deonacha an Mhúsaeim**

Is iad seo baill foirne an Mhúsaeim: Dermot Mulligan, Coimeádaí an Mhúsaeim; John McDarby, Oifigeach Foirne; Aisling O'Halloran, Fostaí Céime; Martin O'Rourke, Maoirseoir Cothabhála (ball foirne a chomhroinntear leis an tSeirbhís Leabharlainne); agus Tomás Skinner, Seandálaí. Tá rochtain ag an Músaem ar phoist faoi Scéim Shóisialta Tús atá á comhordú ag Comhpháirtíocht Forbartha Contae Cheatharlach. I mí an Mheithimh, chuir an triúr rannpháirtithe i Scéim Tús a bhí ag an Músaem, mar a bhí Kevin Donohue, Brian Kelly agus John O'Neill, a dtéarma bliana ar an Scéim i gcrích. Tháinig triúr rannpháirtithe nua isteach ina n-ionad: Sean Glancy, Derek Keating agus Sean McDermott. I mí Lúnasa, chuaigh Noelle Timmons isteach san fhoireann. I mí na Nollag, chuir Claire Donegan a téarma ar Scéim Tús i gcrích.

**Oibrithe Deonacha an Mhúsaeim**

Cuireadh an 8ú Cóisir Nollag Bhliantúil d'Oibrithe Deonacha ar siúl sa Mhúsaem Déardaoin an 19 Nollag in Ionad Delta. Eagraímid an ócáid chun ár mbuíochas a ghabháil leis an lear oibrithe deonacha as an gcabhair a thugann siad ar fud na bliana. Tá thart ar chaoga oibrí deonach ag an Músaem, a sholáthraíonn seirbhís thábhachtach feitheoireachta ar fud ghailearaithe an mhúsaeim. D'fhreastail baill foirne an Mhúsaeim agus roinnt de na hoibrithe deonacha ar an maidin caife 'buíochais' ar eagraigh Ionad Oibrithe Deonacha Cheatharlach í in Óstán Seven Oaks an 16 Bealtaine.





Taitneamh á bhaint as an gCóisir Nollag Bhliantúil d'Oibrithe Deonacha ag oibrithe deonacha agus baill foirne de chuid an Mhúsaeim.

# TEICNEOLAÍOCHT FAISNÉISE

# TEICNEOLAÍOCHT FAISNÉISE

**An Clár Maoine, 2019**

Leanadh le hathbhreithniú ar an gClár Maoine sa bhliain 2019. Sonraítear sa chlár suíomh geografach agus méid na maoine cláraithe. Is é atá i gceist le maoine cláraithe ná na maoine sin atá faoi úinéireacht Chomhairle Contae Cheatharlach. Sonraítear sa chlár freisin na maoine a fuarthas mar éadáil agus a diúscraíodh sa bhliain. Réitíodh an Clár Maoine leis an gClár Sócmhainní Seasta ónár gCóras Bainistíochta Airgeadais chun na maoine ba cheart a chur leis an gClár Sócmhainní Seasta agus na maoine ba cheart a bhaint de a shainaithint.

**ArcGIS Enterprise**

Uasghrádaíodh ArcGIS for Server ó leagan 10.2.1 chuig ArcGIS Enterprise le linn na bliana 2019. Áirítear le táirge ArcGIS Enterprise na comhpháirteanna bogearraí seo a leanas atá deartha chun obair le chéile:

- Freastalaí ArcGIS—an phríomh-chomhpháirt seirbhísí Gréasáin a úsáidtear le haghaidh léarscáileanna a dhéanamh agus anailís a chur i gcrích.
- Tairseach le haghaidh ArcGIS—is féidir an táirge a úsáid chun léarscáileanna, feidhmchláir agus faisnéis gheografach eile a chomhroinnt le daoine eile i d’eagraíocht.
- Stóras Sonraí ArcGIS—is féidir an táirge a úsáid chun stóráil sonraí a chumrú le haghaidh óstáil agus le haghaidh freastalaithe cónasctha a úsáidtear san fheidhmiú.
- Cuibheoir Gréasáin ArcGIS—is féidir é a úsáid chun Freastalaí ArcGIS agus Tairseach le haghaidh ArcGIS a chomhtháthú le do fhreastalaí Gréasáin reatha agus le sásraí slándála d’eagraíochta.

**Bailiúcháin Autodesk AEC**

De bhreis ar AutoCAD Map 3D, tá fáil ag Comhairle Contae Cheatharlach anois ar roinnt Bailiúchán Ailtireachta, Innealtóireachta agus Tógála (AEC). Áirítear leis an mBailiúchán AEC raon leathan táirgí amhail Map 3D, Civil 3D, Revit, Vehicle Tracking, Infraworks agus Insight. Leis an mBailiúchán AEC, soláthraítear tacar cuimsitheach uirlisí do thionscadail bhainistithe ó thús go deireadh. Buntáiste tábhachtach eile is ea go bhfágann an Bailiúchán AEC nach gá roinnt ceadúnas táirge a bhainistiú le haghaidh roinnt táirgí difriúla. Is féidir Bainisteoir Ceadúnas Líonra amháin a úsáid chun na táirgí go léir sa Bhailiúchán AEC a bhainistiú.

**Seirbhísí Feidhmchlár agus Bogearraí**

Sa bhliain 2018, bhí córas oibriúcháin Windows 7 in úsáid ag formhór mór na ríomhairí pearsanta cliaint atá ag Comhairle Contae Cheatharlach. Tiocfaidh tacaíocht ó Microsoft don chóras sin chun deiridh i mí Eanáir 2020. Ba dhúshlán slándála é sin don Rannóg TFC toisc gur leochaileach i leith cineálacha nua bogearraí mailíseacha agus víreas atá ríomhairí pearsanta nach bhfaigheann paistí míosúla Microsoft a thuilleadh.

Chuige sin, thug an Rannóg TFC faoi chlár uasghráduithe ríomhaire phearsanta sa bhliain 2019 chun Windows 7 a bhaint den líonra agus córas oibriúcháin Windows 10, an ceann is nuaí de chuid Microsoft, a chur ina ionad. Tá sé beartaithe ag Microsoft go mbeidh Windows 10 ar an gcóras oibriúcháin deiridh uaidh, mar a ndéanfar feabhsuithe rollacha ó bhliain go bliain. Tá sé deartha freisin le haghaidh ríomhairí deisce, ríomhairí glúine agus táibléid scáileán tadhaill chun comhéadan coitianta comhsheasmhach a thabhairt sna gléasanna úsáideora uile.

Bhí geall le 300 ríomhaire pearsanta ag Comhairle Contae Cheatharlach sa bhliain 2019. Díobh sin, uasghrádaíodh 80% chuig Windows 10 sa bhliain 2019. Leanfaidh an Rannóg TFC ar aghaidh ag obair le baill foirne sa bhliain 2020 chun na ríomhairí pearsanta atá fágtha a uasghrádú agus chun ár n-athléimneacht in aghaidh víreas agus bogearraí mailíseacha a dhéanamh

seasmhach i leith na todhchaí. Fadaíodh an tacaíocht oifigiúil ó Microsoft le haghaidh an lín bhig ríomhairí pearsanta ar Windows 7 atá fágtha chun go leanfaí le nuashonruithe a dhéanamh orthu de réir mar a aistrítear chuig córas oibriúcháin Windows 10.

Aistarraingíodh sraith ríomhairí glúine Chomhairle Contae Cheatharlach sa bhliain 2019 chun seiceáil sláinte a dhéanamh orthu agus chun iad a aistriú chuig an mbeartas um thús áite don néalríomhaireacht. Is féidir le baill foirne úsáid a bhaint as a spás pearsanta féin sa néal anois chun doiciméid a chur in eagar agus a chomhroinnt ar bhealach sábháilte agus chun comhoibriú le baill foirne eile. Sainaithníodh roinnt sonraí atá oiriúnach don Rannóg agus aistríodh iad chuig an néal freisin chun rochtain a éascú agus chun cur le cumas na foirne comhroinnt agus comhoibriú ar dhoiciméid ach leas a bhaint as a ríomhaire glúine oibre agus as a bhfón póca.

**Seirbhísí Digiteacha**

Tá WiFi saor in aisce ar fáil i gCeathrú Chultúrtha Chomhairle Contae Cheatharlach. Tháinig **CarlowFreeWiFi** i bhfeidhm sa Cheathrú Chultúrtha le haghaidh Fhéile Ealaíon Cheatharlach i mí an Mheithimh 2019.

Triaileadh an tseirbhís go rathúil in Ionad Comhairimh Chomhairle Contae Cheatharlach i Scoil Buachaillí na hEasca.

Is comhthionscnamh é idir Comhairle Contae Cheatharlach agus Magnet Networks. Is áis iontach don bhaile í an tseirbhís.

Is é Magnet Networks a chumhachtaíonn an tseirbhís agus is pointí rochtana iad Leabharlann Cheatharlach, Músaem Cheatharlach agus VISUAL, Ceatharlach. Tá sé an-simplí í a rochtain – níl le déanamh ach cliceáil ar shocruithe ar an bhfón agus dul chuig naisc agus chuig WiFi chun logáil isteach in **CarlowFreeWiFi**. Teastaíonn clárú aonuaire, rud is féidir a dhéanamh ar Facebook nó Twitter nó trí ríomhphost.

Beidh gnóthais agus aon pháirtithe leasmhara eile in ann an tseirbhís WiFi a úsáid chun a gcuid táirgí, seirbhísí agus ócáidí a chur chun cinn os comhair na n-úsáideoirí a chláraíonn.

**Pointí Nasctha Leathanbhanda**

**Cad is Pointí Nasctha Leathanbhanda (PNLanna) ann?**

Is é is Pointí Nasctha Leathanbhanda (PNLanna) ann ná láithreacha poiblí a roghnaíodh chun nascacht leathanbhanda ardluais 150 MB a fháil sa chéad bhliain den Phlean Náisiúnta Leathanbhanda. Is láthair ina gcuirfear WiFi poiblí ar fáil atá i bPointe Nasctha Leathanbhanda. Beidh na daoine a chónaíonn sa cheantar ginearálta in ann ansin leas a bhaint as an leathanbhanda de réir mar a theastaíonn uathu. Rinneadh seacht láthair a roghnú agus a cheadú i gContae Cheatharlach. Tá na seacht láthair i gCeatharlach comhdhéanta d’fhoirgnimh phoiblí amhail scoileanna, ionaid phobail agus nithe is díol spéise do thurasóirí. Rinneadh suirbhéireacht ar roinnt de na láithreáin sin go mall sa bhliain 2019 chun a chinntiú gur roghanna inmharthana iad do thionscadal na bPointí Nasctha Leathanbhanda.

**Conas a roghnaíodh na Pointí Nasctha Leathanbhanda (PNLanna)?**

Ba iad na príomhchritéir le haghaidh roghnú mar PNL ná nach mór an PNL a bheith lonnaithe sa limistéar ómrach den Phlean Náisiúnta Leathanbhanda agus nach bhfuil sé beartaithe ag an limistéar a mbeadh an PNL ann tabhairt faoi fhorbairt tráchtála chun leathanbhanda ardluais a sholáthar.

**Cad ar féidir na PNLanna a úsáid ina leith?**

Le gach PNL, soláthrófar rochtain leathanbhanda snáithín ardchaighdeáin ardluais 150 MB don phobal áitiúil. Cuirfidh sé sin ar chumas mhuintir na háite dul chuig an láthair roghnaithe agus rochtain a fháil ar leathanbhanda le haghaidh úsáid laethúil, lena n-áirítear obair ó chian, rochtain ghinearálta agus coinneáil i dteagmháil le daoine muinteartha agus le cairde thar lear trí fhíschomhráite.

**Cén uair a bheidh na PNLanna ar fáil?**

Beidh na PNLanna uile nasctha i gCeatharlach sa chéad bhliain de chur i bhfeidhm an Phlean Náisiúnta Leathanbhanda (2020).

**Láthair na PNLanna i gCeatharlach**

- Garrán Duckett
- Gairdíní Altamont
- Leabharlann na Buiríse
- Halla Pobail an Bhaile Nua
- Halla Pobail Ráth Ana
- Scoil Náisiúnta Chill Damháin
- Scoil Náisiúnta na hUrnaí

**Naisc Shnáithín 1 GB Nua d'Oifigí Iargúlta**

Sa bhliain 2019, chuir an Rannóg TFC naisc shnáithín 1 GB atá saor ó choimhlint agus níos gasta idir Oifigí an Chontae agus na Seomraí Tionóil, Halla Bhaile Cheatharlach, Leabharlann Contae Cheatharlach agus Stáisiún Dóiteáin Cheatharlach. Soláthraítear an nasc sin go sábháilte thar líonraí Rialtais. Bunriachtanas le haghaidh seirbhísí óstáilte is ea an nasc chuig líonraí Rialtais.

# MÓTARCHÁIN

## MÓTARCHÁNACHAS

Soláthraíonn Oifig Mótarchánach Chomhairle Contae Cheatharlach ardchaighdeán seirbhíse do dhaoine den phobal. Is í an fheidhm phríomha atá aici fós ná Táillí Ceadúnas Feithicle a bhailiú.

Bíonn an tseirbhís Mótarchánach ar líne ar fáil 24 huaire sa lá, seacht lá sa tseachtain agus 365 lá sa bhliain ag www.motortax.ie

**SONRAÍ STAITISTIÚLA**

Próiseáladh breis agus 33,000 idirbheart san Oifig Mótarchánach sa bhliain 2019. Áiríodh leo sin eisiúint 28,000 diosca mótarchánach.

B’ionann an t-airgead iomlán a bailíodh sa bhliain 2019 agus €5 mhilliún agus miondealaítear é mar seo a leanas:

| | € milliún | % |
|---|---|---|

| | | |
|---|---|---|
| **Feithiclí Príobháideacha** | **3.4** | **68%** |
| | | |
| **Feithiclí Earraí** | **1.1** | **22%** |
| | | |
| **Ilghnéitheach** | **.5** | **10%** |
| **Iomlán** | **5** | |

Anuas air sin, rinneadh 56,000 idirbheart dar luach €8.6 milliún san iomlán a phróiseáil ar líne.

# SÁBHÁILTEACHT UISCE

Sholáthair Comhairle Contae Cheatharlach cistiú sa bhliain chun a chinntiú go soláthrófaí an Clár Sábháilteachta Uisce, lena n-áirítear dhá fhoireann de ghardaí tarrthála a fhostú ar bhonn laethúil sna ceantair shnámha mhóréilimh atá lonnaithe ar an mBearú i Muine Bheag agus i gClais an Ghainimh, an Bhuiríos. Cuireadh tús leis an tréimhse fostaíochta dhá mhí Dé Luain an 1 Iúil. Le linn an tsamhraidh, chuir an tseirbhís gardála tarrthála sé tharrtháil i gcrích, thug sí garchabhair 24 huaire, thug sí comhairle breis agus 255 huaire agus choisc sí 14 thimpiste. Anuas air sin, sholáthair sí idirghabhálacha bainistíochta riosca, rud lenar coisceadh bá teagmhasach agus teagmhais uisce a d’fhéadfadh a bheith guaiseach agus lenar bhain gach aoisghrúpa.

De bharr na dea-aimsire agus na dea-dhálaí uisce snámha, bhíothas ag baint úsáid as roinnt láithreacha chun críocha snámha neamh-mhaoirsithe ar fud an chontae sa samhradh. Láithreacha móréilimh le haghaidh iascaireachta, leabú ancaire agus raon leathan gníomhaíochtaí sóisialta agus áineasa atá na céanna i mBaile Cheatharlach, i Muine Bheag agus i dTigh Moling. Is ón gcosán tarraingthe/abhann a fhaightear rochtain ar na ceantair shnámha mhóréilimh den chuid is mó.

Déantar freastal ar Chlais an Ghainimh agus ar Thigh Moling le páirceáil carranna oiriúnach agus le háiseanna sólaistí sa cheantar. Is ann fós do go leor gníomhaíochtaí campála agus fánaíochta agus gníomhaíochtaí eachtraíochta atá dírithe ar an tráchtáil sna háiteanna sin. Is é Clais an Ghainimh an t-ionad oifigiúil le haghaidh comórtais chanúála/chadhcála agus imeachtaí oiliúna a n-eagraíonn Aontas Canúála na hÉireann iad. Tá ag méadú ar an mbrú ar an rochtain agus na háiseanna páirceála atá ann cheana de bharr dhlús na húsáide ag leasanna tráchtála áitiúla agus neamháitiúla sa láthair sin. Cé nach bhfuil pobal mór gnó 'spleách ar uisce' ag an gContae go fóill, is amhlaidh go bhfuil ag méadú ar stádas na habhann mar shócmhainn shuntasach ghníomhaíocht fóillíochta/turasóireachta, go háirithe le linn dea-dhálaí aimsire, mar gurb ann d'árthaí paisinéirí/fóillíochta agus bonneagar muirí mar aon le hionaid uasghrádaithe bhialainne/shóisialta i gcóngar abhainn inseolta na Bearú sa Chontae. Bhí méadú mór ann sa bhliain 2019 ar an líon snámhóirí uisce oscailte agus clubanna snámha uisce oscailte atá ag traenáil ar an mBearú i Muine Bheag.

Cuireadh comhdháil bhliantúil na nOifigeach Forbartha um Shábháilteacht Uisce ar siúl i Ros Comáin i mí Aibreáin. Ar na saincheisteanna a pléadh ag an gcomhdháil bhí Ceamaraí Íomhánna Teirmeacha na Gaillimhe, Dualgais na nOifigeach Forbartha um Shábháilteacht Uisce, Trealamh Tarrthála Poiblí, agus Measúnacht Riosca. Le linn seimineár athbhreithniúcháin a cuireadh ar siúl i dTeach Belvedere, an Muileann gCearr, an 24 Meán Fómhair 2019, rinne Oifigigh Forbartha um Shábháilteacht Uisce/Sábháilteacht Uisce na hÉireann athbhreithniú ar a éifeachtaí ó thaobh oibriúcháin de a bhí cláir shábháilteachta uisce an údaráis áitiúil le linn tréimhse mórmhara na bliana 2019.

Mar is gá de nádúr, is iarrachtaí foirne atá in iarrachtaí a dhéantar chun riosca an bhá thimpistigh a íoslaghdú. Le linn na bliana, is corruair a rinneadh tuilte reatha de na haibhneacha suaimhneacha sa chontae mar thoradh ar na tosca clíomacha neamhghnácha. Bhí sé sin ina bhagairt ar an mbeatha agus ar mhaoin. Is le linn na dteagmhas sin a bhaintear an leas is mó as iarrachtaí comhordaithe oifigí ceantair agus fhoireann theicniúil agus amuigh na Comhairle agus aonad Cosanta Sibhialta a bhfuil an trealamh agus an oiliúint chuí acu.
Feidhmíonn Údaráis an Gharda Síochána an Scéim Faire Abhann d'fhonn an riosca a bhaineann le hiompraíocht fhrithshóisialta ar an mBearú nó cóngarach di sa chontae a rialú. Oibríonn seirbhís gardála tarrthála na Comhairle i ndlúthchomhar leis na Gardaí ina leith sin.

Agus í ar an eolas go dtarlaíonn an chuid is mó de theagmhais bhá daoine i gcontaetha intíre, leanfaidh an Chomhairle le beartas Shábháilteacht Uisce na hÉireann a chur chun feidhme maidir le rioscaí a bhainistiú ina gceantair shnámha mhóréilimh. Le linn shamhradh na bliana 2018, rinne Sábháilteacht Uisce na hÉireann, ar iarraidh a fháil ó Chomhairle Contae Cheatharlach, Measúnuithe Riosca ar ár gceithre cheantar snámha agus ar Pháirc Bhaile Cheatharlach.

Rinne Comhairle Contae Cheatharlach na comharthaí sábháilteachta breise agus na ráillí sábháilteachta breise a moladh sa tuarascáil sin a chur suas i bPáirc Bhaile Cheatharlach. Ina theannta sin, rinneadh uasghráduithe mórscála sna ceantair shnámha i Muine Bheag agus cuirfear uasghráduithe mórscála i gcrích i gClais an Ghainimh roimh thús an chéad séasúir shnámha eile. I dteannta na n-iarrachtaí sin, leanfaidh Coiste Sábháilteachta Uisce an Chontae leis an teachtaireacht sábháilteachta uisce a sholáthar trí chlár féinmhaoinithe gníomhaíochtaí a sholáthar, lena n-áirítear speictream leathan sainchúrsaí oiliúna agus sainchúrsaí forbartha scileanna snámha/tarrthála do gach aoisghrúpa sa bhliain atá le teacht.

Is i linn snámha Mhuine Bheag, i linn snámha Bhaile Átha Í agus i linn snámha Naomh Fiacc i nGráig Uí Chuilín a sholáthraítear na cúrsaí forbartha scileanna a luaitear. Trí rochtain ar linnte snámha faoi dhíon a sholáthar ar phraghas réasúnta agus tríd an bhfáil bheartaithe a bheith ann ar theagascóirí, múinteoirí agus scrúdaitheoirí atá ardcháilithe, cinntítear go rachfar chun tairbhe do rannpháirtithe sna cúrsaí agus go mbeidh cohórt gardaí tarrthála atá cáilithe go cuí ann lena bhfostú mar ghardaí tarrthála ar an mBearú.

I mí Iúil agus i mí Lúnasa, d'fhreastail an líon ab airde daoine riamh ar an bhFéile bhliantúil Sábháilteachta Uisce a reáchtálann an Coiste do leanaí agus ar an gclár coicíse sábháilteachta uisce a cuireadh ar siúl i Muine Bheag. I dteannta Chosaint Shibhialta Chontae Cheatharlach, thug oibrithe deonacha de chuid an Choiste cabhair ag na ceithre shnámh uisce oscailte a cuireadh ar siúl ar an mBearú i Muine Bheag i mí Lúnasa.

Tiomsaíodh €15,610.00 sa bhliain 2019 trí tháillí cúrsa. Úsáideadh na cistí sin chun oiliúint a chur ar oibrithe deonacha, trealamh a uasghrádú, lámhleabhair theagaisc athbhreithnithe a cheannach agus libhré a athsholáthar – féach na dréachtchuntais faoi iamh don bhliain 2019. Eiseofar cuntais atá bailíochtaithe go gairmiúil ar iad a chur i gcrích. Cuirfear na cuntais sin faoi bhráid Choiste Sábháilteachta Uisce an Chontae lena ndaingniú ag a chruinniú ceann bliana, rud atá le tionól an 27 Márta 2020.

# *Cosaint Shibhialta Chontae Cheatharlach*

Tá Comhairle Contae Cheatharlach ar an Údarás Cosanta Sibhialta do limistéar riaracháin Chontae Cheatharlach. San Acht um Chosaint Shibhialta, 2003, leagtar amach roinnt ról do Chosaint Shibhialta. Áirítear leis na róil sin: seirbhís chúltaca a sholáthar do na Bunseirbhísí Éigeandála; Seirbhís Pobail; Oiliúint i dTaismeach; Cumarsáidí Raidió; Tarrtháil; Leas; Comhrac Dóiteáin agus Scileanna Bádóireachta (cuardach agus aisghabháil). Soláthraíonn Cosaint Shibhialta seirbhís freisin don Údarás Áitiúil, d'Fheidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte agus do na Gardaí i gcás dálaí aimsire crua amhail tuile agus sneachta.

Scoireadh den Bhord Cosanta Sibhialta ar fud na tíre ó mhí Eanáir 2013 i leith agus tagann Cosaint Shibhialta anois faoi fhreagracht dhíreach an Bhrainse Cosanta Sibhialta de chuid na Roinne Cosanta, trí na hÚdaráis Áitiúla.

Leagtar amach i ndoiciméad an Chreata Bainistíochta Móréigeandála freisin róil agus freagrachtaí le haghaidh Cosaint Shibhialta i gcás éigeandálaí, ar nós Lárionaid Leasa a bhunú, Taismigh a chlárú, Freagracht a ghlacadh as oibrithe deonacha ócáideacha agus Cúltaca Líne Tánaistí do na Gníomhaireachtaí Freagartha Príomha.

Is oibrithe deonacha iad na baill uile de Chosaint Shibhialta Chontae Cheatharlach, cé is moite den Oifigeach Cosanta Sibhialta, atá fostaithe ag Comhairle Contae Cheatharlach ar bhonn páirtaimseartha. Tá níos mó ná 67 mball dheonacha againn faoi láthair i láithreacha ar nós bhaile Cheatharlach, Mhuine Bheag, na Buiríse agus Ráth Ana. Déantar oiliúint sheachtainiúil ar ábhair amhail Garchabhair go leibhéal ACS, Freagróir Garchabhrach, na Chéad Fhreagóirí Éigeandála, Teicneoir Míochaine Éigeandála, Scileanna Comhraicthe Dóiteáin, Teicnící Tarrthála, Tarrtháil Theicniúil, Scileanna Cuardaigh, Leas etc., a theagasc agus a chleachtadh. Ar ár sceideal oiliúna ag an deireadh seachtaine, déantar na hábhair a theagasctar a chleachtadh agus tástáiltear na scileanna a thagann as in aghaidh contaetha eile in iomaíocht ag ionaid éagsúla.

Ina theannta sin, úsáidtear ár laethanta allamuigh le haghaidh cuardaigh i bhfairsinge, imeachtaí comhraicthe dóiteáin AFS, agus oiliúint Scileanna Cuardaigh ar thalamh agus le báid ar an mBearú agus ar an tSláine. Is i mbun lánfheidhme anois atá Ceanncheathrú na Cosanta Sibhialta, a cuireadh i gcrích i mí Mheán Fómhair 2009. Dá bharr sin, is éifeachtúla fós atá oibríochtaí Chosaint Shibhialta Chontae Cheatharlach, rud a éascaíonn freagairtí éifeachtacha meara.
Sa bhliain 2014, chuir Cosaint Shibhialta Chontae Cheatharlach Cúrsa Oiliúna nua i Scileanna Cuardaigh i bhfeidhm d'oibrithe deonacha. Teagascadh an cúrsa i gColáiste an Gharda Síochána agus bhí oibrithe deonacha Cheatharlach ar dhaoine de na chéad oibrithe deonacha a thug aghaidh ar an ngníomhaíocht seo. Ghnóthaíomar stádas go leibhéal an Teagascóra. Ó lár na bliana 2014 i leith, táimid ag eagrú cúrsaí i bhFeasacht Uisce agus sa Chéad Fhreagróir do Thuile Mearuisce. Soláthraíodh Oiliúint i mBainistíocht Uisce agus Cuardaigh freisin, rud a rinneadh sa Bhreatain Bheag. Ón mbliain 2015 i leith, tá Bainisteoirí Cuardaigh againn atá oilte i gcúrsa sonrach Scileanna Allamuigh.

Soláthraíonn aonaid Bhád Cosanta Sibhialta cúnamh cúltaca don tseirbhís Dóiteáin agus do na Gardaí i gcásanna Cuardaigh agus Aisghabhála Abhann. Oiltear deonacha i scileanna bádóireachta, teicnící cuardaigh agus aisghabhála abhann agus talún do chásanna cúltaca do na Gardaí. Reáchtáiltear cúrsaí i bhFeasacht Uisce agus sa Chéad Fhreagróir do Thuile Mearuisce ar fud na bliana.

Bhunaigh Cosaint Shibhialta Lá Ilghníomhaireachta agus cleachtadh Cuardaigh Oíche ar stráicí éagsúla den Bhearú lenar áiríodh Gardaí agus an tSeirbhís Dóiteáin chun tástáil a dhéanamh ar scileanna éagsúla a fholaíonn teicnící cuardaigh abhann in uaireanta dorchadais, trealamh soilsithe, pointí rochtana ar imeall na habhann, rialú bádóireachta, cumarsáid agus aisghabháil corp.

Sa bhliain 2018, fuair ceathrar ball de Chosaint Shibhialta Chontae Cheatharlach oiliúint i dtrealamh cuardaigh cheamara sonóra agus uisce le haghaidh cuardach abhann. I mí Aibreáin 2018, fuair triúr ball oiliúint ó Údarás Eitlíochta na hÉireann i ladrainn a eitilt agus a rialú. Baintear úsáid astu anois le haghaidh cuardach tíre oscailte le haghaidh daoine atá ar iarraidh.

Is é atá anseo a leanas ná liosta de roinnt de na gníomhaíochtaí a ndearna Cosaint Shibhialta Chontae Cheatharlach iad sa bhliain 2018:

| **Dáta** | **Gníomhaíocht** | **Ionad** |
|---|---|---|
| 01/01/2019 | Glao amach le haghaidh ladrann a úsáid i dteagmhas | Ceantar Chill Dheirge agus na Tulaí. |
| 12/01/2019 | Ócáid Operation Transformation | Ionad CLG i bhFionnmhach |
| 27/01/2019 | Rás Carthanachta 5 km Charlie Curran. | Páirc na Darach, Ceatharlach. |

| | | |
|---|---|---|
| 28/01/2019<br><br>03/02/2019<br><br>16/02/2019 | Tús an Chúrsa do Theicneoirí Raidió. Cuid 1.<br><br>Cuid 2 den Chúrsa do Theicneoirí Raidió, agus oiliúint Mearuisce<br><br>Scrúduithe sa Chéad Fhreagairt Éigeandála | Ceanncheathrú na Cosanta Sibhialta.<br><br>Ceanncheathrú na Cosanta Sibhialta.<br><br>Ros Cré, an Coláiste Cosanta Sibhialta |
| 17/02/2019<br><br>17/02/2019<br><br>24/02/2019 | Oiliúint Bádóireachta<br><br>Oiliúint i Scileanna Cuardaigh<br><br>Ócáid Phobail. Plaic a nochtadh, an Bhuiríos | Abhainn Mhuine Bheag / Leithghlinn an Droichid.<br><br>Ceantar Stua Laighean<br><br>An Bhuiríos |
| 03/03/2019<br><br>10/03/19<br>16/03/2019 | Oiliúint Bádóireachta, an Bhearú. Na báid agus an crú ar fad.<br>Oibríochtaí agus tástáil raidió.<br>Maoirseacht ag Féile Cheatharlach. | Contae Cheatharlach.<br><br>Baile Cheatharlach.<br><br>Baile Cheatharlach. |
| 17/03/2019 | Maoirseacht ag Paráidí Lá Fhéile Pádraig. | Baile Cheatharlach agus Míseal, Muine Bheag agus Leithghlinn an Droichid. |
| 24/03/2019<br><br>07/04/2019 | Dualgas Bád Sábháilteachta.<br><br>Oibríochtaí raidió. | Báid Dragain. Baile Cheatharlach.<br><br>Ón Droichead Nua go Tigh na hInse. Co. Cheatharlach. |
| 21/04/2019 | Paráid na Cásca. | Muine Bheag |
| 28/04/2019 | Oiliúnaithe Bádóireachta – Liagóirí. | An Bhearú |
| 05/05/2019<br><br>11/05/2019<br><br>19/05/2019<br><br>25/26/05/2019<br>01/06/2019<br>02/06/2019 | Tús an Chúrsa i Scileanna Cuardaigh<br><br>Dualgas 'Ó Dhorchadas go Solas'<br><br>Oiliúint i Ladrainn agus i gCigireachtaí.<br><br>Dualgas le linn an Chomhairimh Thoghcháin.<br>Dualgas Regatta Cheatharlach.<br>Dualgas Regatta Cheatharlach. | Ceantar Stua Laighean.<br><br>Baile Cheatharlach.<br><br>Baile Átha Cliath.<br><br>Ceatharlach.<br><br>Ceatharlach. |

| | | |
|---|---|---|
| 09/06/2019<br><br>16/06/2019<br><br>21/06/2019<br><br>30/06/2019<br><br><br>07/07/2019 | Dualgas Bád Sábháilteachta Bád Dragain.<br><br>Ócáidí na Féile Ealaíon.<br>Coláiste Cheatharlach. Dualgas<br>Ócáid Phobail.<br><br>Treoirlínte Caighdeánacha<br>Oibriúcháin maidir le Bádóireacht<br><br>Oiliúint Bádóireachta<br>d'Oiliúnaithe | Ceantar Abhainn Cheatharlach.<br>Coláiste Cheatharlach<br><br>Tailte Ardeaglais Cheatharlach.<br>Aifreann Reilige.<br><br>Ceanncheathrú Halla McGrath.<br><br>An Bhearú, an Droichead Nua. |
| 14/07/2019 - 15/07/2019<br>23/07/2019<br>12/08/2019 | Sábháilteacht Bád Abhann do Rásaí.<br>Dualgais Féile. Fleadh Cheoil.<br>Clúdach Ómós Áite.<br>Oiliúint i Ladrainn. | Áiteanna éagsúla i Muine Bheag.<br>Ceatharlach<br>Ceantar Chlais an Ghainimh. |
| 15/08/201 | Aonach na Buiríse.<br>Garchabhair agus maoirseacht. | An Bhuiríos. |
| | | |
| | | |
| 24/08/2019 | Siúlóid Náisiúnta Bhreacadh an Lae | Contae Cheatharlach |
| | | |
| 17/09/2019 | Dualgas le linn an Chomórtais Náisiúnta Treabhdóireachta | Fionnmhach, Co. Cheatharlach |
| 18/09/2019 | Dualgas le linn an Chomórtais Náisiúnta Treabhdóireachta | Fionnmhach, Co. Cheatharlach |
| | | |
| 19/09/2019 | Dualgas le linn an Chomórtais Náisiúnta Treabhdóireachta | Fionnmhach, Co. Cheatharlach |
| 13/10/2019 | Lá le Muintir Duckett. | Garrán Duckett, Co. Cheatharlach. |
| 10/11/2019 | Oibríochtaí Bádóireachta | An Bhearú |
| 24/11/2019 | Cleachtadh Náisiúnta Radaíochta | An Contae agus an Réigiún |
| 08/12/2019 | Ócáid Phobail Nollag, Garrán Duckett. | Garrán Duckett, Ceatharlach. |